

**Liam Ó Rinn (1886-1943):  
Scríbhneoir Cathrach agus Criticeoir Iarchoilíneach**

**Máire Daltúin**

**PhD**

**Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath  
Coláiste Phádraig, Droim Conrach**

**Stiúrthóir: An tOllamh Máirín Nic Eoin  
Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig,  
Droim Conrach**

**Scrúdaitheoir Seachtrach: An Dr. Aisling Ní Dhonnchadha  
Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann,  
Má Nuad**

**Iúil 2013**

Deimhním leis seo gur liom féin amháin an t-ábhar ina dhiaidh seo atá á chur isteach agam le go measfar é de réir riachtanais dámhachtana na céime PhD agus go bhfuil gach iarracht réasúnach déanta agam a chinntiú gur saothar bunaidh é nach sáraíonn aon dlí cóipchirt ar feadh m'eolais agus nár baineadh as saothar daoine eile ach sa mhéid go bhfuil a leithéid de shaothar luaite agus aitheanta taobh istigh de théacs mo shaothair féin.

Síniú: Máire Daltúin

Uimh. Aitheantais an Iarrthóra: 58262920

Dáta: 4 / 10 / '13

## AN CLÁR

ACHOIMRE	4
BUÍOCHAS	5
NODA	6
RÉAMHRÁ	7
CAIBIDLÍ	
1. Beatha Uí Rinn	16
2. An Saol Polaitíochta	32
3. Saothrú na Gaeilge	68
4. Dhá Leabhar ar Leith	106
5. An Léirmheastóir agus Cúrsaí Léirmheastóireachta	139
6. An tAistritheoir agus Cúrsaí Aistriúcháin	181
7. An Scríbhneoir agus Scríbhneoireacht na Cathrach	217
OIDHREACTH UÍ RINN	247
LIOSTA SAOTHAR A CEADAÍODH	254
AGUISÍN: CLÁRSAOTHAR	[Imleabhar ar leith]

## ACHOIMRE

### Liam Ó Rinn (1886-1943): Scríbhneoir Cathrach agus Criticeoir Iarchoilíneach le Máire Daltúin

Liam Ó Rinn (1886-1943), a thuiscintí ar an teanga Ghaeilge, a chuid tuairimíochta i dtaobh léann na Gaeilge agus an corpas fairsing scríbhneoireachta a shaothraigh sé i rith a shaoil, is bunábhar don taighde seo. Fear a bhí ann a mhair sa tréimhse sin in Éirinn ina raibh athruithe móra ag tarlú, ní hamháin maidir le neamhspleáchas polaitiúil na tíre, ach ó thaobh cúrsaí cultúrtha agus teanga de chomh maith. Bhí sé sáite i ngluaiseacht na hAthbheochana agus d'oibrigh sé go fonnmhar, go díograiseach, agus go leanúnach ar son na Gaeilge ar feadh a shaoil. Smaointeoir nua-aoiseach a bhí ann, a raibh sé mar chúram air an teanga a fhorbairt agus a chothú mar theanga bheo chumarsáide. Dá bhrí sin, bhí Liam Ó Rinn claonta i dtreo gnéithe úra na teanga a chur chun cinn, agus rinne sé iarrachtaí talamh nua a bhriseadh i gcúrsaí stíle agus seánra.

Duine de na criticeoirí ba luaithe a rinne léirmheastóireacht ar litríocht na hAthbheochana agus ar litríocht na Gaeilge i gcoitinne a bhí ann agus ar an ábhar sin pléitear an ghné seo dá shaothar sa tráchtas. Bhí Ó Rinn sáite i saol na cathrach agus bhí tuairimí láidre aige maidir le tábhacht na cathrach ó thaobh shaothrú na Gaeilge de. Bhí tuiscint ghéar aige ar thábhacht an aistriúcháin agus a ról i bhforbairt na nualitriochta. Chomh maith leis sin, ba scríbhneoir cruthaitheach é Liam Ó Rinn agus tá cáil bainte amach aige go mórmhór mar gheall ar na saothair nuálacha *Turus go Páras* (1931), an chéad leabhar taistil a scríobhadh san fhichiú haois sa Ghaeilge, agus *Mo Chara Stiofán* (1939), saothar neamhghnách machnaimh agus beathaisnéise.

Is í an bhunchloch a bhfuil an tráchtas seo bunaithe uirthi ná Clár Saothair Uí Rinn, liosta iomlán dá chuid scríbhinní, idir leabhair agus aistí iriseoireachta. Tá an plé sna caibidlí bunaithe ar na bunscríbhinní seo, agus an Clár Saothair féin curtha ar fáil i bhfoirm Aguisín ar chúl an tráchtais. Tá aitheantas faighte ag Ó Rinn mar dhuine de na nua-aoiseoirí i bhforbairt litríocht na Gaeilge sa tréimhse i ndiaidh bhunú an stáit. Féachann an tráchtas seo le mionscagadh a dhéanamh ar a shaothair d'fhonn a thábhacht mar chriticeoir agus mar scríbhneoir a mheas agus a chur i gcomhthéacs a linne.

## BUÍOCHAS

Gabhaim buíochas le gach éinne a chabhraigh liom an saothar seo a chur i gcrích. Táim faoi chomaoin ag gach duine a chuidigh liom sna leabharlanna éagsúla: An Leabharlann Náisiúnta, An Chartlann Náisiúnta, Leabharlann OÉ Gaillimh, Leabharlann Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, agus Leabharlann Coláiste na Tríonóide. Gabhaim fíor-bhuíochas le foireann na leabharlainne i gColáiste Phádraig agus go mórmhór le Ben Staunton a chuidigh liom go fial, foighneach.

Táim buíoch de mo thuismitheoirí a spreag an grá ionam don Ghaeilge agus a thug gach tacaíocht dom in aon chúram a ghlac mé orm féin ó thaobh na teanga de. Táim buíoch de Philip O’Leary chomh maith a chuir mé ar an aistear seo le Liam Ó Rinn an chéad lá riamh.

Ar deireadh thiar, gabhaim buíochas ó chroí le Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig agus go mórmhór leis an Ollamh Máirín Nic Eoin a stiúraigh an obair seo agus a thug comhairle dom ina slí spreagúil, aonair féin. Ba mhór an phribhléid dom bheith ag obair faoina treoir. Chothaigh sí an misneach ionam i gcónaí agus mhéadaigh a cuma fhuinniúil, bhríomhar, dhíograiseach ar an aoibhneas a bhain mé féin as an obair – rud nach ndéanfaidh mé dearmad air choíche.

## NODA

CBDD	<i>Cad ba Dhóbaire dó agus Sgeulta Eile</i>
DP	<i>Dánta Próis</i>
MCS	<i>Mo Chara Stiofán</i>
PP	<i>Peann agus Pár</i>
SS	<i>So Súd</i>
TGP	<i>Turus go Páras</i>

## Réamhrá

Cén fáth Liam Ó Rinn? Tá súil agam go mbeidh freagra na ceiste sin intuigthe sa tráchtas seo a chuir mé romham a chur i gcrích, mar is éard a bhí mar chuspóir agam a dhéanamh nuair a thosaigh mé ar shaothar an fhir seo a chíoradh ná a chorpas oibre fairsing, ilchineálach a thabhairt chun solais, ionas go mbeadh tuiscint ar fáil don phobal mar gheall ar thábhacht Uí Rinn mar dhuine d'athbheochanóirí móra na Gaeilge.

Níl aon amhras ná gur tugadh aitheantas dó cheana féin mar fhear a raibh tionchar aige ar theanga agus ar litríocht na Gaeilge mar ó am go chéile ó ré na hAthbheochana ar aghaidh rinne daoine éagsúla trácht ar Liam Ó Rinn de bharr a chuid iarrachtaí ar son na Gaeilge. Ina measc bhí Piaras Béaslaí, Risteárd Ó Glaisne, Philip O'Leary, Pádraig Ó Siadhail, Gearóid Denvir, Aisling Ní Dhonnchadha, Diarmuid Breatnach agus Máire Ní Mhurchú. Tá sé suntasach gur cuireadh spéis ina chuid oibre ní hamháin le linn na mblianta ina raibh sé féin ag scríobh ach gur tagraíodh agus go dtagraítear dó ó am go chéile ó shin i leith chomh maith. Mar shampla, i léirmheas a scríobhadh sa bhliain 1939 mar gheall ar an leabhar *Mo Chara Stiofán* is éard a dúirt eagarthóir an nuachtáin *The Leader* ná:

For the student or the native speaker who intends to write it will be absolutely indispensable as indeed it will also be for all University professors of Irish and all interested in scholarship in relation to modern Irish. Whether the book has a wide circulation or only a small enthusiastic circulation we prophesy that it will have a great influence on Irish literature in the future. (*The Leader*, 8 Aibreán 1939)

Bhí daoine fós ag caint mar gheall air sa bhliain 1986 nuair a thug Risteárd Ó Glaisne léacht ina onóir mar chuid d'imeachtaí Scoil Gheimhridh Mherriman. Tugann Philip O'Leary an-aitheantas dó ina leabhair thaighde ar phrós-scríbhneoireacht na hAthbheochana agus an tSaorstáit (O'Leary: 1994/2004). Mar sin de, is fear é seo a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis maidir lena ghníomhaíochtaí teanga ach fós nach

bhfuil a ainm ar bheola an ghnáthdhuine mar atá ainm Bhéaslaí, de hÍde nó Uí Chonaire.

Fear é seo a thosaigh ag scríobh chomh fada siar le 1912 agus a lean air ag obair go dúthrachtach, dícheallach go dtí go bhfuair sá bás sa bhliain 1943. Scríobh sé léirmheasanna agus ailt nuachtáin, mar aon le bunsaothair a foilsíodh mar leabhair agus aistriúcháin. Is éard a chuir mé romham a dhéanamh mar sin de ná an corpas oibre seo go léir a shaothraigh sé a bhailiú agus a scrúdú chun blaiseadh éigin dá chuid inniúlachta agus dá chuid tuairimíochta i dtaobh cúrsaí teanga, litríochta agus cultúir a nochtadh.

Caithfear a admháil gurbh é saothar Philip O’Leary ba mhó a chabhraigh liom agus aghaidh á tabhairt agam ar an oilithreacht taighde seo. Rinne sé go leor tagairtí do Liam Ó Rinn, agus litríocht na Gaeilge sa chéad leath den fhichiú haois á scrúdú aige. An chéad rud a bhí mar chuspóir agam ná clár saothair de scríbhneoireacht Uí Rinn a chur le chéile mar fhoinsé tagartha, chun cabhrú liom rangú a dhéanamh ar an méid a bhí scríofa aige. Taobh amuigh dá shaothair bhunaidh agus de na haistriúcháin, is iad na hait a scríobh sé i nuachtáin an ama is mó a bhí mar chúram agam agus an clár seo idir lámha agam. Is é an leagan amach a rinne mé ar na hait sin ná iad a chatagóiriú go téamúil: (a) An Ghaeilge agus an Chritic Cultúrtha – Saothrú na Gaeilge; Ealaín na Scríbhneoireachta; an Sean agus an Nua; Canúintí, Litriú, Foghraíocht; an Ghaeilge agus na hÚdaráis; an Gúm agus an Chlódóireacht; Conradh na Gaeilge; (b) Léirmheasanna; (c) Aistriúcháin ar fhilíocht, scéalta srl; (d) An Pholaitíocht; (e) Fealsúnacht, Eolaíocht, An Eaglais, Creideamh; (f) Teangacha; (g) Cúrsaí Taistil; (h) Ceist na Cathrach; (i) Comhphlé agus Comhfhreagras; (j) Ábhair Ilghnéitheacha Eile; (k) agus Nuacht an Lae. Agus an méid sin déanta, bhí mé in ann plé a dhéanamh ar a raibh scríofa aige ar na téamaí éagsúla sin. (Agus sleachta athfhriotail á dtabhairt agam ó na foinsí tagartha seo, chloígh mé go docht leis an bponcaíocht agus leis an litriú mar a bhí siad i mbunleaganacha na nuachtán ach amháin gur leasaigh mé an litriú in áit nó dhó nuair nach raibh brí abairte soiléir.)

Ba ‘intleachtach orgánach’ i dtéarmaí Antonio Gramsci é Liam Ó Rinn. Agus an coincheap á mhíniú ag Gramsci leagann sé béim ar an ngaol idir an machnamh agus an gníomh:



The thinking and organising element of a particular fundamental social class. These organic intellectuals are distinguished less by their profession, which may be any job characteristic of their class, than by their function in directing the ideas and aspirations of the class to which they organically belong. (Gramsci: 1971)

Ina plé ar an gcóras oideachais agus an teanga Ghaeilge in Éirinn idir 1925 agus 1955 pléann Nuala Johnson ról na múinteoirí bunscoile i gcomhthéacs tuiscintí Gramsci sa tslí go dtagraíonn sí do na hoideachasóirí mar ‘intleachtaigh orgánacha’ arb é a ngnó clár cultúrtha a chur i bhfeidhm:

Gramsci identifies two key sets of actors in the process, intellectuals of the conventional variety such as scholars, artists and writers and ‘organic’ intellectuals who include teachers, civil servants, business leaders and politicians. Hegemony is advanced by the interrelationship of these two groups with the rest of the national population. The ‘organic’ group are particularly influential in that they generally are the ‘implementers’ of a cultural programme. (Johnson: 1992, 171)

D’fhéadfaí Ó Rinn a aithint mar dhuine a d’fheidhmigh mar bhall de na hintleachtaigh orgánacha seo mar léirigh sé an gaol seo idir an machnamh agus an gníomh go rialta ina chuid scríbhinní. D’fhéadfaí a rá go raibh sé ag obair ar dhá leibhéal maidir lena chuid iarrachtaí ar son na Gaeilge: (a) bhí sé ag saothrú go teoiriciúil mar chomhairleoir a rinne gach aon iarracht chun cabhrú le daoine eile dul i ngleic leis an nGaeilge agus í a chur ar a bhonn féin arís mar phríomhtheanga chumarsáide na tíre; agus (b) bhí sé ina scríbhneoir bunaidh ag saothrú go praiticiúil mar údar ann féin agus mar aistritheoir chomh maith.

Thug mé mar chúram orm mar sin de, plé a dhéanamh ar Ó Rinn ar an dá leibhéal úd. Phléigh mé é ón taobh praiticiúil sa tslí go ndearna mé iniúchadh ar a shaothair scríbhneoireachta bhunaidh. Ar an leibhéal teoiriciúil, scríobh Ó Rinn go raidhsiúil sna hailt iriseoireachta, fóram inar chuir sé a mhachnamh in iúl agus é ag tabhairt comhairle do lucht tacaíochta agus do lucht foghlama na teanga. Rinne mé plé mar

sin ar na hailt seo a léirigh a thuairimí ar ealaín na scríbhneoireachta, ar an litríocht, ar cheird an aistriúcháin, ar cheist na critice agus ar na gnéithe eile de shaothrú na Gaeilge atá luaite agam thuas.

Is léir go ndearna Ó Rinn an-chuid oibre mar scríbhneoir Gaeilge agus gur bhain sé cáil amach dó féin go háirithe mar gheall ar na leabhair *Mo Chara Stiofán*, *Turus go Páras* agus *Peann agus Pár*. Dá bharr sin tá plé ar leith déanta agam ar na leabhair seo sa tráchtas. Teist ar thábhacht agus ar shaibhreas na leabhar *Mo Chara Stiofán* agus *Turus go Páras* go háirithe is ea go bhfuil siad ag feidhmiú ar an dá leibhéal – mar shaothair litríochta iontu féin ar leibhéal amháin agus mar leabhair theoriciúla chomh maith céanna sa tslí gur eiseamláirí liteartha iad a bhfuil comhairle agus plé ar theoricí liteartha agus aeistéitice le fáil iontu. Rud suntasach mar gheall ar an dá leabhar, *Mo Chara Stiofán* agus *Peann agus Pár*, is ea gur moladh iad a fhoilsiú ar mhaithe lena mianach intleachtúil. I mí Eanáir 1956 scríobh G. Mac M. tuairisc maidir leis an leabhar *Mo Chara Stiofán*: “Chuir an Dr. de Bhaldraithe in iúl dom go mba mhaith leis an leabhar so a chur ar chlár na hOllscoile U.C.D.” (An Chartlann Náisiúnta, Bosca 74, Comhad 627, 18 Eanáir 1956). Arís, sa bhliain 1956 scríobh Seán Ó Maoláin tuairisc mar gheall ar an leabhar teagaisc *Peann agus Pár*. “Dúirt an Príomh-Chigire P.O. liom go bhfuil socraithe an leabhar seo a chur ar chlár na gColáistí Oiliúna i mbliana (1956), ach nach mór é bheith sa litriú chaighdeánach” (ibid., 13 Feabhra 1956). Is díol spéise iad na moltaí seo mar gheall ar leabhair Uí Rinn a chur ar chlár oideachais mar théacsanna don tríú leibhéal óir bhí leabhair oiriúnacha don leibhéal sin gann ag an am. Ach, bhí gradam ar leith bainte amach ag Ó Rinn mar aistritheoir agus bhí aitheantas faighte aige óna chomhghleacaithe mar scríbhneoir. Léiriú eile ar an tslí inar fheidhmigh saothair Uí Rinn ar an dá leibhéal thuasluaite is ea an t-éileamh seo ar a leabhair, idir aistriúcháin agus bhunleabhair, ní hamháin mar ábhair litríochta, ach ina theannta sin mar ábhair oiliúna.

‘Intleachtach orgánach’ é seo a bhí ag scríobh chomh maith mar dhuine a d’fhoghlaim an teanga é féin agus a bhain leis an ngrúpa scríbhneoirí ar tugadh ‘scríbhneoirí cathracha’ orthu. Buíon scríbhneoirí iad seo a léirigh go bhféadfaí litríocht a shaothrú lasmuigh den Ghaeltacht agus go bhféadfaí gach aon ábhar a phlé sa Ghaeilge idir shean agus chomhaimseartha. Rinne mé iarracht a léiriú conas mar a réitigh Ó Rinn agus a chomhghleacaithe an tslí do scríbhneoirí Gaeilge chun an

litríocht ‘nua’ a shaothrú. Níor réitigh Ó Rinn le tuiscint na dtraidisiúnaithe maidir le dul chun cinn na teanga. Chreid sé go raibh seasamh ag an teanga lasmuigh den Ghaeltacht agus go raibh sé riachtanach do scríbhneoirí a smaointe a leathnú amach ó theorainn na Gaeltachta agus ó ‘chaint na ndaoine’. Bhí sé den tuiscint go raibh sé riachtanach do scríbhneoirí na cathrach aird a thabhairt ar an suíomh fisiciúil, cultúrtha lenar bhain siad agus an teanga a mhúnlú agus a chur in oiriúint don timpeallacht agus don mheon sin. Rinne Fiontán De Brún léiriú ar an tuiscint seo ina phlé ar scríbhneoireacht Sheosaimh Mhic Grianna:

Ba é an chuid ba thorthúla den dúshlán sin i saol agus i saothar Mhic Grianna an teagmháil úr a bhí ag an údar leis an chathair san am agus an iarracht a rinne sé ciall a bhaint as an taithí úr sin. Ar ndóigh nuair a thug Mac Grianna dúshlán na cathrach bhí sé ag tabhairt faoin tionscnamh céanna a chuir scríbhneoirí ghluaiseacht an nua-aoiseachais rompu, nó ba é an saol uirbeach ba bhunábhar don chuid is fearr de shaothar na n-údar sin, *Ulysses* (1922) le Joyce, *The Wasteland* (1922) le T.S. Eliot agus *Manhattan Transfer* (1925) le John Dos Passos ina measc siúd. (de Brún: 2002, 141)

Ó thaobh na litríochta de, mar sin, thaobhaigh Ó Rinn leis na ‘cumadóirí’ seachas na ‘caomhnóirí’ mar a thug Aisling Ní Dhonnchadha (1981, 9) orthu, nó bhí sé ar thaobh na nua-aosóirí mar a thug Gearóid Denvir orthu (1996, 179). Bhain Philip O’Leary úsáid as téarma eile atá in oiriúint don tuiscint seo. Dar leis, ba dhuine é Ó Rinn a bhain leis an ngrúpa scríbhneoirí ar thug sé na ‘progressives’ seachas na ‘nativists’ orthu (O’Leary: 2004, 377). Ciallaíonn sé sin nach raibh Ó Rinn claonta ag cúngachas na dtraidisiúnaithe ach gur chreid sé i stíl nua-aimseartha na teanga. Theastaigh uaidh ligint don Ghaeilge fás de réir a cheile mar ghnáth-theanga an lae, ag plé le gnáth-thuairimí an ama, faoi thionchar smaointe nua idir náisiúnta agus idirnáisiúnta. D’aontaigh sé le húsáid an chló rómhánaigh; bhí sé sásta scaradh leis an gcló gaelach; mhol sé cúrsaí litrithe a shimpliú; chomhairligh sé stór focal a fhorbairt. Thuig sé go raibh athrú i ndán don teanga agus ní hamháin sin ach go raibh athrú riachtanach. Níor bhraith sé faoi bhagairt ná faoi bhrú ag na hathruithe sin ach d’fháiltigh sé roimh aon athrú a chuirfeadh le dul chun cinn na teanga. Is éard a bhí le rá ag Denvir mar gheall ar dhearcadh na nua-aosóirí ná: “Tá deireadh anois leis an

bhfrithintleachtúlacht thraidisiúnaíoch sin i gcruinne na Gaeilge, dar liom, agus leis an tuairim Hindebergach ‘that the Irish never said and never could say’ an rud is mian leis an duine féin a rá faoina rogha rud.” (Denvir: 1996, 216)

Bhí Ó Rinn ar na daoine a chuir deireadh leis an ‘bhfrithintleachtúlacht thraidisiúnaíoch’ seo. Duine a bhí ann chomh maith a bhí gníomhach i scaipeadh na dtuiscintí a bhain le gluaiseacht na teanga, agus leis an náisiúnachas cultúir a thiomáin gluaiseacht na saoirse. Is mar chriticeoir iarchoilíneach a bheidh a shaothar á phlé sa tráchtas seo, mar dhuine a mhair trí thréimhse réabhlóideach, a bhí gafa i ngluaiseacht na saoirse polaitiúla agus a thug faoi fhorbairt na critice liteartha mar ghníomh comhfhiosach athbheochana. Ní raibh coincheap na critice iarchoilíní mar is eol dúinn inniu é á phlé le linn Uí Rinn féin, ach is dóigh liom gur féidir a áiteamh gur chritic iarchoilíneach a bhí á saothrú aige sa mhéid gur ag plé le hiarmhairtí cultúrtha an choilíneachais – go háirithe díláithriú na teanga – a bhí sé go minic ina shaothar. Is gort saibhir é gort na critice iarchoilíní go hidirnáisiúnta ó na nóchaidí ar aghaidh (Ashcroft: 2002; Innes: 2007; Quigley: 2013), agus bhí tionchar mór aige ar shaothrú na critice sa Léann Éireannach, go háirithe de bharr shaothar ceannródaíoch Declan Kiberd agus na scoláirí a tháinig faoina thionchar. Cé gur chuir Kiberd teoiricíocht an iarchoilíneachais i bhfeidhm ar litríocht na Gaeilge (Kiberd: 1993) chomh maith le litríocht Bhéarla na hÉireann (Kiberd: 1995), mar sin féin is beag scrúdú atá déanta go dtí seo ar an gritic liteartha a saothraíodh i gcomhthéacs na hAthbheochana mar shampla den chritic iarchoilíneach. Pléann Máirín Nic Eoin Angla-lárnachas teoiricíocht an iarchoilíneachais ina leabhar *Trén bhFearann Breac* (Nic Eoin: 2005, 17-49), agus áitíonn gur mhithid dúinn raon an ábhair a leathnú agus saothrú na critice sna teangacha a bhí imeallaithe nó díláithrithe ag próisis an choilíneachais a tharraingt isteach faoi raon an phlé:

Cé go bhfuil an tionscnamh critice iarchoilíneach ar cheann de na láithreacha díospóireachta is bríomhaire agus is bisiúla i Léann na hÉireann le blianta beaga anuas, is beag scoláire nó criticeoir Gaeilge atá tar éis pairt a ghlacadh sa phlé agus peirspictíocht na Gaeilge a thabhairt ar ghné ar bith de na hábhair imris is argóna a chothaigh an tionscnamh. (Nic Eoin: 2005,18)

Is sa chomhthéacs sin a bheidh saothar Uí Rinn á phlé agam mar shampla den chritic iarchoilíneach sa tráchtas seo. Sa phlé ar an gcritic iarchoilíneach déanann Ania Loomba tagairt do theoiricí áirithe na tuisceana sin: ceist an hibridithe; an próiseas atógála; an iomaíocht; an nasc idir an coilíneach agus an coilíní: (Loomba: 1998). Ar an gcaoi céanna luann Máirín Nic Eoin a leithéid d’ábhar agus íonghlaineacht teanga; litríocht an mhionlaigh; ceist na foirme agus an díláithriú cultúir. Ní gá ach mórcheistean na teanga a bhí á bplé ag Ó Rinn (agus a phléitear sa tráchtas seo) a iniúchadh chun dearbhú go raibh teoiric na critice iarchoilíní á cur i bhfeidhm aige. Phléigh sé tionchar an Bhéarla ar an mGaeilge (ceist na hibridithe); an sean agus an nua / an cló gaelach agus an cló rómhánach (an próiseas atógála); forbairt an úrscéil agus an ghearrscéil (ceist na foirme). Agus é ag plé le cúrsaí teanga agus aistriúcháin, le forbairt na seánraí nua-aoiseacha, agus le saothrú na Gaeilge i suíomh cathrach, bhí aghaidh á tabhairt aige ar iarmhairtí an choilínithe agus ar dhúshláin chultúrtha na saoirse polaitiúla. Fearacht scríbhneoirí eile Gaeilge de chuid na haimsire sin, daoine mar Ó Conaire agus Béaslaí, mar shampla, chreid sé gur uirlis díchoilínithe a bhí sa teanga féin, ní díreach meán bolscaireachta. Léiríonn na ceistean a phléitear ina shaothar na deacrachtaí móra a bhain le saothrú agus le cur chun cinn na teanga sna blianta tar éis bhunú an stáit. Ar an gcaoi sin, tarraingíonn an saothar isteach i gceartlár an stáit iarchoilínigh sinn.

Ba smaointeoir nua-aoiseach forásach é agus dá bharr sin ba scríbhneoir nuálach é nach raibh aon leisce air tabhairt faoi sheánraí nua litríochta agus é i mbun saothrú na teanga. Ba thearc go leor a bhí scríbhneoirí na Gaeilge nuair a bhí Ó Rinn i mbun pinn; bhí ganntanas léirmheastóireachta ar fáil do scríbhneoirí chun luach a gcuid saothar a mheas; bhí dearcadh sotalach ar snámh san aer i gcónaí i measc scríbhneoirí áirithe na Gaeltachta maidir le cumas fhoghlaimoirí na teanga chun litríocht a chumadh sa Ghaeilge. Ach ghlac Ó Rinn mar chúram air féin dul i ngleic leis na ceistean seo uile. Thug sé faoi fhorbairt na critice le díograis agus bhí sé ar na léirmheastóirí ba thúisce agus ba chumasáí a thug faoi sheánra seo na litríochta a shaothrú sa Ghaeilge. Bhí sé ar na scríbhneoirí ba thúisce a d’fhoilsigh leabhar taistil; chum sé gearrscéalta agus suíomh na cathrach mar chúlbhrat acu; agus léirigh sé go bhféadfadh foghlaimoir litríocht chumasach a scríobh. Sa chomhthéacs sin phléigh mé Ó Rinn mar dhuine de ‘scríbhneoirí cathrach’ na hAthbheochana. Tá aitheantas tuillte aige i measc scríbhneoirí eile mar Leon Ó Broin, ‘Barra Ó Caochlagh’, Piaras

Béaslaí, Roibeard Ó Faracháin agus Mícheál Mac Liammóir a luann Aisling Ní Dhonnchadha a d'fhoilsigh saothair bunaithe ar a dtimpeallacht agus ar a dtaithí sa chathair (Ní Dhonnchadha: 1986). Thug Eoghan Ó hAnluain aitheantas do scríbhneoir eile na cathrach nuair a thug sé tuairisc ar an leabhar *Caoimhghin Ó Cearnaigh* (1913) le Liam P. Ó Riain: “Is é, is dóigh, an chéad saothar cruthaitheach nua-aoiseach a d’fhéach le saol comhaimseartha na cathrach a thaispeáint trí shúil Gaeilgeora. Sa mhéid seo baineann sé an tosach de *Tonn Tuile* le Séamus Ó Néill” (Ó hAnluain: 1979, 32). Ach b’fhéidir gurbh é Pádraic Ó Conaire ab aitheanta a bhí ag scríobh faoi chúrsaí na cathrach sa tréimhse seo agus dearbhaíonn Philip O’Leary tionchar Uí Chonaire ar Ó Rinn: “Appropriately enough, the first Gaelic writer to break with the restrictive stereotypes and to treat urban life with confidence from the inside was, at least indirectly a protégé of Pádraic Ó Conaire” (O’Leary: 1994, 452). Liam Ó Rinn a bhí i gceist ag O’Leary anseo agus é ag tagairt do chumann na Ridireachta Liteartha nár fhoilsigh ach an t-aon leabhar amháin, *Cad Ba Dhóibair Dó agus Sgeulta Eile* (1920). Thug Ó Conaire moladh don leabhar seo mar, “Scéalta a bhaineann leis an saol sna bailte móra iad agus molaim Liam Ó Rinn nár bhac sé ach leis an saol is fearr a bhí ar aithne aige féin.” (in Ní Chionnaith: 1989, 95). Mar sin de, leagaim béim sa tráchtas seo ar Ó Rinn mar dhuine a rugadh, a tógadh, a mhair agus a thuill a bheatha sa chathair agus mar dhuine den bhuíon scríbhneoirí a thaispeáin go bhféadfadh an teanga feidhmiú mar acmhainn chruthaitheach bhisiúil i suíomh cathrach.

Ba rí-shoiléir dom agus mé i mbun taighde gur scríbhneoir bisiúil, tábhachtach é Liam Ó Rinn agus gur cosúil le craiceann a bhaint d’oinniúin a bheith ag plé leis na gnéithe ilchineálacha a bhain lena scríbhinní Gaeilge. Mar sin de rinne mé iarracht plé leis na gnéithe éagsúla dá shaothar ina n-aonaid ar leith agus gach mórshaothar dá chuid a chíoradh. Is éard atá i gCaibidil a hAon ná scéal a bheatha atá á riomh mar chúlra dá shaothar. I gCaibidil a Dó tá cur síos ar a shaol polaitiúil mar b’achrannach an tréimhse é inar mhair Ó Rinn ó thaobh na polaitíochta de agus ba chuid mhór dá shaol iad cúrsaí polaitíochta na tíre ag an am. I gCaibidil a Trí tá a thuairimí agus a chuid teoiricí maidir le saothrú na Gaeilge i gcoitinne agus a mholtaí maidir le saothrú na teanga agus na litríochta á thabhairt chun solais. Is éard atá sna caibidlí eile ná léiriú ar a shaothar scríbhneoireachta féin. I gCaibidil a Ceathair scrúdaítear an dá leabhar a scríobh sé is mó a bhfuil ardmheas orthu mar shaothair litríochta, *Mo Chara*

*Stiofán agus Turus go Páras*. Is léiriú iad na leabhair seo ar an tslí inar chuir sé a theoricí i bhfeidhm é féin ina chuid scríbhneoireachta. A shaothar léirmheastóireachta atá á phlé i gCaibidil a Cúig agus cúrsaí aistriúcháin atá faoi thrácht i gCaibidil a Sé. Sa chaibidil dheireanach déantar plé ar Ó Rinn mar scríbhneoir cathrach maraon le tábhacht scríbhneoireacht na cathrach mar ghníomh athbheochana. Anois, mar a dúirt Ó Rinn agus é ag caint mar gheall ar a chara Stiofán mac Enna:

... b'fhéidir gur fearr an scéal fhágaint mar atá sé agus leigint do chaint mo charad dul i bhfeidhm ar an léitheoir agus é chur ag machtnamh.

(Ó Rinn: 1939, 92)

## Caibidil 1

### Beatha Uí Rinn

*“Tá fuath agam don díomhaointeas agus bhí riamh”*

*(Young Ireland, 31 Eanáir 1920)*

Aistritheoir, iriseoir, ealaíontóir, criticeoir, craoltóir, scríbhneoir, comhairleoir, smaointeoir, gaeilgeoir, caomhnóir, léirmheastóir, teangeolaí ...

D’fhéadfaí na teidil seo go léir a thabhairt ar Liam Ó Rinn agus fós ní bheadh a cheart tugtha dó i dtaca leis an méid oibre, dúthrachta agus ama a chaith sé le saothrú na Gaeilge. Ach, is féidir a rá gan aon amhras ar bith gur scoláire a bhí ann, scoláire a chaith a shaol ar fad ag plé le teangacha agus go háirithe leis an nGaeilge, agus nach bhfuair an t-aitheantas ba dhual dó maidir leis an obair thábhachtach a rinne sé ar son na teanga.

Rugadh Ó Rinn ag 4, Gairdíní Sackville, Bóthar an Bhaile Bhoicht, Baile Átha Cliath, ar an 20 Samhain 1886. Ba as an Teampall Dóite, Co. Chill Chainnigh dá athair Pádraig agus rugadh a mháthair Eilís Ní Ghríofa i gContae na Mí. Ba bhall de Phóilíní Bhaile Átha Cliath (D.M.P.) an t-athair. Cúigear buachaillí agus cailín amháin a bhí sa chlann agus ó thaobh na scolaíochta de, chaith Liam na blianta tosaigh den tréimhse sin dá shaol faoi stiúir Siúracha na Carthanachta i Sráid Liam Thuaidh. Ina dhiaidh sin d’fhreastail sé féin agus na deartháireacha go léir ar Scoil Iósaif, Marino.

Tugann Ó Rinn le fios gur buachaill cliste a bhí ann nach raibh aon deacrachtaí aige ó thaobh na scolaíochta de: “Níor dhein an Ghaeilge aon díobháil don chuid Béarla mar bhíos ar an scríbhneoir Bhéarla a bfearr sa rang, ná níor dhin sí aon díobháil dom sna hábhair eile mar bhíos cuíosach maith iontu go léir agus go hana-mhaith i gcuid acu, bíodh go raibh droch-chuimhne agam agus ná tugainn ach strac-fhéachaint ar mo chuid leabhar istoíche” (*The Freeman’s Journal*, 5 Iúil 1924). Is léir óna scríbhinní nach raibh sé róshásta leis an oideachas foirmiúil a fuair sé ina óige. Ba mhaslach an cuntas a scríobh sé ar an ábhar i litir a sheol sé chuig a chara Piaras Béaslaí sa bhliain



1919: “I left school when I was 14 ½ years of age. My general education wd. have been better for it had I left 2 years earlier. Of this I’m pretty certain for I learnt nothing at school except to detest particular studies and those I liked I excelled in despite the school” (*Páipéir Bhéaslai*, Ms. 33951 (4), An Leabharlann Náisiúnta).

D’fhág sé an scoil sa bhliain 1901 agus ós rud é go raibh an chlann agus a mhuintir tábhachtach dó agus go raibh sé bródúil as gach duine sa bhaile, theastaigh uaidh, tráth dá shaol, dul le siúinéireacht mar a rinne a dheartháireacha, nó gairm a athar a leanúint: “My father, of whom I was proud, was a D.M.P. man and I cried bitterly one day when I was told I would never be big enough to join the police” (*The Leader*, 17 Bealtaine 1941).

Socraíodh, áfach, go rachadh sé ag obair mar ghiolla oifige ós rud é nach raibh an tsláinte go maith aige riamh. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ag obair le haturnae agus ina dhiaidh sin arís bhí sé ag obair le Conradh na Gaeilge. Deir sé féin nach bhfuil sé ró-chinnteach cá fhad a chaith sé ag obair ansin: “Ní fheadar cé aca aon nó trí bliana déag do chaitheas ann” (Ó Rinn: 1953, 5); ach bhí sé fostaithe ann go dtí an bhliain 1920 nuair a fuair sé post le Banc na Talmhan.

Ainneoin nár rugadh sa Ghaeltacht é, tugtar le fios dúinn gur seoladh ar bhóthar na Gaeilge é ina óige sa bhaile, mar go raibh spéis ag a thuismitheoirí sa Ghaeilge, spéis a chothaigh siad ann ón gcliabhán. Léiríonn an Daonáireamh sa bhliain 1911 go raibh suim sa Ghaeilge sa teaghlach ina óige óir is i nGaeilge a scríobh agus a thug a athair an t-eolas ar fad ar an gcáipéis sin. Thosaigh sé ar an nGaeilge a fhoghlaim agus é ina ghasúr óg agus déanann sé cur síos san alt thuasluaite ar an oiliúint is tuisce a fuair sé sa teanga trí mheán na bpaidreacha:

At the age of ten or eleven I got my first real introduction to the Irish language. Many readers will remember a bearded man, of gentle disposition, who sometimes took part in the Ard-Chraobh weekly discussion in Irish. His name was Seán Ó Faircheallaigh. He lived in a cottage on Ballybough road and taught catechism at the Sunday school held in the gallery of the old St. Agatha’s Church in North William Street

... he taught us our prayers in Irish, the Hail Mary, the Our Father, and the Apostles Creed, together with the Sign of the Cross and the Gloria.

(*The Leader*, 17 Bealtaine 1941)

Lean sé air ag foghlaim Gaeilge i gcraobhacha éagsúla de Chonradh na Gaeilge ina óige agus chaith sé a shaol ar fad, nach mór, ag plé leis an teanga. Bhí sé i láthair ag an gcéad chruinniú de chumann An Fháinne i mí Eanáir 1916, cumann a d’eascair as aiste a scríobh Piaras Béaslaí in *The Leader* (Béaslaí: 1920, 8) agus a raibh sé mar aidhm aige labhairt na Gaeilge a chothú trí chomhartha aitheantais a bheith á caitheamh ag Gaeilgeoirí. Ar na daoine eile a thug tacaíocht don chumann, bhí Tadhg Ó Scanaill, Colm Ó Murchadha agus Cú Uladh (Denvir: 1978, 324). Thuig Ó Rinn tábhacht na Gaeilge mar uirlis pholaitíochta, áfach, tuiscint a gineadh ann go hóg agus é ar scoil leis na Bráithre Críostaí. In alt a scríobh sé i dtreo dheireadh a shaoil, dúirt sé an méid seo: “It was, then, in furious despair that I swore if I could not break the conqueror’s shackles, I would, by learning to speak, read and write in Irish and thinking on it, be utterly independent of the invader at least in mind” (*The Leader*, 17 Bealtaine 1941).

Bhí Muintir Uí Rinn síite i gcúrsaí polaitíochta in Éirinn. Throid Liam féin agus a dheartháireacha uile in Éirí Amach na Cásca 1916 agus chaith siad tréimhsí mar phríosúnaigh i bhFrongoch, i Stafford agus i mBaile Coinnleora. Is cosúil, áfach, nár labhair Liam riamh lena chlann féin mar gheall ar a shaol polaitiúil ná mar gheall ar na tréimhsí a chaith sé i ngéibheann.<sup>1</sup> I rith an ama seo bhuail Liam le fathaigh mhóra eile na Gaeilge, daoine mar Pheadar Ó Cearnaigh agus Piaras Béaslaí. Rinne Liam aistriúchán ón mBéarla go Gaeilge ar amhrán cáiliúil de chuid Uí Chearnaigh – an tAmhrán Náisiúnta. Foilsíodh an leagan Gaeilge d’*Amhrán na bhFiann* den chéad uair i Samhain 1923 in *An tÓglach*. Bhí Ó Rinn báuil don lucht oibre riamh agus ba léir óna scríbhinní go raibh cuid dá smaointe polaitiúla bunaithe ar an sóisialachas agus a gcearta a bhaint amach don dream úd agus a ngéarchéim a thabhairt chun solais, ceisteanna a bheidh á bplé i gCaibidil a Dó den tráchtas.

---

<sup>1</sup> Fuair mé an t-eolas faoina shaol teaghlaigh atá sa chaibidil seo ó agallaimh a rinne mé le hiníonacha Uí Rinn, Heiléin (Eanáir 2008) agus Maedhbh (Feabhra 2008).

Nuair a scaoileadh saor ón bpríosún é, tar éis Éirí Amach na Cásca, bhuail sé leis an iriseoir Stiofán Mac Enna den chéad uair in Oifig an Chonartha. Scríobh sé an leabhar *Mo Chara Stiofán* (1939) mar thoradh ar an gcairdeas intleachtúil a bhláthaigh eatarthu ina dhiaidh sin agus is ar an leabhar seo is mó a bronnadh ard-mholadh air mar scríbhneoir Gaeilge. Ach, sular foilsíodh an leabhar úd is iomaí éacht eile a rinne Ó Rinn ó thaobh scríbhneoireacht na Gaeilge de, mar iriseoir, mar aistritheoir agus mar chriticeoir.

Ba thréimhse achrannach an tréimhse sin i ndiaidh Eirí Amach na Cásca i saol Uí Rinn agus, cé nach bhfuil mórán eolais againn ar a imeachtaí polaitiúla, is léir gur throid sé i gCogadh na Saoirse. I rith an ama sin, sa bhliain 1920, phós Ó Rinn agus fuair sé post i mBanc na Talmhan. Sa bhliain 1922 fuair sé post páirtaimseartha ag aistriú Nuacht an Lae don *Freeman's Journal*. Fostaíodh go sealadach é i mí Eanáir na bliana 1923 le Rannóg an Aistriúcháin i nDáil Éireann agus fostaíodh go buan ann é i mí Iúil. Fuair sé bás sa bhliain 1943 agus é fós ag obair ansin mar phríomh-aistritheoir.

Tar éis a phósta agus nuair a bhí cúram a chlainne féin air shocraigh sé na páistí go léir a thógáil le Gaeilge. Ní raibh Gaeilge ag a bhean chéile, Ellen Fennelly as Co. Chill Chainnigh, agus labhair sé Béarla léi siúd, ach níor labhair sé focal Béarla riamh leis na páistí. D'fhreastail Maedhbh, an páiste ba shine, ar an mbunscoil sa chomharsanacht ar dtús. Ach, thart ar an am a bhí si i Rang a hAon d'aistrigh sí go dtí gaelscoil .i. Scoil Mhuire, Sráid Maoilbhríde. Ina dhiaidh sin cuireadh na páistí go léir chuig gaelscoileanna:

Ní labhramse lem leanbhaí féin ón lá thagaid ar an saol ach Gaelig agus bíodh nach cloisid ach Béarla óna máthair agus ó gach éinne bhíonn in aice leo ar feadh an lae nuair a bhím-se amuigh, tuigid gach aon rud a deirim leo. (*The Irish Statesman*, 24 Eanáir 1924.)

Bhíodh sé i gcónaí ag léamh nó ag scríobh sa bhaile agus bhí oifig aige sa seomra bia ann. Chaith sé a chuid ama ag obair agus d'ith sé ina aonar sa seomra seo. Fear mór intleachtach a bhí ann ach, chomh maith céanna, is cosúil gur fear ciúin, lách, agus athair cneasta ab ea é, nár thug íde béil dá pháistí riamh, ach a rinne iarracht gach

argóint a shocrú le caint. Ba ghráin leis an pionós corportha, rud a bhí soiléir ó chuntas a scríobh sé sa bhliain 1925 ar chúrsaí oideachais:

The mysteries of a complicated alphabet were expounded to me by a black-robed ogre with the aid of a leather instrument, applied to my palms from time to time, when my tender poetic spirit, under the influence of old King Solomon's beautiful rays, wandered to regions far far away from the ugly blackboard. I dared not make a complaint to my father, a tyrant of the worst description, who strangely blind to the genius of his lovely boy, would have belted me with a great black belt, remarking with an utter lack of sympathy: "If you don't take it in at one end I'll wallop it in at the other." ... I say, emphatically, that all compulsion must be done away with as a thing barbarous, medieval and derogatory to the image and likeness of the Lord. (*The Leader*, 3 Eanáir 1925)

Fear cineálta a bhí ann agus ar an ábhar sin ní raibh sé compordach bheith sa chomhluadar nuair a bhí aon saghas cruála ar siúl, pé acu duine nó ainmí a bhí i gceist:

An uair dheiridh a mharbhas cearc ní mór ná gur iompuigh mo ghoile orm. B'éigean dom gloine fuisce d'ól ina dhiaidh agus thugas mo mhóid gan scórnach ainmí do ghearradh arís. (*United Ireland*, 25 Aibreán 1936)

Scríobh sé alt eile ina dtugann sé léargas dúinn ar an ngné seo dá phearsantacht agus a ligean dúinn aithne éigin a chur ar na luachanna daonna a bhí ann:

Is maith liom ainmhithe agus bíonn cion agam ortha nuair a bhíd agam, ach ní duine mé díobh súd gur mó acu cat no madra ná leanbh. Cuireann sé déistean orm fear a bheith ag ceannach togha gach bídh dá mhadra agus ocras ar dhaoine bochta laistigh de chéad slat óna thigh féin. Ach ar an taobh eile, ní aontuighim leis an dream gur peaca leo duine do bhualadh agus nách aon pheaca in aon chor leo madra bocht do róstadh ina bheathaidh mar spórt dóibh féin.

(*United Irishman*, 20 Meán Fómhair 1933)

Gné dá phearsantacht atá suntasach agus a bhfuil a rian le feiceáil ar a chuid oibre ar son na teanga is ea an fhiosracht intleachtúil:

Bhíos an-fhiosrach riamh i dtaobh teanghacha agus do tharraig an fhiosracht san mé go minic chun mór-shaothair ná déanfainn chor ar bith mar a mbeadh í ... Mar gheall ar an bhfiosracht san agus toisc gur mhian liom riamh máistríocht a bheith agam ar an nGaedhilg d'fonn bheith saor ó Shasana i gcúrsaí urlabhra nuair nár fhéadas bheith saor uaithi ar aon tslí eile do léighinn gach aon bhlúire Gaedhilge agus gach aon trácht i mBéarla ar an nGaedhilg go bhféadainn teacht ortha.

(*United Ireland* 9 Feabhra 1935)

Maidir lena phearsantacht, tugtar léargas sa bhreis dúinn ar dhaonnacht agus ar thréithe eile an duine féin ó chuntais a scríobh a chairde agus daoine a raibh aithne acu air, daoine mar Phiaras Béaslaí agus Máirtín Ó Direáin. Ina lámhscríbhinní i Leabharlann Náisiúnta tá comhad ag Béaslaí dar teideal, *Memories of Men of Note*. Tá nótaí scríofa aige mar gheall ar Ó Rinn agus na frásaí seo ina measc: “Pipe in mouth”; “Slow way of speaking”; “Traits – absent-mindedness”; “His thirst for knowledge – Eternal curiosity – grasp of Irish – largely self-educated” (Páipéir Bhéaslaí, Ms. 33944 (3), An Leabharlann Náisiúnta). Níos faide ar aghaidh san alt tá an méid seo le rá ag Béaslaí:

From an early stage in our acquaintance I noticed his thirst for knowledge and eternal curiosity. He was always learning new things, always trying to understand. He had less educational advantages than me but he made up for this by constant study. All his life he was studying Irish – and in his later years he became a keen student of French and German and even Russian. (ibid.)

Tugann Máirtín Ó Direáin cuntas níos cuimsithí ar fad ar phearsantacht an fhir, in alt a scríobh sé in *An Glór* cúpla seachtain tar éis bhás Uí Rinn:

Ag cruinniú, níor b'fhear é go mbíodh fonn ró-mhór cainnte air. Éisteacht do b'fhearr leis de ghnáth. Deistigheadh sé go haireach le tuairimí dhaoine eile, go mórmhór na scríobhnóirí do b'óige ... Ba mhinic go gcaithí iarraidh air labhairt, agus nuair a labhradh b'fhiú éisteacht leis. Bhí tuairimí neamh-spleadhacha bunúsmhara aige ar mhórán ceisteann, agus cé gur mhinic leis a dhul thar fóir – chomh fada is bhain sé le atruighthe áithride, b'fhéidir i gcúrsaí litrighthe agus téarmaidheachta – bhíodh ciall agus réasún leis an méid a deireadh sé i gcomhnuidhe. Fear é a raibh cuimse eolais cnuasaighthe aige agus a raibh spéis bheo aibidh thar an gcoitchiantacht aige i gcúrsaí an tsaoghail 'na thimcheall, agus i ngach nidh áluinn dar tháinig ó lámh Dé. An té a bheadh ag éisteacht leis ag cannt, ámthach, ní cheapfadh sé go deó go raibh an fear chomh beó aibidh anamamhail ann féin. Níor éirigh leis é sin a chur i gcéill 'na modh cainnte ar chaoi éigin ... B'iongantach an daonnacht a bhí ag baint le Liam agus an tuigscint a bhí aige ar nádúir an duine. Bhí aige de thairbhe na tuigse sin carthannacht iongantach, agus deagh-chroidhe. Creidim go cinnte gur fhéach sé ar gach oibridhe i n-obair na Gaedhilge mar bhall d'aon mhuirghin amháin. Is truagh gan a dhearcadh sa mhéid sin againn ar fad mar chúmhódhachd sé sinn go minic ar seirbhe agus eascáirdis. (*An Glór*, 6 Samhain 1943)

Ó thaobh na teanga de, thug sé tús áite do Ghaeilge na Mumhan agus thugadh sé cuairt ar An Rinn agus ar Ghaeltacht Dhún Chaoin go minic i rith a shaoil. Bhí ard-mheas ag Liam ar mhuintir Rí an Oileáin (Pádraig Ó Catháin) agus ba mhinic a chaith sé féin agus a iníon, Maedhbh, seal sa teach le Cáit Ní Chatháin nó 'Cáit an Rí' mar a tugadh uirthi. Tugtar le fios dúinn, in alt a scríobh sé agus é ag moladh shaothar Sheáin Uí Ruadháin, go raibh sé dílis do Ghaeilge na Mumhan:

... dá dtógainn am' cheann Gaedhilg na Mumhan do thréigean agus iompáil am' Chonnachtach do léighfinn is d'ath-léighfinn gach ní a scríobhann sé d'fhonn an gnó do dhéanamh sa cheart.

(*United Ireland*, 6 Aibreán 1935)

In alt eile a scríobh sé thart ar an am céanna, deimhnítear dúinn nach raibh aon bhaol ar bith ann go raibh sé chun glacadh le Gaeilge Chonnacht:

Dá dteastúíodh uaim go scríobhfaí ráiteas dom a bheadh ana shoiléir, gach focal “ar a fhaobhar is ar a chúinne” is gach abairt géar-shnuigte daingean gonta, ní chun Connachtaigh a raghainn ach chun Ultaigh nó Muimhnigh. (*United Ireland*, 23 Márta 1935)

Ó thaobh na scríbhneoireachta de, rinne sé aistriúcháin, scríobh sé leabhair, shaothraigh sé mar iriseoir agus mar léirmheastóir. Fiú amháin, thug sé faoi luathscríbhneoireacht a cheapadh agus a chur in oiriúint don Ghaeilge. Rinne sé staidéar ar an ábhar úd agus bhí eolas aige ar chórais éagsúla scríbhneoireachta mar Phitman, Ghregg agus Sloan-Duploy. Scríobh sé cúpla alt ar an ábhar seo sa nuachtán, *Young Ireland*, ag tús na bliana 1920 inar chuir sé in iúl go raibh córas Gregg níos oiriúnaí, dar leis, don teanga Ghaeilge ná córas Pitman. Fear spéisiúil a bhí ann, mar sin, nach raibh aon teorainn leis na hábhair a bhíodh idir lámha aige ba chuma an ag scríobh nó ag léamh a bhí sé. Is cosúil nár bhuail taom díomhaointis riamh é mar is léir ó litir a scríobh sé chuig Piaras Béaslaí sa bhliain 1936:

Ní bheidh uain agam ar aon obair orgainíseachta (focal breá nua é sin!) dhéanamh. Bhíos amuigh dhá oíche an tseachtain seo agus beidh cáirde ar cuaird agam Dé Sath. seo chugainn agus is mar sin, no níos measa, bhíonn i gcomhnaí agus me ad iarraidh leabhar is aistí do scríobhadh san am gcéanna gan trácht ar léitheoireacht, foghlaim na Rúisise, is Breathnaisce, etc., etc. (*Páipéir Bhéaslaí*, Ms. 33954 (13), An Leabharlann Náisiúnta)

Fear a bhí ann, mar sin, a bhíodh ag obair de shíor ar son na Gaeilge. Thosaigh sé ag scríobh sa bhliain 1912 agus níor stop sé go lá a bháis. D’fhoilsigh sé leabhar gearrscéalta sa bhliain 1920 dar teideal *Cad Ba Dhóibair Dó Agus Scéalta Eile*; sa bhliain 1931 d’fhoilsigh sé leabhar taistil dar teideal *Turus go Páras*; sa bhliain 1939 d’fhoilsigh sé an leabhar dá chuid ba mhó cáil, *Mo Chara Stiofán*, leabhar atá bunaithe ar an gcaidreamh pearsanta intleachtúil a cothaíodh idir an bheirt fhear léannta seo agus a dhéanann plé ar cheisteanna móra na teanga, na litríochta agus an tsaoil; sa bhliain 1940 d’fhoilsigh sé an leabhar teagaisc *Peann agus Pár* agus

foilsíodh leabhar amháin eile dá chuid – saothair d’ábhair eicléicteacha, idir bhunsaothair agus aistriúcháin, a thiomsaigh Pádhraic Óg Ó Conaire agus a foilsíodh sa bhliain 1953, *So Súd*.

Fad is a bhí sé ag scríobh a bhunleabhar féin, bhíodh aistriúcháin idir lámha aige chomh maith agus tá sé suntasach go raibh Ó Rinn ag obair don Rialtas mar aistritheoir ag Rannóg an Aistriúcháin ar thaobh amháin, agus ag an am céanna go raibh sé ag aistriú go pearsanta don Ghúm ar thuarastal eile. Cleachtas neamhghnách é seo ag an am mar is léir ó litir dar teideal, *Extra Payments to Salaried Civil Servants*, a scríobh leas-rúnaí An Roinn Oideachais chuig cléireach na Dála sa bhliain 1931. Scríobhadh an litir seo mar gheall ar an leabhar *Dánta Próis* a bhí aistrithe ag Ó Rinn ag an am:

No person in any Department of the Civil Service is to be employed on work other than that for which he receives his salary, unless on a certificate from the Head of the appropriate Department or Departments:

- (a) That such work in no way interferes with that for which he receives his salary.
- (b) That it is for the public interest that he should be employed on such work.

(An Chartlann Náisiúnta, Bosca 38, Comhad A0180)

Is iad na leabhair a d’aistrigh sé ná *Leabhar na Polainne* (1920); *Fórsaíl Bharraí* (1921); *Cosaint na Sláinte* (1921); *Sceul Ár dTíre* (1923); *An Chúis Dlí* (1927); *Réim na Réalt* a d’aistrigh sé sa bhliain 1932 ach nár foilsíodh go dtí 1948; agus *Tús agus Fás Óglaigh Éireann* (1936)

Teist eile ar an dua agus ar an bhfuinneamh a bhí ann ó thaobh na teanga de is ea go raibh Ó Rinn ag scríobh go gairmiúil mar iriseoir ag an am sin chomh maith agus alt i ndiaidh ailt á bhfoilsíú aige gach uile bhliain i nuachtáin éagsúla idir 1912 agus 1943, ach amháin sa bhliain 1926, an bhliain inar cailleadh a mhac óg Gearóid (in aois a thrí bliana) i mí Eanáir. Is iad na príomhfhoilseacháin ar scríobh sé iontu idir 1912 agus 1943 ná: *Irish Freedom*, *Sinn Féin*, *Nationality*, *Fianna*, *An Claidheamh Soluis*, *Misneach*, *Fáinne an Lae*, *An tÓglach*, *The Hibernian*, *The Leader*, *Young Ireland*,



*United Irishman, United Ireland, The Irish Independent, Iris an Fháinne, The Freeman's Journal, The Irish Statesman, The Freeman, The Star, An Branar, An Glór, Comhar agus Humanitas*. Is minic a scríobh sé sna nuachtáin seo faoi ainmneacha cleite agus is iad na hainmneacha is mó ar bhain sé úsáid astu ná: 'Fear Faire', 'Coinneach', 'Tadhg Ó Cianáin', 'Aodh Rua', 'L.O'R', 'FDR' agus Uilliam Ó Rinn nó Liam Ó Rinn. Sa Chlár Saothair atá mar aguisín ag an tráchtas seo tá catagóiríú déanta ar na hailt a scríobh sé agus ar na hábhair uile a bhíodh á bplé ag Ó Rinn agus é i mbun saothair.

Ba thábhachtach an cheird í an iriseoireacht le linn na tréimhse sin a bhí Ó Rinn i mbun pinn. Ina plé ar chleachtadh na hiriseoireachta le céad bliain anuas, deir Regina Uí Chollatáin “nach ardán cumarsáide amháin a bhí á soláthar ag colúnaíocht na Gaeilge ach fóram litríochta, teanga, fealsúnachta agus critice do mhórscribhneoirí litríochta an fichiú haois” (Uí Chollatáin: 2008, 13). Bhí an tuairimíocht chéanna á cur in iúl ag Caoilfhionn Nic Pháidín: “Na húdair Ghaeilge ba mhó san fhichiú haois a raibh an achmhainn iontu pobail dhealraitheacha a shroichint, shaothraigh siad a gceird, agus thug chun foirfeachta í sna nuachtáin” (Nic Pháidín: 1998, 160). Léiríú ar na tuairimí siúd is ea saothar iriseoireachta Uí Rinn. Tá sé suntasach gur scríobh sé breis agus ocht gcéad alt i rith a shaoil sna nuachtáin éagsúla. Is tríd an iriseoireacht a rinne sé a chuid léirmheastóireachta ar litríocht an ama; trí mheán na hiriseoireachta a rinne sé aistriúchán ar shaothar Kropotkin – *Fields, Factories and Workshops*; ar ardán na hiriseoireachta a léirigh sé a thuairimí ar réimse d’ábhair éagsúla maidir le saothrú na Gaeilge, an fhealsúnacht agus go leor ábhar spéise eile dá chuid. Chomh maith leis sin, is as an iriseoireacht a tháinig na leabhair *So Súd, Leabhar na Polainne* agus *Turus go Páras* mar gur foilsíodh ar dtús iad mar shraitheanna i nuachtáin éagsúla. Foilsíodh giotaí de *Leabhar na Polainne* ar dtús mar shraith d’ailt sna nuachtáin *The Hibernian* agus *Nationality* idir na blianta 1915 agus 1917. Chonacthas cuid de *Turus go Páras* den chéad uair mar chuid de shraith d’alt a scríobh Ó Rinn sa *Freeman's Journal* idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair na bliana 1924; agus foilsíodh cuid de na scéalta sa leabhar *So Súd* ar dtús in eagráin de na nuachtáin *Young Ireland* (1922), *United Irishman* (1923) *An Branar* (1925), *The Star* (1929) agus *Humanitas* (1930/1931). Mar sin de, ba riachtanach an cheird í an iriseoireacht do Liam Ó Rinn mar ardán do shaothrú a chuid scríbhneoireachta.

Cé gur oibrigh sé go díocasach agus go raibh go leor le rá aige maidir leis an nGaeilge agus le saothrú na Gaeilge mar theanga dhúchais, thug sé faoi go leor teangacha eile a fhoghlaim freisin – an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Rúisis, an Spáinnis, an Iodáilis. I litir a scríobh Ó Rinn chuig Piaras Béaslaí sa bhliain 1922 thug sé tuairisc ar na teangacha éagsúla a bhí idir lámha aige ag an am:

Bhí eagla orm cur isteach ort agus tú chó gnóhach agus an tír ag imeacht sa diabhal. Táim féin ana-bhroidiúil leis – do ló is d’oíche. Ag siúl na sráideana dhom, bíim ag foghlaim Laidne (thosnaíos seachtain ó shin) agus léim roinnt bheag roinnt fhíorbheag Spáinnise – gach lá. I gceann leabhliana túrfad fén Iodáilis agus ansan beidh dere agam le stuideur gramadaí teangthacha agus bead ar an slí chun úsáid a dhéanav díov ar mhaihe leis an nGaedhilg.

(Páipéir Bhéaslaí, Ms. 33933 (4), An Leabharlann Náisiúnta)

Is léir ón méid eolais atá againn nár chloígh sé leis an bplean úd mar bhí sé fós ag plé le teangacha nua a fhoghlaim deich mbliana ina dhiaidh sin. Maidir leis an mBreatnais, is éard a léiríonn sé dúinn ná: “D’athchromas le déanaí den treas uair, ar an mBreatnaisc d’fhoghlaim. D’éirigh liom oibriú trí chuid a haon is cuid a dó de “Welsh made easy” le A.S.D. Smith, M.A., agus taim ag gabháil fé láthair do chuid a trí ...” (*United Ireland*, 20 Meitheamh 1936). Cuireann sé in iúl in alt a scríobh sé sa nuachtán *United Irishman* (12 Lúnasa 1933) go raibh eolas aige fiú amháin ar an Mhanainnis. Deir a iníon, Maedhbh, linn gur fhoghlaim sé na teangacha é féin as leabhair agus ceirníní agus a leithéid. Maidir leis seo, deir sé féin linn: “Is beag úrscéal Béarla léighim. Ní gá dhom é mar gheibhim mo dhóthain úrscéalta i pé teanga tharlann bheith á foghlaim agam” (*United Ireland*, 20 Aibreán 1935). Maidir leis an mBéarla féin bhí an méid seo le rá ag Ó Rinn: “Maidir liom féin bíodh gur le Béarla a tógadh mé labhram an Ghaelig níos fearr ná mar a labhram an teanga Ghallda” (*The Freeman’s Journal*, 5 Lúnasa, 1924). Ba chúis mórtais dó go raibh sé chomh hoilte agus chomh cumasach sin ag labhairt agus ag scríobh na Gaeilge agus mothaítear an grá agus an meas a bhí aige ar an teanga ina scríbhinní go léir.

Duine foghlamtha a bhí ann, a raibh cúram an léinn chun tosaigh ina aigne de shíor, a bhíodh i gcónaí ar thóir an eolais agus a mbíodh mór-cheisteanna an tsaoil faoi

chaibidil aige. Sa bhliain 1920 scríobh sé sraith d’ailt sa nuachtán, *Young Ireland*, inar léirigh sé an spéis a bhí aige i gceisteanna fealsúnachta. Labhair sé faoi chúrsaí creidimh agus eolaíochta agus chuir sé suim sa tuairimíocht éagsúil mar gheall ar bhunús an domhain: “Deirtí dá mbfior an méid a nocht (nó a deirtí a nocht) lucht eoluiachta nár bhéidir an creideamh Críostuidhe bheith fíor. Sé rud atá uaim anois ná an sceul sin do scrúdú ...” (*Young Ireland*, 13 Márta 1920). Nocht sé a thuairimíocht féin ar dtús: “Pé sceul é is annamh a cloistear duine a rá ná fuil aon Dia ann. Má chloisean tú caint den tsórt ní misde dhuit deimhin a dheunamh de do ghnáth gur fear aineolach fear na cainte agus ná fuil aige ach dríodar an léinn mhatérialais atá as dát” (*Young Ireland*, 6 Márta 1920). Scríobh sé go rialta sa nuachtán idir Márta agus Nollaig ar na ceisteanna conspóideacha seo agus tháinig réimsí na fealsúnachta, na diagachta agus na fisice faoi raon an phlé agus saothair smaointeoírí éagsúla ó Aristotle go Kepler, Newton agus Rutherford á lua agus á bplé aige. Bhí spéis aige i dteoiric na héabhlóide agus sna díospóireachtaí a spreag sé. Ar deireadh thiar, is éard a chreid sé ná:

“I dtosach do chruhaig Dia neamh agus talamh”, gan a rá go ró-bheacht conus a dhin Se é – níl i nGenesis ach cnámha an scéil. Le lucht léinn is eoluichta is machtnaimh feoil do chur ar na cnámha san.

(*Young Ireland*, 27 Samhain 1920)

Bhí suim aige i réimse maith de ghníomhaíochtaí eile. Maidir le cúrsaí ceoil, bhí suim mhór aige ann agus eolas aige ar réimse leathan ceoil. Is éard a bhí le rá aige maidir leis seo ná: “... ní plátaí d’amhráin Ghaelge amháin a cheannód ... mar ba mhaith liom gach saghas dea-cheoil a veh am tig agam. Ní leor do dhuine an ceol Gaelach amháin” (*The Freeman’s Journal*, 3 Eanáir 1924). Ina leabhar *Mo Chara Stiofán*, déanann sé trácht ar oíche a chaith sé féin agus a chara Mac Enna i gcomhlúadar a chéile – Stiofán ag seinm agus Liam ag canadh (MCS, 110). Insíonn sé dúinn gur bhain sé triail as fiú an harmóniam a sheinm (ibid., 166/7).

Bhí caitheamh aimsire amháin eile ag Liam a bhí gar dá chroí – an phéintéireacht. Léirigh sé féin gnéithe dá phearsantacht agus é ag caint ar chúrsaí ealaíne. Tuairiscíodh go raibh an méid seo le rá aige ag an gcéad taispeántas dá shaothar ealaíne i mBaile Átha Cliath ar an gcéad lá de mhí Lúnasa 1939:

Some startling and novel suggestions were made regarding public houses and art by Mr. Liam O'Rinn ... Some of Mr. O'Rinn's suggestions were: "There is no reason why publicans should not combine art and culture with stout and whiskey.", "there should be good, original Irish pictures by Irish artists in every hotel and boarding house in the country." (*The Evening Mail*, 2 Lúnasa 1939)

Ealaíontóir féin-oilte a bhí ann, a raibh an méid seo le rá ag Earnán de Blaghd mar gheall air ag an taispeántas sin sa bhliain 1939:

It was surprising to me, who had admired him as a writer for so long, to find that he was a painter as well, and one who can turn out work of distinguished quality. (*The Irish Times*, 2 Lúnasa, 1939)

In alt a scríobh Éamonn de Buitléir mar gheall ar Ó Rinn mar péintéir, deir sé:

Ba cheart go mbeadh i nGaileirí Ealadhan na Cathrach peictiúr amháin ar a laighead ó lámh Liaim Uí Rinn, péintéir a tharraing an oiread sin dá chuid inspioráide ón a chathair dhúthchais féin. (*Comhar*, Bealtaine, 1944)

Cé nach raibh pictiúr dá chuid ar crochadh sa Ghailearaí Náisiúnta, bhí ard-mheas air mar ealaíontóir agus, in alt a scríobhadh mar gheall ar a thaispeántas, luadh go mbeadh sé ag scríobh aistí sa nuachtán mar gheall ar an gceird seo: "In the fall, he may write essays on the art of writing and later on the art of painting" (*Sunday Chronicle*, 13 Lúnasa 1939). Gan amhras, scríobh sé an tsraith chéanna sa nuachtán *The Irish Independent* idir Samhain 1939 agus Meán Fómhair 1940, inar thug sé comhairle d'ealaíontóirí uailmhianacha. Tá cuma an teagaisc ar na hait a scríobh sé, agus d'fhéadfaí na haistí seo ar an ealaín a chur i gcomparáid leis an leabhar teagaisc *Peann agus Pár* a scríobh sé ar chúrsaí scríbhneoireachta sa bhliain 1940 chomh maith.

Is suntasach an ní é nár tharraing sé cúram an mhúinteora air féin riamh taobh amuigh de na moltaí a thug sé ina chuid scríbhneoireachta sna nuachtáin agus sna leabhair. I

litir a scríobh sé chuig Piaras Béaslaí sa bhliain 1919 luaigh sé go raibh teagasc neamhfhoirmiúil á thabhairt aige do chairde leis: “I am learning Scotch Gaelic from Mrs. L and am teaching herself and P. L. Irish in return” (*Páipéir Bhéaslaí*, Ms. 33951 (4), An Leabharlann Náisiúnta). Rinne sé tagairt amháin eile do ranganna teagaisc a thabhairt sa Ghaeilge le linn na tréimhse sin a chaith sé i ngéibheann i mBaile Coinnleora: “In Ballykinlar camp I conducted a phonetics class for a short time” (*The Leader*, 16 Lúnasa 1941). Taobh amuigh de na tagairtí siúd, níl aon trácht eile ar fáil mar gheall air agus ranganna foirmiúla á dtabhairt aige ar aon ghné den teanga. Ach, bhíodh comhairle á dáileadh aige go rialta agus é ag obair mar iriseoir agus fiú amháin agus é ina chraoltóir ar an raidió cúpla uair agus tuairiscí á ndéanamh aige ar chúrsaí ealaíne.

Fear mór cathrach a bhí ann, chomh maith, agus ba mhór an grá a bhí aige do Bhaile Átha Cliath. In alt a scríobh sé sa bhliain 1942, bliain sula bhfuair sé bás, labhair sé faoi áilleacht na cathrach. Léirigh sé go raibh Baile Átha Cliath chomh deas le Páras, Marseilles, Avignon agus labhair sé faoin taitneamh a bhaineadh sé féin as seasamh ar Dhroichead Uí Chonaill ag féachaint ar an ngrian ag dul faoi. Luaigh sé iontas na gcúlscráideanna fiú:

Nuair a bhím cortha de ró-neart an tsoluis, buailim síos cúlscráid dorcha le féachaint ar chuid aca san, níorbh iongnadh leat dá mbeidís lán de robálaithe is lucht murdail. Ach ní mar sin a bhíonn. Measaim ná fuil aon tsráid ná lána sa chathair seo dainséarach. Daoine atá geanúil go leor a chomhnuíos ionta ... ullamh ar ghreim bidh do thabhard don té a mbeadh gá aige leis. (*An Glór*, 14 Feabhra 1942)

Thaitin an taisteal leis freisin agus scríobh sé an chéad leabhar taistil a foilsíodh sa Ghaeilge, *Turus go Páras* (1931). Is suntasach an ní é gur chaith sé tréimhsí ag siúl na sráideanna i bPáras, gur scrúdaigh sé na foirgnimh, gur thug sé cuairt ar phríomhradharcanna na cathrach agus fós, “ná rabhas féin riamh ar bharr Phiolóir Nelson cé gur i mBaile Átha Cliath atá comhnaí orm o rugadh me” (TGP, 88). Thuig sé tábhacht an taistil agus chreid sé go raibh fiúntas ag baint le tionchar ón taobh amuigh agus le heolas a chur ar chultúir éagsúla. Chomh maith leis an leabhar seo,

scríobh sé cuntas taistil eile mar shraith iriseoireachta sa nuachtán *United Ireland* ar thuras a thug sé chuig an nGearmáin (*United Ireland*, 1935/36).

Fear cathrach a bhí ann agus fear Baile Átha Cliathach go smíor. Chaith sé a shaol ag plé leis an nGaeilge agus le cúrsaí teanga agus níl aon amhras ná go raibh tuairimí dochta daingean aige ar gach ábhar a bhain leis an nGaeilge. Tugann a iníon Heiléin le fios dúinn go raibh an tuairim aige go díoghbháilte gur le gach duine an Ghaeilge, agus ní le lucht na Gaeltachta amháin. Chreid sé chomh maith go raibh tionchar ar leith ag an gcathair maidir le saothrú na teanga. Gan amhras ar bith bhí grá ag Ó Rinn dá ‘bhaile dúchais’ agus caithfear a rá gur shíolraigh a ghrá don teanga ón meon sin aigne a bhí aige a chothaigh grá ann don rud dúchasach. Is cosúil go raibh tuiscint éigin inmheánach, dhúchasach ó nádúr ann maidir leis an nGaeilge, nár aithin sé féin, go dtí gur nochtaíodh é go fo-chomhfhiosach, céim ar chéim. Díreach mar a fhilleann an bradán ar a bheirtreach, bhain Ó Rinn a cheann scribe amach i dtaobh na Gaeilge amhail is go raibh sé ag filleadh ar an rud ba dhual dó. Mar sin, cé nár tógadh le Gaeilge ón gcliabhán é, bhí oibriú na hintinne agus forbairt tuisceana ar borradh ann i gcónaí go dtí gur sníodh na fórsaí seo go léir le chéile agus gur tháinig an Gaeilgeoir oilte seo as an bpróiseas. Tugann Ó Rinn léargas dúinn ar a mhúscailt i dtreo na Gaeilge in alt a scríobh sé faoin leabhar *Séadna*:

I took a fortnight to read it. There was scarcely anything in it I failed to understand. Words and idioms seemed familiar to me. I felt as if I had always known the language but had somehow or other forgotten it for many years. I still have the feeling that the laws of heredity were at work here. (*The Leader*, 24 Bealtaine 1941)

### **Conclúid**

Fear cruthaitheach a bhí i Liam Ó Rinn agus níl aon amhras ná gur chabhraigh an ghné seo dá phearsantacht leis, chun a chuspóirí i dtaobh na Gaeilge a fhorbairt. Bhí dóchas aige, de shíor, go mbeadh réiteach ar cheist na saoirse, na féiniúlachta agus níos tábhachtaí fós, ar cheist na teanga. Ba léir an grá a bhí aige dá thír agus go mór mór dá chathair dhúchais.

Ach, thar aon ní eile, Gaeilgeoir cathrach a bhí ann a chaith dua agus fuinneamh ag saothrú na teanga trí mheán na healaíne agus é ag scríobh, ag léamh, ag aistriú agus ag déanamh léirmheasanna. Is iontach an léargas a thugann Ó Rinn féin ar an tsuim a bhí aige sa teanga agus ar an ngaol pearsanta a bhí aige léi:

Nuair a bhíos óg, i gcionn mo bhliana is fiche no mar sin, ba ró-uiriste me shásamh i gcúrsaí léitheoireachta. Ba chuma liom cad do dhéanfadh an domhan mór ach aon tsaghas leabhair agam le léigheamh. Saol nua dhom ab eadh saol na leabhar, saol go rabhas aineolach air is go mbíodh suim agam i ngach ní dar bhain leis. Léighinn ráiméis chó fonnmhar is léighinn togha na litríochta tráchtas tur ar ghramadaigh no ar áireamh chó maith le finnscéal álainn. Dheineas staidéar ar mhórán dfilíocht na Gaedhilge toisc spéis a bheith agam i ngach ní bhain leis an teangain náisiúnta.

*(United Ireland, 17 Lúnasa 1935)*

Is mó tairbhe atá le baint ag lucht na Gaeilge sa lá atá inniu ann as an spéis seo a bhí ag Liam Ó Rinn sa teanga. Fágadh oidhreacht luachmhar thábhachtach ina dhiaidh agus réimse fairsing eicléicteach de shaothair fhoilsithe – saothair a scríobhadh faoi ainm cleite go minic. Mar a dúirt Piaras Béaslaí: “Very few people in the Lang Movement realise what a remarkable man was lost to the country when LOR died” (*Páipéir Bhéaslaí*, Ms. 33944 (16), An Leabharlann Náisiúnta).

Sula ndéanfar aon scrúdú ar an obair a rinne Ó Rinn ar son na teanga tá sé riachtanach a chlaonta polaitiúla a scrúdú, ós rud é gur thug sé le fios dúinn gur músclaíodh an tsuim seo a bhí aige sa Ghaeilge den chéad uair riamh ó na tuairimí polaitiúla a tháinig air agus ó mhothúcháin an tírghrá a chuaigh i gcion air agus é ina gharsún óg.

## Caibidil 2

### An Saol Polaitíochta

*“Dá dtuigimís an uile ní, do mhaithfimis an uile ní – ní fios  
fós ce aca tá Iúdás Iscariot agus Néro damanta nó ná fuilid.”*

(Liam Ó Rinn, Baile Coinnleora: 1921)

Idir na blianta 1886 agus 1943, nuair a bhí Liam Ó Rinn ina bheatha, tharla athruithe móra achranacha i saol na tíre seo ó thaobh na polaitíochta de. D’fhéadfaí a rá go ndearna muintir na hÉireann oilithreacht éachtach shóisialta i rith an ama seo, oilithreacht a d’iompair thar dhroichead an choilíneachais chuig ceann scríbe na saoirse iad, ó shrianta an daorbhroid chuig saoirse an tsaorstáit, ó fhealsúnacht an chomhoibrithe a bhí ag Ó Conaill chuig scoilteadh na gcomharsan a tháinig chun cinn le Cogadh na gCarad. Tréimhse stairiúil í seo a raibh tionchar láidir aici ar shaol polaitíochta agus ar shaol cultúrtha na tíre. B’éigean do gach saoránach feidhmiú laistigh den saol seo agus a d(h)ícheall a dhéanamh plé le gach athrú nua. Ní foláir nó gur imigh an saol seo i bhfeidhm ar gach aon duine a mhair le linn na tréimhse sin agus Liam Ó Rinn ina measc. Mar a dúirt sé agus é ag tagairt dá theacht amach as Campa Bhaile Coinnleora: “Nuair a tháinig abhaile fuaras an saol Gaelach iompuithe bun-os-cionn ag cúrsaí polaitíochta.” (*Misneach*, 11 Márta 1922)

Chonaic Ó Rinn go leor athruithe le linn a shaoil féin: bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893; bunaíodh Sinn Féin 1905; glacadh leis an mBille um Rialtas Dúchais sa bhliain 1912; bunaíodh na hÓglaigh 1913; tharla an chéad stailc in Éirinn sa bhliain 1913; tharla Éirí Amach na Cásca sa bhliain 1916; tharla an Chéad Chogadh Domhanda 1914-1918; bunaíodh an Chéad Dáil 1919; tharla Cogadh na Saoirse 1919-1921; glacadh leis an gConradh Angla-Éireannach 1921; tharla Cogadh na gCarad 1922-1923; bunaíodh An Gúm 1926; bunaíodh Fianna Fáil 1926; tharla An Cogadh Eacnamaíochta 1933-1938; tharla An Dara Cogadh Domhanda 1939-1945; scríobhadh Bunreacht na hÉireann 1937.



Ó thaobh na staire de mar sin de, ba thábhachtach agus ba chorráithe an tréimhse í seo inar mhair Ó Rinn. Bhíodh tuairimí nua á gcraobhscaoileadh ar staid na tíre ó thaobh na polaitíochta agus na heacnamaíochta de agus an t-aighneas ag borradh de shíor mar nach raibh daoine i gcónaí ar aontuairim. Bhí ról lárnach ag nuachtáin agus ag ceird na hiriseoireachta mar uirlis an náisiúnachais dar le Liam Ó Rinn agus caithfear a rá nach raibh aon leisce ar Ó Rinn leas a bhaint as an gceird áirithe seo chun a fhealsúnacht pholaitíochta a chraobhscaoileadh agus imeachtaí agus tuairimí na haimsire a chíoradh. Bhí tuairim láidir aige go raibh géarghá le nuachtáin agus irisleabhair a bhunú mar fhóram do lucht na Gaeilge. Mhol sé do Chonradh na Gaeilge plé leis an gceist agus scéim mar seo a ghlacadh mar chúram orthu féin. Theastaigh uaidh go mbeadh nuachtán ann ina bpléifí gnáthnuacht an lae chomh maith le hirisleabhar a dhéanfadh plé ar an nGaeilge mar theanga. Bhí fóram uaidh a thabharfadh deis do lucht na Gaeilge díospóireacht a dhéanamh ar cheisteanna na teanga agus ar chúrsaí reatha. Mar réiteach air seo mhol sé “*Fáinne an Lae* d’athbhunú mar pháipeur sheachtainiúil agus “Irisleabhar na Gaedhilge” d’aithbheochaint mar mhíósachán” (*The Star*, 19 Aibreán 1930). Thuig sé feidhm chumarsáide na hiriseoireachta: “Isé an tairbhe is mó dhéanfaidh sé, áfach, ná lucht na Gaedhilge ar fuaid na tíre do chur in aithne dá chéile is do dhlúthú le chéile arís in aon bhuidhin chomhachta amháin” (*United Ireland*, 14 Márta 1936). Tá aitheantas tugtha ag Regina Uí Chollatáin, a bhfuil plé cuimsitheach déanta aici ar an ábhar, do thuairimíocht seo Uí Rinn: “Glactar leis gur ghléasanna tarrthála don teanga féin agus don litriocht go háirithe a bhí sna hirisí agus sna nuachtáin ó lár an naoú haois déag ar aghaidh” (Uí Chollatáin: 2008, 5).

Aon deis a bhí ag Ó Rinn chuir sé a pheann ag obair, ach ní mó ná sásta a bhí sé, áfach, le gach foilseachán a bhí ar an bhfód lena linn. Theastaigh uaidh go mbeadh níos mó Gaeilge le fáil sna páipéir chun ligint do smaointeoirí an ama ‘comhrá’ a dhéanamh le lucht na Gaeilge trí mheán na teanga dúchais. Scríobh sé dréacht láidir ar an ábhar chomh fada siar le 1915:

Sílim go ndubhairt fear an “Independent” tamall éigin ó shoin ná raibh aon tslighe aige ina pháipeur áiféiseach don Ghaedhilg. B’uiriste dhó slighe d’fhagháil ann do theanga na hÉireann dá scuireadh sé de bheith ag scríobhadh ráiméise. Má chreideann sé féin leath a scríobhann sé nior

mhisde dá mhuintir é chur i dtigh na ngealt ar eagla go ndeunfadh an créatúir bocht díoghbháil éigin dó féin. (*The Hibernian*, 3 Iúil 1915)

Theastaigh uaidh go mbeadh páipéar polaitíochta ann i nGaeilge amháin agus chreid sé go mbeadh éileamh ar a leithéid d’fhoilseachán. Idir an dá linn, mhol sé an cholúnaíocht:

Má gheibhim caoi ar chaint a dhéanamh le hArt Ó Gríobhtha labharfad leis i dtaobh roinnt aistí Gaedhilge ar chúrsaibh polaitíochta chur i gcló i “Nationality”. Ní bheidh sa méid sin ach “sop in ionad na scuaibe”, ach caithfidimid bheith sásta leis an “sop” go dtí go bhfuighimid an “scuab”.

(*An Claidheamh Soluis*, 13 Deireadh Fómhair 1917)

Caithfidh gur éirigh leis an chaint sin a dhéanamh leis an eagarthóir mar scríobh Ó Rinn féin cúpla alt in *Nationality* ina dhiaidh sin ar chúrsaí polaitíochta idir Nollaig 1917 agus Eanáir 1918. Is iomaí alt a scríobh sé i nuachtáin éagsúla an ama ar na cúrsaí seo agus ar go leor cúrsaí eile agus tugann sé léiriú dúinn iontu ar shaol polaitíochta an ama sin in Éirinn nuair a bhí athruithe móra ag teacht chun cinn. Bhain sé leas as an meán cumarsáide seo chun a thuairimí uile a phlé ach is léir go raibh tionchar ag cúrsaí polaitíochta ar thréimhsí áirithe dá shaol scríbhneoireachta thar thréimhsí eile. Is féidir na réimsí fealsúnachta éagsúla a aithint ó am go chéile ina chuid scríbhneoireachta. Ach, ba chóir ar dtús a chlaonta polaitiúla féin a iniúchadh chun an fhealsúnacht phearsanta seo agus na réimsí scríbhneoireachta éagsúla a chur i gcomhthéacs.

### **Ó Rinn agus an Náisiúnachas**

Náisiúntóir agus scarúnaí ab ea Ó Rinn agus faighimid blaiseadh dá idé-eolaíocht pholaitiúil sna hailt iriseoireachta a scríobh sé i nuachtáin náisiúnaíochta éagsúla ó 1914 ar aghaidh. Rugadh Ó Rinn sa bhliain 1886 nuair a glacadh vóta den chéad uair i Westminster mar gheall ar an ‘Rialtas Dúchais’. Faoin am a raibh sé fiche sé bliana d’aois glacadh leis an mbille sin agus ní róshásta a bhí sé leis. Is léir gur saoirse iomlán a bhí uaidh agus nach mbeadh sé sásta le rud ar bith eile. In alt amháin a scríobh sé níor fágadh aon amhras ar an léitheoir faoina thuairimí: “Dheineamair botún nuair a ghlacamar le Home Rule lofa Sheáin Mhic Réamoinn” (*Young Ireland*,

22 Iúil 1922). In alt eile a scríobh sé agus é ag breathnú siar ar laethanta a óige, rinne sé tagairt don Rialtas Dúchais: “On being told what Home Rule meant I felt a gloomy disappointment at so much energy and enthusiasm being wasted on what to me, then as now, was a mere triviality in comparison with complete freedom” (*The Leader*, 17 Bealtaine 1941).

Chomh fada siar le 1914 thosaigh Ó Rinn ag scríobh mar gheall ar chúrsaí polaitíochta in Éirinn agus ba léir an tacaíocht a thug sé do ghníomhaíochtaí na nÓglach an uair sin agus an t-amhras a bhí air faoin Rialtas Dúchais:

Má bhíonn Parliament againn i gcóir na hÉireann uile, chífid muintear na hÉireann ar ball cad é an botún do dheineadar nuair do ghlacadar bille fágann iad ar bheagán comhachta, go mór mór i dtaobh airgid. Annsin iseadh tuigfidh siad i gceart feall na bhFuigeanna agus an cuma ina bfeudfaidh siad an feall sin do chur ar neamhní le congnamh na nÓglach. Annsin iseadh tuigfidh siad go hálainn ná géillid muintear Shasana acht do neart. Bíodh ciall aca in am agus coimeádaidís an neart sin. Do chaitheadar uatha an teanga i dtreo go bfeudfaidís troid i gcoinnibh Shasana. Níor thuigeadar an uair sin nach le caint a throideann Sasana acht le neart slog. (*Sinn Féin*, 4 Iúil 1914)

Sa chéad alt eile a scríobh sé ar chúrsaí polaitíochta in Éirinn i 1915 labhair sé faoin gcos ar bolg a bhí ar siúl ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de chun muintir na hÉireann a choimeád faoi smacht:

Táim sealbhaighthe dhe óna bhfeicim dhá dheunamh ag Sasana annso le beagán bliadhan anuas, go bhfuil socair go daingean aici tuilleadh scrios do dheunamh ar cheárdaidheacht agus ar cheannaidheacht na hÉireann i dtreo ná beidh in Éirinn ar ball acht tuairim dhá mhilleon duine ar fad. Feudfa sí an méid sin do choimeád fé smacht gan aon duadh, mar, an chuid acu ná beidh ina shaighdiúiribh aici nó ina seirbhíseachaibh riaghaltais nó ina spiadóiribh nó ina lucht oibre dhóibh sin go léir, beidh siad i dtightheibh na mbocht nó i dtightheibh na ngealt.

(*The Hibernian*, 17 Iúil 1915)

Ina dhiaidh sin, agus é ina bhall de na hÓglaigh, ghlac Ó Rinn páirt in Éirí Amach na Cásca, gníomh a raibh sé bródúil as, mar a léirigh sé go minic ina chuid scríbhinní. Cé nach bhfuil cuntas pearsanta, cuimsitheach tugtha aige féin ar an bpáirt a ghlac sé sna hÓglaigh, is léir ó scríbhinní eile an ama go raibh sé gníomhach sna himeachtaí i rith na Cásca 1916. Scríobh ball d’Óglaigh na hÉireann darbh ainm Frank Henderson a chuimhní cinn ar an tréimhse sin dá shaol agus tagraíonn sé ann do mhuintir Uí Rinn a rinne obair in Ard-Oifig an Phoist i rith na seachtaine sin: “As it was very urgent to effect a passage right through to the post office we worked at it all night. Our work was made very easy by the fact that we had five brothers named Ring, four of whom were carpenters” (in Hopkinson: 1998, 55). Tugann Henderson cuntas ar Ard-Oifig an Phoist agus ar an leagan amach a bhí ar an bhfoirgneamh an tseachtain sin (ibid. 52/53) agus tá an cur síos sin díreach mar an gcéanna leis an gcuntas a scríobh Ó Rinn mar chuid den scéal ‘An Bheidhleadóir’, sa chnuasach gearrscéalta, *Cad ba Dhóibair dó agus Scéalta Eile* (Ó Rinn: 1920). Is suntasach na cuimhní cinn a scríobh Henderson mar go léiríonn siad go leor cosúlachtaí idir Henderson agus Ó Rinn: an grá do Bhaile Átha Cliath; a gcuid scolaíochta leis na Bráithre Críostaí i Marino; a mballraíocht i gConradh na Gaeilge; foghlaim na Gaeilge; a bpostanna in oifigí ina n-óige; a gcomhpháirtíocht in Éirí Amach na Cásca; na tréimhsí a chaith siad i bpríosúin i Stafford agus Frongoch. Tugtar cead isteach dúinn sa leabhar seo mar sin, ar an tréimhse chorráitheach, pholaitiúil a bhí chun tosaigh i mBaile Átha Cliath sa tráth sin den saol nuair a bhí Ó Rinn gníomhach i saol polaitíochta na tíre.

In alt a scríobh sé sa bhliain 1917, agus é ag caint mar gheall ar an náisiúnachas agus ar Éirí Amach na Cásca, is féidir macalla de bhriathra Dháibhís a aithint i bhfríotal ceannairceach Uí Rinn:

Deir náisiún na hÉireann: “ní hé mo chorp mé féin ná ní hí m’aigne mé féin. Ach faríor! Tá mo chorp go lag ó mhill mo namhaid mo chnámha, agus táim ar nós leathamadáin ó mhill mo namhaid m’aigne agus mo chuimhne nuair a thug sé iarracht ar mo theangain do chrapadh lena bheurlagar féin i dtreo uaireanta gur beag ná ndearmhadaim mé féin agus gach ar bhain dom riamh agus i dtreo leis gur beag ná gur dóigh liom gur duine éigin eile mé.” Ach le deunaighe do dortadh braon beag dfhíorfhuil

uasail na hÉireann. D'oibrigh san ar a haigne agus ar a cuimhne agus tá sí 'gá chur in iúl don domhan anois go bhfuil aithne aici uirri féin; agus go bhfuil an laige ag tréigean a cuid cnámh agus neart ag teacht ina geugaibh i dtreo nách fada go bhfeidfa sí éirighe ina seasamh i measc na náisiún arís, le cead na náisiún san nó dá lom deirg aindeona.

(*Nationality*, 8 Nollaig 1917)

Caint bhríomhar dhiongbháilte atá ansin a thugann léargas ar an meon aigne a bhí ag Ó Rinn thart ar an am sin agus an bród a bhí air as an bpáirt a ghlac sé in Éirí Amach na Cásca. Nocht sé an t-idéalachas polaitiúil a bhí aige agus an fhís a bhí aige maidir le saoirse na hÉireann in alt a scríobh sé agus é ag tagairt don amhrán 'The Rising of the Moon' agus mar a chuaigh an t-amhrán i bhfeidhm air:

Dá bhfiarfaí dhíom cadé an t-amhrán Béarla is mó do chuaidh chun coga na Cásca, 1916 do dhéanamh déarfainn, gan aon dabht ar domhan, gurb é an "Risin' of the Moon" an t-amhrán san.....agus do thagadh brón agus móráil agus fearg orm, agus do chruadh an rún a bhí am chroí agam ná raghainn san uaigh go bhfeicfinn coga dearg á chur chun saoirse bhaint amach dom thír. (*The Freeman's Journal*, 5 Aibreán 1923)

Tírghráthóir a bhí ann, tréith a léirigh sé in alt a scríobh sé níos déanaí agus é ag breathnú siar ar an Éirí Amach: "Féadfaid féachaint siar ar Choga Bheag na Cásca mar fhéachaidís ar réalt eolais agus misneach do ghlaca. Ní féidir coinneal na fírinne do mhúcha fé shliabh aineolais" (*The Star*, Cáisc 1931).

Tréimhse thábhachtach i saol Uí Rinn ab ea Éirí Amach 1916 ach, cé gur nocht sé a fhealsúnacht pholaitiúil go minic sna nuachtáin, is annamh a thug sé aon phictiúr pearsanta dúinn a bhain leis an tréimhse sin dá shaol. Dá bhrí sin, is seoid luachmhar aon alt a thugann cead isteach dúinn ina shaol pearsanta. In alt amháin a scríobh sé sa nuachtán *United Ireland*, féachann sé siar ar an tréimhse sin agus feicimid féith an ghrinn ina chuid cainte:

Bhíos baoch de rialtas Shasana aon uair amháin am' shaol. Timpeall naoi mbliana déag ó shoin bhíos fé ghlas go daingean i bpríosún Stafford mar

gheall ar gan bheith ró-mhúinte le Madame Britania. Tá daoine ann adeir gur dheineamair, mé fein is an dream mí-mhúinte go rabhas páirteach leo, scian do sháith i ndrom na mná uaisle sin. Níl an scéal go ró-chruinn acu, mar ní sáth sa drom a thugamair di ach cic sa bhall dá corp is goire bhíonn don chathaoir ar suidhe dhi. Siné chuir ar buile í. Dhéanfaidh sáth scine sa drom martar di, mara ndeineadh sé corpán di ach is amhla dhein an chic sin óinnseach di os comhair na gcomhursan. Dá mb’áil léi ciall a bheith aici is sinne bheadh nár staicín áiféise – níor ghá dhi chuige sin ach sinn a thabhairt i láthair an ghiúistis oirdhirc, Mr. Mahony, is a iarraidh air fineáil leathchoróineach an duine chur orainn.

*(United Ireland, 11 Bealtaine 1935)*

Ní minic a bhíodh an greann mar ghné stíle ag Ó Rinn agus cúrsaí náisiúnachais faoi chaibidil aige. Idéalaí a bhí ann i dtaobh na saoirse agus na teanga agus bhíodh sé i gcónaí dóchasach ina dtaobh. Deir sé linn agus cuntas á thabhairt aige air féin go mbíodh sé de nós aige ina óige bheith “... ag taidhreamh ar an saol áluinn a bheadh agam in aois m’fhearandachta” (*United Ireland, 17 Samhain 1934*). Rinne sé go leor cainte ar ‘anam’ agus ‘corp’ na tíre agus fíis sin na saoirse á plé aige. Thagair sé d’aisling na bhfilí fiú, chun na smaointe agus na tuiscintí a bhí aige ar an ábhar a chur in iúl:

Is mó dán áluinn uasal atá againn uathu, ag cur síos ar áilleacht na hanama san agus í ar díbirt óna tír féin, ag feitheamh leis an lá ina dtiocfaidh sí chun seilbh a ghlacadh ar an gcorp ná fuil ullamh fós againn di, sé sin an stát saor Gaedhalach atáimid ad iarraidh a chur ar bun.

*(Nationality, 1 Nollaig 1917)*

Má ba rud é go raibh sé bródúil as an bpáirt a ghlac sé in Éirí Amach na Cásca, áfach, ní hamhlaidh an scéal maidir leis na himeachtaí ar fad a tharla ina dhiaidh sin sa tír. Léiríonn sé athrú intinne i dtaobh cúrsaí troda. Maidir leis an gConradh Angla-Éireannach (1921), is léir gur ghlac sé leis ach nach róshásta a bhí sé: “Nuair a ghlacas leis an gconradh dheineas é toisc gur mheasas an uair sin, mar a mheasaim anois, nárbh fheidir a thuilleadh dhéanamh de thurus na huaire. Ghlacas leis mar ‘chloich chabhsa’ i lár tsrotha mar a deirtear agus nílim sásta leis ach mar sin” (MCS,

43). Maidir le Cogadh na gCarad, níor ghlac sé aon pháirt ghníomhach ann ach léiríonn sé an tuirse aigne a bhí air dá bharr nuair a thug sé le fios gur “náireach an sceul é Éireannaig óga veh ag marú a chéile mar atáid. Nár chóir go mbeadh fhios acu um an dtaca so ná tiocfidh aon phioc maitheasa as. Ní chuirfe sé Éire ar aghaidh, ní chuirfe sé an Républic ar aghaidh, ní chuirfe sé énní ar aghaidh ach Sasana” (*Young Ireland*, 15 Iúil 1922). Nuair a tháinig an fógra síochána ó Éamonn de Valera léirigh Ó Rinn an t-áthas a bhí air go raibh deireadh leis an gcogadh. “Táim cortha de dhaoine veh ag fáil bháis ar son na hEreann ... Táimid go léir baoch, ana-bhaoch ar fad, mar gheall ar an bhfógra mar tujan se caoi do gach duine ar aire thúirt dá ghnó féin agus do ghnó an náisiuin.” (*The Freeman’s Journal*, 3 Bealtaine 1923)

Is léir mar sin gur poblachtach a bhí ann a raibh saoirse iomlán na tíre mar chuspóir aige ach nár aontaigh sé i gcónaí le himeachtaí na haimsire. Ach, níos tábhachtaí ná sin, thuig sé tábhacht na teanga i ngluaiseacht na saoirse agus léirigh sé arís agus arís eile gur chreid sé nach raibh aon uirlis chomh tábhachtach chun cumhacht Shasana a bhriseadh ná an teanga Ghaeilge:

I value the Irish language in the first place as a weapon more powerful than the combined armies and weapons of the world for the preservation of this identity and in the long run, for the maintenance of that complete All-Ireland Republic we hope to establish.

(*The Leader*, 17 Bealtaine 1941)

### **Scríbhinní ar Chúrsaí Polaitíochta**

Bhí brat sin an náisiúnachais agus na poblachta i gcónaí mar chúlra ag Ó Rinn agus é ag scríobh ar imeachtaí a linne. Ó thaobh na scríbhneoireachta polaitiúla de, is féidir scríbhinní Uí Rinn a rangú ina dhá chuid:

- (a) 1912-1923
- (b) 1923 ar aghaidh.

### **1912-1923**

Ó thaobh na polaitíochta agus an náisiúnachais de ba bhlianta gníomhacha iad na blianta seo sa tír agus ba ghníomhach na blianta iad chomh maith i saol pearsanta Uí

Rinn. Ó thaobh na fostaíochta de bhí sé ag obair do Chonradh na Gaeilge go dtí gur tharla Éirí Amach na Cásca agus ar feadh tamaill eile ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1920 fuair sé post le Banc na Talmhan agus sa bhliain 1923 fuair sé post le Rannóg an Aistriúcháin. Idir na blianta céanna is iomaí éacht pearsanta eile a thit amach ina shaol: ghlac sé páirt san Éirí Amach agus cuireadh i bpríosún i bhFrongoch é; pósadh é sa bhliain 1920; cuireadh i ngéibheann arís é sa bhliain 1921 i mBaile Coinnleora i ndiaidh Chogadh na Saoirse. Tréimhse staire í seo a chuaigh i bhfeidhm go mór ar mhuintir na hÉireann agus atá pléite go mion ag staraithe agus intleachtóirí ó shin i leith. Ach, is suntasach iad cuid de na hait a scríobh Ó Rinn i rith an ama seo mar go dtugann siad léargas dúinn ar smaointe scríbhneora a mhair, a ghlac páirt agus a rinne machnamh ar imeachtaí comhaimseartha ach ag an am céanna nach raibh srianta ag ábhair pholaitiúla amháin ina shaothar scríbhneoireachta.

Fear léannta a bhí ann a léigh go forleathan agus a bhunaigh a thuairimí ar an eolas a bhailigh sé ó fhoinsi éagsúla. Ní ró-mhinic a thug sé ráiteas uaidh nach raibh sé in ann a threisiú le heolas a bhí faighte aige ó thobar eolais éigin eile. Agus é ag caint mar gheall ar an gCéad Chogadh Domhanda, is le cabhair fianaise an Rúisigh, Kropotkin, a shaothraíonn sé an cuntas maslach seo ar chuspóirí Shasana, mar ba léir dó iad, agus na Sasanaigh ar an ionsaí sa chogadh céanna.

Measann daoine simplidhe gur chun na Beilge agus na náisiún lag eile do chosaint a chuaigh Sasana chun cogaidh acht tá's ag lucht eolais gur chun ceannas na ceannaireachta agus na ceárdaidheachta agus ceannas na farraige do choimeád aici féin a dhein sí é agus fós chun smacht a choimeád ar an Eoraip go léir. Ba léir san ó éinne léighfadh an leabhar úd Khropotkin "Fields, Factories, and Workshops".

(*Nationality*, 12 Eanáir 1918)

Is éard atá sa leabhar seo ná tuairimíocht Khropotkin ar choincheapa a bhain le cúrsaí tionsclaíochta agus talmhaíochta i measc an phobail. Mhol sé comhoibriú agus cháin sé cleachtadh an chomórtais idir náisiúin; níor sheas sé i bhfábhar an rialtais lárnaigh ach chreid sé i saol na tuaithe agus sna húdaráis áitiúla; thug sé tús áite do chúrsaí talmhaíochta ar chúrsaí tionsclaíochta agus chreid sé gur chóir do gach tír brath ar a gceird féin agus neamhaird a thabhairt ar earraí ón iasacht.



Tá sé suntasach gur thagair Ó Rinn tagairt do leabhar Khropotkin anseo óir gur aistrigh sé féin go Gaeilge an leabhar céanna agus d'fhoilsigh sé mar shraith é in *Irish Freedom*. Thosaigh sé ag obair ar an saothar seo i mí na Nollag 1912 agus bhí sé fós á fhoilsiú sa nuachtán i mí na Samhna 1914. Leabhar é seo a léirigh an dearcadh Marxach-Leiníneach, ach, cé gur thaispeáin Ó Rinn an tsuim a bhí aige sa leabhar seo agus go raibh bá aige leis an lucht oibre, níor chreid sé go n-éireodh go hiomlán le fealsúnacht an chumannachais ag an am sin. “Isé mo thuairim láidir ná chéidir aon stát sóisialta a chur ar bun go daingean fé láthair ... Tuitfe sé as a chéile de bhárr euda agus sainte agus easaontais” (*Fáinne an Lae*, 18 Eanáir 1919). Léirigh Pádraig Ó Conaire tuairimí den chineál céanna ar an ábhar seo i mí Mhárta na bliana céanna, agus ceist an chumannachais á plé aige siúd: “Is eol dúinn nach scaoilfidh na máistrí agus uachtaráin sotalacha an domhain a ngreim go réidh” (in *Denvir*: 1978, 153). Ba ghráin leis an mbeirt acu lucht an chaipitleachais agus chreid siad go raibh gá le gníomhaíocht éigin a dhéanamh chun cosc a chur lena gcumhacht. Mhol Ó Rinn, mar sin, aird a thabhairt ar an gcoincheap ar a dtugtar ‘comh-oibriú’: “Bainimís triail as an ní ar a dtugtar comhoibriú. Dá dtugaimís faoi i gceart, sa chathair agus ar an tuath sé mo thuairim ná bhfada go mbeadh cuid mhaith den olc a bhaineann le capitalachas ar neamhni” (*Fáinne an Lae*, 18 Eanáir 1919). Arís, agus Cumann an Lucht Iompair á phlé ag Ó Conaire, bhí tuairimí den chineál céanna á nochtadh aige:

Thaispeáin an cumann nua seo an bóthar ceart do lucht oibre na hÉireann. Cuireadh i gcéill dóibh nach ndéanfadh cumann faoi leith i gcomhair gach ceirde mórán maitheasa. Bhí an cumannachas nua buanaithe in Éirinn nuair a cluineadh an dá rosc catha a bhí ag an gcumann nua seo: ‘aon chumann mór amháin’ agus, an dara ceann, ‘má loitear duine againn, loitear an t-iomlán’. (in *Denvir*: 1978, 153)

Sa bhliain 1932, áfach, léirigh Ó Rinn forbairt tuisceana maidir leis an gcumannachas. Níor fágadh amhras ar éinne faoina thuairimíocht agus lucht oibre na Rúise faoi chaibidil aige:

Cúig bliana déag de chruatan is de thíorántacht agus ní féidir le haon fhear oibre a rádh fós leis féin “is liom féin mé féin” ... Má bhíonn cead a gcinn

ag na Comunistí bainfead den duine an phribhléid is mó, b'fhéidir, dá bhfuil aige ó Dhia, sé sin saoirse aigne. Má cuirtear deireadh léi sin sin deireadh le gach dóchas atá ag an duine beith á chur níos aoirde agus níos aoirde i gcomhnaí ná an t-ainmhidhe allta.

(*United Irishman*, 3 Nollaig 1932)

Saothar mór eile de chuid Uí Rinn a bhí idir lámha aige thart ar an am céanna is a bhí saothar Kropotkin á aistriú aige ab ea aistriú a rinne sé ar *Leabhar na Polainne* le Adam Mickeivicz. Saothar é seo a thosaigh sé roimh an Éirí Amach agus a chríochnaigh sé nuair a scaoileadh saor é ón ngéibheann i bhFrongoch. Is éard atá sa leabhar seo ná stair na Polainne ó thús ama go dtí an bhliain 1830 nuair a theip ar mhuintir na Polainne ina n-iarracht éirí amach i gcoinne na Rúise.

Leabhair iad seo a raibh tuairimí iontu a mheas Ó Rinn a bhí oiriúnach do staid na tíre seo ó thaobh na polaitíochta agus na heacnamaíochta de óir gur aithin sé cruachás na hÉireann i gcuid de na smaointe a léiríodh ag na húdair seo maidir lena staideanna féin sa Pholainn agus sa Rúis. Maidir le *Leabhar na Polainne*, mar atá luaite ag Mark Ó Fionnáin ina thráchtas dochtúireachta (2007) tá tiomnú Uí Rinn ar an leabhar seo suntasach ann féin:

Do'n Mhuintir atá  
ag troid agus ag obair ar son  
Saoirse  
is Teanga na hÉireann  
an Leabhar seo  
(Ó Rinn: 1920)

Tá sé suntasach maidir leis an saothar seo go bhfuair ollamh le Polainnis, darbh ainm Dybosky, cóip den aistriúchán sin ó Phiaras Béaslaí agus gur scríobh sé litir ar ais chuig an mBéaslaíoch sa bhliain 1923 ag gabháil buíochais leis. Sa litir úd rinne sé trácht ar an tsuim a bhí ag muintir na Polainne i gcúrsaí polaitíochta in Éirinn: "Its appearance, which has already been duly noticed in Poland, gives us welcome new proof, that the old traditional sympathies, always so generously manifested in Ireland for the Polish cause, are as much alive as ever" (*Páipéir Bhéaslaí*, Ms. 33918 (16), An

Leabharlann Náisiúnta). Teist í seo ar an tionchar a bhí ag polaitíocht na haimsire ar scríbhneoirí mar Ó Rinn ag an am.

Saothar eile a d'aistrigh Ó Rinn sa bhliain 1917 ab ea *Slighe na Saoirse – leabhar drille d'Óglaigh na hÉireann*, leabhar a scríobh sé faoin ainm cleite 'Aodh Ruadh'. Bhí tábhacht ar leith ag baint le leabhar mar seo a aistriú, dar le Piaras Béaslaí, mar bhí inní ann ag an am go mbeadh na hÓglaigh ag brú Béarla ar phobail Ghaeltachta, mar a mhíníonn Pádraig Ó Siadhail:

Ó tháinig na hÓglaigh ar an fhód i mí na Samhna 1913, b'údar inní agus b'ábhar buartha do Ghaeil, ar nós Shán Uí Chuív, gurbh é an toradh mí-ámharach a bheadh ar a gcuid imeachtaí na go ndaingneofaí an Béarla mar theanga oibre na nÓglach i gceantair Ghaeltachta. Dá réir sin, bhí fochoiste bunaithe ag na hÓglaigh chun téarmaí druileála a dhréachtú i nGaeilge agus bhí an Béaslaíoch i ndiaidh tabhairt faoin druileáil i nGaeilge i Múscraí. (Ó Siadhail: 2007, 283)

Ba chúis inní dó chomh maith go dtiontódh Gaeilgeoirí na cathrach ar an mBéarla agus iad i mbun druileála leis na hÓglaigh:

Ach sa bhliain 1915 bhí ar Bhéaslaí féin a admháil go raibh na hÓglaigh féin a raibh lámh nach beag aige féin iontu i ndiaidh aimhleas na teanga a dhéanamh: "I have noticed with regret that the immersion in Volunteer work has tended to diminish the habit of speaking Irish among Gaels in Dublin." Bhí baol ann go mbunódh is go mbuanódh an chorraíl pholaitiúil in Éirinn féin an nós gur i mBéarla amháin a dhéanfadh lucht na Gaeilge plé ar cheisteanna móra polaitiúla a linne. (ibid., 284)

Ina phlé ar an mBéaslaíoch agus ar an Oireachtas a tionóladh i gCill Airne sa bhliain 1918, déanann Ó Siadhail tagairt don leabhar druileála a d'aistrigh Ó Rinn:

Cibé ar bith, mar chomhartha ar mhínormáltacht an ama, ní raibh an Béaslaíoch féin in ann taisteal go Cill Airne ar chor ar bith ar eagla go ngabhfaí é ... Comhartha eile ar mhínormáltacht na haimsire ba an blúirín

eolais gur díoladh i gCill Airne tréan cóipeanna de Slighe na Saoirse, an leabhar druileála Gaeilge a bhí curtha i dtoll a chéile ag ‘Aodh Ruadh’ (Liam Ó Rinn). “Deirtear gur sagairt is bráithre ba mhó a bhí dá éileamh” a tugadh le fios in *Fáinne an Lae*. (ibid., 415)

Is léir mar sin an tuiscint a bhí ag daoine mar Bhéaslaí agus Ó Rinn (a d’aistrigh na tearmaí druileála) faoin ngá a bhí ann maidir le pleanáil teanga sa réimse seo. An smaoineamh céanna a bhí taobh thiar de bhunú an Fháinne mar a léirigh Ó Conaire:

Gaeil formhór mhuintir ár mbailte móra inniu, agus iad chomh dúthrachtach dílis faoi chúrsaí na tíre le haon dream eile. Tá fonn ar chuid mhór acu ár seanteanga a thabhairt ar ais, ach ina dhiaidh sin is uile, is iad a mbailte atá ag scaipeadh an Ghalldachais ... Dá mbeadh fáinne, ar an déanamh céanna leis an bhfáinne a bhíos á chaitheamh againn, ar an bhfuinneog nó os cionn a dhórais ag an siopadóir bheadh a fhios ag cách Gaeilge a bheith le fáil ins an siopa sin. Agus is ann is túsce a rachadh fear na teanga dá mbeadh aon rud uaidh. Bheadh tráchtáil i siopaí an Fháinne seachas siopaí eile. (in Denvir: 1978, 160-61)

An teanga a bhíodh chun tosaigh i gcónaí in aigne Uí Rinn mar sin, fiú amháin agus cúrsaí míleata faoi bhun. Tá fealsúnacht Uí Rinn maidir le Éirí Amach na Cásca luaite cheana féin agus is rí-léir óna scríbhinní i rith an ama seo gur thug Ó Rinn tacaíocht d’Óglaigh na hÉireann in Éirí Amach na Cásca agus gur leag sé béim ar leith ar na himeachtaí a tharla i rith na seachtaine sin. Léirigh an Béaslaíoch chomh maith an tábhacht a shamhlaigh seisean leis an Éirí Amach i ndán a chum sé dar teideal ‘Bealtaine 1916’ (Béaslaí: 1920).

Is cuid suntais go háirithe comhthéacs polaitiúil an dáin. Bhí na hÓglaigh i ndiaidh géilleadh gan choinníoll gan chuntar. Ní raibh a fhios ag an Bhéaslaíoch go fóill go baileach cé a bhí beo agus cé a bhí marbh ach b’intuigthe go raibh formhór na gceannairí ar shlí na fírinne. Níorbh eol dó cad é mar a bhí cúrsaí in Éirinn nó an raibh breith an phobail ag claonadh mhuintir an Éirí Amach nó ina gcoinne. Ba mhí-ámharach cruachásach a dhála pearsanta féin. Ina n-ainneoin sin uilig, seo é ag fógairt go

caithréimeach taobh istigh de chúpla seachtain óna dheireadh díomuach go mbeadh an tÉirí Amach ina eiseamláir do mhuintir na hÉireann.

(Ó Siadhail: 2007, 354)

Is í an tuairim chéanna a bhí á léiriú ag Ó Rinn maidir leis an gcoimhlint seo, gur bua a bhí ann, cé nár éirigh leis mar éirí amach míleata:

Ach do dhein an dortadh fola úd um Cháisc annsúd pé beagáinín de spré na seanuaisleachta d’fhan i gcroidhe mhuintir na hÉireann do chur ar lasadh arís agus ní bacach Éire feasta ach banríoghain áluinn uasal.

(*Nationality*, 22 Nollaig 1917)

Ina staidéar ar an ábhar seo, luann Diarmuid Ferriter an tuiscint gur spreag léargas den chineál céanna an ceannaire James Connolly:

Shortly after the execution of Connolly, Robert Lynd wrote a brilliantly perceptive introduction to Connolly’s *Labour in Irish History* and *The Reconquest of Ireland*, in which, significantly, he praised him not as an Irish patriot, but as ‘so good a European’, because his principles were not applicable just to the Anglo-Irish struggle. Lynd also sought to get to the bottom of the question: why did someone of his intelligence get involved in a doomed rising? Part of the answer lay in Connolly’s own writings, which focused on the history of the militancy of the Irish poor ... Though he advocated class warfare, Lynd contended Connolly was interested in other things, including the recovery of the old Gaelic Ireland, which underlines the importance of the resort to history during these years.

(Ferriter: 2004, 143)

Tar éis na Cásca is iomaí tuairim a bhí ar an bhfód maidir leis an Éirí Amach agus maidir le cúrsaí náisiúnachais. Tosaíodh láithreach ar chainteanna idir náisiúnaithe agus aontachtaithe. Ach, mar a léiríonn J.J. Lee:

The failure of the negotiations ripped aside the veil of illusion in which constitutional nationalists had garbed the 1914 Home Rule Act. Even the

most gullible nationalists now grasped that a united home rule Ireland would not emerge at the end of the war. (Lee: 1989, 37)

Níor ghéill Ó Rinn riamh don tuairim, áfach, nach n-éireodh le muintir na hÉireann an tsaoirse a bhaint amach. Má d'eirigh leis an lucht ansmachta an lámh in uachtar a fháil ar a bpobal coilínithe, is amhlaidh go raibh gach cuma ar an scéal gur chreid Ó Rinn go raibh deireadh leis an ré sin in Éirinn i ndiaidh Éirí Amach na Cásca. Is léir go raibh sé bródúil as imeachtaí na Cásca i 1916 agus go raibh sé dóchasach go raibh saoirse agus neamhspleáchas rialtais i ndán do mhuintir na hÉireann. Ach chreid sé go raibh sé d'iallach ar an ngnáthdhuine cor a chur ina c(h)inniúint féin. I Meán Fómhair 1917, scríobh sé cúpla alt sa *Claidheamh Soluis* inar chuir sé muintir na hÉireann agus na hAlban i gcomparáid le chéile. Thagair sé d'Acht na hAontachta agus ghríosaiigh sé muintir na hÉireann agus na hAlban chun seasamh dá gcearta:

Le feall agus le breabanna do chuir Sasana deire le saoirse agus le Parliament na hÉireann agus is ar an gcuma gceudna do chuir sí deire le saoirse agus le Parliament na hAlban. Cadnathaobh mar sin ná cuirfadh clanna Gaedheal le chéile agus aghaidh a thabhairt ar a namhaid. Ró-fhada sinn ag cur suas le Gallaibh leath-shibhialta ná bíonn uatha choidhche acht a mbolg do líonadh agus a n-annmhianta shásamh agus gur dóigh leat orra gur dearmhad a dhein Dia nách ar cromadh ar nós na mbeithidheach do chúm Sé na ropairí dalla. (*An Claidheamh Soluis* 1 Meán Fómhair 1917)

Sa chéad alt eile a scríobh sé ar bhriseadh na himpireachta, threisigh sé ar an argóint agus ar a dhóchas i dtaobh na saoirse tríd an gcumhacht dhiaga a tharraingt isteach sa scéal:

Nílimid gan comharthaí ar obair na gComhacht nDiadha úd. Is eol dúinn, ón laoi ghic, ná fuil rud dár thosnuigh ná beidh deire leis, agus is eol dúinn fós, ó sheanchas na cine daonna, ná raibh impireacht riamh ar an ndomhan nár tháinig a deire. Impireacht na Babilóine agus Impireacht na Peirse, impireacht na hÉigipte agus impireacht na Gréige, impireacht na Róimhe agus impireacht na nDanar, impireacht na Spáinne agus impireacht

Napóleóin, cá bhfuil a nglóire agus a ngradam anois?

*(An Claidheamh Soluis 8 Meán Fómhair 1917)*

Chreid Ó Rinn mar sin go mbeadh deireadh le cumhacht Shasana ar mhuintir na hÉireann lá éigin ach thuig sé fós go raibh obair le déanamh. Cosúil leis na coilínigh a bhuaigh ar na Gaeil tríd an teanga a dhíbirt, chreid sé go bhféadfaí an chumhacht chéanna a bhriseadh tríd an teanga a athbheochan:

Is eagail liom go bhfuil cuid mhór de mhuintir na hÉireann agus an iomad suime ar fad aca i gcúrsaí polaitíochta, 'sé sin, i gcúrsaí gaoithe stealladh. Dearmhadaid siad an rud ba cheart dóibh a bheith foghlumtha aca um an dtaca sa, 'sé sin, gurb í an Ghaedhilg an fórsa is mó i saol polaitíochta na hÉireann san aimsir seo. *(Fáinne An Lae 28 Meán Fómhair 1918)*

Ach gnáth-thuairim de chuid Uí Rinn, áfach, ab ea é go raibh seifteanna á saothrú ag Sasana chun dallamullóg a chur ar mhuintir na hÉireann i gcónaí agus ar an ábhar sin go raibh gá le daoine oilte chun plé i gceart leo. Léiríonn sé i dtagairt a dhéanann sé do Phlutarch in alt leis gur léigh sé go forleathan é féin agus go raibh sé ag tarraingt ó fhoinsí éagsúla nuair a bhí tuairimí á gcur in iúl aige ar ábhair:

Is iongantach an leabhar é siúd do scríbh Plútarch ar na daoine móra bhí ann fadó, mar, ní hamháin go bhfuil cuntaisí deasa taitheamhacha ann ar chúrsaí na seanaimsire, ach is mór an solus a thugan sé dhúinn ar chúrsaí na haimsire seo. Dá léadh na daoine na cuntaisí sin ba dheacair do Lloyd George agus dá leithidí bobana bhualadh orru. *(Nationality, 25 Eanáir 1919)*

Sa bhliain 1919 léirigh Ó Rinn an frustrachas a mhothaigh sé mar gheall ar chúrsaí na tíre agus cúrsaí na teanga:

A bhfuil muinntir na hÉireann dáiríre i dtaobh na Gaedhilge nó an amhlaidh ná fuil innti dóibh acht comhartha ornáideach, ar nós na seamróige ... chun a thespeáint don tsaoghal nach Gaill amuich is amach iad? *(Fáinne An Lae 15 Márta 1919)*

Rinne Ó Siadhail agus Denvir plé ar cheist seo an ornáideachais i smaointeoireacht Bhéaslaí agus Uí Chonaire chomh maith, agus léirítear arís an chosúlacht sna tuairimí a bhí ag an triúr, Ó Conaire, Béaslaí agus Ó Rinn:

In ionad stádas na hornáide a bheith ag an teanga, is éard a bhí ón Bhéaslaíoch go mbeadh sí ina “healthy living growing language.” B’in an bunphrionsabal a bhí taobh thiar de bhunú an Fháinne.

(Ó Siadhail: 2007, 486)

Maidir leis an gConaireach, is éard a deir Gearóid Denvir ná:

Thuig sé gur réabhlóid chultúrtha a bhí i gceist má bhí an tír le hathrú chomh bunúsach le filleadh ar an nGaeilge in athuair a chur i gcrích. Lena chois sin, bhí a chreideamh san Athbheochan chéanna bunaithe ar dhearcadh agus ar mheon a bhí i bhfad níos doimhne ná cuid den bholscaireacht mhaoithneach a dhéantaí ar son na teanga san am.

(Denvir: 1978, 25)

Treisióinn Ó Rinn ar a ghearáin mar gheall ar an gceist seo níos faide ar aghaidh san alt céanna in *Fáinne An Lae*:

Tá’s againn, ámh, cadé an saghas daoine atá againn sa tír seo – daoine breátha leisceamhla ná deineann a ndícheall choidhche acht amháin b’éidir nuair a bhíd siad ag dul chun báis. (*Fáinne An Lae*, 15 Márta 1919)

Is suntasach an chaint í sin mar i Meitheamh na bliana sin thosaigh Cogadh na Saoirse sa tír agus is le teann searbais a scríobh Ó Rinn mar gheall ar chúrsaí le linn an chogaidh seo:

Ó tharla ná fuil cead againn labhairt fé láthir ach do réir castuíochta inchinne lucht an Chaisleáin ní miste dhúinn trácht ar Thimbuctoo, ar Khamkatka, agus ar áiteana eile ná ch eol dá ndaoine fós cadé mar mhílseacht a bhaineann le lámh chumhra chonganta Sheáin Bhuidhe do



chuimilt leo chun a ndúil anorduithe i mbriseadh bláth-shlabhraí na himpiriúlachta do mhaolú. (*Young Ireland*, 25 Deireadh Fómhair 1919)

Ina dhiaidh sin tharla Cogadh na gCarad agus threisigh Ó Rinn ar an tuairim a bhí aige go raibh muintir na tíre mar ábhar magaidh ag an namhaid. Léirigh sé an dímheas a bhí aige ar an namhaid agus an ‘gliceas’ a d’aithin sé iontu:

Nách deas an cleas atá imearha ag an nGall orainn! Ar dtúis do rann sé an tír, ansan do chuir sé marú is achrann ar bun sa taov thuaidh; agus i dtreo ná beadh aon easnamh da laghad ar áhas an chleasaí, seo coga is marú ar siúl eadrainn féin againn. Má dineadh botún nuair a glacadh leis na téarmaí síochána uaidh anuraidh cad ba ghá dhúinn botún ba mheasa go mór fada dhéanamh. (*Young Ireland*, 15 Iúil 1922)

Ghríosaigh Ó Rinn gach duine chun troda ar son na saoirse, ach ní troid armtha a bhí i gceist aige, áfach. Is léir an t-athrú fealsúnachta a bhí tagtha air agus go raibh sé bréan de chúrsaí foréigin agus fola. Ar nós go leor eile i stair na hÉireann, mar Ó Conaill, Grattan agus a leithéid, a bhí ar thóir na saoirse, theastaigh uaidh go n-éireodh le muintir na hÉireann an tír a chosaint trí mheán na síochána:

Má scaran náisiúin na himpireachta le Sasana gan dorta fola ca bhfios ná go bhfásfidh cumann de náisiúnaiv as an sean-impireacht, tosach an chumainn mhóir nách foláir a veh againn chun srian éigin a chur le lucht cogaidh agus chun an chine daona do chimeád gan iad féin do scrios d’aghaidh na talmhan ar fad, agus ca bhfios nách í Ére a thúrfidh na náisiúin le chéle? (*Young Ireland*, 22 Iúil 1922)

I mblianta tosaigh an tSaorstáit mar sin, lean Ó Rinn air ag gearán faoi chumhacht Shasana agus rinne sé machnamh ar conas plé leis an gcumhacht seo. Ní raibh sé sásta ligint do dhaoine féintrua a nochtadh. Chreid sé go raibh gach réiteach i lámha an duine féin agus léirigh sé mífhoighne le daoine a bhí réidh i gcónaí leithscéalta a ghabháil maidir lena gcrúachás. B’fhearr leis go mbeadh daoine gníomhach agus go ndéanfaidís beart éigin chun an scéal a réiteach dóibh féin:

Ní bheidh Éire saor go dtiocfimid suas le seift chun comhacht Shasana ar muir do chur go tóin puill. Ní ceart atá ag rialú an domhain ach neart, mar a bhí riamh, mar atá fós, agus mar a bheidh go bráh; agus ní bhfuighimid ár gceart go dí go mbeidh ár ndóhin nirt againn chun é bhaint amach. (ibid.)

Ba ghráin leis an Rinneach an díomhaointeas in aon ghné den saol agus chreid sé go raibh gá le díograis agus le dúthracht chun cúrsaí an stáit a chur ar aghaidh. Rinne sé tagairt don fhilíocht pholaitiúil a bhíodh á scríobh tráth agus rinne sé trácht ar leith ar ‘Chaitlín Ní Uallacháin’, le teann aiféala, óir chreid sé go raibh muintir na tíre ag dul i bhfolach taobh thiar di. De réir Uí Rinn, fad a bhíomar ar thóir an neamhspleáchais bhí an t-idéalachas mar bhunchloch againn. Ach, chomh fada agus a bhí an neamhspleáchas nach mór bainte amach bhíomar sásta sos a ghlacadh. Chreid sé gur chailleamar an fuinneamh agus chuireamar an milleán ar ár n-ionsaitheoirí faoi gach mí-fhortún.

Tá saghas uaigis orm i ndiaig an Chaitlín seo. Faid ba bheo í dféadfainn a rá gur bhfear bhreá me, gur sórt naoimh is laoch in éineacht me, agus aon rud a bhí buiniscionn le naofacht is le laochas ionam dfeudainn é hur i leh namhaid mo mháistreás Caitlín ... Do dhall filíocht Chaitlín sinn agus bhí meas bréagach fallsa againn orainn féin – bhí an bhréag ina dia againn agus sinn á hadhra. Níor bhéidir stát buan ná séan náisiúin do bhunu ar bhréig. (*The Freeman's Journal*, 29 Eanáir 1923)

Mar réiteach ar an scéal úd bhí comhairle á dáileadh ag Ó Rinn agus is éard a bhí i gceist aige ná eolas a bhailiú agus feidhmiú dá réir. Mhol sé na trí nithe a bhí riachtanach chun plé le gach aon fhadhb:

Eolas fóirleahan do chnósach, machtnamh doimhin nea-spleách do dhéanamh ar gach fadhb a bhaineann leis, agus misneach a dhóhin chun tora a mhachtnaimh do chur i ngníomh.

(*The Freeman's Journal*, 8 Feabhra 1923)

Chuir sé an fhreagracht go léir ar mhuintir na tíre féin mar gheall ar shaoirse a bhaint amach mar sin de, ach ní modh na gunnaí a bhí á fhógairt aige. Sa bhliain 1923, bhí

áthas an domhain air Fógra na Síochána a chloisteáil ó Éamonn de Valera. Ag freagairt na ceiste ina dhiaidh sin, “Conus is féidir náisiún mór do dhéanamh d’Erinn?”, is éard a dúirt Ó Rinn ná: “Siad na daoine féin a chaifidh e dhéanamh mar is do réir cáilíocht na ndaoine agus ní do réir cáilíocht an Rialtais a bhion an náisiún.”

*(The Freeman’s Journal, 3 Bealtaine 1923)*

Rinne sé plé níos cuimsithí ar an gceist seo cúpla mí ina dhiaidh sin agus an méid seo le rá aige:

Is dó lena lán daoine nách baol don teangain náisiúnta ó tá rialtas dúchais againn. Tá dearmhad ar na daoine sin, áfach. Is maith an rud, gan dabht, rialtas a veh sa tír atá ag cabhru leis an nGaelig in ionad a veh ag cur ina coinniv, ach ní dhinean san dúinn ach ualach do thogaint dínng agus saoirse do thúirt dúinn chun dul ar aghaidh leis an obair a bhí fe chosc fadó toisc greim a veh ag na Gaill ar gachaon áis lena bhféadfmís rud fóna do dhéanamh. *(Iris An Fháinne, Iúil 1923)*

Mar fhocal scoir ar Ó Rinn agus a chuid scríbhneoireachta ar an náisiúnachas sa tréimhse seo, is féidir suimiú a dhéanamh ar a smaointe ach an méid seo a bhí le rá aige a thabhairt faoi deara: “I gcúrsaí náisiúntachta níl ach trí príonsiobail gur fiu pioc iad: creideamh, dóchas, grá.” *(The Freeman’s Journal, 3 Bealtaine 1923)*

Ach ní cúrsaí náisiúnachais agus saoirse amháin a bhíodh mar chúis achrainn aige i rith an ama seo. Bhíodh go leor le rá aige faoi chúrsaí eacnamaíochta agus faoi dhul chun cinn an stáit chomh maith. Is léir gur sheas sé ar son an lucht oibre agus gur aontaigh sé le fealsúnacht an tsóisialachais. Ní raibh sé ar aon tuairim le sóisialaigh i gcónaí, áfach, ná lena modhanna oibre:

Bhí a lán eile nithe ceapaithe aca, a bheadh i gcoinnibh nádúir an duine, nithe a bhainfadh gáire a’ daoine ciallmhara, ach dhin an uile shaghas léinn, go mórmór sóiseoluiacht (sociology) agus aigneóluiacht (psychology) deire chur le ráiméis den tsórt san ... Ní féidir do dhuine stuidéar ceart a dheunamh ar pholaitíocht ná ar shóisialachas gan eolas éigin a bheith aige ar an dá eoluiacht san agus ní mór dó an t-eolas dfáil ar

dhá shlí. .i. tré n-a chaidreamh le daoine agus tré n-a chaidreamh le leabhraibh, agus ní fheadar cé aca is mó tábhacht.

(*Fáinne An Lae* 7 Nollaig 1918)

Nuair a bhí an Chéad Chogadh Domhanda ar siúl léirigh Ó Rinn a mhíshástacht le sóisialaigh na hEorpa a bhí á moladh ag daoine áirithe ag an am:

Tá daoine ann a bhíonn ghá shíor-rádh linn gur daoine iargcúlacha “oileánacha” muintir na hÉireann agus go bhfuil tosach ag lucht oibre na hEorpa orainn i gcúrsaí “Democráidachta”. Dá mhéid atáimid chun deiridh níor leigeamair do lucht an airgid sinn a mhealladh isteach ar thaobh Shasana sa chogadh mór so “ar son na náisiún mbeag”. Do thospeánamair go raibh ár ndóthain eolais agus tuisceana agus céille againn chun gan ghéilleadh do bhladaireacht lucht airgid Shasana nuair iarradar orainn dul go dtí an Fhrainc chun na mBeilgeach mbocht do chosaint. Ní mar sin a bhí an sceul ag an lucht oibre agus ag na Sóisialaigh ar fuaid na hEorpa. Nuair a scaoil lucht an airgid an baath-chaint bhladarach chúchu san do shloigeadar é ... Nuair a bheidh gníomh lucht oibre na hEorpa do réir a gcainte b’fhéidir go mbeidh muinghin againn asta acht faid ná beidh ionta acht mar bheadh treud caorach, ag deunamh gach aon rud is toil le lucht an airgid, sílim gur fearra dúinn gan baint leo.

(*An Claidheamh Soluis*, 22 Nollaig 1917)

Sa bhliain 1918 scríobh sé alt arís inar léirigh sé nach raibh cúrsaí eacnamaíochta á stiúradh ag na Sasanaigh ar mhaithe le muintir na tíre seo: “Tá greim ag bancairí Sasana dhá fhagháil ar bhancannaibh na hÉireann fé láthair agus ar an airgead fhágann muintir na hÉireann ag lobhadh ins na bancannaibh sin (in ionad é chur i ngnóthaí feirmeoireachta nó i ngnóthaibh céirde)” (*Nationality*, 5 Eanáir 1918). Molann sé comhar-bhancanna a bhunú agus airgead a chaitheamh ar scaireanna. Ag an am céanna ba léir do Liam Ó Rinn nach dtarlódh aon chomhoibriú in Éirinn gan stró, mar is léir ón méid a bhí le rá aige sa bhliain 1918: “Ag obair i dteannta chéile dúinn agus sinn dár stiúriú ó aon dream comhachtach amháin is mó rud féudfimis a dheunamh anois toisc gan taithe a bheith againn ar chur le chéile chun aon rud a dheunamh acht caint.” (ibid.)

Cé gur aontaigh sé le fealsúnacht an tsóisialachais ní mó ná sásta a bhí sé le stailceanna, áfach. Tharla an chéad stailc in Éirinn sa bhliain 1913 agus is léir óna chuid scríbhinní nár aontaigh Ó Rinn le polasaí seo na n-oibrithe chun a gcearta a bhaint amach. Bhí a réiteach féin aige ar an bhfadhb seo chomh maith, réiteach nach raibh aon bhaint aige le stailc:

Eirighmís as na straidhceana ar fad agus in ionad árdach tuarastail do lorg cuirimís fhiachaint ar na máistríbh, le gníomh ón stát, luachana a gcuid earraí do leagadh i dtreo go bhfeudfimid iad do cheannach leis an dtuarastal atá againn. Sin obair nách mór dúinn tosnú air chó luath in Éirinn sis féidir é. (ibid.)

Sa bhliain 1919 bhí cúrsaí eacnamaíochta fós á bplé ag Ó Rinn agus déanann sé trácht, in alt a scríobh sé ar an ábhar, ar smaointe Roibeaird Mhic Eoghain (Robert Owens, 1771-1858), athair an chomharchumannachais (Cole: 1930). Fear é seo a rinne an-chuid oibre sna Stáit Aontaithe ar son an phobail áitiúil maidir le ceisteanna sóisialta. Molann Ó Rinn smaointe forásacha Mhic Eoghain agus tugann sé comhairle na moltaí a bhíodh ag Mac Eoghain a chur i bhfeidhm in Éirinn:

Bainimís triail as an ní ar a dtugtar comhoibriú. Dá dtugaimís faoi i gceart, sa chathair, agus ar an dtuath sé mo thuairim ná bhfada go mbeadh cuid mhaith den olc a bhaineann le capitalachas ar neamhní againn.  
(*Fáinne An Lae*, 18 Eanáir 1919)

Thart ar an am seo bhí an Chéad Dáil ag cruinniú i mBaile Átha Cliath agus thuig Ó Rinn go raibh ré nua ag teacht. B'eagal leis go nglacfaí leis an 'olc' a bhain le fealsúnacht an ábharachais. In alt amháin a scríobh sé rinne sé tagairt do cháineadh a rinne sagart éigin ar mhuintir na Rúise mar gheall ar dhlí a rinneadh i dtaobh na mban. Bhain sé leas as an deis seo chun plé le Rialtas na Rúise i gcomparáid leis an Rialtas 'Caipitalach', mar a ghlaigh sé air, chun a mhíshástacht leis an gcaipitleachas a léiriú. Mhínigh sé gur bheag an difríocht a shamhlaigh sé idir cumannaigh agus caipitlithe:

Dar liomsa níl rialtas na Rúise (más fíor an rud atá curtha ina leith) pioc níos measa ná na rialtasáí caipitalacha go léir a bhí ann ó bhí Ádhamh ina gharsún. Níl de dhefríocht idir iad agus agus Rialtas na Rúise ach so: go ligean na rialtasáí caipitalacha don “drochas” dul ar aghaidh gan cead ó dhlí ar bith ach go bhfuil cead agus beannacht curtha ag rialtas na Rúise air. Tá na rialtasáí caipitalacha á leogaint orra go bhfuil siad ana-bheanuithe ar fad, ach níl rialtas na Rúise ag leigint orra in aon chor.

(*Young Ireland*, 29 Samhain 1919)

Níos faide ar aghaidh san alt céanna tugann sé míniú ar an ‘drochas’ a bhí i gceist aige:

Tá an cancair seo istig i gcroidhe an chaipitleachais. Tar éis do sna caipitalaig beithíg iompair a dheanamh de sna daoine chun airgid a dhéanamh dóibh féin deindeid siad beithíg drúise dhíobh chun tuille airgid a dhéanamh. Dá luatha a bheidh deire ar fad leis an gcaipitalachas isea is fearr. Tá sé lofa ar fad. Níl ann ach robáil do réir dlí (robáil “sealbhaís phrímháidig” an fhir oibre, .i. tora a shaothir) agus cothú drúise. Ar mhaithe leis an gcreideamh a chuir Críost ar bun caithfar é ghlanadh amach as gach tír. (ibid.)

Sa bhliain 1923 chuir sé in iúl an fhís pholaitíochta a bhí aige don tír seo – comhionannas agus a gcearta a thabhairt do gach éinne:

Ní caipitalachas buile ná bolséveachas buile atá uainn ach rud éigin eatorra: rud a thúrfidh deimhin don tuarastalaí ar ghnáh-chumpórd i gcaitheamh a shaoil go léir agus ar bhreis éigin i gcóir caitheamh-aimsire is spóirt, i gcóir léinn is leabhar is ceoil agus - sea, i gcóir cúpla deoch anois is arís. (*The Freeman’s Journal*, 1 Feabhra 1923)

Rinne sé cáineadh ar Rialtas an ama seo nuair a léirigh sé a mhíshástacht maidir leis an méid a bhí déanta acu don lucht oibre: “Tá an ceárdaí agus an sclávaí cho maith le haon duine saivir agus is ro-mhihid don Rialtas cuimhneamh air agus beart do dhéanamh chun e chosaint.” (*The Freeman’s Journal*, 9 Bealtaine 1923)

Cháin sé lucht na tráchtála agus na margála ag an am seo chomh maith agus ba chúis aiféala dó go raibh aicme nua daoine i Éirinn, aicme a raibh an náisiúnachas buirgéiseach mar fhealsúnacht acu “ ... daoine iad so atá gan aon leunn arra, ach an leunn a bhaineann le hairgead do dhéanamh” (*The Freeman’s Journal*, 7 Márta 1923). Maidir leis na seanadóirí deir sé “ná fuil sa tSaorstát dhóiv ach uirlis chun a saivreas do mhéadú.” (ibid.) Ó thaobh an ghnáthdhuine de is éard a bhí le rá aige ná: “Ní hiad na feirmeoirí, ná an lucht oibre na robálaihe ach furmhór siopadóirí is hucstaeri na tíre, a dhíolan ar an bpingin is aoirde na hearraí a cheannaíod ar an bpingin is ísle” (*The Freeman’s Journal*, 2 Deireadh Fómhair 1923). Déanann sé trácht ar an ‘Siopadóir Mácánta’, á rá: “tá sé cho fada o chonacamar a lehéid gur dheacair dúinn a rá cadé an saghas e” (*Young Ireland*, 4 Samhain 1922). Tuairim í seo a bhí coitianta ag an am, mar a léiríonn Diarmuid Ferriter agus tagairt á déanamh aige do shiopadóirí an ama:

Some impatient officials were at pains to point out that in the difficult prevailing economic climate, propaganda was an ill substitute for meaningful legislation (in the form of protective tariffs), which would have to include retailers as well as manufacturers to ‘ensure that the will of the bulk of the people was not largely nullified by the action of shopkeepers who would kill all Irish industry to earn a fraction more profit’. This was another private admission that for many in revolutionary Ireland the issue of profit was of much more relevance than that of patriotism. (Ferriter: 2004, 217)

Léirigh Ó Rinn an dímeas a bhí aige riamh ar chúrsaí tráchtála agus margála agus ar an tsaint a gineadh de bharr an ábharachais. Ba chúis inní dó go mbéarfadh cúrsaí ábharachais greim ar an Rialtas chomh maith. Fear cultúir seachas fear eacnamaíochta a bhí ann agus léiríodh tréithe an ealaíontóra anois is arís ann agus Ó Rinn ag caint faoi dhualgais an Rialtais nua:

Is dócha go mbeidh an Rialtas ag cuimhneamh ar ball ar árus foirgneamh dóiv féin, mara bhfuilid ag cuimhneamh air cheana féin. Tá súil agam ná i spioraid na margála a dhéanfí e ná i spioraid na tuincéreachta. Bíodh an smaoineamh agus an foirgneamh do réir méid agus uaisleacht na

hanama náisiúnta. Tugaidís cuaird ar an Róimh agus ar chahrachaiv ársa ele. (*The Freeman's Journal* 27 Feabhra 1923)

Is minic comhairle á tabhairt aige ar chúrsaí polaitíochta agus eacnamaíochta ach bhí ceisteanna teanga agus idé-eolaíocht na náisiúntachta i gcónaí mar phríomhchúram aige.

Bhí grúpa ar leith ann, dar leis an Rinneach, nach raibh a gcearta tugtha dóibh agus a raibh géarghá ann chun cabhrú leo ar mhaithe leis an teanga go háirithe – muintir na Gaeltachta a bhí i gceist aige: “ ... is eol dóibh go maith anois agus le fada nách féidir do dhuine puinn de chúmpórd an tsaoil dfáil gan Béarla vehe aige. Sé an chéad bhoga atá le déanamh ar an scéal na an cúmpórd san do thúirt dóiv” (*Iris An Fháinne*, Iúil 1923). Thuig Ó Rinn na himpleachtaí a bhain leis an ngéarchéim seo agus chuir sé moltaí chun cinn chun plé leis an bhfadhb: eastáit a roinnt ar mhuintir na Gaeltachta de réir Bhille na Talún a bhí faoi chaibidil sa Dáil; a gcearta a thabhairt do na hiascairí in ionad “na boic mhóra a cheanaíon na héisc ósna hiascairí”; tuarastal níos airde a thabhairt do lucht na Gaeltachta sna seirbhísí poiblí ná mar a bhí le fáil ag a leithéidí sa Ghalltacht:

... má bhíon cúmpórd cuirp agus scolaíocht mhair agus tuarastail mhair le fáil ag Gaelgeoiri na Gaeltachta agus go mbeidh an Ghalldacht ag túirt dea-shampla dóiv i dtaob na Gaelge, sé mo thuairim láidir nách fada go dtosnóid ar iad féin do chur in iúl. (ibid.)

Bhí tuiscint ghéar ag Ó Rinn ar dheacrachtaí an ama agus go mórmhór ar na deacrachtaí a bhí le réiteach ag an Rialtas nua. Ach, níor laghdaíodh riamh ar mhisneach Uí Rinn. Chreid sé i gcónaí go mbeadh dea-thoradh ar an scéal ar deireadh thiar:

Nílid ar buile chun an Ghaeligh ná aon rud Gaelach ele do chur ar aghaidh. Ach, ní mhairfidh an tuirse chroí agus an neamh-fhonn san ach tamall. Tréis seal den tsíocháin agus nuair a bheidh na cánacha níos éadtroime, tiocfaidh an tseana-sprid tharnais agus beidh fonn is fosc orra chun gach ní a bhaineas leis an náisiún. (*The Freeman's Journal*, 3 Bealtaine 1923)



Fiú agus é ag caint mar gheall ar staid na tíre i ndiaidh an Chogaidh Chathardha mhol sé an réiteach a lorg ón dtaobh istigh agus gan bheith ag brath i gcónaí ar chabhair ón dtaobh amuigh. Bhí gá le £10,000,000 ag an am sin chun an tír a chur ar a bonnaibh arís agus mhol Ó Rinn an t-airgead sin a lorg laistigh den Saorstát ar na cúiseanna seo a leanas:

1. Beidh greim againn féin ar pholasaí fioscaíochta an tSaorstáit agus ní bheidh greim ag capitalaig ná ag bancaerí coigríocha ar an Saorstát;
2. Méadó sé muinín na n-eachtrannach asainn i dtreo gur fearrde tráchtáil na hÉireann é;
3. Méadó sé an mhuinín atá againn asainn fein i dtreo gur dáin-de sinn.

(*The Freeman's Journal*, 27 Samhain 1923)

Bhí fealsúnacht na dúthrachta i gcónaí chun tosaigh in aigne Uí Rinn agus chreid sé go mór ina cumhacht. Chreid sé nach raibh sa tsaoirse ach tús an scéil agus go raibh obair sa bhreis le déanamh. Bhí easpa misnigh na ndaoine mar ghearán aige ach fós bhí an creideamh ann go n-éireodh leo an fhís pholaitíochta a bhí aige don tír a chur i bhfeidhm. Labhair sé faoin dóchas a bhí aige go mbeadh polaiteoirí ann a bheadh toilteanach a gcuid a dhéanamh ar mhaithe leis an tír in ionad ar mhaithe leo féin. Léirigh sé an dóchas a bhí ann go raibh polaiteoirí sa rialtas nua a raibh an fhís chéanna acu agus a bhí aige féin: “Nuair a iarrfidh duine vót orm mar sin ní he a phrógram a léfad (féachaint cad a gheallan se a dheanamh dom) ach a aghaidh (féachaint a bhféadfinn a dhéanamh amach cad tá ina chroí aige dhom féin agus don náisiún)” (*The Freeman's Journal*, 30 Eanáir 1923).

Blianta tábhachtacha iad na blianta 1912-1923 mar sin i saol scríbhneoireachta Uí Rinn, ó thaobh na polaitíochta de. Bhí go leor le rá aige agus léirigh sé an t-idéalachas a bhí ann ó thaobh na saoirse agus na heacnamaíochta de. Ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca agus i gCogadh na Saoirse agus d'aontaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach. Nuair a bhí Cogadh na gCarad ar siúl, áfach, níor ghlac sé aon pháirt sa choimhlint sin. Faoin am sin bhí sé fostaithe mar aistritheoir ag an Saorstát nua agus ba ghráin leis go raibh deartháireacha, comharsana agus cairde in adharca a chéile.

De bharr na bhfoghna a tugadh fen arm náisiúnta i mBleácliah a rih na ráihe seo caite dineadh díobháil (marú no gona) do dhuine is fiche den dá fhórsa armtha atá ag troid a chéle agus dineadh díobháil do chúigear is dachad desna daoine comónta ... In ainm Dé éiridís as.

(*Young Ireland*, 11 Samhain 1922)

Bhí an-tionchar ag cúrsaí polaitíochta ar scríbhneoireacht Uí Rinn i rith an ama seo mar le linn na tréimhse seo scríobh sé go leor alt ar chúrsaí náisiúnachais agus ar ghnéithe eile de shaol corraitheach mhuintir na hÉireann. Ach, sa dara tréimhse is léir an t-athrú ann ón saighdiúir gníomhach ag troid ar son na tíre go dtí an t-intleachtóir a rinne plé ar cheisteanna níos acadúla agus liteartha.

### **Ó 1923 ar aghaidh**

Is beag eile a chloisimid ó Liam Ó Rinn mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta nó polaitíochta go dtí na tríochaidí. Bhí sé bréan den fhoréigean agus dhírigh sé a aire ar chúrsaí eile. Le linn na bhfíchidí agus na dtríochaidí mar sin scríobh sé ar ábhair éagsúla nár bhain go dlúth le ceisteanna na saoirse ná an náisiúnachais. Scríobh sé ar shaothrú na teanga; rinne sé léirmheasanna; rinne sé aistriúcháin; agus scríobh sé mar gheall ar chúrsaí creidimh agus eolaíochta. Déanfar plé ar na gnéithe seo dá shaothar scríbhneoireachta i gcaibidílí eile an tráchtais seo. Maidir le cúrsaí polaitíochta níor leag sé an bhéim chéanna ar cheist an náisiúnachais féin ach dhírigh sé a aire ar an stát nua agus ar ábhair chomhaimseartha a chabhródh le dul chun cinn na tíre. Rinne sé gearán fiú mar gheall ar an saghas scríbhneoireachta a bhí á saothrú go cruthaitheach mar gheall ar thréimhsí achrannacha polaitiúla an ama agus an claonadh a bhí ann laochadhradh a dhéanamh ar cheannairí na Cásca:

Ní mór, thar gach ní, gach pearsa sa scéal do bheith lán-bheo agus chuige sin tugadh sé aire gan iad do bheith go maith ar fad ná go holc ar fad ... Siné díreach an botún a dheineann scríbhneoirí Gaedhilge nuair a scríobhaid scéal i dtaobh cogadh na Cásca no cogadh na dtiarnaí talmhan is na dtionóntaithe – bíonn an phrímh-phearsa ar thaobh na nGaedhal chó maith san acu ar gach slí nách daonaí in aon chor é. Bhí aithne agam féin ar chuid mhór de sna fearaibh a bhí páirteach san eirighe amach. Ní dóich

liom go raibh duine ar bith acu go raibh aon ana-bheannuitheacht ag baint leis ach amháin, béidir, an Piarsach agus dféadadh seisean bheith teasáí go maith uaireanta ... (*United Ireland*, 26 Bealtaine 1934)

Bhí an t-ionracas i gcónaí chun tosaigh ina chuid tuairimíochta ag Ó Rinn agus le linn na tréimhse scríbhneoireachta seo bhí sé ag iarraidh deacrachtaí na mblianta cogaidh a dhíbirt agus glacadh le dúshlán na saoirse. Dhírigh sé a aird ar théamaí a bhain le forbairt an tsaorstáit agus le mórcheisteanna riaracháin an ama. Leag sé béim go háirithe ar cheist na teanga agus ar fhorbairt na teanga mar bhí iontaoibh ag Ó Rinn aisti maidir le dul chun cinn an stáit. Is éard a bhí le rá ag Ó Rinn maidir leis an tréimhse seo ná:

An tréimhse ina bhfuilimid anois, ón mbliain 1921 go dtí 1950 no 1960 béidir, áirmheofar í sa stair mar thréimhse ullmhúcháin is atharúcháin chó fada leis an nGaedhilg de. Leis an obair seo go léir atá ar siúl againn, sna scoileanna, san arm, sa Ghárda Síochána agus mar sin, ag múineadh is ag foghlaim, ag ceapadh téarmaí, ag aistriú achtanna is orduithe oifigiúla, leabhra teicniúla is úrscéalta, nílimid ach ag gaelú na tíre is ag cur na teangan féin in oiriúint don tsaol a bheidh ag ár sliocht ar ball nuair ná beidh éinne ag déanamh iongnadh dhi ná ag cuimhneamh uirthi in aon chor toisc í bheith chó nádúrtha leis an aer.

(*United Ireland*, 17 Samhain 1934)

### **An tOideachas**

Ceann de mhórcheisteanna riaracháin na tréimhse sin ab ea ceist an oideachais. Eoin Mac Néill a bhí ina Aire Oideachais agus tuairimí aige i dtaobh na Gaeilge nár tháinig le tuairimí *Uí Rinn* i gcónaí. Mar a deir an staraí J.J. Lee: “He apparently felt that ‘you might as well be putting wooden legs on hens as trying to restore Irish through the school system’ ... Mac Neill’s attitude seems prematurely defeatist. He did not even establish a research unit in his Department, as Pearse had urged, to keep the country abreast of educational thought abroad.” (Lee: 1989, 133)

A mhalairt de thuairim a bhí ag Ó Rinn, áfach. Chreid sé i ról lárnach na scoileanna maidir le dul chun cinn na teanga:

Tá na scoileanna againn agus dá bhrí sin beidh an Ghaedhilg againn agus pé saoirse agus pé aondacht tíre atá in easnamh orainn anois beid againn luath nó mall toisc go bhfuil na scoileanna againn. (*The Star*, Cáisc 1931.)

Ó am go ham dhéanadh sé moltaí fiú, maidir le modhanna múinte na teanga. Sa bhliain 1924 is éard a mhol sé ná: “Is é m’amhras nách tré chlaoi le haon mhodh amháin a dhin aon mhúinteoir maith aon rud fóna riamh ach tre dhéanamh-a-ghnótha de sna modhna eile do mheasca thríd go cliste” (*The Freeman’s Journal*, 26 Feabhra 1924). Sa bhliain 1935 thug sé cuntas ar an tslí ar fhoghlaim sé féin teanga nua:

Mar sin isé dheinim ná mo chuid abairtí féin do thabhairt fé ndeara agus agus nuair a gheibhim aistriú ortha, in úrscéal no óm’ mhúinteoir, na habairtí aistrithe do chleachtadh go dtí go mbíd chó daingean san am aigne go rithid chugam go héascaidh nuair a bhíonn gnó agam díobh.

(*The Freeman’s Journal*, 24 Lúnasa 1935)

San alt céanna chuir sé in iúl chomh maith an tábhacht a chreid sé a bhain le ‘modh an aistriúcháin’ maidir le foghlaim teanga: “Pé cuma ina bhfoghluimíonn duine an dara teanga déarfainn gur riail gan aon eisceacht in aon chor gur trí shíor-aistriúchán, i ngan fhios no go lán-fhios dó féin, fhoghlaimíonn sé í” (ibid.).

Maidir leis na múinteoirí, bhí tábhacht ar leith ag baint leo, dar leis, maidir le spiorad an náisiúin a fhorbairt: “Tá aon cheárd amháin thar gach ceird de, gur chóir, agus gur riachtanach don náisiún ár nGaelgeoirí óga do chur léi: ceárd na múinteoireachta” (*Young Ireland*, 24 Eanáir 1924). D’aontaigh sé leis an bpolasaí a bhí ann daltaí a chur ag foghlaim na teanga ar feadh uair a chloig gach lá agus thug sé dúshlán do na múinteoirí nach raibh sásta leis seo:

Mo chomhairle-se ... do gach múinteoir eile nách fonn leis cabhrú go dúthrachtach leis an Rialtas chun an tír do Ghaelú ar an aon tslí amháin in ar féidir é dhéanamh – tríd na scoilena – tugaidís a mbóthar ortha agus gheobhaidh an Rialtas neart daoine chun dul ina n-ionad.

(*Young Ireland*, 5 Iúil 1924)

Bhí fadhb ag an rialtas nua ó thaobh an oideachais de, áfach: “First the teachers knew little Irish. Second, the people knew even less” (Lee: 1989, 133). Thuig Ó Rinn go raibh na deacrachtaí seo ann agus d’aontaigh sé leis an scéim a cuireadh ar bun ag an rialtas chun múinteoirí a oilúint sa Ghaeilge: “Nuair a bheidh Gaeilgeoir mairbh i ngach scoil sa Ghalldacht, gabhaim-se orm nár bhfada go mbeadh an clár dá theangach i réim” (*The Freeman’s Journal*, 24 Eanáir 1924).

Bhí díomá air, áfach, go raibh forbairt na Gaeilge ag brath chomh láidir sin ar na scoileanna. Le himeacht ama laghdaíodh ar bhlas an dóchais a bhíodh á léiriú aige maidir leis an nGaeilge agus leis na hathruithe a chreid sé a bhí i ndán don teanga tar éis bhunú an stáit:

The advent of a native government has brought many changes. It was immediately assumed that now everything would be put to right. No longer were we fighting the age-long enemies of our country. The old spirit of determination, so hard to stir up, so painfully fostered, quickly became one of *laissez-faire*. We have travelled a long way backward from the spirit of the old days. Twenty-five years ago the Gaelic League was a great and powerful force in the country. What of it today? The dance-hall has ousted the national language from its pride of place. True the language is taught in our schools but when the children leave school no effort is made to foster their interest in their native tongue.

(*The Leader*, 9 Nollaig 1939)

Ach sa bhliain 1941 d’aithin sé cumhacht na scoileanna arís agus go háirithe thug sé aitheantas do thábhacht na nGaelscoileanna. Dá bhrí sin bhí moladh aige do na húdaráis oideachais ina dtaobh: “It is up to us then to increase the number of these schools as fast as really competent teachers become available” (ibid.). Chreid sé go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an gcóras oideachais agus go raibh gá le haitheantas agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus do lucht oiliúna na tíre. (Is suntasach a thabhairt faoi deara nach raibh sé chomh muiníneach sin as an gcóras oideachais nuair a bhí sé féin ag freastal ar scoil, mar a léiríodh i gCaibidil a hAon.)

Taobh amuigh de mhúineadh na Gaeilge, léirigh Ó Rinn tuiscintí agus fealsúnachtaí eile dá chuid i dtaobh an oideachais in alt a scríobh sé sa bhliain 1925 nuair a bhí ábhair phraiticiúla an chórais oideachais á bplé aige:

The so-called practical subjects, although good as “brain developers” are over-rated. In arithmetic any knowledge beyond the rule of three is superfluous to about 90 per cent of the people.

(*The Leader*, 3 Eanáir 1925)

Ar an gcéad amharc is ráiteas áibhéileach an ceann seo ach níos faide ar aghaidh san alt céanna thug Ó Rinn léiriú ar a raibh i gceist aige anseo:

If this nation is to be anything better than a bad imitation of England or the U.S.A. those in this country who regard money-making as the be-all and end-all of human existence must be put in their proper place. That is, under the feet of those who desire to build up in Ireland a civilisation worthy of our great forefathers and worthy of a place in the same rank as those of Greece and Rome. I am fed up with the guttersnipe ideals of “practical people.” (ibid.)

Léiríonn Ó Rinn anseo gnáth-thuairimíocht náisiúnaithe an ama maidir le tábhacht na Gaeilge sa chóras oideachas. Tá plé déanta ag Donald Akenson ar an gceist seo ina léiríonn sé an tuiscint go raibh na scoileanna in Éirinn mar scáil ar an tsochaí a ghin iad. Ó thaobh ré na hAthbheochana de agus an tréimhse sin i ndiaidh bhunú an stáit is éard a deir sé ná:

If the Irish revolution changed little in the structure and control of Irish education, it yielded a vast change in one part of the school curriculum, namely in the position of the Irish language ... the language was given high priority, not for intellectual or educational reasons, but for nationalistic ones. (Akenson: 1975, 35)

Chreid Ó Rinn go raibh an córas oideachais lárnach i dtógáil an stáit agus i gcúrsaí na teanga agus bhí sé ar na daoine a chreid sa pholasaí oideachais a thug tús áite don

Ghaeilge mar ábhar teagaisc sa churaclam. Tagraíonn Akenson don pholasáí nua a tháinig amach sa bhliain 1934:

In ordinary standards Irish language teaching was strengthened by reducing the English language course in all schools to the level of the “lower course” defined in the 1926 programme ... Rural science (or nature study) disappeared as a required subject ... The level of mathematics instruction was reduced ... (ibid., 48)

### **An Eacnamaíocht**

Ach sna blianta seo chomh maith choinnigh Ó Rinn súil ar chúrsaí eacnamaíochta sa bhaile agus thar lear, agus scríobh sé corr-alt sna tríochaidí mar gheall ar staid an domhain agus mar gheall ar staid na tíre ó thaobh na heacnamaíochta agus na polaitíochta de. Sa bhliain 1934 labhair sé faoi ‘aois na meaisíní’ agus droch-chás an cheardaí:

D’ainneoin an fhothraim go léir a deintear ó am go ham i dtaobh ceart an lucht oibre níl aon fheabhas ag teacht ar a staid. Dá mhéid meaisíní ceaptar ní fearrde an fear oibre iad; éiríonn leis na máistrí é choimeád ar an gcaolchuid i gcomhnaí, ag maireachtaint ó lámh go béal.

(*United Ireland*, 13 Deireadh Fómhair 1934)

Éagóir shóisialta eile a ghoill air agus ar scríobh sé mar gheall air ab ea an easpa cothromaíochta ba léir dó i dtaobh na mban i gcúrsaí fostaíochta in Éirinn. Luaigh sé an “... bréag-thuairisc úd atá á chur ina luighe orainn leis na mílte bliain, an teagasc a deir ná bíonn bean leath chó maith le fear i gcúrsaí oibre ... canathaobh dóibh punt do ghlacadh ar obair ná déanfaidh fear ach ar dhá phunt?” (ibid.) Chreid sé i gcothromaíocht na mban ach chreid sé chomh maith gur bhain lucht an airgid, mar a ghlaoigh sé orthu, leas as na mná ar mhaithe le cúrsaí gnó agus le cúrsaí eacnamaíochta. In alt eile a scríobh sé sa bhliain 1934 rinne sé plé ar chomhaontú a rinneadh idir na ceardchumainn agus na fir ghnó a chinnteodh nach dtitfeadh an pá faoi phointe áirithe. Ach, míníonn Ó Rinn go raibh leigheas ag na fir ghnó ar an scéal seo agus go raibh siad in ann diúltú don chomhaontú trí mhná a chur ag obair, ós rud é nár bhain an margadh seo leis na mná:

Os rud é ná fuil aon tsrian ná cosc curtha fós le sainnt na máistrí luigheann sé le réasún nách fada go mbeidh an obair go léir nách mór á dhéanamh ag na mná agus go gcaithfidh na fir fanúint sa bhaile ag tabhairt aire do sna leanbhaí – má bhíon leanbhaí ann.

(*United Ireland*, 6 Deireadh Fómhair 1934)

Bhí díomá ar Ó Rinn go raibh athruithe móra ar siúl ach fós nach raibh aon chéim ar aghaidh ar siúl i saol an oibrí. Thaispeáin sé an fhearg a bhí ann agus muintir na tíre á cur i gcomparáid le caoirigh aige: “sinn ar nós scata caorach ár seoladh anonn is anall ach nách fios dúinn cé ná cad a sheolann sinn” (*United Ireland*, 1 Nollaig 1934). Arís, sa bhliain 1942, bliain sula bhfuair sé bás léirigh sé an tuairim chéanna:

If farming were studied as an art and a science, as it should be, I venture to say it could be improved to such an extent that this island could support a population of eight to ten millions and have something left over for export. What is wrong with us is that we are not half thorough enough in anything we do. The whole country should be run as one vast enterprise. If the Russians and Germans can do it surely we, a more brainy people can do it.

(*The Leader*, 21 Feabhra 1942)

Sa tréimhse seo idir 1923 agus a bhás sa bhliain 1943, is mó de phlé a rinne Ó Rinn ar chinniúint na teanga agus ar shaothrú na teanga ná de phlé ar chúrsaí a raibh baint dhíreach acu le cúrsaí polaitíochta agus stáit. Is le linn na tréimhse seo a scríobh sé a shaothair mhóra litríochta mar *Mo Chara Stíofan*; *Peann agus Pár*; *Turas go Páras* a ndéanfar plé orthu sna caibidlí ina dhiaidh seo. Sa tréimhse seo chomh maith rinne sé a dhícheall a chur in iúl go bhféadfaí an Ghaeilge a athréimniú mar theanga náisiúnta. Chreid sé i dtábhacht na teanga mar uirlis na saoirse agus sa tréimhse seo dá shaol scríbhneoireachta ghlac sé mar chúram air féin, staid na tíre sa tréimhse iarchoilíneach a phlé is a chíoradh. Dhiúltaigh sé do bholscaireacht na himpireachta; léirigh sé saibhreas na teanga; dhiúltaigh sé don tuairim nach raibh aon tábhacht ag baint leis an nGaeilge i gcúrsaí riaracháin na tíre (bhí sé ar na daoine a d’aistrigh an Bunreacht); thaispeáin sé gur féidir an teanga a labhairt mar ghnáth-theanga an lae agus, níos



tábhachtaí fós, léirigh sé go raibh sé ar chumas an fhoghlaimeora ard-chaighdeán a bhaint amach sa teanga náisiúnta.

### **Conclúid**

Is léir go raibh a chlaonta polaitiúla agus a léargas eacnamaíochta féin ag Ó Rinn i dtaobh cruachás na hÉireann sa tréimhse seo ina raibh athruithe móra ag tarlú sa tír. Chreid sé sa stát, chreid sé sa neamhspleáchas, agus i saoirse iomlán na tíre. Bhí sé claonta i dtreo pholasaithe an tsóisialachais ach fós thuig sé na deacrachtaí a bhí ag baint le stát nua agus córas rialtais nua a chur ar bun. Is léir go raibh sé i gcónaí dóchasach mar gheall ar chinniúint na tíre, cé gur léirigh sé an frustrachas a mhothaigh sé mar thoradh ar an easpa dul chun cinn ó bhliain go bliain. “In ainneoin an chogaidh agus an chur tré chéle go léir, tá dóchas láidir am chroí go bhfeicfad Ére saor lem beo” (*Young Ireland*, 22 Iúil 1922).

Ba ghráin leis na daoine a bhí ag smaoineamh orthu féin in ionad cás na tíre a choinneáil mar phríomhaidhm acu. Níor éalaigh sé riamh ón tuairim go raibh cumhacht ar leith ag an eolas, ag an gcreideamh, ag an dóchas agus ag an ngrá. Thuig sé go raibh gá le foighne agus bhí sé den tuairim go bhfillfeadh smaointe mhuintir na hÉireann ar chúrsaí an náisiúin ar deireadh thiar. Mar a dúirt sé: “Is fearr agus is buaine fás orgánach ná atharú obann réabhlóideach” (*United Ireland*, 13 Deireadh Fómhair 1934). Léirigh sé an meas a bhí aige ar an oiliúint agus ar an eolas a bhí le fáil ón léitheoireacht agus ó chultúir éagsúla. Chuir sé béim ar sheanuaisleacht na tíre agus an gá a bhí ann í a athnuachan. Is minic a labhair sé faoin gclaonadh a bhí ann an milleán mar gheall ar chruachás na tíre a chur ar dhaoine eile. Bhí sé go mór faoi thionchar na tuisceana go raibh lámh ag gach duine agus náisiún ina gcinniúint féin. Bhí spéis aige i ndearcadh frithimpiriúlach an tSasanaigh Wilfrid Scawen Blunt a bhí “ullamh i gcónaí ar an gceart do chosaint san Araib, san Eipt, agus in Eirinn féin, ar an bhfathach gránna ar a dtugtar Impireacht Shasana” (*The Irish Independent*, Eanáir 1 1941). Cé go raibh dearcadh frithimpiriúlach aige féin freisin, tá sé suimiúil go luaitear an Fhrainc, an Ghearmáin agus Sasana mar eiseamláirí don fhís aonteangach a bhí aige don tír:

My future Ireland will be as Irish-speaking and as uni-lingual as France, Germany or England. An English-speaking Ireland would be swamped politically, economically, and intellectually.

(*The Leader*, 21 Feabhra 1942)

Ré réabhlóideach, mar sin, ab ea an tréimhse seo inar mhair Ó Rinn, ré inar tharla go leor athruithe polaitíochta agus cultúrtha. Is iomaí ceist a bhí le plé ag daoine mar Liam Ó Rinn sna laethanta corracha seo agus deacrachtaí dosheachanta ag teacht chun cinn. Maidir le tuiscintí polaitíochta Uí Rinn, is léir go raibh claonta tírghrácha agus fealsúnacht an tsóisialachais le brath orthu ach gurbh í an teanga an ghné ba thábhachtaí aige maidir le féiniúlacht an stáit. Chreid sé nach mbeadh aon stát neamhspleách, dáiríre againn gan teanga bheo againn. Dhiúltaigh sé don éadóchas maidir le cás na tíre agus de réir nath iomráiteach na bhFiann, rinne sé ‘beart de réir a bhriathair’. D’fhéadfaí a rá gur ghlac sé lena ‘gheasa’ féin agus é ag plé le ceisteanna móra an ama:

Eolas fóirleahan do chnósach, machtnamh doimhin nea-spleách do dhéanamh ar gach fadhb a bhaineann leis, agus misneach a dhóhin chun tora a mhachtnaimh do chur i ngníomh.

(*The Freeman’s Journal*, 8 Feabhra 1923)

Níl aon amhras ná gur chnuasaigh sé an t-eolas agus go mbíodh se i gcónaí ag léamh agus ag foghlaim. Rinne sé dianmhachtnamh ar gach ceist a bhí mar chúis inní dó. Ach an rud is tábhachtaí maidir le Liam Ó Rinn ná go raibh an misneach aige toradh a mhachtnaimh a chur i ngníomh. Bhí tionchar ag a thuairimí polaitiúla ar a shaothar scríbhneoireachta mar chreid sé go raibh an teanga Ghaeilge lárnach in aon troid ar son na saoirse. Mar sin, thaispeáin sé ina scríbhinní, ina ailt, ina leabhair agus ina shaothar scríbhneoireachta uile, go raibh teanga shaibhir againn a raibh ar a cumas feidhmiú mar theanga bheo. D’fhéadfaí gach aon ábhar a phlé sa teanga agus d’fhéadfaí an teanga a athréimniú mar theanga dhúchais arís, dar leis. Tá staraithe áirithe den tuairim nach raibh tábhacht náisiúnta na teanga sa réabhlóid pholaitiúil bunaithe ar thuiscint ar a luach cultúrtha. Maíonn Tom Garvan, mar shampla, nach raibh sa teanga ach uirlis ghríosaithe i lámha na réabhlóidithe:

The end of the political revolution in 1922-1923 exposed the hollowness of the cultural movement which the revolutionaries had hijacked. Essentially, the Irish language was valued not for itself but as a symbol of national distinctiveness. Beyond that, it was fit only for children and for others who needed protection against English civilisation.

(Garvan: 2005, 102-3)

Léiríonn scríbhinní Uí Rinn, áfach, agus scríbhinní a chomhaimseartheach Pádraic Ó Conaire agus Piaras Béaslaí, gur samhlaíodh dlúthcheangal idir luach cultúrtha na teanga agus a tábhacht do chothú na féiniúlachta náisiúnta i dtír neamhspleách. Chaith Ó Rinn a shaol ag scríobh agus ag saothrú na Gaeilge agus tá sé soiléir ón réimse fairsing d'ábhair a bhíodh á bplé aige – agus a dtráchtfar orthu sna caibidlí seo a leanas – go raibh tuiscint leathan aige ar thábhacht na teanga. Tá sé soiléir freisin gur eascair na tuairimí a bhí aige as an machnamh leanúnach a rinne sé ar a thaithí phearsanta féin, ar stair na tíre agus ar imeachtaí polaitiúla na ré inar mhair sé.

## Caibidil 3

### Saothrú na Gaeilge

*“Do chuireas An Ghaedhilg i gcomórtas tráth le brat áluinn Túrcach a raibh a fhurmhór dóite agus ina raibh a shean-áilleacht le feiscint fós ... Caithfear an brat san do dhéanamh iomlán arís. Ní dócha go mbeidh an brat iomlánuithe chó maith nó chó háluinn leis an mbrat a bhí againn fadó ach is fiú dúinn tabhairt fé; dá aoirde ár gcuspóir is aoirde a raghimid. Dá bhrí sin tá sé de dhualgas ar fhoghlumóirí gan bheith sásta leis an mbeagán agus mórán le fáil ná le neachruinneas agus cruinneas le fáil.”*

*(The Star, 2 Márta 1929).*

Scáthán ar mheon, ar aigne agus ar fhealsúnacht Uí Rinn is ea an ráiteas éachtach seo ina dtugann Liam Ó Rinn ‘cead iontrála’ dúinn ar leabharlann fhairsing a smaointe agus ina nochtann sé blas éigin dá chuid tuairimíochta agus é i mbun saothrú na Gaeilge. Ealaíontóir a bhí ann agus ní haon ionadh é dá bhrí sin gur chruthaigh sé pictiúr deas den bhrat Turcach mar léiriú ar a smaointe agus é ag tagairt do staid na Gaeilge ag an am sin.

Rinne sé trácht anseo ar áilleacht na Gaeilge agus go háirithe ar áilleacht na seanteanga. Níl aon amhras ná gur léirigh sé go minic ina chuid scríbhinní an t-ardmheas a bhí aige ar sheanlitríocht na Gaeilge agus léirigh sé chomh maith an dlúthchreideamh a bhí aige go raibh sé d’iachall ar lucht na hathbheochana tarraingt as ciste luachmhar sin na Sean-Ghaeilge agus iad ag iarraidh an Ghaeilge a chur ar bhóthar a leasa arís. Bhí tuairim dhocht dhaingean aige chomh maith gurbh fhiú an Ghaeilge a athbheochan arís mar theanga bheo, cé gur shíl sé go gcaillfí cuid mhaith de shaibhreas na teanga ar an mbealach. Ar deireadh thug sé le fios sa ráiteas seo go raibh cuspóirí ar leith aige; go raibh ard-dóchas aige i dtaobh na Gaeilge; agus nach mbeadh sé sásta go dtí go mbeadh a sheacht ndícheall déanta ag gach duine anáil úr na beatha a sholáthar don teanga.

Níl anseo ach sracfhéachaint ar thuairimíocht Uí Rinn. Is treoir mhaith é, áfach, mar réamhléiriú ar léargas an fhir i dtaobh na gcuspóirí a bhí aige agus é ag plé leis an teanga. Duine d'intleachtaigh mhóra na Gaeilge a bhí ann, cé nár tugadh an t-aitheantas céanna dó is a tugadh d'fhathaigh mhóra eile na linne sin. Pé scéal é, bhí go leor le rá aige gur fiú a chur san áireamh in aon díospóireacht maidir le saothrú na Gaeilge agus is iomaí díospóireacht a tharla le linn ré Uí Rinn maidir le saothrú na teanga. Déanann O'Leary trácht ar alt a scríobh Séamus Ó Grianna mar eagarthóir ar an nuachtán *Fáinne An Lae* sa bhliain 1929 agus léiríonn O'Leary go raibh éagsúlacht tuairimíochta ann i rith an ama: “ Ó Grianna managed in this short paragraph to touch on most of the issues that were agitating and dividing the language movement of the time” (O'Leary: 2004, 23). Is éard a bhí i gceist ag Ó Grianna ná ceist an chló, ceist an oideachais, ceist na canúna, ceist na litríochta, an argóint maidir leis an bhfoghlaim agus an cainteoir dúchais. Ceisteanna iad seo go léir a bhí ‘beo’ ag an am agus a raibh a chuid le rá ag Ó Rinn mar gheall orthu. Ach ceisteanna iad seo, chomh maith, nach raibh réiteach orthu agus a bhí ‘beo’ fós nuair a fuair Ó Rinn bás mar is léir ón tagairt a rinne O'Leary ag deireadh an leabhair chéanna agus é ag caint mar gheall ar an Oireachtas sa bhliain 1939:

Maybe under the warm influence of Oireachtas fellowship the odd Gaelic lamb could join his leonine counterpart for a walk down this Hibernian yellow-brick road, but could Séamus Ó Grianna and Liam Ó Rinn, or Micheál Ó Maoláin and León Ó Broin, take that stroll while enjoying a friendly difference of opinion about font or the Gaeltacht? (ibid., 521)

Fear gan aon éiginnteacht ab ea Liam Ó Rinn agus ba léir é sin ina chuid scríbhneoireachta. Bhí na smaointe go léir a nocht sé sothuigte agus is minic a bhain sé úsáid as an bhfocal ‘simplí’ féin agus é ag tagairt don Ghaeilge. Mar sin, ceann de na bun-choincheapanna a nocht sé maidir le teangacha i gcoitinne ab ea gurbh í úsáid na teanga ba thábhachtaí: “To develop a language means simply to use it” (*The Irish Statesman*, 20 Nollaig 1929). Is iomaí ráiteas a thug sé maidir le saothrú na Gaeilge a bunaíodh ar an ráiteas simplí sin.

Ba mhínic a rinne sé an Ghaeilge a mholadh de bharr a húire agus a heaspa foirmeáltachta agus ba chúis inní dó é go gcaillfí an tsimplíocht sin agus an teanga á

hathbheochan. Cháin sé an Béarla agus na nua-scríbhneoirí Béarla de bharr na castachta a tharraing siad anuas ar an teanga sin in ainm na litríochta. Chomhairligh sé do na scríbhneoirí Gaeilge gan bóthar na mBéarlóirí a leanúint. In alt a scríobh sé maidir leis an nGaeilge, bhí an méid seo le rá aige:

Is baolach go mbeidh an neart agus an fuinneamh, an tsimplíocht agus an díreacht imithe aisti agus go mbeidh sí nach mór chó fuirmeálta, chó stáluithe, chó seana-chaithe leis an mBéarla féin. Cé gur mhaith liom trabhsar uirthi in ionad gúna mar gurb é is fearr chun oibre níor mhaith liom coileur agus carabhat deas uirthi agus “spats” agus hata síoda.

(*The Star*, 31 Lúnasa 1929)

Ba é a thuairim go raibh ealaín na scríbhneoireachta mar chuid lármach de shaothrú na teanga. Chomh luath agus a thosaigh sé ag scríobh sna nuachtáin bhí an tuairimíocht á nochtadh aige gurbh í labhairt na teanga beatha na teanga, ach anuas air sin go raibh gá leis an teanga a scríobh chun í a choimeád á labhairt (*An Claidheamh Soluis*, 10 Samhain 1917). Mhol sé do scríbhneoirí gan tréith na simplíochta a thréigean riamh agus iad i mbun oibre. Sna blianta tosaigh agus é ag scríobh, mhol sé dóibh an Ghaeilge a choimeád simplí agus gan ‘*literary curiosities*’ a chumadh agus bheith inár staicíní áiféise (*Fáinne An Lae*, 15 Meitheamh 1918). Bhí an tuiscint chéanna á cur chun cinn aige sa bhliain 1935 agus é ag scríobh mar gheall ar údair a raibh ró-iarracht ar siúl acu a bheith ‘líteartha’ ina gcuid scríbhneoireachta:

Is é chomhairleoinn-se do chuid acu: “Ná bí i gcomhnaí ag féachaint ar an spéir uachtarach; deonuigh féachaint síos anois is arís; tá do bhróga salach agus tá ceann acu scaoilte; agus ar son Dé dún do bheist agus socruigh do charabhat.” Is í tréith is aoirde sa litríocht ná í bheith saor ó dhroch-thréithe. Cadé an mhaith an smaoineamh ard is an chaint uasal má gheibhmí díreach na ndiaidh lochtaí móra gramadaighe nó stíle a chuireann déistean orainn? Seoda luachmhara agus salachar in aice leo! Seachain na gnáth-lochtaí is tabhairfaidh na haird-tréithe aire dhíobh féin. (*United Ireland*, 15 Meitheamh 1935).

Scríobh sé go fairsing ar thábhacht na scríbhneoireachta cruthaithí maidir le saothrú teanga agus dá bhrí sin bhí sé den tuairim go raibh sé riachtanach an ghné seo den teanga a fhorbairt in aon iarracht athbheochana. Mhínigh sé céard a bhí i gceist aige agus é ag plé tábhacht an úrscéil:

Má theastaíonn eolas uait ar shaol is ar dhaoine aon tíre sibhialta ar domhan (ach amháin Éire) gheobhair an t-eolas i n-úrscéalta na tíre sin. Tá míniú cruinn fírinneach tugtha ag an gCorcorach ar an gcúis gur eisceacht Éire. Ní bheidh Éire mar ba cheart di bheith, maidir leis seo ná maidir le héinní eile go dtí go mbeidh sí Gaelach – ag labhairt Ghaedhilge, ag scríobhadh Gaedhilge, ag léigheamh Gaedhilge.

*(United Ireland, 2 Meitheamh 1934)*

Chun dul i ngleic leis an scríbhneoireacht, mhol sé do scríbhneoir ligint do na smaointe a gcuid oibre a dhéanamh ar dtús. Sin bunchloch na hoibre seo dar leis. Ba é an duine féin agus a chuid smaointe ba thábhachtaí in aon phíosa scríbhneoireachta. Dá bhrí sin cheap sé gur chóir don scríbhneoir bheith ag smaoineamh agus ag síormhachnamh. Bhí sé riachtanach na súile a choimeád ar oscailt de shíor agus gach rud a thabhairt faoi deara amhail is a dhéanfadh súile an phéinteora agus thug sé ardmholadh do Dostoievski, as ucht na dtréithe sin. Mhol sé don scríbhneoir dul i measc na ndaoine chun bheith ag éisteacht leo agus ag machnamh. Ba ghá tuiscint a bheith ag an scríbhneoir ar an duine agus dá bhrí sin ba ghá staidéar a dhéanamh ar an bhfealsúnacht agus ar aigne an duine, mar a rinne sé féin. (Is suntasach an ní é nár thug Ó Rinn moladh riamh do scríbhneoir ná d'fhoghlaiméoir nár chleacht sé féin.) Ba chóir ábhar gach scéil a bheith bunaithe ar thaithí an scríbhneora agus: “Pé ní a thabharfair le tuisgint don tsaol mhór isé barr do leasa i gcomhnaí an fhírinne a innsint duit féin” (*United Ireland, 3 Feabhra 1934*).

Smaointe iad seo a bhí comónta ag scríbhneoirí móra an ama mar is léir ó scríbhinní an Phiarsaigh agus Uí Chonaire. Sa bhliain 1906 bhí an méid seo le rá ag an bPiarsach agus é ag tagairt do Chomórtas Líteartha an Oireachtais:

Now we hold that it is time for our Irish writers to make a brave effort to express themselves – to tell us what they think, or at any rate (if they do

not think) what they feel. So far for the most part they have not been doing so. They have simply been giving us photographic reproductions of everyday conversation in Irish-speaking districts. Their work in this direction has been most useful from certain points of view. It has been invaluable in introducing students to the idioms of the Irish language. But it is no more literature than would be a verbatim report of the daily conversation which goes on say in the case room of our printing office.

(in Ó Súilleabháin: 1981, 73)

Bhí macalla de thuairimí a chéile ar mholtaí Uí Rinn agus Uí Chonaire mar is léir ó scrúdú a dhéanamh ar chomhairle Uí Chonaire do scríbhneoirí: “Daoibhse a chairde, a scríbhneoirí na Gaeilge, an chomhairle seo. Bíodh an fhirinne agus an dílseacht chroí mar rosc catha agaibh i gcónaí” (in Denvir: 1978, 52). Rinne Ó Conaire impí ar son na húire sa litríocht chomh maith: “ceapadóireacht úrnua atá uainn, ceapadóireacht úrnua den uile chineál, ach croí an scríbhneora a bheith ann.” (ibid., 90)

Chreid Ó Rinn chomh dílis sin i smaointe an scríbhneora gur mhol sé don scríbhneoir gan aird a thabhairt ar chúrsaí stíle nó gramadaí ar dtús: “Ná bac le puintí gramadaighe, le litriú ‘ceart’, le Béarlachas do sheachaint, ná bac le héinní ach leis an scéal – go dtí go mbeidh sé críochnaithe agat” (*United Ireland*, 21 Aibreán 1934). Ní chiallaíonn sé sin go raibh dímhéas aige ar an ngramadach áfach: “Ní dubhartsa gur cheart leabhair do mhéas do réir rialacha gramadaighe ach deirimse an méid seo: níor léigheas riamh aon tsórt scríbhneoireachta gur bhfiú é litríocht a thabhairt air ná raibh an uile líne ann glan díreach do réir rialacha gramadaighe” (*Fáinne An Lae*, 13 Iúil 1918). Níos treise ná sin fós is ea an ráiteas: “Irish in which the niceties of grammar and idiom are neglected gives me an almost physical pain” (*The Leader*, 21 Meán Fómhair 1940).

Is é an fáth gur chreid sé go raibh an smaoinemh agus an machnamh chomh tábhachtach sin ná go raibh tuairim dhocht dhaingean aige go raibh sé d’iallachl ar an scríbhneoir Gaeilge tabhairt faoi ábhair úra, nua scríbhneoireachta chun an teanga a chur in oiriúint do shaol an lae agus chun í a choimeád ina beatha. Bhí an tuiscint seo léirithe aige chomh luath agus a thosaigh sé féin ag scríobh. Chomh fada siar le 1915, agus é ag scríobh sa nuachtán *The Hibernian*, thug sé le fios gurbh fhearr leis go mór



an leabhar Gaeilge a chumfaí as an nua ná leabhar a d'aistreofaí go dea-Ghaeilge (*The Hibernian*, 16 Deireadh Fómhair 1915). Ach bhí tuiscint aige chomh maith nach raibh sé ar chumas na scríbhneoirí Gaeilge é sin a dhéanamh gan réamhobair, dua agus foighne a chaitheamh leis an ngnó.

Ceann de na moltaí is luaithe a bhí aige chun an scéal seo a fheabhsú ab ea irisleabhair, nuachtáin agus páipéirí Gaeilge a bhunú agus a léamh go dúthrachtach, óir gur iontu a bheadh an t-ábhar machnaimh, agus pé teanga ina mbeadh an t-ábhar le fáil gurbh inti a dhéanfaí an machnamh (*An Claidheamh Soluis*, 10 Samhain 1917). Sa bhliain 1924 mhol sé irisleabhair agus páipéirí a chur i gcló (*The Freeman's Journal*, 31 Bealtaine 1924) agus arís sa bhliain 1936 rinne sé trácht ar thábhacht na foilsitheoireachta nuair a chaoin sé go raibh deireadh curtha le foilseacháin áirithe: “Isé do mhairbh Conradh na Gaedhilge ar fad deireadh do chur le dhá fhórum na nGaedhilgeoirí, dhá chomhartha so-fheicse na Gaeghilge, ‘*An Claidheamh Soluis*’ agus ‘*Irisleabhar na Gaedhilge*’” (*United Ireland*, 8 Feabhra 1936).

Faoi láthair tá go leor taighde á dhéanamh ar fhorbairt na hiriseoireachta Gaeilge agus ar a tábhacht mar mheán liteartha i gcomhthéacs mionteanga (Uí Chollatáin 2004, 2008; Nic Pháidín 1998; Uí Uigín 1998, mar shampla). D’fhéadfaí saothar iriseoireachta Uí Rinn a áireamh mar léiriú ar phríomhléargais an taighde sin. Agus í ag scríobh faoi nuachtáin ghluaiseachta, agus faoi *Fáinne an Lae* go háirithe, tagraíonn Caoilfhionn Nic Pháidín dóibh mar ‘chéadfhuascailt phoiblí na Gaeilge ó na lámhscríbhinní’ (Nic Pháidín: 1998, 2). Luann si a dtábhacht mar mheán mar: “Chuir siad an teanga scríofa ar shúile gnáthdhuine den chéad uair agus thug siad thar tairseach isteach san fhichiú haois í” (ibid. 82). Déanann Regina Uí Chollatáin comparáid idir tábhacht an fhocail chlóite mar mheán cumarsáide ag tús an fhichiú haois agus tionchar na teicneolaíochta sa lá atá inniu ann (Uí Chollatáin: 2004, 26). Tuiscintí lárnacha de chuid Uí Rinn freisin na tuiscintí atá á ríomh anseo ag Nic Pháidín agus Uí Chollatáin mar chaith sé a shaol liteartha ag iarraidh an teanga Ghaeilge a shaothrú mar mheán nua-aimsearthachta a bhí oiriúnach do shaol an fhichiú haois. Ní haon ionadh mar sin gur bhain sé lánúsáid as an bhfóram díospóireachta seo chun a thuairimí agus a smaointeoireacht a chur in iúl. Is fíor go raibh feidhm bolscaireachta ag iriseoireacht na Gaeilge go minic, agus de réir Éamoin Uí Chiosáin, is le teacht an pháipéir sheachtainiúil *An tÉireannach* a cuireadh ‘nuacht

an lae' seachas cúis na teanga chun tosaigh i meáin chlóite na Gaeilge (Ó Ciosáin: 1993, ix). D'aithin Ó Rinn an difríocht idir bolscaireacht agus saothrú na smaointeoireachta, áfach, agus cé go raibh ceist na teanga lárnach ina shaothar scríbhneoireachta ó thús deiridh, ba trí fhorbairt na smaointeoireachta mar cholunóir a d'fhéach sé leis an gcúis sin a chur chun cinn. Ina plé ar an gcolúnaíocht mar sheánra liteartha pléann Regina Uí Chollatáin “ról comhaimseartha an iriseora mar thráchttaire ar an tsochaí ina bhfuil na heachtraí ag titim amach” (Uí Chollatáin: 2008, 42). Níl aon amhras ach go raibh Ó Rinn ag feidhmiú sa ról sin agus é ag scríobh mar gheall ar mhórcheisteanna an ama mar an pholaitíocht, an eacnamaíocht, an sóisialachas, an litríocht agus gnáthchúrsaí eile na haimsire. Ar an ábhar sin, is féidir comparáid a dhéanamh idir a shaothar iriseoireachta agus saothar smaointeoírí forásacha eile de chuid a linne, Pádraic Ó Conaire agus Piaras Béaslaí go háirithe. Cuireadh béim ó na fichidí ar aghaidh ar ghnéithe litríochta mar an aistriúchán agus an léirmheastóireacht, agus rinne an iris *An Branar* iarracht nithe áirithe a chosc le spás a chruthú don ábhar nua: “Níl ach aon trí neithe amháin coisgithe – sgoláireacht, propaganda agus seana-sgéaluíocht, mar tá a n-áit féin dóibh sin” (Ó Cathasaigh: 2005, 9). Ghlac Ó Rinn leis an dúshlán seo le dúthracht agus le fuinneamh agus d'úsáid sé fóram na hiriseoireachta le corpas fairsing aistriúchán agus léirmheasanna chomh maith le haistí tuairimíochta ar iliomad ábhar a chur ar fáil.

Thuig sé chomh maith an tábhacht a bhain leis an léitheoireacht chun tabhairt faoin scríbhneoireacht. Scríobh sé sraith d'ailt sa nuachtán *United Ireland* i mí Eanáir 1934 ag plé le tábhacht na léitheoireachta don té ar mhian leis bheith ina scríbhneoir. Mhol sé trí shaghas leabhar a léamh:

1. Leabhar a thaitníonn leis an duine;
2. Leabhar a thabharfadh eolas ar bhrainte nach bhfuil puinn eolais ag an duine air;
3. Údar mór éigin a léamh.

Bhí an tuairim aige chomh maith gurbh fhiú ráiméis a léamh chun a thuiscint cad is ráiméis ann. Chreid sé go raibh a smaointe bunaidh ag gach duine ach amháin cruth nua a chur orthu agus an stór smaointe sin a shaibhriú tríd an léitheoireacht.

Scíl eile a mhol sé mar áis chun ealaín na scríbhneoireachta a fheabhsú ab ea dul i ngleic le teangacha iasachta ach ag an am céanna fanacht siar ó thionchar an Bhéarla: “Ní cheart puinn Beurla d’aistriú fé láthair. Táimid ró-ghairid do Shasana agus ba chóir dúinn culóidh óna ‘hanál’ i gcúrsaí leitríochta go mór mór” (*Misneach*, 25 Márta 1922). San alt céanna molann sé don scríbhneoir teanga iasachta a fhoghlaim agus “cúinne fé leith i leitríocht na Gaeilge a dhéanamh dó féin le haistriúcháin ón dteanga sin.” Rinne sé athrá ar an tuairim sin go minic i rith a shaoil. In alt eile a scríobh sé bhí an méid seo le rá aige: “... ní mór dár n-údair mórán de shár-oibreacha na hEorpa do chur i nGaelig ar dtúis, dar liom, mar is mar sin a gheoid máistríocht ar chaint chasta nea-dhíreach...” (*The Freeman’s Journal*, 9 Deireadh Fómhair 1923). Is suntasach chomh maith an t-alt a scríobh sé sa *Leader* dar teideal ‘Down With Compulsion’ (3 Eanáir 1925) agus é ag plé le cúrsaí oideachais, nuair a thug sé le fios nárbh aon dochar é teangacha eile a fhoghlaim ach a mhalairt ar fad. Arís scríobh sé alt eile ag plé le múineadh teangacha agus ag moladh go raibh gá le teangacha eile a mhúineadh sna scoileanna: “Is mór an náire oiread is éinne amháin a theacht as na scoilena gan dhá theangain (Gaelig agus Béarla) ar a luíod a veh ar fheabhas aige” (*The Freeman’s Journal*, 16 Feabhra 1924). Ba ghá le dul i ngleic ní hamháin le teangacha iasachta, dar le Ó Rinn, ach le cultúir iasachta chomh maith. Is éard a bhí le rá aige in alt a scríobh sé don nuachtán *An Glór*, ná: “Is féidir linn do réir a chéile, má chuirimid chuige, an tsaidheacht is an cultúr is airde is is uaisle san Eoraip a thabhairt isteach sa Ghaedhilg is do leathadh, ina riocht Ghaelach, i measc an phobail uile ...” (*An Glór*, 20 Nollaig 1941). Tuairimíocht í seo a chuir Pádraig de Brún chun cinn ina dhiaidh sin san iris *Humanitas* (1930-1931).

Ní raibh Ó Rinn sásta leis an aigne chúngh mar sin. Ba léir dó nach ndéanfaí aon dul chun cinn dá mbeadh an aigne Ghaelach ina lán-stad. Fear a bhí ann a thuig an tábhacht a bhain le heolas a chur ar chultúir eile agus le teagmháil le pobail agus le tuairimí éagsúla. Ní haon mhaitheas bheith sáite san aimsir chaite. Bhí sé d’iallach ar an duine réimse na haigine a leathnú – ba léir dó nach dtiocfadh fás ná forbairt ar an duine ná ar aigne an duine agus í ina steille-bheatha gan plé á dhéanamh le smaointe úra nua. Ba ghá éalú ón gcúngaigeantacht agus ag an am céanna bhí gá le forbairt teanga chun dul i ngleic le tuairimíocht nua na haimsire. Go dtí go dtarlódh sé sin ba dheacair a chur ina luí ar éinne gur teanga bheo fheidhmiúil a bhí sa Ghaeilge. Ach, ní bheadh sé de chumas ag an teanga, áfach, a leithéid a dhéanamh gan fás agus forbairt

a dhéanamh ar an mbunchloch a bhí ann cheana féin. Mar sin de, ceann de na tuairimí ba mhó a bhí ag Ó Rinn ná gur ghá ábhair éagsúla, idir nua agus sean a léamh. Bhí géarghá, dar leis, le heolas a chur ar an tseanlitríocht chun nualitríocht a sholáthar. Bhí sé riachtanach gach aon seanscríbhinn a scrúdú chun eolas ár sinsear a fháil. Chreid sé go bhfásfadh litríocht mhór as sin agus ní hamháin sin, ach chreid sé chomh maith go raibh gá le leabhair staire a scríobh.

Is minic a rinne sé tagairt do na haistriúcháin go Béarla a rinneadh ar ár seanlitríocht agus b'ábhar díomá dó nach ndeamadh a leithéid sa Ghaeilge. Cháin sé an easpa suime sna seanscéalta i measc Gaeilgeoirí agus thaispeáin sé an díomá a bhí air nach raibh ár ndóthain aistriúchán againn ar na scéalta úd agus nach raibh suim ag scríbhneoirí Gaeilge iontu nuair a thuig daoine léannta, thar lear, an tábhacht a bhain leo. Scríobh sé alt sa bhliain 1923 ag tagairt do Jules Pokorny a d'aistrigh scéalta a cumadh i nGaeilge agus cheistigh sé an fáth nach raibh éileamh ar an leabhar. Is éard a dúirt Ó Rinn san alt céanna ná: “Dá gcailltí An Ghaedhilg sé an rud a dhéanfadh aon Eireannach go bhfuil meas aige ar féin ná bailiú leis go Sasana agus veh ina Ghall críochnaihe” (*The Freeman's Journal*, 22 Bealtaine 1923). Arís sa bhliain 1928 luaigh sé go raibh seanlitríocht na Gaeilge ag déanamh maitheasa do litríocht gach teanga ach amháin litríocht nua na Gaeilge (*The Freeman*, 7 Iúil 1928). Luaigh sé an náire a bhí air go raibh *Táin Bó Cuailgne*, mar shampla, ag déanamh tairbhe do gach litríocht ar domhan ach amháin ár litríocht féin: “Caithfear scoláirí óga do sholáthar maran mian linn ár seana lámh-scríbhinní bheith ina luighe ina dtaisceadáin go lobhfaid nó go dtiocfaidh oighear-aois eile” (*United Ireland*, 22 Feabhra 1936). Labhair sé faoi lucht na Fraince a rinne obair mar seo ar shaothar Rabelais agus cheistigh sé an fáth nach bhféadfadh lucht na Gaeilge an rud ceanann céanna a dhéanamh le próis na seanúdar (*The Freeman*, 19 Samhain 1927). Ba chúis aiféala dó nach raibh an obair seo ar siúl mar, dar leis, go raibh saibhreas mór á chailliúint againn. Dúirt sé go raibh próis na Gaeilge “... chomh cruinn, chomh snasta san am' thuairimse, (fiú amháin an chuid de 'na bhfuil rian na Laidne air) gur dóigh liom gur fearr go mór é ná aon phrós Beurla dár leigheas riamh” (*An Claidheamh Soluis*, 24 Samhain 1917). D'fhéadfadh an tseanlitríocht teanga na nualitríochta a shaibhriú: “I nGaeilge na haimsire seo is gá nua-litríocht a scríobh” ach cora cainte liteartha a bhí ag na sean-údair a shníomh isteach (*United Ireland*, 12 Eanáir 1935).

Is minic a scríobh sé sna nuachtáin mar gheall ar an litriú a shimpliú sa Ghaeilge: “Is mithid atharú do dhéanamh ar leitriú ina nglactar le gach leathscéal chun faide agus ina ndiúlúítear do gach cabhair agus do gach údarás atá le fáil sa tseana-Ghaedhilg agus sa mheán-Ghaedhilg chun giorracha” (*The Freeman*, 8 Meán Fómhair 1928). Theastaigh uaidh chomh maith go mbeadh foclóir amháin againn i gcomhair na scríbhneoireachta ... “foclóir a bheidh á shíor-mhéadú, á shíor-shaivriú, le focail is abarha as na canúintí agus as letríocht ár sinsear idir phrós is filíocht gan trácht ar an lear mór focal atá agus a bheidh dá gceapa agus dá dtógaint as teangthacha ele” (*United Irishman*, 26 Bealtaine 1923).

Mar sin de, bhí gá plé leis an teanga ar dhá leibhéal chun dul chun cinn a dhéanamh. Thuig Ó Rinn go raibh saibhreas le saothrú trí na seanscéalta a iniúchadh ach ag an am céanna go raibh saibhreas le saothrú ó bheith ag plé le teangacha eile. Bhí ardmheas aige ar oidhreacht na teanga a bhí ann ó ré órga na seanaimsire ach ní raibh sé chomh claonta sin ina chuid tuairimíochta gur cheap sé go raibh an saibhreas teanga sin ina seilbh ag an nGaeilge amháin. Ní raibh eagla air a admháil go bhféadfadh an teanga fás agus forbairt a dhéanamh ach amháin iniúchadh agus staidéar a dhéanamh ar theangacha eile an domhain agus an saibhreas go léir a shaothrú go soiléir. Mar sin féin, cé go raibh an tsimplíocht á moladh aige, ba ríshoiléir go raibh litríocht uaidh seachas caint na ndaoine: “Anois is arís cuirfí an Ghaedhilge chruaidh ‘i mbuige’ don ghnáth-phobal ... ach níorbh ionann sin riamh agus ‘caint na ndaoine’ sgríobhadh” (*An Glór*, 2 Eanáir 1943).

Mar sin, ceist eile na scríbhneoireachta a bhí i réim ag tús na hathbheochana ab ea an cheist sin mar gheall ar ‘caint na ndaoine’ agus saothrú na litríochta. Is féidir a rá arís gur léirigh Ó Rinn an tábhacht, dar leis, a bhain leis an tseanlitríocht. In alt amháin bhí an méid seo le rá aige: “Mara gcuirfí na seana-leabhair i gcló go luath ná féadfaidís dul i bhfeidhm ar phrós Ghaedhilge na haimsire seo ... Mara mbeidh againn mar ithir don phrós nua ach an gnáthchaint agus an béaloideas agus gan de phrós shaothruithe á léigheamh go laethúil ag na scríbhneoirí ach a bhfuighid i dteangthacha iasachta dhe, bíodh is go mbeidh prós is litríocht againn ní bheidh ionta ach an saghas próis is litríochta do bheadh ag treibh fhiain éigin dfoghlumódh scríbhneoireacht ó na misnéirí” (*United Ireland*, 20 Iúil 1935).

Rinne Cathal Ó Háinle plé ar an gceist chéanna inar léirigh sé na deacrachtaí a bhí ann maidir le meath na Gaeilge agus na litríochta go mór mór sa naoú céad déag. Dúirt sé nach raibh dóthain ábhar litríochta ann do scoláirí chun cabhrú leo dul i mbun scríbhneoireachta agus nualitríocht a sholáthar:

Faoi thús na ceathrúin deiridh den naoú céad déag, más ea, ní raibh an Ghaeilge mar theanga dhúchais ach ag pobal bocht tuaithe ag éirí níos cúinge in aghaidh an lae. Má fhágtar an véarsaíocht tuaithe is an scéalaíocht bhéil as an áireamh, ní raibh sí á húsáid ach mar mheán caidrimh ag gnáthdhaoine ina ngnáthshaol laethúil. Ní raibh léamh ná scríobh na Gaeilge ach ag fíorbheagán de lucht a labhartha, agus ní raibh aon chuid de litríocht na haoise sin i gcló chun go bhfónfadh sí mar shampla de chaighdeán nua-aimseartha gramadaí ná de fhriotal freacnairceach liteartha. Bhí obair mhillteach le déanamh má bhíothas le nua-litríocht Ghaeilge a chruthú. (Ó Háinle: 1994, 754)

Phléigh Philip O’Leary an cheist seo chomh maith agus léirigh sé na deacrachtaí céanna a bhíodh mar ábhair inní do Liam Ó Rinn ag tús na hathbheochana:

The Irish language, despite its marginalised status in the late nineteenth century, had a lengthy, varied, and rich tradition as Europe’s oldest vernacular literature north of the Alps. Language activists were keenly aware of that tradition and eager to see it re-established in their own time ... Already in the last decade of the nineteenth century and the first decade of the twentieth, at a time when very few people could read any Irish at all, the creation of a modern literature in the language was put at the top of the movement’s cultural agenda. (O’Leary: 2004, 8-9)

Rinne Máirín Nic Eoin plé cuimsitheach ar an ábhar seo agus cúrsaí liteartha na Gaeilge faoi chaibidil aici ó thaobh chúrsaí critice de:

Cé go samhlaítear go minic mar chéilí comhraic iad, is é fírinne an scéil go raibh De Hindeberg agus Ua Laoghaire aontaithe ina mórchuspóir – móρθionchar an Bhéarla a sheachaint agus litríocht Ghaeilge a chothú a

bheadh dúchasach, neamhdhíorthach. Ar an mbonn sin, ba thraidisiúnaithe iad a d'fhéach – mar a rinne an tAthair Pádraig Ó Duinnín freisin trína shaothar foclóireachta agus eagarthóireachta – le nualitríocht na Gaeilge a bhunú ar achmhainní inmheánacha na teanga agus an chultúir náisiúnta, níorbh ionann agus nua-aoisithe mar Phádraig Mac Piarais agus Phádraic Ó Conaire ar mhór leo freisin cultúr agus litríocht na hEorpa.

(Nic Eoin: 2005, 51)

Léirigh Ó Rinn go raibh sé ar thaobh na nua-aoisithe ós rud é gur chreid sé go raibh gá le hábhar litríochta saibhir Gaeilge a léamh i dteannta le léitheoireacht a dhéanamh ar litríocht i dteangacha iasachta:

Ní mor don ursceal bheith mar bheadh se tareis fas amach as an ait ar nos na sean-amhran ata againn, ach ansan fein be se go leamh mara mbeidh aigne chulturtha nea-leanbaidhe ag an scríbhneoir: aigne bheidh bairte ní hamhain i seana-litríocht na hEireann ach sa chuid is fearr de litríocht na hEorpa leis. (*The Irish Independent*, 13 Nollaig 1919)

Mhol sé mic léinn ollscoile a chur ag obair ar Shean-Ghaeilge agus leaganacha nua a chur ar na seanleabhair mar a rinne na manaigh fadó (*United Irishman*, 24 Meitheamh 1933). Ach ag an am céanna, mhol sé bheith ciallmhar agus an obair seo á déanamh. Ní raibh sé á mholadh aige go nglacfaí le gach rud a bhain leis an traidisiún seo. Ó thaobh na filíochta de mhol sé staidéar a dhéanamh ar na seanmheadarachtaí ach ag an am céanna thuig sé gur thacht na rialacha an inspioráid. Dúirt Ó Rinn “nár thuit an tón as an saol nuair do héiríodh as an ‘dán díreach’ agus a cromadh ar an ‘amhrán’ do shaothrú” (*An Glór*, 13 Feabhra 1943). Thuig sé go raibh tábhacht ag baint leis an tseanlitríocht ach gur ghá í a chur in oiriúint do mheon na haimsire.

Scríobh Ó Rinn alt sa bhliain 1936 mar gheall ar an saibhreas litríochta (nó ‘óirchiste phróis’ mar a chuir Ó Rinn air) a bhí ar fáil ón Loháin sa 17ú haois agus é ag trácht ar leabhar a scríobh Tomás Ó Cléirigh dar teideal *Aodh Mac Aingil agus an Scoil Nua-Ghaedhilge i Lobháin*. Mhínigh an t-údar gur thaispeáin Aodh Mac Aingil ina shaothar “go réidhtigheann an Ghaedhilg le gach sórt smaointe agus gur féidir di na smaointe sin dá dhoimhneacht iad do chur i n-iúl go breagh réidh simpli” (*United*

*Ireland*, 9 Bealtaine 1936). B’aoibhinn leis an Rinneach é sin a léamh mar is tuairim í seo a bhíodh á craobhscaoileadh go minic aige féin. Chomh maith leis sin ba chúis áthais dó a léamh sa tuairisc chéanna gur “iomdha focal agus leagan cainte a bhí ag Mac Aingil a thiocthadh isteach go háiseamhail anois agus a dhéadfaoi do chur ag foghaint don tír uile. Ní hionann sin agus a radh go mba ceart aithris a dhéanamh ar an módh scríobhtha a chleachtuigheadar. *Nos ancetres sont nos ancetres et nous sommes les gens de maintenant*” (ibid.).

Sa bhliain 1951 bhí an port céanna á sheinm ag Tomás Ó Floinn. Chuir sé a dhíomá in iúl go láidir nach raibh seanlitríocht na Gaeilge ar fáil do léitheoirí na Gaeilge nuair a bhí go leor de shaothar scríbhneoirí Béarla an ama bunaithe ar an litríocht seo. Chun an scéal a réiteach, chomhairligh Ó Floinn, mar a mhol Ó Rinn “nua-leaganacha de na seanscéalta a chur ar fáil” (Ó Floinn: 1997, 78). Rinne Ó Floinn forbairt ar a chuid tuairimíochta i gcomhthéacs na hargóna mar gheall ar ‘chaint na ndaoine’:

Tá ábhar fiche éipic sa tseanlitríocht Ghaeilge, ábhar na gcéadta drámaí, an iliomad athinsint phróis. Coiréal gan tón é. Cá raibh ár súile le leathchéad bliain, agus go háirithe cad é an daille atá ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge ná tuigean siad gur ‘cur gad um ghainimh’ dóibh é nó ‘tuargan darach le dóirnimh’ bheith ag iarraidh máistreacht a fháil ar ‘chaint na ndaoine’ ná fuil acu agus ná beidh acu go rachaidh na seacht sluaiste orthu? (ibid., 79)

Má bhí ábhar scríbhneoireachta ar fáil do scríbhneoirí na teanga ach dul i ngleic leis an tseanlitríocht, bhí ábhair eile mar chúis inní ag Ó Rinn maidir le scríbhneoireacht na Gaeilge. Scríobh sé alt tráth inar thagair sé do na deacrachtaí a bhain le “teanga bhí dhá leigint i bhfaillighe ar feadh trí chéad blian d’athmhúnlú ar nós go mbeidh sí inniúil don obair a dheineann gnáth-theanghacha síbhialta na hEorpa...” (*United Irishman*, 15 Iúil 1933). Luaigh sé an tAthair Peadar Ua Laoghaire san alt céanna de bharr scéil a chuala sé a chuir in iúl tuairimíocht an Athar Peadair faoi mhí-oiriúnacht na Gaeilge chun leabhair nua-aoiseacha faoi pholaitíocht, eacnamaíocht, eolaíocht agus a leithéid a scríobh. Cheap Ó Rinn go raibh sé riachtanach an scéal sin a leigheas agus an Ghaeilge a chur in oiriúint do na hábhair seo. Bhí sé fós ag caint faoi thábhacht na hoibre sin sa bhliain 1941 nuair a dúirt sé an méid seo:



Some writers are afraid to write on any modern subject ... If we don't exert ourselves to express complicated and subtle ideas in Irish the language's power of expression will never grow. The power of the writer and of the language must progress together. If they don't, our literature will for all eternity smell of fish, turf and potatoes the only subjects with which it will be capable of dealing. (*The Leader*, 6 Nollaig 1941)

Léirigh Seosamh Mac Grianna an tuairim chéanna agus é ag tagairt do 'ghalar na Gaeltachta' in *An tUltach* (1924). Ba chúis aiféala dó gur smaoinigh lucht na Gaeltachta nach raibh baint acu leis an saol nó leis an meon sa chathair:

Fuair údar amach go raibh cleachtadh ag muintir na Gaeltachta bainiseacha agus fairí agus tórraimh a bheith acu, mar a bhíos ag 'ach a'n dream eile. Agus scríobh siad cruacha páipéir ar na cruinnithe seo. Ní hé mo mheas go raibh eolas mórán níba bheichte ag na léitheoirí ar shaol na Gaeltachta le linn an chruach seo a ithe agus a athchogaint. Is iomaí taobh ar an saol sa Ghaeltacht féin, agus is iomaí rud a chuirtear i gcrích ó lá go lá inti a b'fhiú a chur ar pháipéar chomh maith le faire agus le tórramh, nó le dáil agus le pósadh. (Mac Congail: 1977, 43)

Fear eile a bhí ar aon intinn le Mac Grianna ab ea Niall Ó Domhnaill a raibh an méid seo le rá aige:

Ó thús na hAthbheochana anall ní raibh formhór ár scríbhneoirí 'dúchasacha' ach ag iarraidh bheith ag riar ar lucht a mbaile fearainn féin. Bhí manadh na ngallóglach anallód acu: 'gach fear is a dhomhan féin.' Scríobh siad do thuataí fá shaol thuatúil, agus thug a ngaolthuataí breithiúnas ar a saothar liteartha dóibh. (Ó Domhnaill: 1951, 13)

Ach scríobh Ó Rinn alt eile sa bhliain 1936, mar fhreagra ar thuairimí an scoláire mór le rá Daniel Binchy, ina léiríonn sé go smior a mhothúcháin ar an ábhar. Bhí an t-ollamh ag caint ag cruinniú de dhlíodóirí nuair a dúirt sé: "Irish was not and could not be an intellectual vehicle for the conveyance of ideas" (*The Irish Independent*, 30

Deireadh Fómhair 1936). Is le teann searbhais a chuir Ó Rinn in iúl go raibh sé ar chumas mhuintir na Gaeltachta plé a dhéanamh ar aon ábhar ar bith ar domhan:

Apparently the learned professor does not consider Irish good enough except for the discussion of spuds, mackarel, and folklore. When in the Gaeltacht I have always avoided such subjects and spoken of things like housing, rent, wages, commerce, politics, science, war – in fact, all subjects that interest the townsman. Strange as it may appear to the professor, I found Irish speakers in the South and West (I have not, so far, gone North), had the same perverse hankering after modernity as I had myself, and, stranger still, we found our own plain “unintellectual Irish” quite adequate in these discussions. (ibid.)

Conspóid mhór eile na haimsire a bhíodh á plé ag Ó Rinn ab ea ceist sin an chló. Mar a deir Philip O’Leary: “In the first two decades of the independent state, however, the related questions of orthography and typeface were argued with a ferocity that could divide families and friends, and drive would-be sympathisers away from the revival in amazed disgust” (O’Leary: 2004, 25). Ábhar díospóireachta é seo a bhí ina chnámh spairne thart ar an am seo mar sin, ach amhail gach ábhar eile plé bhí a chuid tuairimí féin ag Ó Rinn ar an ábhar. Ní duine de na ‘piúraistí’ (mar a thug sé féin orthu) a bhí ann. Theastaigh uaidh an cló gaelach a choimeád beo i bhfochair an chló rómhánaigh. Scríobh sé in alt amháin: “Is linn féin an cló Gaelach” agus san alt céanna bhí an méid seo le rá aige: “Tá an cló Rómhánach ag náisiúin uile na hIar-Eorpa ach tá rian a n-aighe agus a n-ealadhan féin curtha ag gach náisiún fe leith acu ar an gcló san. Taisbeanann san, dá mbeadh an Ghaedhilg lán-bheo mar ba mhaith linn í bheith agus an cló Rómhánach againn féin á dhéanamh anso in Éirinn, taisbeanann sé go mbeadh rian ár n-aighe agus ár n-ealadhan againn air” (*The Freeman*, 1 Meán Fómhair 1928).

Ba mhinic an cló rómhánach á mholadh ag scríbhneoirí na teanga nuair ba thábhachtach le daoine eile an cló gaelach mar chomhartha éagsúlachta. Maidir leis an aistriú a rinne Ó Rinn don Ghúm ar an leabhar *The Rise and Fall of the Irish Volunteers* (1936), a scríobh an Coronal Muiris Ó Mórdha, is léir go raibh luí ag Ó Rinn leis an gcló rómhánach ach go raibh Ó Mórdha claonta don chló gaelach. Chuir Ó Mórdha achainí ar Ó Rinn an t-aistriú a dhéanamh sa chló gaelach ach is é an

freagra a tugadh dó ná: “Liam Ó Rinn has now informed me that he finds it would delay his work to write the rest of the MS in Gaelic letters as he is not used to any script but Roman” (An Chartlann Náisiúnta, Bosca 117, Comhad AO281).

Bhí air plé le ceist an chló maidir leis an leabhar *Réim na Réalt* (1948) chomh maith, aistriú ar leabhar dar teideal *The Stars in their Courses*. Cuireadh tuairisc chuige arís rogha a dhéanamh idir an cló rómhánach agus an cló gaelach. Is é an freagra a thug Ó Rinn ná: “Ní nach iongnadh bfearr liom é veh sa cló Róvánach” (An Chartlann Náisiúnta, Bosca 277, Comhad 31, Bealtaine 1934).

Déanann Brian Ó Conchubhair plé ar an ábhar céanna: “Is troid chlasaiceach í i dtéarmaí an iar-choilíneachais, idir iadsan a chleacht straitéis an tséandóra – diúltú do chló an Bhéarla ar mhaithe leis an gcló dúchasach – agus straitéis an athmhúnlaithe. Theastaigh ó na hathmhúnlóirí go nglacfaí leis an gcló Rómhánach agus go gcuirfí ag obair ar son leas na teanga é” (Ó Conchubhair: 2009, 152). Bhí Ó Rinn ar an dream a throid ar son an chló rómhánaigh. Bhí sé den tuairim go raibh gá le forbairt na Gaeilge, go raibh sé riachtanach éalú ó cheangail an ghnáis agus go raibh sé de dhualgas ar lucht na hathbheochana cás an fhoghlaiméora a chur san áireamh. Chreid sé go raibh an cló rómhánach tábhachtach maidir le dul chun cinn na teanga agus go bhféadfadh foghlaiméoirí plé leis an teanga níos fearr dá mbeadh deacrachtaí an chló ghaelaigh curtha as an áireamh.

Is léir go raibh raidhse de mholtaí ag Ó Rinn le cur os comhair an scríbhneora agus tuigtear dúinn céard a bhí i gceist aige nuair a mhínigh sé go raibh gá leis an réamhobair, leis an dua agus leis an bhfoighne sula dtabharfaí faoin scríbhneoireacht go dáiríre. Ach níor thréig sé riamh an tuairim gurbh iad anam, croí agus féiniúlacht an duine ba thábhachtaí chun teanga a shaothrú ó thaobh na scríbhneoireachta de. Cé go raibh moltaí go flúirseach á leathadh aige chun cabhrú leis an bhfoghlaiméoir agus leis an scríbhneoir oilte tabhairt faoina n-ealaín, thuig sé féin sna blianta deiridh dá shaothar féin nárbh fhiú tabhairt faoin obair seo gan anam is díocas agus dearcadh dearfach i leith an tsaothair. Cuireann sé an mothúchán sin in iúl dúinn i gceann de na hailt nuachtáin is deireanaí a scríobh sé féin sna nuachtáin: “Ní leor teicne gan anam” (*An Glór*, 13 Feabhra 1943).

Ach chomh maith leis an scríbhneoireacht, bhíodh agus bíonn i gcónaí, an teanga labhartha á saothrú freisin agus ní féidir i ndáiríre gné na scríbhneoireachta agus gné na cainte a dheighilt óna chéile in aon phlé ar an teanga. Ní haon chúis iontais dúinn é mar sin gur scríobh Ó Rinn go minic maidir leis an ngné seo de shaothrú na teanga chomh maith. Ráiteas cumhachtach a thug sé mar gheall ar an teanga labhartha ab ea an méid seo: “Language is a tremendous living force ... and is as distinctive and characteristic as those who speak it” (*The Leader*, 28 Márta 1942). Gan cainteoirí ní bheadh rath ar ghluaiseacht na litríochta agus bhain go leor de scríbhinní Uí Rinn leis an ngaol idir an dá réimse sin d’obair na hathbheochana.

Bhí dualgas ar lucht na Galltachta an teanga a choimeád ina beatha dar le Liam Ó Rinn, ach thuig sé tábhacht na Gaeltachta do thodhchaí na teanga freisin. Thagair sé don “tseoid is luachmhaire dá bhfuil againn do chimeád agus do chosaint, sé sin, an Ghaeltacht” (*The Freeman’s Journal*, 27 Bealtaine 1924). Bhí sé den tuairim go raibh forbairt na Gaeilge sa Ghaeltacht ag brath ar fhorbairt na Gaeilge sa Ghalltacht. Chreid sé nach mairfeadh an teanga gan ligint di fás ach nár leor an Ghaeilge a chaomhnú sa Ghaeltacht chun í a chur ag fás. Ba ghá an teanga a leathadh amach ón nGaeltacht chun na Galltachta agus fás agus forbairt a dhéanamh uirthi lasmuigh de chultúr na Gaeltachta.

Cheap Ó Rinn, chomh maith, go raibh tábhacht ar leith ag baint le lucht na cathrach thar aon bhuíon foghlama eile maidir le hathbheochan na Gaeilge. Ag an am céanna, ó thaobh labhairt na teanga de is éard a bhí le rá aige ná: “Teanga shimplí í ar shlí ... ach is rí-dheacair a fhoghlaim conas na focail ana-bheag do tháith le chéile go breá nádúrtha mar a dhinean muintir na Gaeltachta é” (*Fáinne an Lae*, 15 Meitheamh 1918). Ach, chreid sé gur eascair gach mothúchán agus smaoinemh nua ón gcathair agus dá bhrí sin gurbh iad “leanaí Bhaile Átha Cliath a chuirfidh an Gaedhilg fé réim arís ... Nuair a bheidh Baile Átha Cliath gaelach mairfidh an Ghaedhilg agus caillfear an Béarla in Éirinn” (*United Ireland*, 12 Bealtaine 1934).

Dá bhrí sin, conas ba chóir tabhairt faoi mhúineadh agus faoi fhorleathnú na teanga? Bhí go leor tuairimí ag Ó Rinn. Ar an gcéad dul síos thug sé an méid seo le fios: “To learn a language, good will and an intense desire to learn is necessary” (*The Leader*, 20 Eanáir 1940). Ní haon ionadh, mar sin, go ndúirt sé go raibh an foghlaimeoir

dóchasach i bhfad Éireann níos tábhachtaí ná an cainteoir dúchais nach raibh aon dóchas ann maidir le cúis na hathbheochana. Is suntasach an tagairt rinne sé do thuairim a nochtadh dó sa bhliain 1919: “na daoine is mo go bhfuil baint acu le hobair na Gaedhilge agus is fearr chun litríochta do scri, ni Gaedhilgeoiri ‘duchais’ a bhfurmhor, ach daoine a togadh le Bearla agus a luig isteach ar an nGaedhilg dfoghluim is do shaothru nuair a bhi tamall maith da saol curtha dhiobh” (*The Irish Independent*, 13 Nollaig 1919). Scríobh sé in alt eile go raibh cúrsaí ag dul in olcas sa Ghaeltacht ach go raibh cúrsaí ag dul i bhfeabhas sa Ghalltacht agus nár theastaigh uaidh an bhearna a bheith ró-mhór (*United Irishman*, 7 Eanáir 1933).

Ceann de na fadhbanna ba mhó a bhí ann do chaomhnóir na Gaeilge scríofa agus labhartha ab ea ceist an chanúnachais agus ba rí-shoiléir do gach éinne go raibh easaontas ann idir muintir na nGaeltachtaí ó thaobh na canúna de: “Níl na cúigí Gaelacha ar aon intinn lena chéile i dtaov conas an Ghaelig do labhairt ... Is mihid, is lán-mihid dúinne, do mhuintir na Galldachta ’na bhfuil meas ceart againn ar theangain ár sinsear, smacht an easaontais atá sa Ghaeltacht do bhrise agus bóhar glan levéalta do ghearra amach dúinn féin, bóhar ná beidh náire orainn e thespeáint do chara nó do namhaid” (*United Irishman*, 22 Feabhra 1923). Ina shaothar toirtiúil ar phrós na Athbheochana rinne O’Leary cur síos ar cheist seo an chanúnachais mar chúis inmí do rialtas nua an tsaorstáit: “In this new order, preference for one dialect or discrimination against another counted in very practical terms, and was nosed out with a paranoia born of civil war” (O’Leary: 2004, 29).

Níor aontaigh Ó Rinn leis an ró-chanúnachas ná leis an tuairim gur chóir do lucht na Gaeltachta cloí le haon chanúint amháin. Is éard a bhí uaidh “canúint a bheidh ag sú saivreas gach canúna ele agus saivreas Gaelge na letríochta chuici chomh maith” (*United Irishman*, 21 Aibreán 1923). Cé go raibh sé claonta i dtreo chanúint na Mumhan é féin, thuig sé an tábhacht a bhí ag baint le gnéithe de gach canúint a bheith ar eolas ag foghlaimeoirí agus mhol sé fiú na canúintí go léir a mhúineadh do scoláirí a bhí i mbun foghlama.

Pléann Máirín Nic Eoin cuid de na fadhbanna a bhí aitheanta ag Ó Rinn maidir le cúrsaí canúna:

Ar cheann de na straitéisí is coitianta a bhíonn ag scríbhneoirí Gaeilge nach scríbhneoirí Gaeltachta iad tá nasc láidir canúnach a shnaidhmeadh le ceantar Gaeltachta ar leith. D'fhéadfaí a rá gur straitéis thorthúil go minic é sa mhéid go bhfuil, mar a deir an Ríordánach, 'creatlach agus meanma Ghaeilge na hÉireann' le fáil in aon cheann de na canúintí, samhail a chuirfidh 'ar chumas an scríbhneora teanga úrnua, lándúchasach a chumadh as chaint a shinsir.' Teanga phríobháideach nó canúint aigne a thug Ó Ríordáin ar an teanga úrnua seo. Is é an baol is mó a bhaineann le próiseas foghlama teanga a bhíonn dírithe ar chanúint áirithe, áfach, ná baol na nathadóireachta agus na ró-aithrise. In áit cuspóir na barántúlachta a bhaint amach, is saorgacht de chineál eile a bhíonn mar thoradh ar an iarracht go minic.

(Nic Eoin: 2005, 73)

Déanann Ó Háinle plé ar an gceist seo chomh maith agus léiríonn sé an dearcadh a bhí coitianta i measc na gcainteoirí dúchais: "Theastaigh uathu sin tréithe a gcanúna féin a léiriú ina gcuid scríbhneoireachta gan buíochas d'aon chaighdeán eile" (Ó Háinle: 1994, 764). Ach is léir go gcreideann Ó Háinle nach ndearna an caighdeán riamh aon dochar don teanga liteartha nó nár chuir sé d'iallach ar scríbhneoirí a gcanúintí a thréigean ina n-iomláine:

Ní chuireann an caighdeán toirmeasc ar cheartfhoirmeacha neamhchaighdeánacha a úsáid, agus tá scríbhneoirí tar éis teacht ar an bhfód, i réimsí na litríochta cruthaithí is fíorasáí, an léinn, an chriticis agus na hiriseoireachta, atá sásta géilleadh don chaighdeán den chuid is mó, ach a úsaideann foirmeacha canúnacha nuair a bhraitheann siad gur ghá sin, agus a bhfuil ag éirí leo Gaeilge chumasach chuanna a scríobh atá chomh haibí agus chomh sofaisticiúil leis an nGaeilge is fearr dár scríobhadh riamh. (ibid., 793)

Ní raibh aon leisce ar Ó Rinn a chuid argóintí agus moltaí féin a chur in iúl maidir le ceist seo an chanúnachais bíodh is nach mbíodh sé i gcónaí ar aon tuairim le laochra móra na hAthbheochana. Maidir leis an gceist mhór sin a bhíodh á síor-phlé ag an am maidir le 'caint na ndaoine' agus 'caint na litríochta', bhí a chuid tuairimí féin le

nochtadh ag Ó Rinn ar an ábhar. Is dócha gur féidir a rá go raibh sé in ann plé leis an dá thaobh go hoibiachtúil. Bhí ‘aigne oscailte’ aige agus thuig sé an dá thaobh. Thuig sé an Dr. de Hindeberg a bhí claonta i dtreo theanga na litríochta. Thuig sé tuairimíocht an Athar Peadar a thug tacaíocht don smaoineamh gurbh í gnáthchaint na ndaoine ba thábhachtaí. Níor aontaigh sé go huile is go hiomlán le ceachtar acu, áfach. Mar gheall ar de Hindeberg, “Déarfad an méid seo: ní féidir dúinn go brách an abha mhór san atá imithe i ndisc orainn d’athchruithniú fé mar ab áil leis an Dr. de Hindeberg agus lena lucht leanúna do dhéanamh” (*The Star*, 18 Eanáir 1930). Níor aontaigh sé leis an gCorcarach ná lena thuairimse ach oiread nuair a dúirt seisean: “gur rud naofa nach ceart aon athrú dá laghad do dhéanamh air choíche aon fhoirm nó traidisún da ársa ...” (*An Glór*, 7 Samhain 1942). Dár ndóigh bhíodh a mhalairt de scéal á mholadh ag Ó Rinn nuair a mholadh seisean na seanscéalta a shimplíú. Ceann de na saothair ba mhinice a mhol sé i leith na hoibre seo ab ea *Betha Cholumcille* mar dúirt sé go mba leabhar simplí agus so-thuigthe é, “má buailtear amach aisti an beagán d’fhuirmeacha ársa atá inti agus litriú na haimsire seo a chur air” (*United Irishman*, 20 Bealtaine 1933).

Ag tagairt arís do lucht leanúna an Athar Peadair, dúirt sé gur “cheapadar ‘aigne Ghaelach’ narbh fhéidir aon ní do chur isteach inti ach ráite go raibh seandaoine na Gaeltachta bréan díobh, aigne do stad de bheith ag fás i bhfad sarar cuireadh an chéad bhriste uirthi” (*United Ireland*, 19 Eanáir 1935). Mar gheall ar an Athair Peadar féin, cháin Ó Rinn é mar nár ghlac sé mórán ón tseanlitríocht ina chuid scríbhneoireachta (*United Ireland*, 12 Eanáir 1935) ach, mar sin féin, thug sé aitheantas dá iarrachtaí ó thaobh na hathbheochana de leis an ráiteas: “Is treise ar an maitheas ná ar an ndíobháil a dhein sé” (*United Ireland*, 26 Eanáir 1935).

Is éard a theastaigh ó Liam Ó Rinn ná canúint shimplí amháin a shaothrú a bheadh ag tarraingt ón dá thraidisiún – an chaint agus an litríocht – agus a bheadh ag tarraingt ó gach canúint: “Ní theastaíon fíor-chanúnachas ó éinne againn ... Ach déarfinn gur cheart lán-úsáid a dhéanamh de gach chanúint atá againn” (*United Irishman*, 19 Bealtaine 1923). Is amhlaidh gur léirigh Seán Ó Ríordáin an tréith seo, dar le Seán Ó Mórdha: “Níor leor le Seán Ó Ríordáin an Ghaeilge a fuair sé ó dhúchas, níor leor leis an Ghaeilge a chleacht sé i nDún Chaoin, níor leor leis Gaeilge na leabhar. Bhí air cur leo seo ar fad agus a mhúnla féin a chruthú” (in Ó hAnluain: 1980, 17).

Scríobh Ó Rinn go rialta mar gheall ar thrí mhór-rud ba ghá, dar leis, chun an teanga labhartha agus scríofa a fhorbairt: (a) an litriú a shimpliú; (b) an téarmaíocht a chur ar bun; (c) an fhoclóireacht a shaothrú. Sa bhliain 1923 bhí sraith alt aige sa nuachtán *United Irishman* ag plé leis an litriú agus leis an bhfuaimniú. Thug sé liosta de na moltaí a bhí aige chun an litriú a chur in oiriúint don ‘chanúint’ a bhí uaidh agus is amhlaidh gur bheag nár chruthaigh sé córas iomlán litrithe sna hait seo a foilsíodh idir mí Feabhra agus mí Bealtaine 1923. Is iad na príomh-mholtaí a bhí aige ná:

1. Litriú a thabharfadh a ceart féin do gach príomhchanúint;
2. Litriú a bheadh ar aon dul amháin ar fud na tíre;
3. Litriú a thabharfadh don tseandacht (préamhacha, focaleolaíocht) oiread dá cheart agus ab’ fhéidir;
4. Litriú a thabharfadh don Ghalldacht canúint fé leith a dhéanamh;
5. Litriú a choimeádfadh “cnamharlach” na bhfocal.

(*United Irishman*, 15 Feabhra 1923)

Sa bhliain 1929 scríobh sé cúpla alt, bunaithe ar an gceist seo, mar thoradh ar eolas a bhailigh sé maidir le cúrsaí teanga san Afraic Theas. Mhínigh sé conas mar a bunaíodh Acadamh sa tír sin agus mar thoradh ar mholtaí an Acadaimh sa bhliain 1925 gur ritheadh bille ag Rialtas na tíre sin inar ghlac siad go hoifigiúil le teanga nua (an Aifriceánais). Teanga í seo a raibh a fréamhacha bunaithe ar sheanteanga liteartha na tíre sin (an Olóntais) ach amháin go raibh simpliú déanta ar an tseanteanga. Rinne Ó Rinn machnamh ar na cúrsaí seo i gcomhthéacs na Gaeilge agus ar an ábhar sin chreid sé gur rud inmholta é Acadamh Gaeilge a bhunú chun plé le saothrú na Gaeilge agus chun í a chaighdeánú: “Mara mbeidh standard againn is fíor éinní amháin agus is bréag gach ní eile, eadhon, go mbeidh Gaedhilg, no Eireannais, againn ar ball ná haithneodh a máthair féin í” (*The Star*, 5 Eanáir 1929).

Moladh eile a bhíodh aige ab ea Coiste Téarmaíochta a chur ar bun chun téarmaí a shaothrú a bheadh in oiriúint do riachtanais na teanga nua-aimseartha. Bhí an saol ag athrú agus dar leis ní bheadh fás ar an teanga gan téarmaí nua a chumadh (*The Freeman’s Journal*, 19 Meitheamh 1924). Mar shampla, cheap Ó Rinn nach raibh dóthain téarmaíochta teicniúla ann chun plé le cúrsaí an tsaoil (*The Freeman’s*



*Journal*, 30 Deireadh Fómhair 1923). Sheachain scríbhneoirí ábhair áirithe a phlé de bharr easpa téarmaíochta, dar leis, agus fiú nuair a ceapadh téarmaí bhí siad chomh doiléir sin nár thuig éinne iad. Bunaíodh An Coiste Téarmaíochta sa bhliain 1928 ach shíl Ó Rinn gur míbhuntáiste é go raibh an traslitriú á sheachaint ag an gCoiste mar straitéis Ghaelaithe. Cháin sé ‘an phúraisteachas’ a chuir cosc le fás na litríochta, dar leis, agus cháin sé nár glacadh le focal iasachta “nuair is eol dúinn go maith gurb é an rud ceart nádúrtha é agus gurb e do dhéanfadh Céitinn no Tadhg Ó Cianáin sa chás chéanna” (*The Star*, 3 Bealtaine 1930). Chuir Ó Rinn a mhíshásamh le claonadh seo an Choiste cloí le fealsúnacht ‘an phúraisteachais’ in alt inar phléigh sé an leabhrán dá gcuid, *Téarmaí Gramadaighe agus Litríochta*:

Tá Coiste na dTéarmaí tar éis sacraifís d’ofráil don dia nua mar is léir ón leabhrán “Téarmaí Gramadaighe is Litríochta” dfoillsigh lucht Oifig an tSoláthair le déanaí. Is trua liom an coiste sin. Is deacair dóibh obair fhóna do dhéanamh agus madraí an phúraisteachais ag amhastraigh go fíochmhar lasmuich den dorus. Caithfear na madraí sin do shásamh agus chuige sin do bhailigh an coiste a lán cnámha seana-Ghaedhilge le chéile agus do chaitheadar chúcha iad. Tá súil agam go mbaileoid a bhfuil de chnámha den tsórt san ann agus ansan faid a bheidh na madraí ag brise a bhfiacal ortha, féadfaidh daoine ciallmhara tosnú ar cheist na dtéarmaí do réitheach ar a socracht. (ibid.)

Mar a deir O’Leary maidir leis an gcoiste seo:

Throughout, it was guided by what we may call a nativist methodology, stressing that compound words be made from words already in the language; that compound words be formed by joining prefixes and suffixes to existing words; that foreign words brought into Irish be Gaelicised; and that words be revived from Old and Middle Irish, with their meanings adjusted if necessary. (O’Leary: 2004, 176)

An tsimplíocht de shíor a bhí riachtanach agus ba léir arís nár aontaigh Ó Rinn riamh le haon bhuíon a d’imigh thar fóir lena gcuid tuairimíochta. Is minic a cháin sé na ‘piúraistí’, mar a thug sé orthu, agus ba ghráin leis a chloisint “that none but the native

speaker of a language can write in that language” (*The Leader*, 13 Meán Fómhair 1941). Arís feictear an dlúthchreideamh a bhí aige go raibh saothrú na teanga i lámha an fhoghlaimora.

Ach cé gur ghráin leis dream na n-íonghlantóirí, bhí a nósanna sainiúla féin aige maidir leis an teanga. D’fhoilsigh sé liosta de na nósanna teanga ba mhó ba bhreá leis féin a sheachaint. Mhol sé gach seanfhocal a chur i bhfolach; scríbhneoireacht le fo-CHANÚNACHAS a sheachaint; ‘clichés’ a sheachaint srl (*The Leader*, 6 Nollaig 1941). Bhí moladh aige don Ghúm ina dtaobh chomh maith nuair a thug sé comhairle dóibh “liosta a dhéanamh de na clichés ba choitinne trí na príomh-CHANÚINTÍ agus a iarraidh ar na scríbhneoirí gan iad a úsáid ach go fíor-annamh” (*United Ireland*, 13 Aibreán 1935). Maidir leis na *clichés*, bhí se de dhánaíocht aige fiú Ó Cadhain a cháineadh dá mbarr (*United Ireland*, 6 Aibreán 1935).

Ní raibh Ó Rinn ina aonar maidir lena mhíshástacht leis an drochnós seo a thug sé faoi deara i scríbhneoireacht na Gaeilge. Ghoill cleachtadh na gcoraí cainte ar Ó Ríordáin chomh maith agus cuireann seisean an milleán ar an Athair Peadar Ó Laoghaire mar gheall ar thús a chur ‘leis an ngalar so’. Deir sé go bhfuil “mímhacántacht ag baint leis an ealaín seo na nathanna” (Ó Ríordáin: 1979, 19). Mar an gcéanna le Niall Ó Domhnaill a raibh an méid seo le rá aige maidir le cainteoirí dúchais agus na nathanna cainte: “Níor chuir siad os a gcomhair an teanga Ghaeilge a lúbadh nó a aclú, an ciotachas nó an tuatachas nó an nathán spíonta a bhaint aisti, an focal filiúnta a dhealú ón fhocal lábáin, nó an abairt ghlan dhíreach a chur in ionad an chor chainte nach bhfuil ann ach an Béarlagar agus an easpa stíle” (Ó Domhnaill: 1951, 13).

Ar an iomlán, áfach, ní raibh Ó Rinn ina dheachtóir ná ina ‘fhanaiceach’ i dtaobh na dtuairimí a bhí aige féin. Fear séimh, cineálta nach raibh sé de chuspóir aige a chreideamh féin a bhrú ar éinne. Is suntasach an moladh a bhí aige, áfach, sa bhliain 1929 nuair a thug sé le fios gur cheap sé go raibh deachtóir uainn: “Ábhar achrainn eadrainn fé láthair is ea an leitríú, na leitreacha agus na canúintí” (*The Star*, 12 Eanáir 1929). Mar sin, “In aon fhocal amháin teastuion treoraí agus treorú uainn ní hea ach dictatóir a mbeidh meas againn air agus urraim againn dó” (ibid.)

Ó thaobh an fhoclóra de bhí moltaí go leor ag Ó Rinn. Ba rí-riachtanach, dar leis, foclóir nua a chumadh a bheadh oiriúnach d'athruithe an tsaoil agus don chaoi ina mbeadh an teanga in ann plé leis na hathruithe seo. Ba ghá dar leis grúpa a bhailiú le chéile uair nó dhó sa mhí – liostaí a dhéanamh, focail a scrúdú agus comh-oibriú a bheith ar siúl eatarthu. Obair éachtach a bhí ann nach féidir le haon duine amháin plé leis. Ach, ní raibh dóthain tacaíochta aige maidir leis an scéim seo. Mar a dúirt sé: “Is guh san bhfásach me á iarraig in achuiníochta ar na comhachta foclóir fóna Bearla is Gaelge a thúirt dúinn” (*Young Ireland*, 4 Samhain 1922).

Foilsíodh cúpla foclóir ag an am agus scríobh Ó Rinn tuairisc orthu ó am go chéile. Ach, ní féidir a rá gur léirmheas a bhí i gceist aige, ach moltaí faoin saghas saothair a bhí ag teastáil sa Ghaeilge. Thug sé tuairisc ar an mbailiúchán focal *Réilthíni Óir* leis an Athair Seoirse Mac Clúin, a foilsíodh ina dhá chuid sa bhliain 1922. Thuig sé tábhacht saothair den chineál seo chun saibhreas canúna a léiriú:

Dá ndintí san le gach canúint Ghaedhilge in Éirinn do bheadh fios na firinne againn i dtaov cor na teangan, mar theangain, agus is dó liom go gcuirfadh sé dere go deo leis an gclaona atá ina lán againn chun Gaedhilge suimetricéalta Chéitinn. Go deimhin is fearr go mór agus is oiriúnaí don tsaol atá ann, an Ghaedhilg a labhartar ná Gaedhilg Chéitinn.

(*Young Ireland*, 12 Lúnasa 1922)

Bhí foclóir Gaeilge-Béarla an Duinnínigh fós ar an bhfód agus sa bhliain 1936 bhí foclóir an Athar Liam Mac Cionnaith díreach foilsithe. Ach, fós ní raibh ceist an fhoclóra réitithe. Bhí foclóir á éileamh a bheadh i nGaeilge amháin: “Go dtí so tá gach focal Gaedhilge á mhíniú do réir an Bhéarla againn ... rud ná deineann tairbhe ar bith ar an modh caol díreach don Ghaelig” (*United Ireland*, 7 Márta 1936). Chomh maith leis sin ní raibh Ó Rinn sásta le foclóir Mhic Cionnaith: “... ach bfearr i bhfad níos mó den chaint uasail ghonta bheith sa leabhar agus i bhfad níos lugha de sna tiomchainteanna.” Chreid Ó Rinn go raibh cabhair ar fáil ag scoláirí a bhí ag plé cúrsaí foclóra i gcorpas na seanleabhar: “Níor mhór dóibh na seana-leabhair uile do scríobhadh le cúig céad bliain do chíoradh go maith” (ibid.). Mar sin, maidir leis an ngné seo de shaothrú na Gaeilge, ba léir go raibh obair mhór fós le déanamh.

Na cúrsaí seo go léir a bhíodh á bplé ag Ó Rinn, ba chúrsaí iad a bhain le pleanáil chorpais agus leis na ceistanna móra a bheadh le réiteach sula bhféadfaí tabhairt faoin teanga a shaothrú i ndáiríre. Ach bhí go leor moltaí, straitéisí agus scéimeanna spreagúla eile ag an bhfear seo chun daoine a mhúscailt agus a ghriósadh chun foghlama, chun cainte agus chun tabhairt faoin scríbhneoireacht.

Bhí an-urraim aige d'ealaín na drámaíochta agus chreid sé go bhféadfadh cumainn drámaíochta cabhrú go mór leis an nGaeilge a leathadh ar fud na tíre. Scríobh sé sraith d'ailt sa nuachtán *The Freeman's Journal* sna blianta 1923 agus 1924 inar chuir sé in iúl a chuid smaointe maidir le tábhacht na drámaíochta i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge. Ós rud é gur lucht 'cainte' iad muintir na hÉireann mhol Ó Rinn drámaí a chur os comhair na ndaoine. Ach, theastaigh uaidh na drámaí a thabhairt chuig an tuath chun meon cathardha a mhúscailt sa mhuintir siúd agus ba mhian leis chomh maith go mbeadh níos mó den ghreann ná den bhrón sna drámaí óir go raibh sult agus sonas ó mhuintir na hÉireann ag an am.

Maidir le cúrsaí drámaíochta, ní raibh aon traidisiún drámaíochta stáitse sa Ghaeilge roimh 1900 (Ó Súilleabháin: 1998, 154). Bunaíodh 'Na hAisteoirí' sa bhliain 1912 ag baill de Chonradh na Gaeilge, agus an Béaslaíoch mar theagascóir na foirme ach ní mar ealaín stáitse a cuireadh an bhéim ag an ngrúpa seo ach mar ghléas bolscaireachta (Ó Siadhail: 2007, 210). Ina dhiaidh sin, bunaíodh an Comhar Drámaíochta sa bhliain 1923, eagraíocht a bhí neamhspleách ar Chonradh na Gaeilge. Ina phlé ar cheist na drámaíochta sa Ghaeilge ag an am sin, léiríonn Pádraig Ó Siadhail cuspóirí an Chomhair:

San am, leagadh amach cuspóirí dúshlánacha don eagraíocht nuasheolta: gluaiseacht drámaíochta a chur ar siúl ar fud na hÉireann agus iad siúd ar spéis leo drámaí a shnaidhmeadh le chéile i dtreo gur fearde a d'éireodh leo obair na drámaíochta a chur chun cinn. (Ó Siadhail: 2007, 629)

In alt, (*The Freeman's Journal*, 14 Aibreán 1924), rinne Ó Rinn cur síos ar chruinniú a bhí ag an gComhar Drámaíochta ar an 12 Aibreán 1924. Chuir lucht an chruinnithe in iúl go raibh trí ní uathu:

1. Sábháil na Gaeilge sa Ghaeltacht agus í a dhaingniú sa Ghalltacht;
2. Cultúr agus litríocht a thabhairt do na daoine;
3. Scríbhneoirí a spreagadh chun dea-litríocht a shaothrú.

Ba chúis áthais do Ó Rinn an méid sin a chloisint mar cheap sé gur chuir na cuspóirí seo in iúl go raibh an Ghaeilge, faoi dheireadh, le bheith mar chuid de shaol laethúil na ndaoine. Ach, mar a léirigh Ó Siadhail, bhí go leor fadhbanna ag an gComhar thar na blianta agus níor éirigh leis an mbuíon seo na cuspóirí seo a bhaint amach:

Más frontar neamhspleách ba ea an Comhar, feachtas fabhtach ciotach a bhí ann in an-chuid slite. Tar éis fiche bliain nach mór ní raibh an chuid is mó de na bunfhadhbanna socair ag an eagraíocht. Ní raibh amharclann dá gcuid féin acu; ní raibh foireann lánaimseartha phroifisiúnta ann; ba dheacair fós pobal na Gaeilge a mhealladh isteach chuig na léirithe, is ní raibh aon mhór-dhrámadóir aimsithe nó cothaithe ag an Chomhar. Ach den chéad uair féachadh le drámaíocht na Gaeilge a ghlacadh as lámh mar ealaín ar leith nár bhain go bunúsach le cúrsaí bolscaireachta.

(Ó Siadhail: 1993, 79)

Chomh maith leis sin, de bharr chúrsaí airgid níor éirigh leo an drámaíocht a chothú sa Ghaeltacht, mar a mhol Ó Rinn. Fuair an Comhar Drámaíochta deontas airgid sa bhliain 1924 ach bhí coinníoll ag baint leis: “gan bacaint le h-aon obair drámaíochta taobh amuích de Bhaile Átha Cliath” (ibid., 64). Mar sin féin, deirtear gur “tháinig feabhas ar scéal na drámaíochta le hathbhunú an Oireachtais i 1939” (Williams agus Ní Mhuiríosa: 1979, 377), agus faoin am a fuair Liam Ó Rinn bás bhí an Comhar Drámaíochta ag feidhmiú mar chuid d’Amharclann na Mainistreach.

Taobh leis sin mhol Ó Rinn coirmeacha ceoil mar bhealach le fuaimeanna na teanga a shaothrú agus mhol sé fiú Vaudeville Gaelach a sholáthar agus comhráite agus amhráin ghrinn a chumadh. Mhol sé chomh maith ‘Na Reviúnna’ Francacha a fhiosrú chun tuilleadh eolais a bhailiú maidir leis an ealaín seo. Bhí an moladh céanna le tabhairt ag Gearóid Ó Lochlainn maidir le forbairt teanga:

Is mór an trua nach leantar de bheith ag ceapadh ceoldrámaí i nGaeilge, go háirithe anois ó tá i bhfad níos mó amhránaithe ábalta oilte le fáil i measc lucht labhartha na Gaeilge, ná mar bhí cheana, agus ceolchumadóirí freisin. (Ó Lochlainn: 1966, 47)

Scéim eile a bhí gar do chroí Uí Rinn ab ea scéim an Fháinne. Bhí sé ina rúnaí ag an gcoiste a cuireadh ar bun sa bhliain 1916 chun an Fáinne a thabhairt isteach. Bhí liosta de rialacha leagtha amach ag an gcoiste seo chun a dheimhniú go mbeadh tairbhe le baint as an scéim seo agus bhí dóchas acu go gcabhródh an scéim seo leis an mian a bhí acu muintir na hÉireann a ghríosadh chun an teanga a labhairt. Sa bhliain 1924 scríobh sé faoi thábhacht an Fháinne:

Bhí an coga mór tréis stop a chur nach mor ar fad le labhairt na Gaelge sa Ghalldacht agus ba léir dá lán againn nárbh fhada go mbeadh deire leis an ngluaiseacht mara gcuirtí cosc leis an droch-nós a bhí tréis sleamhnú isteach. An Fáinne an uirlis a ceapadh chuige sin agus dhin sé ní hamháin an t-olc do leigheas ach ba mhór an chabhair é chun daoine do ghríosú chun teanga ár sinsear do labhairt.

(*The Freeman's Journal*, 28 Meitheamh 1924)

Bhí ardspeis ag Ó Rinn i bhfoghlaím teangacha le cabhair na háise, 'Linguaphone'. Bhain sé úsáid as an áis seo é féin agus é i mbun teangacha iasachta a fhoghlaim, mar an Ghearmáinis, an Fhraincis, an Spáinnis. Thug sé le fios nach raibh sé róshásta leis an gcóras fuaimeanna ó thaobh na Gaeilge de mar a rinneadh amach iad ag muintir Linguaphone (*The Freeman's Journal*, 4 Meán Fómhair 1924) agus chuir sé cúpla moladh ina dtreo chun feabhas a chur ar an ábhar (*The Freeman*, 13 Deireadh Fómhair 1928).

Rinne Ó Rinn moltaí suntasacha eile maidir le saothrú na Gaeilge. Ar an gcéad dul síos mhol sé an Ghaeilge a bheith mar theanga phaidreoireachta arís agus taithí a bheith ag an ngnáthdhuine an Ghaeilge a úsáid agus a chloisteáil go rialta i ngnáthghníomhaíochtaí an lae. Maraon leis sin, mhol sé cleamhnais a eagrú idir Gaeilgeoirí sa Ghalltacht (*The Freeman's Journal*, 21 Lúnasa 1924). Theastaigh uaidh tuilleadh airgid a bheith á chaitheamh ar an nGaeilge agus airgead a chur ar fáil do

mhuintir na Gaeltachta ionas nach bhfágfaidís í ar thóir na fostaíochta. Scéim inmholta ab ea múinteoirí ón nGaeltacht a fhostú agus iad a sheoladh chuig an nGalltacht ag obair. Mar aon leis sin thuig sé tábhacht an teagaisc trí Ghaeilge. Ceann de na moltaí ba shuntasáí a bhí aige ab ea liosta a fhoilsiú ag nochtadh ainmneacha na nuachtán ag an am sin nach mbíodh aon Ghaeilge á foilsiú acu. Chreid sé féin go mbeadh tionchar ag a leithéid de ‘Phropaganda’ ar chomhlachtaí áirithe: “The publication of this information would ‘flutter the dove-cots’ and probably some of the newspaper proprietors would ‘think better of it’, and make overtures for the removal of their names from the ‘black list’” (*An Claidheamh Soluis*, 8 Aibreán 1916).

Cé go raibh raidhse de mholtaí ag Ó Rinn chun cabhrú le daoine a raibh suim acu i saothrú na Gaeilge a gcuid cuspóirí a chur i ngníomh, caithfear a rá go raibh a dhóthain de ghearáin aige chomh maith. Ní raibh aon leisce air cáineadh a dhéanamh agus an fhirinne ghlan a insint chun a mhíshástacht a chur in iúl. Bhí go leor nithe a ghoill air agus a shíl sé a chuir teorainn le hathbheochan na Gaeilge. Ba chúrsaí iad seo a raibh réiteach orthu, dar leis, ach iad a aithint. Bhí sé mí-chompordach leis an meon Gall-Ghaelach a bhí, dar leis, i réim sa tréimhse in Éirinn díreach tar éis bhunú an stáit. Bhí díomá air go raibh an Ghaeilge faoi scáth an Bhéarla fiú sa Ghaeltacht. Chuir sé an locht ar na polaiteoirí go minic mar cheap sé nach raibh a ndóthain á dhéanamh acu maidir le cúrsaí teanga. D’aithin Ó Rinn an tuiscint a bhí ann go raibh gá leis an nGaeilge fad is a bhíomar gan saoirse ach, chomh luath is a d’éirigh linn saoirse a bhaint amach, nach raibh gá ag lucht polaitíochta leis an ‘gcrann taca’ seo a thuilleadh. Bhí an Béarla á dhaingniú dá bhrí sin, dar leis, ag an dream a bhí i gceannas. Dúirt sé go raibh muintir Oireachtas na hÉireann gallda, nach raibh an Ghaeilge ag mórán acu agus nach raibh iontu ach ‘slívíní’ nach raibh suim acu sa teanga. (*Young Ireland*, 16 Nollaig 1922).

Ba mhian leis an Ghaeilge a bheith in úsáid ag na Teachtaí Dála i ngnáth-dhíospóireachtaí an lae, chun a thaispeáint go raibh siad dáiríre i dtaobh na teanga: “Nár bhreagh an phoblacht a bheadh againn agus an Ghaedhilg marbh!” (*United Irishman*, 11 Meitheamh 1932) Ní raibh dea-shampla á thabhairt ag na polaiteoirí do mhuintir na tíre agus ba chúis náire é sin, dar leis. Chreid sé go raibh sé d’iallach ar an rialtas agus ar na húdaráis a ndícheall a dhéanamh gach scéal a réiteach. Ó thaobh lucht an rialtais de, mar sin de, níor thaispeáin Ó Rinn go raibh mórán iontaobhe aige

astu i dtaobh na Gaeilge: “Idir Dháil is Seanad beidh Oireachtas Ereann nách mór cho Gallda le páirlimint Ghratain is baolach” (*Young Ireland*, 16 Nollaig 1922). Sa bhliain 1932 chuir sé isteach air nár tugadh fiú óráid amháin sa Ghaeilge ó tosaíodh ar obair na Dála: “An seana-scéal i gcomhnaí – dearmhadtar an Ghaedhilg nuair a bhíonn ceisteanna móra á bpléidhe” (*United Irishman*, 21 Bealtaine 1932). Bhí sé ar mire ag deireadh na bliana seo arís agus é ag tagairt do Theachta Dála (nár ainmnigh sé) a mhaslaigh an teanga: “Ní fheadar a bhfuighfí in aon tír eile san Eoraip fear go mbeadh sé de dhánaidheacht ann a rádh go ndeineann sé díobháil do leanbh eolas do chur ar theangain a thíre” (*United Irishman*, 19 Samhain 1932). Sa bhliain 1936 ghabh sé céim níos faide ar aghaidh nuair a chomhairligh sé gan ligint d’éinne bheith ina ábhar Teachta Dála gan an Ghaeilge a bheith go maith aige (*United Irishman*, 22 Feabhra 1936).

Is léir nár choimeád Ó Rinn faoi cheilt an díomá a bhí air i dtaobh stádas na Gaeilge faoi rialtas an tSaorstáit. Sular bunaíodh an saorstát bhí an chaint maidir le hathbheochan na teanga bríomhar, dóchasach agus uaireanta achranach ach tamall gearr ina dhiaidh sin bhí Ó Rinn den tuairim nach raibh sa chaint sin ach ‘cur i gcéill’ agus nach raibh ar siúl ag oifigigh an Rialtais i dtaobh na Gaeilge ach béalchráifeacht. Bhí sé den tuiscint nach raibh siad toilteanach bheith gníomhach i dtaobh na teanga agus go raibh sé i bhfad níos éasca an milleán a chur ar dhaoine, ar fheachtais nó ar institiúidí eile in ionad bheith freagrach as na deacrachtaí iad féin. Tá sé suntasach go raibh Ó Rinn ag obair don Rialtas é féin mar aistritheoir agus an-mheas ag daoine air mar gheall ar an obair a bhí idir lámha aige sa réimse sin.

Sa bhliain 1924, léirigh Pádraic Ó Conaire an díomá céanna i dtaobh an Rialtais a léirigh Ó Rinn agus cúrsaí teanga mar chúram acu:

Déarfáir linn go bhfuil dream polaitíochta sa tír atá ullamh agus lántoilteanach breith ar an halmadóir agus long an stáit a ghabháil aimsir na stoirme atá romhainn amach fós. Is eol dúinn sin, ach an bhfuil deimhniú ar bith againn go bhfaighe ár dteanga cothrom na Féinne uathu sin ach an oiread leis an dream a chlis orainn agus leis an gcúis is ansa lenár gcroí? Tá, tá na geallúintí againn cinnte. Bhí na geallúintí céanna againn ón dream ata istigh inniu, ach is sular ghlacadar oifig agus



cumhacht stáit a thugadar na geallúintí sin uathu ... tá páipéar oifigiúil agam leo ar a bhfuil *Éire – The Irish Nation*, agus níl an oiread Gaeilge ann is ata ar acht a chuirfí os comhair Dháil an tSaorstáit. *Éire – The Irish Nation*, gan focal Gaeilge. Cén mhaith dom focal eile a rá faoin taobh sin den scéal? (in Denvir: 1978, 210)

Agus é ag trácht ar pholasáí an stáit sa tréimhse sin aithníonn Gearóid Ó Tuathaigh an t-ábhar díomá a bhí ag Ó Rinn agus Ó Conaire maidir le ‘cur i gcéill’ an Rialtais ó thaobh chúrsaí teanga de:

The ritual symbolic use of Irish by politicians was frequently so limited that it seemed no more than tokenism, and the degree of real penetration of Irish in the apparatus of the state continued to disappoint. Crucially, the evidence was unmistakable that insisting on ‘competence’ in Irish for entry to the public service did not guarantee increased use of Irish in the actual services being supplied to the public. (Ó Tuathaigh: 2008, 30-31)

Tháinig Ó Rinn anuas ar ghrúpa eile agus é ag scríobh mar gheall ar an éagóir a bhí déanta acu ar an nGaeilge ag an am – na foilsitheoirí. Chreid sé nach raibh iontu ach fir ghnó gan suim acu i saothrú na teanga ach i saothrú an airgid:

Is eagal liom go bhfuil na foilsitheoirí cho santach agus cho gearradharcach le heinne desna hucstaerí gnótha ná cuirfidh airgead in éinní maran léir dóibh profid ar dúbailt ar sodar tharnais chuca láithreach bonn baill. Ba chóir dóibh anois, dar liom, na scríbhneoirí is fearr do chur ag obair ag aistriú is ag ceapa scéal. (*The Freeman’s Journal*, 2 Nollaig 1924)

Eagras eile nár tháinig slán ó lochtú ab ea An Gúm. Bunaíodh An Gúm sa bhliain 1926 agus deir Ó Rinn “ná fuil sa Ghúm ach iarracht ar chabhrú le scríbhneoirí Gaedhilge sa tslí cheadna ina raibh Coiste an Oireachtais ag iarraidh é dhéanamh ar feadh tamaill” (*United Irishman*, 6 Lúnasa 1932). Is éard a bhí ann ná “scéim a raibh de chuspóir aige leabhair Ghaeilge de gach chineál a chur ar fáil” (Williams agus Ní Mhuiríosa: 1979, 351). D’oibrigh An Gúm faoi stiúir na Roinne Oideachais agus is iomaí locht a fuarthas air ó bunaíodh é. Cháin daoine áirithe é mar go raibh an

iomarca aistriúchán á dhéanamh ann; bhí daoine eile míshásta faoi chaighdeán na hoibre agus go raibh béim ar théacsanna scoile a fhoilsiú; bhí daoine eile mí-shásta mar nach raibh deis ag scríbhneoirí saothair bhunaidh a scríobh. Ina measc siúd bhí scríbhneoirí mar Mháirtín Ó Cadhain, Seosamh Mac Grianna, Séamus Ó Grianna, Peadar Mac Fhionnlaoich agus Liam Ó Rinn féin.

Cé nach raibh gach éinne sásta le gach rud a bhí ar siúl ag an nGúm agus cé go raibh an-chuid cainte ann maidir le lochtanna na heagraíochta seo, bhí Ó Rinn in ann an dá thrá a fhreastal agus idir bhuanna agus fhadhbanna a aithint. Thuig sé na deacrachtaí a bhí ann do gach eagraíocht a bhí ag obair ar son an stáit. Cháin sé cuid de na socruithe a rinneadh ach mar sin féin ba léir dó go raibh srianta ann a chuir cosc ar eagraíochtaí polasaithe áirithe a chur i gcrích. Léirítear an tuiscint seo a bhí ag Ó Rinn ar shrianta an Ghúim sa tagairt a rinne sé d'aiste a scríobh Donn Piatt mar gheall ar an Raibiléiseachas i leabhair an Ghúim:

Ní cheadódh lucht an Ghúim aon Rabelaisianism do chur isteach i leabhraibh, ach an bhfuil sé féarálta a iarraidh orrha san rud a dhéanamh ná déanfadh aon fhoillsitheoirí eile in Eirinn ... Stát-sheirbhísigh iseadh lucht an Ghúim agus is iad muintir an tSaorstáit a thugann an t-airgead dóibh i gcóir obair an Ghúim. Dá ndeiridís rud éigin do bhainfeadh geit as bean riaghalta ní bhéadh cead acu oiread agus focal do radh go raibh dá gcosaint féin. (*United Irishman*, 6 Lúnasa 1932)

Mar sin féin ba léir an frustrachas a mhothaigh Ó Rinn agus a chomhghleacaithe agus iad ag saothrú don chomhlacht seo. Bhí díomá orthu maidir le caighdeán na leabhar a bhí á n-aistriú; ba chúis díomá dóibh an méid leabhar scoile a bhí á bhfoilsiú; ba chúis ghearáin dóibh an tuarastal a bhí ar fáil don obair a rinne siad. Bhí tuiscint éigin ag Ó Rinn ar fhoinsé na bhfadhbanna agus an Saorstát díreach ar bun agus bhí a mholtaí féin aige dóibh chun plé le cuid de na ceisteanna seo:

1. Mhol sé aird a thabhairt ar dheacracht na hoibre agus ar fheabhas an aistriúcháin;
2. Cló-léitheoirí agus léitheoirí a fhostú;

3. Scríbhneoirí a fhostú mar bhreithimh orthu féin agus Cumann na Scríbhneoirí a chur ar bun arís;
4. Dlúth-chairdeas idir an scríbhneoir agus an t-eagarthóir;
5. Duaiseanna a bhronnadh ar son na hoibre.

(*United Irishman*, Lúnasa / Deireadh Fómhair 1932)

Bhí go leor deacrachtaí ag baint le cúrsaí foilseacháin agus, cé nach raibh an Gúm ag feidhmiú mar ba mhian leis na scríbhneoirí ná leis na léitheoirí uile, bhí tús curtha le leabhair Ghaeilge a chur ar fáil. Cé go raibh tuiscint ag Ó Rinn ar chuid de na deacrachtaí a nochtadh, chreid sé freisin nár leor a raibh á dhéanamh ag an nGúm agus níor thréig sé riamh an tuairim mhaslach a bhí aige ar fhoilsitheoirí a linne: “Níl aon ghrádh ag na foilsitheoirí don leitríocht ar a son féin. Ceannaithe iseadh iad agus siné an fáth gur earraí ceannaíochta furmhór na leabhar a foillsítear” (*United Irishman*, 27 Lúnasa 1932).

Ba chás leis chomh maith an easpa leabhar critice sa Ghaeilge:

an dá scrúdú is tábhachtaighe b’fhéidir dá bhfuil againn ar litríocht na Gaedhilge ... i mBéarla atáid! (Cuiream i gcás na leabhair a scríobh Domhnall Ó Corcora agus Aodh de Blácam ar litríocht Ghaedhilge. Déarfá gur cheart an dá leabhar san bheith in ár dteangain fein againn.

(*United Irishman*, 18 Meitheamh 1932)

Chomh maith leis sin bhí sé de locht ag foilsitheoirí, dar leis, nár chuir siad dóthain suime sa tseanlitríocht. Rinne Pádraic Ó Conaire plé ar an gceist chéanna sa bhliain 1922 agus b’ionann tuairimíocht Uí Rinn agus tuiscintí Uí Chonaire ar an ábhar. Ba chúis inní do Phádraic Ó Conaire an easpa leabhar a bhí ar fáil do léitheoirí na Gaeilge chomh maith agus i measc na moltaí a bhí aige chun an cheist seo a réiteach bhí scríbhneoirí a fhostú chun aistriúcháin a dhéanamh ar ár seanlitríocht. Chomhairligh sé: “ár seanlitríocht a chur i nGaeilge an lae inniu, agus mar sin de. Ar an gcaoi sin bheadh sé i gcumas duine a bheith oilte trína theanga féin amháin, agus go dtí go mbeidh sé ina chumas sin a dhéanamh beidh ísleacht ag baint leis an nGaeilge” (in Denvir: 1978, 179).

Ní raibh Conradh na Gaeilge féin gan locht dar le Ó Rinn cé go raibh go leor déanta ag an gConradh ar son na teanga. Is le Conradh na Gaeilge a shíolraigh, a d'fhorbair agus a tháinig bláth ar an ngaol idir Liam Ó Rinn agus an teanga Ghaeilge. Bhí sé dóchasach go n-éireodh leis an eagraíocht seo staid na teanga a fheabhsú agus í a fhréamhadh mar chomhartha neamhspleáchais na tíre. Ach, de réir a chéile tháinig fuaradh ar an ngaol seo idir é féin agus an Conradh maidir le hathbheochan na teanga.

Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893 agus bhí post faighte ag Ó Rinn ann faoin mbliain 1907. Bhí sé ina bhall den Chonradh sular fostaíodh ann é agus is ann a d'fhoghlaim sé an teanga sula raibh sé gníomhach in aon eagraíocht. Bhí cúram na teanga i gcónaí chun tosaigh aige agus d'oibrigh sé go crua laistigh den eagraíocht ar son na Gaeilge. Ach le himeacht na mblianta thuig Ó Rinn athruithe an ama. Chonaic sé an t-athrú saoil agus an dearcadh a bhí ann i leith na Gaeilge. D'aithin sé athruithe laistigh de Chonradh na Gaeilge agus an eagraíocht ag saothrú de réir srianta an ama.

Is mó atharú a chuaidh ar an gConnra...agus béidir gur mó atharú a raghaidh air fé mar a theastóidh ó am go ham chun é chur in oiriúint do gach fás a thiofadh fé obair na teanga náisiúnta d'ath-bheochaint agus d'ath-nuachaint. (*The Freeman's Journal*, 11 Samhain 1924)

Ag an am sin chreid sé fós go raibh tábhacht ar leith ag baint le Conradh na Gaeilge:

Isé brat Connra na Gaelge an t-aon bhrat amháin fé n-ar féidir lucht na Gaelge, atá chó scaipthe fé láthair de bharr polaitíochta do chruinniú le chéile ar ball nuair a bheidh grian na tuisgeana agus na fadaolaí ag lonnra is ag taitheamh go geal agus spéir na hintleachta saor o scamall dubha na ráiméise polaitíochta ata ár ndalla le fada. (ibid.)

Ach sa bhliain 1929 ní raibh sé chomh muiníneach sin go raibh an tionchar céanna ag an gConradh: “Cumann mór láidir ab ea Connra Gaedhilge tráth ach ní raibh sé láidir a dhóthin riamh chun a chur fiachaint ar lucht na Gaedhilge bheith ar aon fhocal agus ar aon ghníomh” (*The Star*, 12 Eanáir 1929). Chuir sé moladh chun tosaigh, mar sin, Acadamh a chur ar bun a mbeadh gach gné den teanga mar chúram air. Mhol sé “na daoine is mó léigheann is scoláireacht do thabhairt le chéile in acadamh anois ...

Toisc sinn do bheith scaipthe ar nós tréada gan aodhaire ní féidir dúinn leath ár nirt do chur san obair” (ibid.)

Faoin mbliain 1930 ba léir dó go raibh gnéithe eile den chultúr á gcur chun cinn ag an gConradh agus ní raibh sé sásta le Conradh na Gaeilge mar go raibh sé den tuairim nach raibh cúrsaí teanga i gcónaí mar phríomhchúram ann. Mhínigh sé go mbíodh rialacha nua agus scéimeanna nua á gceapadh ag an gConradh gach bliain: “ ... idir scéimeanna chun an sparán do líona agus scéimeanna chun an timthreacht do chur i bhfeabhas” (*The Star*, 19 Aibreán 1930). Rinne sé cur síos ar scéim a ceapadh do dhaoine a raibh suim acu i gcúrsaí rince: “Uaireanta, áfach, déarfá nár ghluaiseacht teangan é ach corraí cos” (ibid.). An Piúratánachas agus na rialacha flúirseacha ba mhó a chuir isteach air agus is le lúth na teanga a thug sé an cuntas seo mar gheall ar imeachtaí an Chonartha:

Do ghlac an Connra fé n-a sciatháin a lán gluaiseachtaí eile. Do thuit an tseana-chearc leis na sicíní go léir. Fé mar a bhíodar san ag dul i láidreacht bhí sí féin ag dul i laige. Thug Dia deich n-aitheanta dhúinn agus thug an Eaglais sé cinn dúinn ach d’fág Dia agus an Eaglais ár saor-thoil againn – ní raibh a bhac orainn na haitheanta do bhrise agus cur suas leis an bpíonós. Ach níorbh fholáir leis an gConnra dul ní ba shia ná Dia agus an Eaglais agus dá réir sin, tar éis roinnt aitheanta eile do cheapa dhúinn, do shocruigh sé ar ár saor-thoil do bhaint dinn. “Cóillíon na haitheanta so go léir no ní leighfear duit an Ghaedhilg dfoghluim.” Dearmhadadh an seanfhocal *errare est humanum*. Do cuireadh ar bun saghas creidimh nua agus Oilifeur Cromwell mar cheann do-fheicse uirthi! A Chromwell naofa, guidh orainn, i slí is ná géillfimid do chlainn Bhéelsebub, eadhon, Waltz, Fox-trot, Jazz, Soccer, Rugby, Guinness, Power, Sciorta Gearr, Beethoven, agus Suirghe ar an Staighre. (ibid.)

Thug Ó Rinn le fios sa chuntas seo nár aontaigh sé leis an dearcadh piúratánach seo i leith na Gaeilge, dearcadh a bhí mar ábhar plé ag Philip O’Leary chomh maith: “Many in the movement may have been troubled by the obsession with ‘national’ pastimes like sports or dancing, but outsiders, whether sympathetic or sceptical, were

more likely to be scandalised and even disgusted by the hatred of things ‘foreign’ that motivated that fixation...” (O’Leary: 2004, 53)

Bhí Ó Rinn féin gníomhach ar son na Gaeilge taobh amuigh den eagraíocht fad is a bhí sé fós ina bhall de Chonradh na Gaeilge. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí an Fháinne agus ina theannta sin bhí sé ar na daoine a mhol cumann a chur ar bun a thabharfadh tacaíocht do scríbhneoirí. Scríobh sé alt sa bhliain 1920 inar léirigh sé a mhianta ar an ábhar: “Mara mbeidh i dtionol na scríbhneoirí ach beirt, in ainm De, cuiridís tús ar an gCumann” (*The Irish Independent*, 26 Iúil 1920). Cuireadh tús le Cumann na Scríbhneoirí i Meán Fómhair na bliana céanna agus d’fháiltigh Ó Rinn go mór roimhe. D’imigh an Cumann i léig arís ach bhíodh Ó Rinn i gcónaí dóchasach agus díongbháilte agus bhí sé i measc na ndaoine a bhunaigh Cumann na Scríbhneoirí as an nua sa bhliain 1939 agus a bhí i láthair ag an gcéad chruinniú i Meitheamh na bliana sin. Tugann Proinsias Mac Aonghusa le fios gurbh í foilsitheoireacht na Gaeilge príomh-obair an chumainn úd. Mar a dúirt sé:

Conraitheoirí is mó a bhí páirteach i gCumann na Scríbhneoirí. Ach is eagrais neamhspleách a bhí ann a raibh beocht ar leith ag baint leis agus a thug misneach do scríbhneoirí óga agus a chuidigh sa deireadh le feabhas mór a chur ar chúrsaí foilsitheoireachta. (Mac Aonghusa: 1993, 276)

Ina plé ar Chumann na Scríbhneoirí cuireann Máirín Ní Mhuiríosa in iúl, áfach, nár chloígh an t-eagrais le dul chun cinn na foilsitheoireachta mar chúram ach go raibh suim acu i bhforbairt na scríbhneoireachta i gcoitinne: “Ní san fhoilsitheoireacht amháin a chuir Cumann na Scríbhneoirí suim. Bhí suim acu freisin i gComórtas Liteartha an Oireachtais” (Ní Mhuiríosa: 1981, 173). Is díol suime chomh maith, i gcomhthéacs tuiscintí Uí Rinn, an suimiú a dhéanann Ní Mhuiríosa i dtaobh obair an Chumainn, toisc gur scáthán ar bhunsmoite Uí Rinn ar ealaín na scríbhneoireachta atá i gceist:

... thuig baill uile an chumainn an dua a bhaineann le scríbhneoireacht; thuig siad gur ghá smaointe úra a sholáthar, modhanna nua a chleachtadh; thuig siad gur ghá deis foilsithe a bheith ag an scríbhneoir, go háirithe ag an scríbhneoir óg, agus thuig siad a riachtanaí a bhí sé léirmheastóireacht

chothrom eolach a chothú. Bhí inní agus beagáinín éadóchais orthu faoi staid na scríbhneoireachta, agus rinne siad a ndícheall, chomh fada agus ab fhéidir leo, chun feabas a chur ar an scéal. Bhí baill an chumainn lán dáiríre an t-am sin, agus bhí siad trodach chomh maith. (ibid., 181)

Bunaíodh Cumann na Scríbhneoirí go neamhspleách ar Chonradh na Gaeilge agus is éard a bhí ann ná iarracht eile ar chúrsaí na Gaeilge a chur chun cinn agus gan ligint di éirí marbhánta sa riocht ina raibh sí. Bhí sé de chuspóir i gcónaí ag Ó Rinn agus ag a chomhaimsearthaigh mar Phódraic Ó Conaire an teanga Ghaeilge a ullmhú chun plé leis an nua-aois agus le tuiscintí nua-aoiseacha. Mhol Ó Conaire scéim mar seo a bhunú do scríbhneoirí chomh fada siar le 1917 agus bunaíodh an Ridireacht Liteartha an uair sin (in Denvir: 1978, 83).

Cé go raibh díomá ar Ó Rinn ó am go chéile maidir leis an obair a bhí ar siúl ag Conradh na Gaeilge, ní miste a rá gur bhuaill Ó Rinn le Gaeilgeoirí tábhachtacha eile na haimsire agus é páirteach ann. Is ann a bhuaill sé lena chara dílis Stiofán Mac Enna an chéad lá riamh; bhí aithne aige ar an gCraoibhín féin; bhláthaigh ar a chairdeas le Piaras Béaslaí. Bhí deis aige tuairimí a mhalartú le daoine oílte gníomhacha eile agus léirítear é sin ar fad ina shaothair féin, *Mo Chara Stiofán* ina measc.

An bac ba shoiléire a d'aithin Liam Ó Rinn ar shaothrú na Gaeilge, áfach, ab ea meon na ndaoine. Fear díograiseach, díocasach a bhí ann féin maidir leis an nGaeilge agus ba léir dó gur saothar in aisce a bhí ann bheith ag argóint ar son na hAthbheochana gan muintir na hÉireann bheith tiomanta don iarracht agus don náisiúntacht. Agus é sa Fhrainc sa bhliain 1924, fuair sé amach go raibh an tuairim ag daoine nach raibh san 'Irlandais' ach canúint de chuid an Bhéarla (*The Freeman's Journal*, 21 Deireadh Fómhair 1924) agus thuig sé láithreach go gcaithfí bás tobann a thabhairt don mhíthuiscint sin! Bhí saoirse againn sa tír seo ag an am ach "ní saoirse chun suaimhnis ach saoirse chun obair a dhéanamh" a bhí uaidh (*The Freeman's Journal*, 1 Márta 1923). Ní raibh sé sásta géilleadh don leisce ná ligint don teanga bás a fháil dá bharr: "Is cosúil an duine le seana-bhó. Leanann sé a sheana-chúrsa i ngach ní, ní toisc gurb é an cúrsa is fearr é ach toisc taithí bheith aige air. Níl le déanamh ach cic do thabhairt sa leath-deiridh dó chun é a chur ar chúrsa eile" (*United Ireland*, 16 Bealtaine 1936). Mar sin, ba léir go raibh meon an duine fíor-thábhachtach ó thaobh

na teanga agus na náisiúntachta de agus go raibh an ghráin ag Ó Rinn ar an dearcadh ‘ar nós cuma liom’: “ ... go dtí go mbeidh ceannas is tiarnas ag an nGaedhilg in Éirinn ní fiú pioc riamh ar domhan aon aondacht dá feabhas dá gcuiridh lucht na polaitíochta ar bun. Ní he Lloyd George do dhin an scoilte ach Gaeil na hÉireann nuair a chaitheadar uathu an Ghaelig” (*The Freeman*, 3 Nollaig 1927).

### **Conclúid**

Scríobh Ó Rinn, gan staonadh, idir na blianta 1915 agus 1943 ar ábhair éagsúla a bhain le saothrú na Gaeilge. Nocht sé a chuid tuairimí, rinne sé gearáin, chomhairligh sé agus rinne sé moltaí, agus ar an iomlán caithfear a rá nár athraigh a chuid argóintí, smaointe ná tuairimí ar bhealach bunúsach i rith an ama sin. Ba iad na hábhair chéanna a bhí ag déanamh buartha dó sna fichidí agus a bhí ag cur isteach air sna daichidí. Fear a bhí ann a raibh tuiscint na cothroime ann agus a d’fhéadfadh seasamh siar chun scrúdú a dhéanamh ar aon cheist mhór a bhain leis an teanga, sula gcuirfí aon bheartas i gcrích. Ós rud é gur Bhaile Átha Cliathach é, thuig sé castacht na foghlama agus bhí tuiscint aige ar na deacrachtaí a bhí le sárú ag foghlaimeoirí agus iad ag iarraidh an dara teanga a shealbhú. Maidir le ceisteanna móra conspóideacha na haimsire bhí aigne oscailte aige agus ní raibh sé sáite in aon traidisiún léannta ar leith. Dá bhrí sin bhí sé in ann scrúdú a dhéanamh ar gach ceist agus tuairimí a nochtadh dá réir.

Is dócha gur féidir ‘síochánaí na Gaeilge’ a thabhairt air maidir leis an dearcadh a bhí aige agus é ag scríobh mar gheall ar an teanga le linn a ré iriseoireachta. Thuig sé gach mórcheist, agus cé go raibh a thuairimí féin aige, thug sé a cheart do gach argóint agus níor chaith sé uaidh aon taobh den argóint gan machnamh a dhéanamh air. Fear na gcodarsnachtaí a bhí ann. Thuig sé go raibh a thábhacht féin le gach scéal: an sean agus an nua, an chaint agus an litríocht, an cló rómhánach agus an cló gaelach, an t-aistriú agus an bunsaothar, an fear Gaeltachta agus an fear Galltachta, an náisiúnachas agus an tEorpachas. Ach, ba chuma le Ó Rinn faoi aon argóint díobh siúd ná aon chomhairle a thug sé riamh, gan meon dearfach a bheith ag daoine i leith na teanga:

If the people were determined on learning the language they could learn to speak it well for all ordinary purposes by concentrating on it for six



months, even though it were as difficult as Welsh and Russian combined. With their present lukewarm attitude they would not learn it in 60 years even if it were as simple as Esperanto. (*The Leader*, 13 Iúil 1940)

Níl aon amhras ná gur chreid Ó Rinn go raibh féiniúlacht na tíre ag brath ar an teanga agus, cé go raibh saoirse pholaitiúil bainte amach ag an tír, go mbeadh an tír i ngéibheann i gcónaí go dtí go mbeadh sealbhú na teanga againn – nárbh fhiú pioc é ainm gan anam:

“Mura gcuirimid an Ghaedhilg agus letríocht an Ghaelge in uachtar sa tír ... ní bheidh ionainn ach cóilíneacht de chóilíneachtaí Shasana nó bodaig nea-chultúrha” (*The Freeman’s Journal*, 24 Lúnasa 1924). Sa chéad chaibidil eile pléifear na hiarrachtaí a rinne Ó Rinn chun letríocht Ghaeilge a sholáthar agus chun an letríocht sin a chur in uachtar sa tír.

## Caibidil 4

### Dhá Leabhar ar Leith

*“If our university professors have any gumption they will put this book on some of their courses. It breaks away from the old routine and the old topics and will be a delight to students.”*

*(The Leader, 15 Aibreán 1939)*

Is cuid de léirmheas an eagarthóra ar an leabhar *Mo Chara Stiofán* a scríobh Ó Rinn agus a dhearbhaíonn go leor dá theoiricí agus dá thuairimíocht maidir le saothrú na teanga agus na litríochta, an ráiteas seo. Ba réimse tábhachtach de shaothrú na teanga í an scríbhneoireacht, dar le Ó Rinn, agus bhí tuairim láidir aige go raibh gá le litríocht as an nua dá mbeadh aon seans ag an teanga feidhmiú mar mheán cumarsáide comhaimseartha. Dá bhrí sin ghlac sé air féin a dhúshláin féin a fhreagairt agus chuaigh sé i mbun scríbhneoireachta. Dhá leabhar ar leith a léirigh a raibh le rá aige maidir le raon nua-aimseartha scríbhneoireachta a leanúint ab ea *Mo Chara Stiofán* agus *Turus Go Páras*.

“Beatha an duine a bheathaíonn a chuid litríochta” a deir Stiofán Mac Enna in *Mo Chara Stiofán* (MCS, 176). Más tuairim de chuid Mhic Enna í seo, d’fhéadfadh sé gur do Liam Ó Rinn atá sé ag tagairt. Eascraíonn na smaointe uile a nochtann Ó Rinn ina mhór-shaothair litríochta éagsúla óna thaithí féin ar an saol, ó na daoine go léir ar bhuail sé leo agus ó thobar fairsing an eolais a bhailigh sé óna chuid léitheoireachta. Níl leabhar ar bith de chuid Uí Rinn chomh húdaráisach maidir le téis seo Mhic Enna ná an dá leabhar áirithe seo *Mo Chara Stiofán* agus *Turus go Páras*, a bhfuil ardmheas léirithe orthu ó shin mar shaothair litríochta.

#### ***Mo Chara Stiofán***

Nuair a foilsíodh *Mo Chara Stiofán* sa bhliain 1939 tugadh aitheantas dó mar cheann de na leabhair ba thábhachtaí dar scríobhadh sa teanga ag an am sin. Mar a dúirt Liam Ó Briain in *The Irish Monthly*:

Mo Chara Stiofán is so outstanding a book in Irish – it must beyond all doubt be one of the best six works written in our time – that it would be a national tragedy if it did not run into many editions quickly.

(*The Irish Monthly*, Meitheamh 1939)

In alt eile le Liam Ó Briain sa bhliain chéanna bhí an méid seo le rá aige:

It is the most important, most stimulating book that has appeared in Irish in many years. (*The Dublin Magazine*, Deireadh Fómhair, 1939)

Sa bhliain 2004 rinne Philip O’Leary tagairt do thábhacht an leabhair mar ábhar litríochta:

... Liam Ó Rinn’s *Mo Chara Stiofán*, a book many in the movement at the time felt was the most mature and challenging literary work that had thus far been written in the language. (O’Leary: 2004, 19)

Leabhar ilghnéitheach, spreagúil, sainiúil atá ann, nach féidir a chatagóiriú de réir aon seánra litríochta ar leith. Ní beathaisnéis atá ann ach tá tréithe na beathaisnéise ann. Ní úrscéal é ach tá tréithe an úrscéil ann. Ní dialann é ach tá tréithe na dialainne ann. Ach níl aon amhras ná gur leabhar é a shileann in aigne an léitheora, a ghabhann seilbh ar an tsamhlaíocht, a mhúsclaíonn fiosracht, ceisteanna agus dianmhachnamh agus ag an am céanna a chorraíonn mothúcháin agus a bhogann an croí. Scáthán ar phearsantacht agus ar fhealsúnacht Uí Rinn agus Mhic Enna atá ann a thabharfadh léargas leathan ginearálta ar an mbeirt, agus ar a smaointe, don té a bheadh ag iarraidh aithne éigin a chur ar na smaointeoirí seo.

Is díol spéise an leabhar seo go háirithe i gcomhthéacs stair na seánraí sa Ghaeilge. Agus é ag trácht ar an dírbheathaisnéis, dhírigh Breandán Ó Conaire aird ar thábhacht an tseánra i stair na litríochta agus na critice:

Ní foláir nó go mbíodh fonn agus cathú de shíor agus i gcónaí ar an duine daonna caint agus caibidil a dhéanamh lena chomhdhaoine ar a chuid imeachtaí agus a chuid eachtraí féin, agus gur iomaí cruth agus leagan

amach a chuirí ar na tuairiscí seo in aoiseanna difriúla, i gcultúir éagsúla, agus sna réimsí difriúla de na cultúir seo. Ní go dtí tús an 19ú haois a tosnaíodh ar an ‘dírbheathaisnéis’ á plé mar fhoirm inti féin. Ba i bhfad ina dhiaidh sin, áfach, a tosáidh ar staidéar acadúil a dhéanamh ar an bhfoirm, ar an modh tuarascála seo ... I seascaidí na fichiú haoise go háirithe a thúsáigh an borradh seo. (Ó Conaire: 2007, 2)

Le linn na tréimhse sin a raibh litríocht na Gaeilge á saothrú ag Ó Rinn, bhí beathaisnéisí agus dírbheathaisnéisí á scríobh ag go leor scríbhneoirí eile. Mar a deir Máirín Nic Eoin faoin ábhar:

Autobiographical writing was a central and defining aspect of twentieth century Irish-language literary production and is still one of the most prevalent literary genres in the language. (Nic Eoin: 2007, 132)

Ach ó thaobh na critice de is iad saothair na Gaeltachta is mó a bhí mar chúram ag léirmheastóirí:

The earliest autobiography to be published in book form was *Mo Scéal Féin* ... While autobiographical works of different kinds have appeared regularly ever since, the sub-genre to receive the most sustained critical attention to date has undoubtedly been the autobiography of Gaeltacht life, usually the result of a collaborative effort involving an unlettered ‘author’ and various intermediaries. (ibid.)

‘Comhshaothar’ ar shlí atá in *Mo Chara Stiofán* freisin sa mhéid go bhfuil beatha beirte i gceist san fhaisnéis a thugtar ann. Mar shaothar beathaisnéise agus dírbheathaisnéise in éineacht, tá sé éagsúil le scéalta eile beatha na Gaeilge, agus tá tábhacht ar leith leis mar shaothar nár fáisceadh as traidisiún ná as meon na Gaeltachta.

### **Stiofán Mac Enna**

Ina leabhar, *Journal and Letters of Stephen MacKenna*, scríobh E.R. Dodds aiste bheathaisnéise ina dtugtar eolas dúinn mar gheall ar an bhfear seo, Stiofán Mac Enna,

a bhí ina ábhar lárnach ag Ó Rinn ina leabhar. Rugadh ar an 15 Eanáir 1872 é i Learpholl i Sasana agus ba de shliocht Gaelach a thuismitheoirí. Nuair a bhí sé naoi mbliana d’aois fuair a athair bás agus ós rud é nach raibh aon soláthar fágtha ag an athair dá chlann b’éigean do Mhac Enna agus dá dheartháir óg cur fúthu le beirt aintíní leo, Katie agus Lizzie. Thart ar an mbliain 1890 níor éirigh leis ionad a fháil ar chúrsa ollscoile agus fuair sé post i mbanc in Éirinn mar go raibh aithne ag a mháthair ar dhaoine áirithe ann. D’fhan sé ann go dtí thart ar 1895. Deir Dodds: “These years confirmed for MacKenna the importance of two discoveries which he had already made in his schooldays – his Irish nationality, and his gift as a translator” (Dodds: 1936, 8). Sa bhliain 1895-6 d’éirigh leis post a fháil mar thuairisceoir ar fhoireann nuachtáin i Londain, mar a raibh deartháir leis ina iriseoir leis an *Daily Chronicle*. Idir 1896 agus 1897 cuireadh chuig Páras é ag obair mar iriseoir agus le linn na tréimhse sin bhuaíl sé le Maud Gonne, John O’Leary, Arthur Lynch, J.M. Synge agus daoine eile a bhí ina mbaill den Chumann *Young Ireland*, cumann a bhunaigh Maud Gonne ann. Deirtear go raibh Synge agus Mac Enna an-chairdiúil agus gur mhínic nach raibh pingin rua eatarthu. Sa bhliain 1897 chaith sé seal mar óglach sa Ghréig i gcath a thosaigh sa bhliain chéanna idir an Ghréig agus an Tuirc. D’fhill sé ar Pháras arís agus ina dhiaidh sin thaistil sé ó Pháras go Londain, go Nua-Eabhrac agus sa bhliain 1899 tháinig sé ar ais go Páras arís, áit ar bhuaíl sé le bean Mheiriceánach darbh ainm Mary Bray sa bhliain 1902. Phós siad sa bhliain 1903 agus chuaigh siad chun cónaithe i Londain. Ag an am sin tháinig Stiofán ar aird iriseora darbh ainm Pulitzer agus fuair sé post ag obair leis mar thuairisceoir coigríche, ag taisteal go Beirlín, Londain, An Rúis (áit ar bhuaíl sé le Tolstoi), Stocalm, An Ungáir agus Páras. Sa bhliain 1908 rinne Stiofán socrú maidir leis féin:

I feel a great need ... of having on the work-table some piece of writing, serious and linked, which every day I might bring nearer to an end firmly set for some gravely formed purpose. (Dodds: 1936, 31)

An bhliain sin thosaigh sé ag obair ar an saothar ba thábhachtaí dá chuid – *Plotinus* a aistriú go Béarla, agus chaith sé fiche bliain i mbun na hoibre sin.

In Earrach na bliana 1907 bhí argóint ag Mac Enna le Pulitzer agus an samhradh ina dhiaidh sin tháinig sé féin agus a bhean chéile ar ais go Baile Átha Cliath. Chuir siad

fúthu ar imeall na cathrach ar feadh sé bliana déag agus thosaigh sé ag obair don *Freeman's Journal*. Ag an am sin thug sé faoin nGaeilge a fhoghlaim agus rinne sé obair riaracháin do Chonradh na Gaeilge. Is minic a bhíodh tionól ina theach aige agus a leithéid d'aíonna aige agus Osborn Bergin, Pádraic Colum, James Stephens agus AE.

Le linn na tréimhse seo, sa bhliain 1917, is ea a bhuail Liam Ó Rinn le Stiofán Mac Enna den chéad uair in oifig an Chonartha agus mhair an cairdeas eatarthu go dtí go bhfuair Mac Enna bás ar an 8 Márta 1934.<sup>2</sup>

### **Bunábhar an leabhair, *Mo Chara Stiofán***

Is ar an gcairdeas seo agus ar na comhráití a bhíodh ag an mbeirt le chéile a bhunaigh Ó Rinn an saothar seo *Mo Chara Stiofán*, a bhfuil cuntas pearsanta ann mar aon le plé ar cheisteanna acadúla, polaitiúla, praiticiúla agus go leor eile. Maidir leis an gcuntas beathaisnéise ar Mhac Enna a thugann Ó Rinn dúinn sa leabhar *Mo Chara Stiofán*, déantar cur síos ar a shaol agus cuirtear an fear in aithne don léitheoir:

Is annamh a casadh orm fear chó leathan-aigeanta, chó macánta agus chó hoscailte leis, agus riamh níor chuireas aithne ar éinne bhí chó heolach, léigheanta agus san am gcéanna chó saor o chlaon-bharúla réamh-cheaptha agus chó hanamúil ina chomhrá. Ba shamhail le seana-fhíon ag spréacharnaigh é, nuair a bhíodh fonn cainte air, mar a bhíodh go minic.  
(MCS, 9)

Mar aon leis sin, insítear dúinn faoi chairde Mhic Enna – James Stephens, W.B. Yeats, AE, Synge srl. Tugtar cuntas ar a bhean chéile Mheiriceánach, agus an cion a bhí acu ar a chéile agus tuigimid chomh maith a mhothúcháin nuair a fuair a bhean chéile bás. Léirítear an caidreamh a bhí idir an bheirt fhear ó bhuail siad le chéile i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1917 go dtí go bhfuair Stiofán bás sa bhliain 1934.

---

<sup>2</sup> Fuarthas an t-eolas beathaisnéise in: Dodds, E.R. 1936. *Journal and Letters of Stephen MacKenna*, London: Constable; Breathnach, Diarmuid agus Ní Mhurchú Máire, 1990. *Beathaisnéis a Dó*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Leanaimid Ó Rinn ó Bhaile Átha Cliath go Londain agus ar ais, agus tugaimid cuairt ar bhailte cónaithe éagsúla Mhic Enna. Tugtar cead dúinn ábhar na litreacha a bhíodh á scríobh ag an mbeirt chuig a chéile a scrúdú agus ina dhiaidh sin is uile tugtar eolas pearsanta dúinn ar Mhac Enna. Léirítear a fhlaithiúlacht do gach éinne, idir óg agus aosta: “Bhronnfadh sé a mhaoín go fial ar a chairde” (41); “Tá scata de leanbhaí na háite seo thagann isteach chugham go minic, ní le grá dhomh-sa is dócha ach le dúil i dtorthaí is i milseáin” (96). Insítear dúinn faoina chéasadh intinne ar na laethanta ina mbíodh sé cráite ag a smaointe agus an galar intinne a bhí á fhulaingt: “Ní raibh an tsláinte go maith ag Stiofán an t-am san. Bhí an galar neirbhíseach úd air, galar ná leigfeadh dó a aigne chaitheamh ar a chuid oibre mar ba mhaith leis...” (13-14); “mara mbeadh an laige neirbhíseach úd do luadhas i dtosach an leabhair seo déarfainn, mar gheall ar iomad is ar fheabhas a éirimí, go mbeadh sé ina scríbhneoir chumasach” (171-2). Insítear dúinn faoin dúil a bhí aige sa cheol: “B’aoibhinn leis deigh-cheol” (26). Ach, ar an taobh eile den scéal, “Dob fhuath leis an tsean-aois” (ibid.). Luaitear postanna a bhí aige mar chléireach i mBanc Mumhan is Laighean, mar thuairisceoir do pháipéar nuachta i Londain agus faoin tréimhse a chaith sé ag obair i bPáras. Is léir ó chuntas Dodds gur eolas cruinn é an t-eolas a thug Ó Rinn in *Mo Chara Stiofán*, ach is suntasach an modh inste a d’úsáid Ó Rinn maidir le cúrsaí beathaisnéise mar tugtar an t-eolas seo dúinn diaidh ar ndiaidh tríd an leabhar agus é leagtha amach mar chomhráite idir an bheirt fhear ar na hábhair éagsúla a raibh spéis acu iontu.

Maidir le Ó Rinn féin, ní thugann sé aon léargas cuimsitheach dúinn air féin tríd an leabhar ach ag an am céanna nochtann sé blúirí pearsanta ó am go chéile tríd síos. Déanann sé tagairt don dúil a bhí aige san fhuisce agus sa phíopa, mar shampla, ach cuirtear in iúl nach raibh mórán suime aige i gcúrsaí bia: “Truagh liom nach duine me den tsaghas a chuireann ana-shuim ina n-ithid ...” (80). Luaitear an dúil a bhí aige i gcúrsaí ceoil (166). Blúire eolais atá suntasach is ea go ndeir Ó Rinn nach raibh sé de nós aige nuachtán a léamh gach lá (cé gur scríobh sé féin iontu go minic). Deir sé gur “... innseas dó gur mhinic a bhíos seachtain gan dearcadh ar pháipéar laethúil ...” (101). Déanann sé tagairt do chaitheamh aimsire a bhí aige chomh maith: “... ag tabhairt fé luathscríbhneoireacht do cheapadh nó do chur in oiriúint don Ghaedhilg” (62). Ó thaobh na polaitíochta de déanann sé tagairt don tréimhse a chaith sé i mBaile Coinnleora (17); agus tugtar le fios dúinn gur ghlac sé leis an gConradh Angla-

Éireannach (43). Dearbhaítear gur chreid sé go raibh dlúthbhaint idir saoirse na tíre agus an Ghaeilge a labhairt:

Agus pé scéal é tá an iomad daoine ag bladaireacht i dtaobh polaitíochta. Nuair a chloisim daoine ag labhairt go bladhmannach i dtaobh saoirse is náisiúnta is gan focal Gaedhilge acu ná aon chuimhneamh acu ar í fhoghluim cuireann sé a leithéid si de dhéistean orm ná feadar uaireanta ná gurbh fhearr liom bheith am dhearg-Shasanach ... Má choimeádamid an teanga ní baol don tsaoirse. (44)

Ag an am céanna, cé gur throid sé ar son na saoirse ní raibh sé de nós aige bheith ag argóint lena chairde mar gheall ar an gceist: “Cuireann sé lúthgháir orm nár thuiteas amach ar fad riamh le comrádaí mar gheall ar dheifríocht tuairimí i dtaobh an chonnartha” (18). Is ag meá nó ag cíoradh tuairimí éagsúla a bhíonn sé go minic sa leabhar, agus a chomhfhreagras agus a chomhráite le Mac Enna mar chomhthéacs don phlé

Ach taobh amuigh de na léargais phearsanta a fhaighimid ar Ó Rinn agus a chara sa leabhar is iad a bpearsantachtaí mar intleachtóirí, mar chomhráitithe, mar chriticeoirí agus mar fhealsaimh is mó atá i dtreis. D’fhéadfaí *Mo Chara Stiofán* a áireamh i measc na ndírbeathaisnéisí éagsúla a scríobh údair nár tógadh sa Ghaeltacht ach a d’fheidhmigh in obair na teanga le linn na hAthbheochana, saothair mar *Mise agus an Connradh* (1938) agus *Mo Thuras go hAmerice* (1937) le Dubhghlas de hÍde; *Trasna na Bóinne* (1957), *Slán le hUltaibh* (1970) agus *Gaeil á Múscailt* (1973) le hEarnán de Blaghd; *Mar a Chonnacsá Éire* (1937) agus *Fé Bhrat an Chonnartha* (1944) le Peadar Ó hAnnracháin; *Ar Thóir mo Shealbha* (1960) agus *Faoi Ghlas* (1985) le Tarlach Ó hUid; *Gleann Airbh go Glas Naíon* (1969) le Seán Mac Maoláin. Agus í ag trácht ar na dírbheathaisnéisí seo, deir Máirín Nic Eoin go ndírítear níos minice ná a mhalairt iontu ar “key periods or formative experiences in the lives of their subjects rather than on a more comprehensive account of a life” (Nic Eoin: 2007, 146), agus deir sí in áit eile go dtugann na leabhair “léargas pearsanta ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhí roimh athbheochanóirí na teanga sa tréimhse roimh agus i ndiaidh bhunú an stáit” (Nic Eoin: 2012, 526).



D'fhéadfaí leabhar Uí Rinn a chur i gcomparáid leis na saothair seo ar bhealaí áirithe mar, cé go dtugtar le fios ón teideal go bhfuil an leabhar *Mo Chara Stiofán* bunaithe ar an bhfear Stiofán Mac Enna, is léir, de réir mar a dhéantar mionscrúdú ar an leabhar, nach bhfuil sa chuntas ar Mhac Enna ach an 'creatlach' a cheileann 'corp' an scéil. Baineann Ó Rinn leas as scéal Mhic Enna chun mórán ábhar a phlé a chuireann aigne an léitheora ag machnamh, agus ag ceistiú, agus a mhúsclaíonn ábhair fhiúntacha díospóireachta, go mórthóir i dtaobh na Gaeilge agus na healaíne. Saothar é seo arbh fhéidir filleadh air arís agus arís eile, ó ghlúin go glúin agus go mbeadh ábhar dúshlanach le plé ann i gcónaí. Mar a dúirt Liam Ó Briain: "Liam Ó Rinn has given us, not only an indispensable adjunct to the "Journals of Stephen Mc Kenna" but a 'vade mecum' which should be in the hands of all aspirants to Gaelic Authorship" (*The Dublin Magazine*, Deireadh Fómhair/Nollaig 1939).

#### **An leabhar mar fhóram smaointeoireachta**

Is é an tábhacht is mó a bhaineann leis an leabhar seo ná an cuntas a thugann Ó Rinn ar chúrsaí teanga. Agus í ag trácht ar na dírbheathaisnéisí a scríobh daoine a bhí gníomhach i ngluaiseacht na Gaeilge, déanann Máirín Nic Eoin tagairt don "chaoi ar adhnadh tine na hathbheochana i gcroí na n-údar trína dteagmháil le pearsana suaithinseacha sa ghluaiseacht agus tríd an ngníomhaíocht chultúir agus teanga a lean an teagmháil sin" (Nic Eoin: 2012, lch.529). Tá an méid sin le brath sa saothar seo, *Mo Chara Stiofán* Scríobhadh an bheirt chuig a chéile ar a laghad uair sa ráithe agus dhéanaidís plé ar mhórchéistean na teanga. Cé go raibh sé fostaithe leis *An Claidheamh Soluis* ar feadh tamaill, is i mBéarla is mó a scríobhadh Mac Enna chuig Ó Rinn toisc nach raibh sé riamh sásta lena chumas féin sa Ghaeilge. Os a choinne sin bhí Mac Enna ina shaineolaí ar na teangacha clasaiceacha agus príomhshaothar a shaoil ab ea an t-aistriú a rinne sé ar *Plotinus*, nó 'Plotty', mar a thugadh sé féin air. Dá bhrí sin bhíodh sé i gcónaí mar chomhairleoir ag Ó Rinn maidir le saothrú na Gaeilge mar fhoghlaimoír:

... Ar son Dé ná cuir aon ana-shuim ionam: ná dein ach feidhm do bhaint asam, más toil leat an méid sin onóra thabhairt dom, mar fhórsa chun smaointe do mhúscailt ... (MCS, 52)

Rinne an bheirt acu plé ar réimse fairsing d’ábhair ach bhí béim ar leith ar chúrsaí teanga agus ar na healaíona. Ar na hábhair a thagann chun cinn tá: ceist an aistriúcháin; caint na ndaoine; ceist an Bhéarla; ealaín na scríbhneoireachta; canúnachas; an tSean-Ghaeilge; cúrsaí iriseoireachta; an léirmheastóireacht; cúrsaí foghraíochta; an gearrscéal; an t-úrscéal; an drámaíocht; múineadh na Gaeilge; tábhacht an raidió; agus teangacha clasaiceacha agus eile. Léirítear tuairimíocht Mhic Enna agus pléann Ó Rinn moltaí a charad agus an comhfhreagras eatarthu á phlé aige. Cleachtaíonn Ó Rinn stíl a chuireann Mac Enna ina steille bheatha os ár gcomhair amach. Cloisimid i mbun oráide é agus é ag plé leis na téamaí ba ghaire dá chroí is dá intinn. Ceann de na hóráidí siúd ab ea an ceann a thug sé mar gheall ar an srian a bhí á chur leis an gcruthaitheacht ag an ró-ómós do ‘chaint na ndaoine’ ag scríbhneoirí Gaeilge:

“An riail seo adeir go gcaithfe tú gan claonadh i leataoibh ón nGaedhilg a labhartar,” arsa Stiofán, “cuireann sí lom díreach in aghaidh dlí na nuachta, no na cruthnaíochta. Béidir nach dlí an focal ceart. Ní dlí thugann ort seile chaitheamh i súile do namhad. Nuair a dheineann tú é sin ní mhothuíonn tú aon dlí á chur dfiachaibh ort é dhéanamh. Deineann tú é toisc mian do chroidhe é dhéanamh. Cruthnuíonn tú rudaí nua toisc gur dual is gur dúthchas duit iad do chruthnú. Níl aon laige i stíl Ghaedhilge na haimsire seo is soiléire ná an nea-nuacht dúbailte san: an stór céanna dfocail is d’abairtí no an iomad den stór chéanna ag gach éinne de lucht na haon-‘scoile’ no an aon-cheanntair, agus gach scríbhneoir ag claoi go nea-náireach lena stór príobháideach féin dfocail is d’abairtí speisialta thaitheann lena chluais, é á scríobhadh arís is arís eile no go mbíonn an léitheoir bréan díobh.” (110)

Leanann an óráid seo ar aghaidh go ceann sé leathanach eile – Ó Rinn ag cur isteach air anois is arís le ráiteas éigin a threisiúnn le tuairimíocht Mhic Enna. Tá sé suntasach go n-insiúnn Ó Rinn dúinn gurbh annamh a chuir sé féin isteach ar Stiofán agus sruth cainte ar siúl aige, ós rud é go raibh Ó Rinn ar aon tuairim lena chara go fíor-mhinic:

Ag féachaint siar dom anois ar na téamaí ar ar labhair sé measaim gurbh ionmholta tuilleadh do rá ina dtaobh, ní chun cur ina aghaidh ach chun a chuid argóna do threisiú is d'iomlánú. (92)

Tagann tuairimí suntasacha áirithe Mhic Enna chun cinn arís agus arís eile. Ó thaobh an aistriúcháin de, bhí go leor le rá aige. Bhí tuairim dhocht dhaingean aige nach mbeadh aon fhoghlaimoir in ann plé leis an dara teanga gan bheith in ann aistriúchán a dhéanamh:

Ní leor sár-eolas ar an teangain nua ná taithí fhada ar í léigheamh; ní féidir leat déanamh in éamais an tsíor-aistriúcháin más mian leat bheith in án an dara teanga do labhairt is do scríobhadh sa cheart. (77)

Ag an am céanna thug Liam Ó Rinn le fios go raibh deacrachtaí ag baint leis an ngné seo de shaothrú na teanga sa tslí “go n-oibríonn stíl an údair ar aigne an aistritheora i slí gur minic a bhíonn a rian ar cheol agus ar rithim an aistrithe” (135). Ach gan amhras bhí réiteach ag Mac Enna ar an scéal seo agus thug sé liosta de mholtaí don fhoghlaimoir chun cabhrú leis plé leis an aistriúchán agus é i mbun scríbhneoireachta: “... gach sórt aistriúcháin do chleachtadh ... scéalta, aistí, drámaí, nuacht, scéilíní grinn” (135); “... toghadh sé, abair, deich n-údair atá ana-nea-chosúil lena chéile, maidir le téama, slí ionnsuithe, stíl, seifteanna cainte ...” (135); “Aistriú ó chanúint go canúint” (138). Moladh amháin eile a bhí aige ab ea aistriú a dhéanamh ó theanga ar bith eile ach amháin an Béarla: “toisc a slí ionnsuithe bheith chó nea-chosúil sin le gnáth-shlí ionnsuithe Bhéarlóra go spriocfadh sé ár scríbhneoirí chun úireacht chainte do tharrac chucha agus cora cainte nua do chumadh” (141). Tuairimíad seo a bhí coitianta i measc Gaeilgeoirí ag an am. Tugann Philip O’Leary le fios gurbh iomaí duine a bhí ar aon tuairim le Mac Enna maidir lena smaointe ar chúrsaí sin an aistriúcháin, daoine mar Phádraic Ó Conaire, Earnán de Blaghd, Micheál Mac Suibhne, Seán Ó Cíosáin, Seán Ó Ciarghusa, an tAthair Pádraig de Brún agus Liam Ó Rinn féin (O’Leary: 2004, 376-406).

Maidir le saothrú na teanga mar mheán liteartha bhí tábhacht ar leith ag baint leis an rud nua-aimseartha de réir thuiscint Mhic Enna. Is minic a chomhairligh sé an teanga a chur in oiriúint do shaol agus do thuiscint an lae mar nach dtiocfadh aon fhorbairt

uirthi gan í a bheith nua-aimseartha agus ar a cumas plé le hábhair chomhaimseartha. Ar an ábhar sin bhíodh tuairimí conspóideacha á nochtadh aige ó am go chéile. Thug sé le fios, fiú, go raibh sé sásta na clasaicí a thréigean ar mhaithe le forbairt na teanga:

I ndeireadh mo shaoil dom, isé mo thuairim, dá laighead baint a bheidh ag éinne le clasaic ar bith, gurb amhla is fearr dhó é ... dhíbreoinn Aeschylus agus chuirfinn obair mhaith nua-aimseartha, úrscéal no dán no obair éigin eile, ina ionad. (MCS, 138)

Léigh i gcomhnaí nithe fíor-nua i ngach teangain. Tá a fhios ag gach duine atá macánta tuisgeanach mar atáim-se go loiteann na clasaicí meabhair, toil, forbairt, is oscailteacht aigne an duine. (189)

Bhí gá ann chomh maith, dar leis, stór focal nua a bhunú chun go bhféadfadh an teanga plé le tuiscintí nua-aimseartha:

Ní foláir í do lúbadh is do chasadh agus, más gá é, brí na bhfocal do leathnú no do chaolú chun í chur in oiriúint don tsaol atá anois ann. (34)

Leag sé béim ar thábhacht an raidió, chomh maith, chun na cuspóirí seo a chur i gcrích. Chreid sé go bhféadfaí treisiú ar an dearcadh dearfach i leith na teanga mar ghnáth-ghléas teagmhála agus í a chur chun cinn mar mheán cumarsáide ar an raidió.

Gné de shaothrú na teanga ba chúis inní do Mhac Enna ab ea aithris a dhéanamh ar sheanscríbhneoirí agus gan ligint do phearsantacht an scríbhneora an lámh in uachtar a fháil ar an saothar a bhí idir lámha aige. Mhol sé aird a thabhairt ar an tSean-Ghaeilge, “ ... ní chun aithris a dhéanamh ar a stíl ná chun focail dfáil uaha bheadh sean-údair Ghaedhilge aige ach chun go gcuirfidís i gcuimhne dhó modhna abairtíochta ba cheart a bheith le fáil do réir analaigh sa ghnáth-Ghaedhilg” (60). Fear a chuir leaganacha Nua-Ghaeilge ar fáil ar fhilíocht na Sean-Ghaeilge agus na Meán-Ghaeilge, agus a lean comhairle Uí Rinn agus Mhic Enna, ab ea Tomás Ó Floinn. Ba chúis inní dó go raibh daoine “fós i muinín aistriúcháin i mBéarla nó i nGearmáinis nó i bhFraincis le eolas a chur ar an gcuid is sine agus is luachmhaire saibhre den litríocht dhúchais” (Ó Floinn: 1955, 7). Chreid sé go raibh aistriúchán níos cruinne le

fáil ar an mbunsaothar i leaganacha Nua-Ghaeilge an dáin ná mar a bhí ar fáil sna leaganacha éagsúla a aistríodh go teangacha eile. Bhí Ó Floinn ar aonghuth le Liam Ó Rinn chomh maith mar gheall ar leas a bhaint as na dánta mar uirlisí foghlama:

Ní hé tá á mhaíomh agam go mba chóir do na nuafhilí againn aithris dhéanamh ar na foirmeacha cinnte atá le sonrú sna dánta seo. Níorbh indéanta sin ach i dtaca leis na gnéithe is sofheicse iontu. Ach is féidir foghlaim astu cén bealach is simplí, is dírí, is teinne agus is greanta le rud a rá i bhfoirm filíochta. (ibid., 18)

Fear eile a thuig tábhacht na seanlitríochta mar chuid de chumadh na nuafhilíochta, ach a thuig chomh maith tábhacht an chumadóra féin agus tábhacht na cumadóireachta nua in aon saothar litríochta, ab ea Liam S. Gógan. Ina réamhfhocal ar cheann dá chnuasaigh dhánta labhair sé le filí na haimsire:

Cé nach sobharthan an ré in a mairimid ní laige-de bhur n-iarracht agus déarfaidh staraídhe litridheachta na h-aimsire seo ar ball gurab ionchomórtais cuid mhaith d'bhur saothar le h-obair na bhfilí ndeireannach de'n tsean-aicme ní h-amháin san acht go bhfuil radharc níos leithne agaibh agus sibh i ndán an rás do choimeád le filí comhaimseardha an domhain 'nbhur slighe féin. (Gógan: 1946, 7)

Tuairimíocht í seo a léirigh Mac Enna go rialta ina chomhfhreagras le Liam Ó Rinn. Mhol Mac Enna do Ó Rinn, gan aithris a dhéanamh ar Chéitinn ach a phearsantacht féin a chur i ngach scríbhinn: “ ... ní bheidh rath ar litríocht na Gaedhilge ... mara gcuiridh na scríbhneoirí a gcroidhe is a n-anam ina gcuid oibre.” (MCS, 65)

Ábhar eile a bhíodh faoi scrúdú ag Mac Enna ab ea an t-ábhar conspóideach úd a bhain leis an difríocht idir an Ghaeilge a scríobhtar agus an Ghaeilge a labhartar. Chreid sé go raibh sé de dhualgas ar an scríbhneoir scríobh óna croí, ina stíl féin, ach ag an am céanna an saothar scríofa a bheith níos ‘sibhialta’ ná an focal labhartha:

... san uile theangain bíonn an friotal scríbhthe, se sin friotal na nuachtán chó maith le friotal na fíor-litríochta i bhfad níos saibhre, i bhfad níos

ilghnéithighe, i bhfad níos teann shinte, agus cóirithe is riartha i bhfad níos cúramaighe ina dhathanna is ina chó-cheolta ná an friotal labhartha. (82)

Ina phlé ar an ábhar céanna nocht Cathal Ó Háinle tuairimí a réitigh go hiomlán leis smaointe seo:

Chun go bhfónfadh an Ghaeilge i gceart mar bhonn náisiúntachta agus mar shiombail is mar shuaitheantas féiniúlachta, áfach, níor mhór go bhféadfaí a aithint go mba theanga cheart ghradamach í; agus ba bheag duine sofaisticiúil in aon tír in iarthar Eorpa an uair sin a ghlacfadh leis go mba theanga fhoirfe í an teanga nach mbeadh á húsáid mar mheán liteartha. (Ó Háinle: 1996, 745- 46)

Níl anseo ach sampla de na príomhargóintí a bhíodh á bplé ag Mac Enna agus Ó Rinn ina gcomhfhreagras mar gheall ar staid na teanga Gaeilge. Tá sé soiléir go raibh Ó Rinn agus Mac Enna ar aon tuairim lena chéile maidir le saothrú na teanga agus gur ghlac Ó Rinn le comhairle Mhic Enna go minic (mar atá soiléir ón bplé ar a shaothar iriseoireachta i gCaibidil a Trí den tráchtas seo). Argóintí acadúla, gan amhras, a bhíodh ar siúl acu, ach argóintí a spreagann an léitheoir chun machnaimh fiú sa lá atá inniu ann. Pléitear ábhair sa leabhar seo a bhféadfaí iad a chur in oiriúint d'aon teanga, ní hamháin don Ghaeilge. Dá bhrí sin, d'éirigh le Mac Enna a chuspóir a bhaint amach nuair a mhol sé don léitheoir leas a bhaint as an leabhar mar 'fhórsa chun smaointe a mhúscailt.' (MCS, 52)

Níl aon amhras ná go raibh ardmheas ag an mbeirt fhear ar a chéile agus gur aontaigh siad lena chéile ar an iomlán maidir leis na príomhábhair a bhí faoi chaibidil sa leabhar. Ach, ag an am céanna, níor leasc leo easaontú go láidir lena chéile nuair ba ghá. Chuir Mac Enna i gcoinne tuairimí Uí Rinn i dtaobh simplíocht na teanga agus tréith na simplíochta a chur chun cinn, mar shampla: "Ní aontuím leat in aon chor, a Liam, i dtaobh na simplíochta. Isé mo bharúil ná chcart scríobhadh go simplí i gcomhnaí"(81). Maidir le cúrsaí polaitíochta is minic a d'éirigh argóint eatarthu chomh maith, go mór mór i dtaobh cheist an Chonartha Angla-Éireannaigh. Níor aontaigh Mac Enna leis an gConradh ar chor ar bith agus is minic a bhíodh an cheist

seo faoi chaibidil acu: “Ach, níor scaramar le chéile de dheascaibh an aighnis mar a dhein mórán.” (17)

Dlúthchairde a bhí iontu mar sin, a rinne plé ar mhór-cheisteanna an tsaoil agus ar cheisteanna pearsanta. Tá sé suimiúil go n-adhmaíonn Ó Rinn, an t-iar-réabhlóidí agus an státseirbhíseach dílis, gurbh é Mac Enna an t-aon chara den chineál sin a bhí aige:

Ní raibh aon chara eile agam go bhféadfainn m’aigne nochtadh dhó gan éinní choimeád siar. Is beag duine gur féidir labhairt mar sin leis. (61)

### **An stíl scríbhneoireachta**

Scéal taitneamhach soléite atá á ríomh in *Mo Chara Stiofán*. Labhrann Ó Rinn go díreach, nádúrtha leis an léitheoir i nGaeilge atá simplí so-thuigthe, stíl agus cur chuige a mhol sé féin do scríbhneoirí: “ ... croí agus aigne an scríbhneora atá ón léitheoir in ionad aiste bhreá foirmeálta ... ” (*The Freeman’s Journal*, 12 Bealtaine 1924). Níl aon amhras ná go bhfuil dealramh ar an leabhar seo uaireanta gur saghas scátháin ar mholtaí Uí Rinn féin ar shaothrú na scríbhneoireachta atá ann: “Leabhair go mbeidh pearsantacht a n-údar le braistint go láidir iontu sin iad na leabhair a chuirfidh an nua-litríocht ara bonnaibh sa cheart” (*United Ireland*, 3 Samhain 1934). Níl aon amhras ná go bhfeictear pearsantacht Uí Rinn sa leabhar seo sa tslí go ligean sé do Mhac Enna an chuid is mó den chaint a dhéanamh ach go léiríonn sé a thuairimí mar sin féin ina shlí shéimh féin trí mheán na hinste. Léiríonn sé a smaointe agus a phearsantacht go dílis sa phíosa comhrá seo ina dtugann sé freagra ar mholtaí Mhic Enna maidir le cleachtadh an tsíor-aistriúcháin ó thaobh fhoghlaim an dara teanga de:

“Tá an ceart agat sa méid sin ach níor mhór duit níos mó ná san. Níor mhór duit bheith ag síor-fhaire ort féin féachaint cadíad na ráite is minicí ad’ bhéal, no is minicí ritheann chughat nuair bhíonn tú ar do mharana agus, tar éis aistriú maith ortha dfáil o dhuine éigin no in áit éigin, iad do chleachtadh ansan sa teangain nua.” (77)

Comhairle eile de chuid Uí Rinn ab ea tábhacht na samhlaíochta sa scríbhneoireacht agus scríobh sé sraith d’ailt sa nuachtán *United Ireland* sa bhliain 1934 ag plé leis an

ábhar seo. Dúirt sé go raibh “gá le pictiúirí a *scriobh* agus cuntas cuíosach cruinn a thabhairt” (*United Ireland*, 24 Márta 1934). Mhol sé don scríbhneoir “na súile a bheith ar oscailt i gcónaí” (*United Ireland*, 17 Feabhra 1934). Dá mba oide os comhair a ranga é, ní fhéadfadh sé sampla ní b’fhearr dá mholtaí a fháil mar léiriú ar a cheacht, ná an chéad leathanach de Chaibidil a Naoi sa leabhar seo, áit a ndéanann sé cur síos ar an turas chuig teach Mhic Enna i Londain.

Chuas o Baker Street go Preston ar an traen; as san de shiúl mo chos go shroiseas bóithrín go bhfál glas ar gach taobh de agus trasna droichidín os cionn srutháin go dtí go bhfeaca an tigh beag, dhá stór ar aoirde is mo chara ag obair sa gháirdín. Bhí páirceanna, clathacha tor, is crainn fé n-a nduilleúr donn-órdha le feiscint mórthimhall faid mo radhairc uaim is coláiste Harrow ar árdán tamall maith ón mball. Roinnt tithe seanda, idir bheag is mór, thall is i bhfus ann agus na céadta ceann nua á dtógáil. Chonac tithe cinn tuighe sa cheantar, leis, foth-cheann, iad dhá stór ar aoirde agus chó haoibhinn ina suidheamh is ina gcrot leis na cinn a chítear i bpictiúirí áirithe le Littlejohns. Ag glanadh a gháirdín a bhí Stiofán, agus an ghrian ag lonnradh anuas air go fíochmhar as spéir liath-ghorm gan aon rian de scamall uirthi, é gléasta i seana-chulaith éadaigh gan coiléar ná carabhat air is a aghaidh beagnach dubh ag an síon teasmhar is ag deatach na teine. (75-76)

Ceann de na gearáin a rinne Ó Rinn go rialta ab ea an drogall a bhí ar scríbhneoirí tabhairt faoi ábhair chomhaimseartha ina gcuid saothair. Mar a dúirt sé go minic: “Some writers are afraid to write on any modern subject” (*The Leader*, 23 Márta 1924). Caithfear a admháil nach féidir an gearán céanna a dhéanamh maidir le *Mo Chara Stiofáin* mar sa leabhar seo déantar plé ar raidhse d’ábhair: polaitíocht na linne, an luathscríbhinn, an tsíceolaíocht, an hipneois, an t-ióga, an Búda, an drámaíocht, an teangeolaíocht agus go leor ábhar eile. D’fhéadfaí a áiteamh mar sin gur saghas lámhleabhair ar theagasc acadúil Uí Rinn féin ar ealaín na scríbhneoireachta atá i gceist aige sa saothar seo.

Maidir le struchtúr an leabhair, is mar chur síos ar chomhfhreagras a scríobhadh é agus tá an modh reacaireachta sin chun tosaigh ó thús deireadh. Tosaíonn gach



caibidil nach mór le cuntas éigin mar gheall ar ghluaiseachtaí pearsanta Mhic Enna nó Uí Rinn mar aon le tagairt don bhliain a bhí i gceist agus tagairt éigin do litir nó do theagmháil áirithe idir an bheirt. Tóg, mar shampla, Caibidil a Dó:

I Mí na Nodlag, 1921, deineadh an tsíocháin idir Éire agus Sasana agus scaoileadh abhaile me, i bhfochair na gcéadta eile, as campa príosúin Bhaile Coinnleora. In earrach na bliana a bhí chughainn, 1922, agus teas na gréine ag tosnú ar dhul i méid, is cuimhin liom bheith ag siúl liom go héadtrom-chroidheach fan an bhóthair áluinn thuatha théigheann go Dún Droma i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Bhíos tar éis litir fháil óm' charaid, á iarraidh orm teacht amach chuige go Sweetmount House, mar a raibh sé féin agus a bhean tar éis cur fútha. Ag teacht i gcomhgar an tighe dhom chonnac tamall uaim é agus é ag gáirí le glionndar. "Céad míle fáilte romhat abhaile, a Liam," ar seisean ; "is breá sláintiúil fhéachann tú; nach áluinn uasal an chulaith nua éadaigh sin ort!" Le linn dó bheith am' thionlacan chun an gháirdín agus tar éis bheith ag fiarfuighe i dtaobh mo shláinte is i dtaobh an bhraighdeanais, do labhair sé ar an gconradh deineadh le Sasana ... (17)

Leanann gach caibidil ar aghaidh leis an bhfoirmle chéanna, beagnach, agus tar éis réamhrá éigin mar sin tosaítear ar na ceisteanna móra a phlé nach mór go neamhfhoirmiúil mar chuid de chomhrá nó de chomhfhreagras litreach.

Sampla maith den stíl reacaireachta is ea Caibidil a hOcht ina ndéantar plé ar litríocht na Gaeilge. Is léir anseo go dtugann Ó Rinn, in aon chuntas amháin, blúirí eolais bheathaisnéise, cur síos timpeallachta agus ar deireadh sleamhnaítear isteach ceisteanna fealsúnachta i dtaobh na Gaeilge nach mór go neamh-chomhfhiosach:

Seo linn síos sráid eile agus trasna droichid go bruach alltarach na habhann. Shiúlaimair linn agus sinn ag caint ar gach a raibh le feiscint: Buachailí láidre is bean óg chomh láidir leo ag rámhaíocht ar a ndícheall i seang-bháid ráis is iad uile gléasta in éadaighe spiaca ioldaite, an abha mhór leathan féin, na héanlaithe ag gluaiseacht os ár gcionn no ag tuirling anuas ar an uisce ag lorg bídh, garsún ag gabháil mhion-éisc, leanbhaí ag

súgradh. Labhair Stiofán leis na leanbhaí; stad sé ag féachaint ortha, ag déanamh iongnadh dhíobh ar chuma go dtuigfá gur gheal lena chroidhe a leithéidí. Chuir an t-iascaire beag i gcuimhne dhomh-sa an tráth théighinn féin ag iascach pincíní sa Chanáil Ríoga i mBaile Átha Cliath. Tar éis focal nó dhó i dtaobh na bpincíní tugadh anuas na Blascaedaí is “An tOileánach” agus ansan leabhar le Cormac ó Cadhla agus litríocht na Gaedhilge mar a bhí an uair sin is roimhe sin agus mar a mheasamair a bheadh ar ball.

“Ní bheidh rath ar bith ar litríocht na Gaedhilge,” arsa Stiofán, “mara gcuiridh na scríbhneoirí a gcroidhe is a n-anam ina gcuid oibre. Obair mharathach iseadh é. Níl leathanach de Phlotty nár scríobhas deich n-uaire, cuid acu fiche uair, sara rabhas sásta iad do scaoileadh chun an chlóidóra ...” (64 -5)

Ag an bpointe seo sa chomhrá, mar sin, tá an bheirt ag tosú ar cheisteanna na litríochta a phlé agus is ar na hábhair sin a dhírítear a n-aire ina dhiaidh sin.

Is éachtach an leabhar é seo mar sin, óir go dtugann Liam Ó Rinn cead don léitheoir bheith sa lucht éisteachta agus an dráma pearsanta seo á léiriú. Nochtar tuairimí atá ard-aigeanta agus príobháideach agus tugtar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar na mór-cheisteanna a bhíodh á bplé ag an mbeirt charad. Insítear scéal bhás Mhic Enna sa leabhar, agus faoin am sin, tá tuiscint mhaith againn ar an ngaol speisialta a bhí eatarthu. Míníonn Ó Rinn an brón a mhothaigh sé ina dhiaidh:

Ghuileas ina dhiaidh mar a ghuileas i ndiaidh m’athar. Agus ar feadh i bhfad dá éis sin, gach uair a ritheadh smaoinemh nua no aisteach chugham is dó san a chuirinn i bhfuirm focal é am’ aigne féin, amhail is go mbeadh sé ina bheathaidh fós, go dtí go gcuimhnínn nach le duine bheo a bhínn ag labhairt ach le samhlaíocht. “Mise abhus agus tusa i ndaorbhruid Ní hé sin an cumann céanna” (198)

### **Litríocht an Taistil sa Ghaeilge**

Réimse scríbhneoireachta eile a bhaineann le seánra na beathaisnéise agus a bhíonn á shaothrú ag údair Ghaeilge is ea an réimse sin ar a dtugtar litríocht an taistil. Déanann

Michael Cronin plé cuimsitheach ar an seánra seo litríochta agus luann sé tábhacht na leabhar taistil mar shaothair aistriúcháin don taistealaí nua-aoiseach:

The guide book translated the foreign culture into the mother tongue of the traveller. The traveller no longer had to rely on the oral translation of the guide/interpreter as the guide book provided the written translation. (Cronin: 2000, 86)

Rinne Máirín Nic Eoin plé ar an seánra seo i gcomhthéacs na dírbheathaisnéise sa Ghaeilge:

Travel memoirs alone account for a considerable volume of modern Irish-language autobiographical prose. The most engaging of these provide valuable perspectives on intercultural and interlingual contact in various geographical contexts. (Nic Eoin: 2007, 148)

Luaigh Nic Eoin cuid de na leabhair thaistil ba shuaithinsí ó thaobh stíle de: *Dialann Oilithrigh* (1953) le Donnchadh Ó Céileachair; *Le grá ó Úna* (1958) agus *An Maith Leat Spaigiti* (1965) le Úna Ní Mhaoileoin; *Ólann Mo Mhiúil as an nGaisnéis* (2003) le Gabriel Rosenstock; *Seal i Neipeal* (2004) le Cathal Ó Searcaigh. Nuair a chuirtear blianta na bhfoilseachán seo san áireamh, is léir gur choincheap nua-aoiseach é an leabhar taistil sa Ghaeilge. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a rá maidir le Liam Ó Rinn, gur fear ceannródaíoch a bhí ann ó thaobh cúrsaí seánra de i gcoitinne agus ó thaobh an leabhair taistil de go háirithe, nuair a smaoinítear go raibh litríocht taistil á saothrú aige na blianta sular tugadh aitheantas dáiríre don seánra seo i litríocht na Gaeilge. Is beag leabhar taistil a bhí foilsithe sa Ghaeilge ag an am. Bhí *Seilg i Measc na nAlp* (1917) le Mícheál Breathnach, cuntas ar thréimhse a chaith sé san Eilbhéis, agus a céadfhoilsíodh mar shraith alt in *An Claidheamh Soluis* agus bhí an cuntas ar thuras domhanda a rinne an t-iriseoir Seán Ó Ceallaigh (*Sceilg*), *Taistealuidheacht nó cúrsa na cruinne* (1931).

### ***Turus go Páras***

Leabhar taistil is ea an leabhar *Turus go Páras*, ina dtugann Ó Rinn tuairisc ar thréimhse a chaith sé i bPáras i Meán Fómhair 1924. Trí seachtaine a chaith sé ann ag

taisteal na sráideanna leis féin agus ag breathnú ar áilleacht agus ar sheoda na cathrach mar ba léir dó iad. Ach ní mar thurasóir amháin a thug sé cuairt ar an gcathair ach mar fhoghlaiméir teanga chomh maith. Amhail an leabhar *Mo Chara Stiofán* is deacair seánra ar leith a lua leis an leabhar *Turas go Páras*. Ina léirmheas ar an leabhar seo sa bhliain 1931, rinne Aodh de Blacam tagairt do cheist seo an tseánra: “I find this book by far the best the *Gúm* has published for a long time past. It is, moreover, a mode of a genre not practised in Irish, the *essay*” (*The Standard*, 11 Aibreán 1931). I léirmheas eile a foilsíodh ag an am, moltar Ó Rinn arís de bharr úire a chuid scríbhneoireachta agus is léir ó na tuairimí a nocht an léirmheastóir B. Mac É, go raibh éileamh ar an saghas seo saothair ag an am:

Is maith liom tigheacht treasna ar an leabhrán beag seo do scríobh Liam Ó Rinn, ní headh i ngeall ar go bhfuil greann gleodarach tríd síos ann, mar ‘sé rud é nach bhfuil, acht tá buadh an aerachais agus na h-éad-tromachta ann a bheireas taitneamh do’n léightheoir Gaedhilge. Nádúrtha go leor, cothuigheann an cineál ádhbhair atá ’san leabhar na tréathra seo. Cuireann an leabhar beag seo ar ár súil dúinn gurb é an truagh saoghalta é nach dtéigheann sgríobhnóirí Gaedhilge níos minicí i gcionn an t-saghais seo sgríobhnóireachta, mar go deimhin, nuair éirigheann leis, is subháiiceach mar chongairí do’n intinn agus do’n chroidhe é.

(*National Student*, Bealtaine 1931)

Tá i bhfad níos mó i gceist ag Liam Ó Rinn sa leabhar seo ná eolas faoi áit a thabhairt. Tugann sé cuntas ar an gcathair mar ionad turasóireachta cinnte, ach ligeann sé dá smaointe agus do na mothúcháin uile a bhuail leis le linn na tréimhse a chaith sé inti iad féin a nochtadh sa leabhar freisin. Déantar plé ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí polaitíochta, ar chúrsaí beathaisnéise agus ar go leor ábhar eile ach bíonn siad fite fuaite le chéile, leis ‘an turas’ mar fhréamh an scéil agus na géaga eile seo á leathadh amach uaidh. Mar a deir Cronin, is minic a léiríonn an leabhar taistil “an autonomous mode of travelling grounded in literacy” (Cronin: 2000, 86).

Maidir leis an leabhar *Turas go Páras* is féidir a aithint gur scéal atá ann, scéal ina dtugann sé eolas go pearsanta don léitheoir mar gheall ar an gcathair. Tugtar blas éigin, le teann muintearais, don léitheoir, de radharcanna agus de shaol na cathrach.

Seachnaítear fíricí fuara, loma, oibiachtiúla ach déantar iarracht scéal agus saol na cathrach a chur in iúl. Tugann Ó Rinn eolas ar ghnéithe praiticiúla den taisteal, agus díríonn sé a aire ar chuntas agus ar chur síos a thabhairt ar phríomhradharcanna na cathrach agus ar na háiteanna ba mhó ba chóir don turasóir cuairt a thabhairt orthu.

Ó thaobh radharcanna de bhí go leor le rá ag Ó Rinn mar threoir don té a bheadh ag smaoineamh ar chuairt a thabhairt ar Pháras. Tá gach caibidil leagtha amach go soiléir aige agus liosta tugtha aige ag tús gach caibidle de na háiteanna agus de na radharcanna a bheadh mar ábhar plé iontu. Tugann sé cuntas ar na sráideanna móra: “... is ansin do chífá Páras ina lándúiseacht” (TGP, 17). Luann sé an trácht, na daoine lasmuigh de thithe ósta, na soilse, an ceol. Scríobhann sé faoi áilleacht na maidine: “Nách aoibhinn an rud é bheith ag siúl na sráideanna maidin bhreá sa bhFomhar nuair a bhíonn an t-aer friseálta agus fhéachann gach rud nua agus glan! Braitheann duine dóchas agus óige ina chroí agus neart ina ghéagaibh...” (21); Tráchtann sé ar an Quartier Latin agus ar na siopaí leabhar agus ar Notre Dame, a raibh an méid seo le rá aige ina thaobh:

Do bhíos chó corrúithe sin i Notre Dame nách ró-mhaith is cuimhin liom na nithe do chonnac ann, ach na nithe suaracha: a dhoircheacht do bhí sé, an deabhradh do bhí ar na coinnle – ba thapair chearta iad, sé sin, iad ag caolú go dtí n-a mbarr – agus nár chó-mhór iad agus nách có-phraghas do bhí ortha; na háirsí punteálta go hárd os mo chionn agus gan a mbarr do bheith le feiscint agam mar gheall ar an doircheacht; leacacha mór lomacha ar an urláir, gan aon bhrat ortha, an faobhar imithe dá gciumhsaibh, agus iad mar a bheidís míle bliain ann agus na mílte is na mílte míle duine ag siúl ortha i gcaitheamh na haimsire sin. (30)

Chomh maith leis sin tugann sé cuntas ar an Arc de Triomphe; an Bois de Boulogne; an Bois de Vincennes; an Louvre; an Palais de Luxembourg; an Musée de Luxembourg; an Panthéon; Eaglais Naomh Etienne du Mont; St. Germain-en-Laye; an Tour d’Eiffel; La Madeleine; an Palais Royal; La Sainte Chapelle; an Palais de Justice; Versailles; Eaglais an Chroí Naofa; Les Halles; Les Invalides. Níor thaitin an Tour d’Eiffel ar chor ar bith leis: “Tá a lán daoine ná fágadh Páras gan cuaird do thabhairt ar an túr áiféiseach gránna san. Níor thugas air ach strac-fhéachaint agus ba

leor dom an méid sin. Ní fearr a thaitheann sé liom ná an bóthar iarainn atá os cionn na Life” (71). Tugann sé cuntas cruinn ar gach ceantar, radharc agus foirgneamh agus ar na heachtraí a bhain dó agus é ar cuairt ann. Déanann sé cur síos ar na hóstáin agus ar na tithe tábhairne ar thug sé cuairt orthu, ar na hamharclanna agus ar na hallaí ceoil: An Odéon, An Mayol, L’Opéra, Le Chatelet, Les Folies Bergère. Maidir le reiviú a chonaic sé sna *Folies Bergère* dar teideal *Coeurs en folie*, scríobhann sé: “Do chonnac radharc i ndiaidh radhairc ann agus gach ceann acu ní b’áille ná a chéile – dadhad nó caoga ceann ar fad – agus ina theannta san acrobáideacht, croschainteanna, coiméidí beaga, rincí, etc.” (89-90).

Mar sin de, mar leabhar taistil éiríonn le Liam Ó Rinn eolas tábhachtach a thabhairt don té a bheadh ag smaoineamh ar cuairt a thabhairt ar Pháras. Tugtar an t-eolas go teagmhasach ach ag an am céanna caithfear a admháil go bhfuil an t-eolas ann. Tugann sé comhairle phraiticiúil sa leabhar ar chúrsaí airgid, ar chostaisí, bagáiste, ar na meáin taistil, ar nósanna cultúrtha i Londain agus sa Fhrainc agus go leor eile, a chabhródh go mór leis an taistealaí a bheadh ag taisteal chuig Páras don chéad uair. Mar shampla, i gCaibidil a hAon, tugann Ó Rinn mion chur síos ar an turas féin go Páras ó Bhaile Átha Cliath agus leagtar amach na céimeanna éagsúla taistil a bhí i gceist sular shroich sé cathair Phárais, maraon le heolas ar chúrsaí custaim agus ar nósanna oifigiúla eile.

Thosaigh sé an turas i nDún Laoghaire agus as sin chuig Caergybi sa Bhreatain Bheag. Insíonn sé nach raibh fadhb ar bith maidir le cúrsaí custaim. As sin go Stáisiún Euston i Londain agus bhí deis aige ansin béile a ithe. Scilling agus ocht bpingne go leith a bhí ar an mbéile ach, “Ba dhóbaire dom tuitim as mo sheasamh nuair do luadh an leath-phingne, do chuir sé a leithéid sin d’iongna orm. Bhfuil aon fhear i mBaile Átha Cliath do bheadh umhal a dhóthain chun leath-phingne do chomhreamh?” (8). Ina dhiaidh sin b’éigean dó leath-réal a chaitheamh ar thicéad chun taisteal ar thraein faoi thalamh go stáisiún Victoria. Sos eile aige agus ar aghaidh leis chuig teach tábhairne ar thóir gloine fuisce! Ní bhfaigheadh sé aon deoch go dtí an t-am dleathach, “agus, rud do ghriog go mór me, do chonac nach raibh air ach cúig nó sé pingne go leith an leath-ghloine!” (ibid.) Uair go leith a thug sé ar an traen ó Londain go Newhaven agus thug sé cuntas ar áilleacht na tuaithe ar an turas seo, deoch fuisce i stáisiún Newhaven ar dhá thuistiún agus ansin ar bord na loinge go Dieppe. Béile arís

agus deoch fiona ar thrí scilling is réal, an fharraige garbh, scrúdú custaim i nDieppe, ar aghaidh chuig an traenphort agus shroich sé St. Lazare ag a ceathrú tar éis a sé “tar éis bheith ar bóthar óna hocht a chlog aréir roimhe sin.” (13)

Cuntas breá atá anseo ar an turas agus eolas úsáideach tugtha aige don taistealaí a bheadh ag smaoineamh ar an turas céanna a dhéanamh. Ach, thóg sé dhá chaibidil chun an t-eolas seo go léir seo a thabhairt mar nár thug sé an t-eolas go feidhmiúil, ach blúire eolais anseo is ansiúd de réir mar a thit sé amach agus ábhair eile faoi chaibidil aige. Mar shampla, bhí an tagairt do chostas béile ar bord na loinge mar chuid de thuairisc ar eachtraí eile a tharla dó ar an turas:

Ag dul ar bord loinge dhom do thaisbeánas mo phas agus do chuas go dtí an seomra proinne láithreach mar bhí ocras mór orm. Francaigh do bea an fhuireann go léir. Do fuaras béile maith agus deoch fiona ar thrí reul – agus síntiús scillinge don fhear fhreastail. Daor go leor, dar liom. Do bhuail buachaill óg ana-dhathúil liom anso. Ag dul abhaile go Páras do bhí sé, tar éis bheith ag foghlaim Béarla i Sasana. Ní raibh an teanga san ach cuibhsach maith aige, ar nós Gaedhilge atá ag cuid de lucht an Fháinne. Do bhíos féin ag tosnú ar úsáid do dhéanamh dem chuid Fraincise. Téigheann beagán di i bhfad agus nuair ná tuiginn go maith an Fhraincise a labhartí liom do thuiginn na comharthaí. (10-11)

Lean sé ar aghaidh mar seo tríd an leabhar agus eolas mar seo á thabhairt aige ach an t-eolas tugtha mar chuid den scéal a bhí á insint aige. Tugann sé cuntas ar an lóistín a bhí curtha in áirithe aige sular fhág sé an baile, é ag fanacht i seomra beag ar an gceathrú stór agus bricfeasta ar fáil dó gach maidin. Maidir le tacsáí, “Ní thógfadh éinne acu aon bheirt ná beadh ag dul san aon treo amháin, i slí is ná beadh ar aon duine den bheirt an timpall do ghabháil” (15). Molann sé an bia agus an fion: “Éinne a bheadh ag dul ann do mholfinn do gan dearmhad do dhéanamh de bhuideul fiona do bheith aige chun lóinseoin gach lá agus baba au rhum mar sholáist ina dhiaidh” (25). Deir sé fiú uair, dá mba Eoghan Rua é go scríobhfadh sé dán molta mar gheall ar bhéile a d’ith sé. Molann sé an freastal sna tithe ósta agus tugann sé cuntas ar shíntiúis ann. Ó thaobh cúrsaí airgid de insíonn sé scéal mar gheall ar bhábóg a cheannaigh sé d’iníon leis ar sheacht scilling agus go dtabharfadh sé breis agus punt ar an mbábóg

chéanna in Éirinn. Tugann sé le fios chomh maith gurb iad "... An Fhrainc agus an Iodáil an dá thír ba lú costas beatha san Eoraip i láthair na huaire" (59). Déanann sé tracht ar an gcead isteach don Louvre, (saor in aisce gach Domhnach agus Déardaoin agus gach lá eile ar fhranc (50) ).

Dá bhrí sin is léir gur leabhar eolais agus leabhar teorach atá anseo gan amhras, ó thaobh na turasóireachta de, agus gur leabhar taistil atá ann go deimhin. Ach, mar atá pléite cheana féin, níl an saothar teoranta ag an ábhar seo amháin. Is saghas feithicle é an leabhar chun go leor tuairimí eile a chur chun cinn.

Cinnté tugtar eolas pearsanta dúinn sa leabhar seo agus ligtear do ghnéithe de phearsantacht agus de charachtar Uí Rinn iad féin a nochtadh. Ag tús an leabhair tá sé soiléir go bhfuil tuirse ar Ó Rinn agus go bhfuil saoire uaidh mar go gcuireann sé in iúl an t-áthas atá air go bhfuil laethanta saoire aige agus go bhfuil deis aige fanacht sa leaba gach maidin gan aon bhrú ama air éirí nó dul a luí. An chéad mhaidin dó sa Fhrainc cuireann sé a ghliondar croí in iúl:

Ba liom-sa an lá do bhí romham. Níor ghá dom brostú liom amach agus rith chun oifige chun bheith am chrá ag scríbhinní agus ag fadhbanna crua ar feadh an lae. (20)

Cuireann sé in iúl dúinn chomh maith go raibh sé mar chuspóir aige an Fhraincis a chleachtadh agus é ar saoire. Is iomaí halla ceoil ar thug sé cuairt air i rith na tréimhse a chaith sé i bPáras agus deir Ó Rinn féin gurbh amhlaidh gur bhuail sé isteach sna hallaí seo ar son na foghlama:

An dúil a bhí agam sa bhFraincis a mheall chun an Odéon me do mheasas, ós fearr a labhartar ar an stáitse ná in aon áit eile, go mbeadh breith éigin agam ar an teanga san do thuisgint ann. (43)

Arís déanann sé trácht ar a iarrachtaí chun foghlama nuair a bhí sé ag ullmhú don turas abhaile:



Do ghoill sé orm leis, gan a bheith ar mo chumas labhairt leis na daoine go réidh agus go héasca éasáideach, toisc gan mo dhóthain taithí do bheith agam ar theangain na tíre. (95)

Gné thábhachtach dá shaol ab ea an dúil a bhí ann i gcúrsaí ealaíne agus déanann sé trácht ar an dúil seo go minic sa leabhar. Is suntasach an tuairisc a thugann sé i gCaibidil a Naoi ar chúrsaí dealbhadóireachta:

Ar fheiscint na n-oibreacha san dom, dob é mo mheas gurbh fhéidir, agus gurbh fhearr liom, figiurí cloiche ná pínéala. Rud iongantach, dar liom an anamúlacht do chinn, ní hamháin i bhfigiurí cloiche ach i bhfoirgintí chó maith. (53)

Tugann sé comhairle don duine ar conas pictiúr nó dealbh nó aon phíosca ealaíne a mheas:

Is beag an sásamh do dhuine, áfach, aon strac-fhéachaint amháin do thabhairt ar a leithéidí. Chun aoibhneas ceart do bhaint as ceann acu ní mór do é fheiscint sáthach minic chun cion do theacht aige air. Ní mór do uain do thabhairt do ar chomhacht a mhaise do chur i bhfeidhm ar a aigne is ar a chroí. (51)

Ó thaobh chúrsaí pearsanta eile de déanann Ó Rinn cúpla tagairt dá shaol mar phríosúnach sa Bhreatain Bheag. Deir sé nach raibh sé “riamh roimhe sin in aon tír iasachta ach amháin nuair a bhíos im phríosúnach i Sasana” (5). Déanann sé tagairt do chara ar bhuail sé leis, gan choinne, agus é i bPáras agus an t-áthas a bhí air bualadh leis, “nuair a bhí uaigneas agus tuirse an domhain orm toisc gan puinn comhráidh do bheith agam le héinne” (58). Déanann sé cur síos ar an gcairdeas a bhí eatarthu na blianta roimhe sin:

Ba chomrádaí maith dom é sa Spidéal i gContae na Gaillimhe fadó riamh – isé do rug as contabhairt mo bháidhte me san áit sin agus is isé fós do threorúigh me chun seanchaithe agus chun lucht déanta poitín sa cheantar sin. (58)

Tarraingíonn sé cúrsaí alcóil isteach sa phlé cúpla uair eile sa leabhar seo agus é ag caint mar gheall ar phraghas an fhuisce agus a leithéid, agus, ós rud e go raibh dúil aige sa tobac, tagraítear dó ó am go chéile. Mar shampla, déanann sé tagairt do chuairt a thug sé ar chaisleán i St. Germain-en Laye:

Ní rabhamair ach dhá uair a chloig no trí ann. I gcaitheamh na haimsire bhí ainmhian an tobac ag cur go diabhail orm mar ní raibh cead againn gal do chaitheamh faid a bhíomair ann. (65)

Taobh amuigh de na blúirí pearsanta eolais seo, tugann Ó Rinn le fios dúinn go raibh go leor ama aige chun machnamh a dhéanamh chomh maith agus, ar an ábhar sin, léirigh sé go leor de na smaointe pearsanta a músclaíodh ann agus é ag gabháil thart sa chathair ar a sháimhín só. I gCaibidil a Cúig den leabhar déanann Ó Rinn cur síos ar an séipéal, Notre Dame, agus le linn an ama seo léiríonn sé mothúchán nach nochtar go minic ina chuid scríbhneoireachta – taom feirge i ngeall ar chúrsaí coilíneachais in Éirinn. Is le racht feirge a bhí an méid seo le rá aige agus an cathú á léiriú aige i ndiaidh chomharthaí na himpiriúlachta mar na pálás, na saighdiúirí agus a leithéidí:

Mo thír féin creachta, lomtha, nách mór folamh o dhaoine; gan foirgintí ársa inti mar a bhíonn i dtíorthaibh eile; gan pictiúirí a ríogra is a laochra, a taoiseach is a saighdiúirí le feiscint i bpálásuibh móra; gan de dheabhramh uirthi ach mar a bheadh ar oileán do caithfí aníos as an bhfarraige le déanaí le cumhscú talmhan. Níorbh aon iongna, dar liom, dá nguighidís Éireannaigh mallacht Dé ar feadh na síorraíochta ar an druing dfág Éire go dealbh, gan teanga, gan léigheann, gan saibhreas, gan tithe uaisle, gan rud ar bith ach féar do bhuaibh agus cloch anso is ansúd as a mbíd lucht léighinn ad iarraidh roinnt bheag eolais ar ár stair do phioca mar a bheadh madraí ag lorg feola ar chnámhaibh loma. (30-31)

Léiríonn sé an guth díomách arís agus é ag tagairt do chuairt a thug sé ar St. Germain-en-Laye chun tuama Rí Séamus II a fheiscint: “Ní le grá ná le fuath don rí mí-ádhmharach do dhearcas ar an tuama san ach le droch-mheas air...” (63)

Arís agus é ar cuairt chuig Versailles agus áilleacht agus saibhreas na háite sin á léiriú dó tagann racht feirge eile air maidir le droch-chaoi na hÉireann. Baineann sé leas as téarmaí mar ‘réaba roilige’, ‘ar ghorta shíor-bhagarthach’, ‘i gcaisleáin bhatarálta’ (73) chun a chuid tuairimíochta a chur in iúl. Is cosúil nach raibh sé ar a chumas féachaint ar an áilleacht a bhí mar oidhreacht ag tíortha eile, gan smaoinemh a dhéanamh ar a raibh cailte ag a tír féin faoi lámha a namhad agus léiríonn sé smaointe dáiríre ar an ábhar. Foilsíodh an leabhar seo sa bhliain 1931, agus baineann cuid den mhachnamh ann le blianta tosaigh an tSaorstáit nuair a bhí sé d’iachall ar gach duine socruithe a dhéanamh chun plé leis an stádas nua a bhí bainte amach ag an tír. Cé nach féidir a rá go raibh sé caolaigeanta ina thuiscintí, ní foláir a admháil go raibh dlúth-thréithe an tírghráthóra á gcur in iúl aige ó am go ham ina scríbhinní:

Ag cuimhneamh dom ar thiubaisteach an scéil, do ghabh racht feirge me. Mara mbeadh na seacht gcéad blian úd an mhí-ádh agus an mhí-fhortiúin do bheadh saibhreas mór séad-chomharthaí againn-ne, leis, agus slóite ag teacht o gach áird den domhan bhraonach chun bheith á n-iniúcha agus ag déanamh iongna dhíobh. (73)

Is le teann feirge a scríobh sé an giota seo agus léirítear anseo an saghas ciapadh aigne agus crá croí a bhí ‘ar snámh san atmasféar’ sna blianta úd díreach tar éis bhunú an stáit. Is tábhachtach iad na tuairiscí seo a thugann sé sa leabhar ar staid na tíre ag an am mar gurb iad, dar liomsa, na smaointe is treise agus is gruama dar léirigh sé ar an tréimhse seo de shaol na tíre in Éirinn inar mhair sé féin. Cuireann sé críoch leis an sruth smaointe seo le ráiteas ó chroí:

Do rith na nithe sin go léir trim’ aigne agus me ansan i bpalás na rí i Versailles agus is ar éigin dféadas staona ó chroma ar eascainí is ar mhionna móra do spalpa os árd. Bhí an lá millte orm ... Bhí éad liom leis an bhFrainc agus le gach náisiún le n-ar eirigh a gcuid féin do chimeád acu féin agus cur leis. (74)

Ábhar eile a ndearna sé plé air sa leabhar seo ab ea a chuid tuairimíochta ar chúrsaí teanga agus teangeolaíochta agus ní haon ionadh é seo ós rud é go ndúirt sé go raibh súil aige an Fhraincis a fhoghlaim agus a chleachtadh le linn na tréimhse a bhí se ar

cuairt i bPáras. Ar an gcéad dul síos tugann sé le fios gur cheap sé go raibh deacracht ag baint leis an bhFraincis don fhoghlaimeoir:

Measann a lán daoine gurb uiriste an Fhraincis dfoghlaim. Is uiriste, leis, chó fada lena léigheamh, ach maidir lena labhairt agus lena tuisgint nuair a labhartar í, isé mo thuairim gur deacra go mór í ná an Ghearmáinis – teanga atá ana-dheacair ar fad le léigheamh. (27)

Is minic a aigne á díriú aige ar chúrsaí teanga sa leabhar. Maidir le saothrú na teanga agus an náisiúntacht déantar tagairt sa leabhar do mhuintir na hUngáire agus mar a rinne siadsan troid ar son na teanga:

Tá an bua iomlán ag an Ungáiris anois. Dá labharthá Gearmáinis leo, ní leigfidís ortha gur thuigeadar tu. Ainmneacha na sráideanna agus na stáisiún, na fógraí, gach aon rud is in Ungáiris atá siad. Ní fhulaingeoidís rud ar bith do chur suas in aon teangain eile. Isí an Ungáiris a labhrann gach éinne ann. (60)

Ag caint mar gheall ar an nGaeilge feictear go bhfuil an fhís chéanna ag Ó Rinn don teanga dhúchais sa tír seo agus a bhí ag muintir na hUngáire don Ungáiris na blianta roimhe sin. Theastaigh uaidh go mbeadh an Ghaeilge “i mbéal gach éinne uasal is íseal, óg is aosta, ar fuaid na hÉireann uile agus ag a lán lasmuigh di, agus í mar do bhí tráth ar cheann de cheithre prímh-theanghacha an domhain” (73).

Leabhar eolais atá sa leabhar seo *Turus go Páras*, gan amhras, ach ní leabhar eolais ar chúrsaí taistil amháin atá ann. Tugtar eolas mar gheall ar chúrsaí tábhachtacha a bhaineann le turasóireacht go deimhin, mar chúrsaí airgid, bia, modhanna iompair, lóistín, radharcanna. Ach, i dteannta leis sin tá go leor comhairle tugtha ag Ó Rinn sa leabhar. Tugann sé comhairle d’ealaíontóirí, d’fhoghlaimeoirí teanga, do thurasóirí atá ar thóir na staire. Pléann sé ceist an tírghrá, ceist an aistriúcháin, saothrú na teanga agus go leor ábhar eile a bhí gar dá chroí.

Leabhar taitneamhach atá sa leabhar seo *Turus go Páras* agus cé go bhfuil idir eolas agus thuairimíocht curtha os comhair an léitheora maidir le mór-cheisteanna na linne

sin inar mhair Ó Rinn agus go mbaineann sé leas as gach deis chun a chuid tuairimí polaitiúla a chur os comhair an phobail léitheoireachta, taobh le taobh lena smaointe sin tá léiriú ar ábhair thaitneamhacha úra mar chúrsaí ealaíne, ailtireachta, agus turasóireachta. Insíonn sé scéalta dúinn faoi na daoine ar bhuail sé leo agus ligtear dúinn bheith inár gcuairteoirí in éineacht leis agus é ag spaisteoireacht ar fud na cathrach. Is iontach an tslí inar féidir leis ábhair thromchúiseacha spreagúla a phlé chomh hoilte agus chomh dúthrachtach le hábhair éadroma, in aon leathanach amháin, gan stró. Is suntasach an tuairisc a thug sé ar an lá ar bhuail sé le beirt fhear agus é amuigh ag siúl. Thosaigh an eachtra mar chur síos ar an gcruinniú neamhfhoirmeálta idir na fir. Ach, roimh i bhfad bhí an scéal iompaithe ina cheacht staire ar dhrochstaid na hÉireann:

Do casadh beirt fhear orm.....Nuair do fuaradar amach gur bh Éireannach me d'iarradar orm deoch do thógaint agus do chuamar go tigh ósta...Níor thuig sé cúrsaí na hÉireann go ró-mhaith. Do chuir in úil dom ná raibh saoirse iomlán bainte amach againn fé mar a mheasamair a dhéanamh ar dtúis. Do theastuigh uaim-se a chur i dtuisgint do, mara raibh gach aon rud againn ba mhian linn a bheith againn, go mbeadh sé againn lá éigin, agus seo mar a nochtas san do ; do thógas amach bosca lasán agus do scríobhas dátaí áirithe air, 1798, 1848, 1867, 1916, 1921, agus líne ag dul suas go dtí an chéad dáta, ansan anuas agus ansan suas arís go dtí an chéad dáta eile agus mar sin ar aghaidh ach go mbíodh barr-phuinte na líne níos aoirde i gcomhnaí tar éis gach tréimhse éadóchais. An bhliain 1924 do bhí againn agus do nochtas do go rabhmair ag gabháil trí thréimhse éadóchais agus mí-mhisnigh ach nárbh fhada arís go mbeadh tréimhse dhóchais agus mhisnigh agus dhul-ar-aghaidh ar shlí na saoirse ann. Bhí sé sásta leis sin. Theastuigh uaim deoch do sheasamh don bheirt ach ní ghlacfidís uaim é – rud do chuir iongna orm go dtí gur chuimhníos nách in Éirinn do bhíos.

(23)

Mar a scríobh de Blacam ina léirmheas ar an leabhar: “It is highly agreeable writing, for the author describes his little linguistic adventures and his impressions of historical relics, all with a quaint simplicity” (*The Standard*, 11 Aibreán 1931).

Scríobh Ó Rinn saothar taistil eile sa bhliain 1935, mar shraith d’ailt a foilsíodh sa nuachtán, *United Ireland*, i míonna Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair na bliana céanna. Tar éis a bháis rinneadh na hailt seo a athfhoilsiú faoin teideal ‘Pictiúirí ón nGearmáin’ sa leabhar *So Súd* (1953), cnuasach dá shaothar a thiomsaigh Pádraic Óg Ó Conaire in ómós dó. Cé nach bhfuil an saothar taistil seo chomh cuimsitheach leis an leabhar *Turus go Páras* fós feictear cosúlachtaí eatarthu. Is éard a dhéanann Ó Rinn in ‘Pictiúirí ón nGearmáin’ ná cur síos a thabhairt ar na heachtraí a thit amach dó le linn na tréimhse a chaith sé ag taisteal sa Ghearmáin sa bhliain 1935. Mar a dhéanann sé sa leabhar *Turus go Páras*, tugann sé léargas dúinn ar an tsuim a bhí aige i gcultúir eile seachas cultúr na Gaeilge agus léiríonn sé go raibh sé oscailte agus réidh i gcónaí plé le smaointe agus eispéiris úra.

Tugtar eolas agus comhairle don léitheoir sna hailt seo a bheadh oiriúnach don taistealaí. Tá cuntas mar gheall ar phraghasanna agus áiseanna sna háiteanna éagsúla ar thug sé cuairt orthu. Déanann sé cur síos ar na cathracha éagsúla agus ar na foirgnimh agus na sráideanna ar leith a thaitin leis. Maidir leis na sráideanna i bhFrankfurt, mar shampla, deir sé: “Áit ghleoite é don phínteoir nó don stair-scéalaí – gach éinní ‘curiouser and curiouser’ mar adúirt Eibhlís bheag i dTír na nLongantas” (Ó Rinn: 1953, 91). Is suntasach an ní é gur thaitin an tírdhreach féin i bhfad níos mó leis ná na hionaid stairiúla. Mar a deir sé: “Ait an rud é ná corruíonn áiteanna stairiúla mé – is mó an tsuim a chuirim i radhairc ná fuil aon stair ag baint leo” (SS, 75). Ach, chomh maith leis sin, déanann sé trácht ar nithe suntasacha a chuaigh i bhfeidhm air agus é ag taisteal. Chaith sé cúpla seachtain sa Ghearmáin agus thug sé cuairt ar Aachen, Cologne, Koblenz, Mainz, Stuttgart, Munich, Frankfurt agus ar ais chuig Cologne sular fhill sé abhaile. Bhí sé an-tugtha don saol cuideachtúil a bhí mar chuid lárnach de shaol sóisialta Cologne, agus rinne sé cur síos ar an taitneamh a bhain sé as an gcomhlúadar agus as na daoine ar bhuail sé leo agus é ar cuairt sa chathair seo.

Thar aon rud eile, áfach, is fiú a chur san áireamh, maidir leis an turas seo sa bhliain 1935, an t-eolas a chruinnigh Ó Rinn agus a mhol sé mar ábhar machnaimh dá lucht léite. Ní nach ionadh, chuir sé suntas i ngnéithe éagsúla de theanga na tíre. Mar shampla, nuair a d’fhreastail sé ar an bpictiúrlann oíche amháin agus an scannán *Little Women* ar siúl, chuir sé spéis san achoimre agus san aistriúchán Béarla a bhí ar fáil ar an scáileán:

– ní haistriú litreálta é ach gach abairt go simplí is go gonta mar a bhíonn sa ghnáth-chaint agus, dá bhrí sin, díreach mar ba cheart i gcóir an fhoghlamóra. Dá mbeadh na habairtí Gaedhilge mar sin nár gcuid leabhra comhrá! Ba mhaith an plean é, freisin, le cur i bhfeidhm nuair a bheadh pictiúirí (is caint Bhéarla iontu) á dtaisbeaint sa Ghaeltacht. (61)

Bhí Ó Rinn i gcónaí fiosrach maidir le cúrsaí ón iasacht agus bhí sé sásta aithris a dhéanamh ar chórais éagsúla iasachta nuair ba léir dó an tairbhe a bhí le baint astu. Nuair a d’fhreastail sé ar dhráma i mbaile gar do chathair Munich, chuir sé suntas ar leith sa chanúint láidir a bhí ag na haisteoirí áitiúla:

Lucht tuatha na haisteoirí agus an chaint is na hamhráin uile i gcanúint na tuatha. Ní thuigim ach foth-fhocal – do hinnseadh dom ná féadfadh Gearmáineach ó Bherlin, cuir i gcás, iad do thuisgint – gach ceantar is gach cathair is a gcanúint féin acu, ach an ghnáth-Ghearmáinis (hoch Deutsch) á labhairt mar lingua franca. (87)

Déanann sé plé ar an dráma seo agus cé chomh hoiriúnach is a bheadh taispeántas mar seo do mhuintir na Gaeltachta in Éirinn, ag tarraingt ceist na difríochta idir cultúr na tuaithe agus cultúr na cathrach isteach sa scéal:

Ní fheadar a bhféadfaí seóna den tsórt so do chur ar siúl sa Ghaeltacht: greann, amhráin mheidhreacha, rinncí magaidh, comhráite suilt, gach saghas áilteoireachta – beidir gurbh usa é ná drámaí cearta chur ar siúl – é dhéanamh ar nós ana-Ghaelach, fé is ná beadh ann ach caitheamh aimsire dfásfadh as an scorúocht. Nuair a bhímid ag cuimhneamh ar chaitheamh aimsire don Ghaeltacht canathaobh dúinn beartú ar nithe atá i bhfad níos oiriúnaighe don chathair, áit ina mbíonn gach cóir chuca? (88)

Bhíodh cluas le héisteacht aige de shíor agus dá bharr sin is minic a thugadh sé nósanna beaga teanga faoi deara. Sa chuntas seo a leanas tugann sé cur síos ar ghnásanna teanga a thug sé faoi deara agus é ar cuairt i Munich: “Maith leis na daoine claoi le sean-nósanna Bhavaria. Cloisim ‘gruess Gott’ (‘go mbeannuighe Dia dhuit’)

in áit an ‘guten Tag’ a chloisinn sa Tuaisceart” (84). Tugann sé cuntas ar ócáid eile nuair a bhí sé ag freastal ar Aifreann sa Dóm i Cologne. Sa chuntas áirithe seo, luaigh sé seanmóir a chuala sé ach is ar ghnéithe den urlabhraíocht is mó a bhí a chúram seachas ar ábhar na seanmóra: “Bhí ríméad orm gur fhéadas an tseanmóin uile do thuisgint. Thugas fé ndeara, cé go mbíodh ‘ch’ caol sa cheart ag an sagart i dtosach, nár fhéad sé gan ‘sch’ (‘s’ an fhocail Ghaedhilge ‘sé’) do dhéanamh de nuair a bhí sé ag druidim le deire a scéil.” (91-92)

Díreach mar a mhínigh sé sa leabhar *Turus go Páras*, bhíodh tóir ag Ó Rinn ar dhaoine a bheadh in ann comhrá a dhéanamh leis i dtaobh cúrsaí teanga nuair a bhí sé sa Ghearmáin chomh maith. Mar a dúirt sé maidir le teach tábhairne éigin eile i gcathair Munich: “Ní chun óil a raghair ann, áfach, ach chun féachaint ar na daoine is caint a dhéanamh leo” (SS, 84-85). Fiú agus é ag taisteal trí chathair Mainz rinne sé teagmháil le duine a bhí sásta labhairt leis maidir le cúrsaí aistriúcháin. “Sa dá theangain a labhramid – ná fuil oiread cirt aige sin bheith ag cleachtadh a chuid Béarla orm-sa is tá agam-sa mo chuid Ghearmáinise labhairt leis-sean. Deir sé ná fuil na haistrithe deineadh ar oibreacha Bhernard Shaw chó maith leis an mBéarla” (75). Áit a dtéadh turasóirí áirithe ar thóir eolais staire, is ar thóir eolais teanga a bhíodh triail ag Ó Rinn de réir dealraimh.

Ach, rinne Ó Rinn plé ar nósanna iasachta eile chomh maith. Ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de bhí ceacht maidir le polasaí turasóireachta le foghlaim ag na hudaráis in Éirinn, dar leis:

tá sé chó maith agam a innsint annso gur mian leis an rialtas Gearmáineach oiread stróinséirí agus is féidir a mhealladh chun a dtíre agus uime sin go bhfuil ráta malairte fé leith acu do thaistealaithe, timpeall fiche marc ar phunt agus ina theanta san trí fichead fén gcéad de lascaine i bhfiacha na dticéidí traenach. Níor mhiste dhúinne in Éirinn an tseift chéanna do tharrac chugainn ach níor mhór dúinn san am gcéanna costasáí lóistín is cothuithe do laghdú go dtí n-a leath. (66)

Ó thaobh na polaitíochta de, cé go raibh cúrsaí corraithe go leor sa Ghearmáin le linn na tréimhse seo a raibh Ó Rinn ag taisteal ann, ní mórán a scríobh sé ina dtaobh. Mar



sin féin luann sé *Hitlerjugend* ag máirseáil agus an léargas a bhí acu i dtaobh na nGiúdach. Ach, léirigh sé chomh maith go raibh níos mó léite aige in Éirinn mar gheall ar na cúrsaí seo ná mar a léigh sé nuair a bhí sé sa tír féin:

Maidir le seachaint na nGiúdach chonnac fógraí, cuid acu beag is cuid eile ana-mhór ar fad, péinteálta i litreacha Gotacha i mBonn is i gKoblenz á rá gan deighleáil le héinne den chine sin. Chonnac aistí fada i nuachtáin ina gcoinnibh. Cad tá acu ina n-aghaidh? Sna haistí léigheas i bpáipéirí Gearmáineacha sa bhaile (níl uain agam ná fonn agam éinní do léigheamh sa tír seo) ní fheaca aon ghearán ortha ach gan iad do bheith ina nAriánaigh ar nós an chuid eile de na daoine. (77)

Teist í seo, mar sin, ar an gclaonadh a bhí ann plé le cúrsaí teanga agus cultúir seachas cúrsaí polaitíochta agus staire agus é ag taisteal sa Ghearmáin. Mar sin féin, léirigh Ó Rinn ina scríbhinní taistil an tairbhe a bhaineadh sé as a eachtraí agus cé chomh toilteanach is a bhíodh sé riamh foghlaim ó nósanna ón iasacht, ar mhaithe lena thír féin. Ní raibh sé sásta go bhfanfadh muintir na hÉireann ina stad gan taithí a fháil ar chúrsaí polaitíochta, sóisialta ná teanga tíortha eile agus ba mhian leis na léargais a fuair sé óna chuid taistil a chur chun sochair a thíre féin.

### **Conclúid**

Is scátháin iad *Mo Chara Stiofán* agus *Turus go Páras* ar phearsantacht Uí Rinn toisc go léiríonn siad ar a mbealaí éagsúla féin an ilghnéitheacht a bhain leis an bhfear mar smaointeoir agus mar scríbhneoir Gaeilge. Caithfear a admháil go bhfuil meascán de thréithe a bhaineann le seánraí éagsúla scríbhneoireachta fite fuaite tríd na leabhair agus é soiléir chomh maith go raibh talamh nua á bhriseadh aige agus é ag tabhairt faoi réimsí nua scríbhneoireachta a chur ar fáil sa Ghaeilge. Tugtar sracfhéachaint ar theidil na leabhar agus tá gach cuma ar an scéal gur beathaisnéis agus leabhar taistil atá i gceist leo. Meallann Ó Rinn an léitheoir chun léitheoireachta agus nuair a osclaítear an ‘maoinchiste’ faightear seoda luachmhara. Tugtar na scéalta beathaisnéise agus taistil dúinn ach ina dteannta tugtar lón machnaimh don léitheoir, gach smaoinemh curtha in iúl mar chuid de ‘scéal’ – gach blúire eolais fite fuaite trí insint thaitneamhach ina bhfuil croí, pearsantacht agus anam an scríbhneora nochtaithe go soiléir.

Ní fear Gaeltachta é Ó Rinn a raibh an Ghaeilge aige ón gcliabhán, ach foghlaimeoir a shaothraigh an teanga dó féin le dua, le fuinneamh agus le dúthracht. Ní raibh sé srianta ag meon na Gaeltachta ná ní raibh sé scanraithe ag smaointeoirí traidisiúnta nár thaitin athruithe leo. Bhí sé de mhisneach aige na leabhair seo a scríobh óna anam agus óna chroí leis na huirlisí is fearr a bhí aige – a chumas, a intleacht, a dhóchas agus a ghrá don teanga. Lig sé dá pheann a chuid oibre ‘dúchasach’ féin a dhéanamh agus is éard a bhí mar thoradh ar chúrsaí ná gur shaibhrigh Ó Rinn an corpas litríochta a bhí ann cheana féin le saothair chumasacha, a bhí taitneamhach soléite agus nuálach ar a mbealaí éagsúla féin.

Tá gach cuma ar an scéal nach raibh Ó Rinn sásta bheith srianta nó claonta le haon ghníomhaíocht amháin ina shaol pearsanta nó nach raibh sé sásta cloí le cuspóir nó ábhar amháin ina shaothar scríbhneoireachta. Sa chéad chaibidil eile déanfar plé ar réimse scríbhneoireachta eile a bhí díreach ag teacht ar an bhfód sa Ghaeilge nuair a bhí Ó Rinn i mbun oibre – réimse na léirmheastóireachta. Léiríonn sé arís cé chomh réidh is a bhí sé chun talamh nua a bhriseadh agus chun saothair a chur de a rachadh chun sochair na nualitríochta.

## Caibidil 5

### *An Léirmheastóir agus Cúrsaí Léirmheastóireachta*

*“Is fada me ghá cheapadh gur easnamh mór ar ghluaiseacht liteardha na Gaedhilge gan na leabhair Ghaedhilge foilsítear ó am go ham do bheith ag fáil a gcothruim de léirmheas in iris ná i nuachtán.”*

*(United Irishman 4 Márta 1933)*

Ba mhínic macalla de phort seo Uí Rinn á aithris agus litríocht na Gaeilge á plé ag lucht cosanta na teanga. Ba chúis inní dóibh nach raibh dóthain léirmheasanna á scríobh agus ar an ábhar sin go raibh scríbhneoirí nach mór dall ar a lochtanna scríbhneoireachta agus iad i mbun oibre. Dá bharr sin lean siad orthu ag scríobh gan aon chomhairle ar fáil dóibh a chabhródh leo an scéal seo a réiteach. Is éard a bhí le rá ag Roibeárd Ó Faracháin ar an ábhar ná:

Crann gur stracadh na préamhacha a talamh agus gur fágadh amhlaidh é go raibh an bheatha geall le cailte aige ní h-ealadha don ghárneoir faillighe lae do thabhairt ann ach ag friothálamh riamh is choidhche air. Tá dála an chrainn dheiridh seo ar litridheacht na Gaedhilge agus is é príomhghárneoir a theastuigheann uaithe an léirmheastóir, fear na comhairle, fear cáinte is molta, fear déanta comórtais is treora. (Ó Faracháin: 1940, 70)

Fear eile a rinne athrá ar thuairimí Uí Rinn ar an ábhar seo ab ea Máirtín Ó Cadhain. Bhí an argóint chéanna a bhí á léiriú ag Ó Rinn sa bhliain 1933 fós á déanamh go fórsúil ag Ó Cadhain sa bhliain 1949:

Ceann de na rudaí is mó atá ag cur isteach ar litríocht na Gaeilge is easpa léirmheasadóireachta tuigseanaí é. Ba chóir dar ndóigh, go mbe é léirmheas an scríbhneora féin ar a shaothar féin an léirmheas ba ghéire ar fad sa deireadh. Ach is deacair don scríbhneoir a bheith amhlaidh go

ndéantar measadh tuigseanach air féin nó ar dhaoine eile atá ag scríobhadh in aon teanga leis. (*Feasta*, Samhain 1949, 10)

Bhí Ó Rinn féin den tuairim nach raibh fios a gceirde ag go leor de na léirmheastóirí a bhí ag scríobh sa Ghaeilge ag an am agus chaoin sé caighdeán a n-iarrachtaí. Mar a deir sé: “Droch-nós atá ag ‘léirmheastóirí’ áirithe ná bíonn ina gcuid ‘léirmheas’ ach liostaí fada de nithe cheapaid bheith mí-cheart” (*United Ireland*, 9 Meitheamh 1934). De réir Uí Rinn, bhí i bhfad níos mó ná sin i gceist le léirmheas a dhéanamh. Sa leabhar teagaisc *Peann agus Pár*, a d’fhoilsigh sé sa bhliain 1940, bhí an méid seo le rá aige:

Is ionann an léirmheas, dar liom agus margadh nó aonach ina gcruinnítear le chéile smaointe an domhain uile, idir sean is nua agus, ina fhochair sin uaireanta, argóintí i gcoinnibh nó i bhfábhar cuid acu. (Ó Rinn: 1940, 93)

Ní leor, mar sin, liostaí de lochtanna a thabhairt chun léirmheas a dhéanamh agus ní raibh Ó Rinn ina chadhadh aonair agus an argóint seo á déanamh aige. Mar a dúirt Frank O’ Brien:

Is é gnó an léirmheastóra liteartha saothar a mheas ar a choinniollacha féin agus breith a bhéil féin a thabhairt, ach ní féidir a rá gur éirigh leis mura spreagann a bhfuil ráite aige daoine eile lena thuairimí a phlé.  
(O’Brien: 1968, x)

Chreid na scríbhneoirí seo go raibh an léirmheas riachtanach don té a bhí i mbun saothrú na litríochta. Bhí, agus cinnte tá, an litríocht agus an léirmheastóireacht fós fite fuaite le chéile agus ag brath ar a chéile. Chreid Ó Rinn nach raibh dóthain scríbhneoirí i mbun pinn, go raibh géarghá le litríocht a shaothrú sa Ghaeilge agus go raibh sé riachtanach go mbeadh an teanga in ann dul i ngleic le tuiscintí nua agus díospóireachtaí na linne chun cúrsaí na teanga a chur chun cinn agus chun í a choimeád beo, spreagúil. Fear a bhí ar aon tuairim le Liam Ó Rinn maidir leis an gceist seo mar gheall ar fhorbairt na teanga ab ea Niall Ó Domhnaill:

Caithfimid bheith ag cumadh agus ag beachtú téarmaí inti, ag múnú agus ag leasú stíle, ag coraíocht le gach ábhar smaointe go slánaímid ár ndearcadh féin. (Ó Domhnaill: 1951, 66)

Níl aon amhras, mar sin, ná go raibh smaointe Uí Rinn maidir le ceisteanna seo na litríochta agus na léirmheastóireachta fós á moladh ag intleachtóirí móra blianta fada i ndiaidh a bháis.

Ó thaobh na scríbhneoireachta de bhí Ó Rinn den tuairim go bhféadfaí litríocht na Gaeilge a chur chun cinn ach daoine a spreagadh chun scríbhneoireachta: “Is ionann litríocht do chumadh agus an scríbhneoir do nochtadh a anama i scríbhinn” (PP, 65). Mar sin, chuir sé roimhe leabhar a scríobh a thabharfadh cabhair phraiticiúil don scríbhneoir chun dul i ngleic leis an gceird sin. Foilsíodh an leabhar *Peann agus Pár* sa bhliain 1940 agus is éard a bhí sa leabhar ná treoír agus comhairle a thabhairt don scríbhneoir maidir le dréacht scríbhneoireachta a scríobh agus litríocht a shaothrú:

Má dheineann an leabhar so beagán dár ndaoine óga do mhealladh chun tabhairt fé thruiféis fhónta do scríobhadh chó maith is dheineann lucht Béarla é agus, go mór mór má chabhruíonn sé le hoiread is éinne amháin acu chun cos do leagadh ar bhóthar na hárd-litríochta tuigfead nach díomhaoín do chaitheas mo shaol. (ibid., 14)

Sa leabhar *Peann agus Pár*, mar sin, rinne sé iarracht misneach a chothú sa scríbhneoir; mhol sé aigne an duine a scrúdú agus staidéar a dhéanamh ar scríbhneoirí maíthe; thug sé comhairle stíle; rinne sé plé ar thábhacht na léitheoireachta; rinne sé trácht ar an bhfilíocht, ar an aiste próis, ar an aistriúchán, ar an scéalaíocht, ar an ngearrscéal agus ar an úrscéal. Mhínigh sé chomh maith gur léigh sé leabhair Bhéarla bunaithe ar cheird na scríbhneoireachta sular thug sé faoin leabhar seo a scríobh: *The Lure of the Pen*, le Flora Klickmann; *The Technique of Novel Writing*, le Basil Hogarth; *Short Story Writing for Profit* agus *How to Write a Short Story* le Michael Joseph; *On the Art of Writing* le Sir Arthur Quiller-Couch.

In alt a scríobh sé sa bhliain 1924 thug Ó Rinn cuntas ar na gnéithe b’áisiúla, dar leis, chun dea-litríocht a sholáthar:

(1) duine go bhfuil an Ghaelig go maith aige agus féh na ceapadóireachta ar fheabhas ann do dhéanamh na hoibre go léir in' aonar; (2) duine go bhfuil an Ghaelig go maith aige veah ag có-oibriú le duine go bhfuil féh na ceapadóireachta ann; (3) aistriú nó aih-scriobh an ruda iasachta. (*The Freeman's Journal*, 11 Feabhra 1924)

Blianta ina dhiaidh sin rinne sé plé ar an téarma 'litríocht' ann féin:

Ní ceárd í, adeirim ach rud is aoirde ná ceárd. Is ealadha í agus ní leor cleachtadh amháin chúichi gan nithe eile chur leis ... Ag foghlaim ealadhan duit, áfach ní mór duit t'anam do chur san obair.

(*United Ireland*, 11 Aibreán 1936)

Chaith Ó Rinn go leor ama ag plé le cúrsaí litríochta agus leis an tábhacht ar leith a bhí ag baint leis an léirmheastóireacht mar ghné lárnach de litríocht na Gaeilge. Chreid sé go raibh ról ag an léirmheas, ní hamháin mar bhreithiúnas ar shaothar litríochta, ach mar uirlis foghlama don scríbhneoir óg chomh maith:

Gheobha sé eolas ionta ní hamháin ar chéird na scríbhneoireachta ach fós ar chosáin mhachtnaimh an domhain mhóir agus ina theannta san treoir i dtaobh na leabhar is mó is fiú a léigheamh. Múinfe siad dó conus breithiúntas do thabhairt ar litríocht, agus gan bheith sásta le suarachas.

(PP, 93)

Bhí an cuspóir seo i dtaobh na léirmheastóireachta coitianta go leor ag an am sin, mar is léir ón tuairisc a thugann Máirín Nic Eoin dúinn ar léann na critice: “ ... mar fhórsa múnlaithé agus gríosaithe a bhí an chritic liteartha féin ag feidhmiú ar feadh i bhfad sa Ghaeilge ...” (Nic Eoin: 2005, 437). Ach cé go raibh Ó Rinn ag feidhmiú laistigh de réimse seo na léirmheastóireachta ina shaothar caithfear a rá (mar is gnách maidir le fealsúnacht ghinearálta Uí Rinn i leith na teanga) nach raibh a thuiscint ar chúrsaí léirmheastóireachta teoranta le caint ar chúrsaí foghlama amháin. Bhí forbairt tuisceana nua-aimseartha á nochtadh aige agus á moladh aige sna scríbhinní ina ndearna sé plé ar an léirmheastóireacht. Nocht sé ina scríbhinní sa leabhar *Peann agus*

*Pár* cuid de na hargóintí atá fós faoi chaibidil ag saineolaithe ar an ábhar seo sa lá atá inniu ann.

Ghríosaigh sé scríbhneoirí le dul i mbun pinn, pearsantacht agus aigne a nochtadh sa scríbhneoireacht agus tarraingt as an tseanlitríocht, ní hamháin mar uirlis teanga, ach mar ábhar tacaíochta chomh maith chun tuairimí nua a chruthú. Ach, chaoin sé, áfach, nach raibh sé seo ar siúl:

Níl oiread is aon scríbhneoir amháin againn go bhfuil “soiscéal” aige le craobhscaoileadh. Ba dhóich le duine orainn gur daoine sinn ná creideann i ní ar bith, ach amháin, béidir, an Ghaedhilg, agus litriú fada nó litriú gearr. Mar sin atá, measaim ó bunaíodh Conradh na Gaedhilge. Ní tugtar áird ar a scríobhtar i nGaedhilg. (PP, 128)

In alt a scríobh Gearóid Denvir ar an ábhar seo breis is leathchéad bliain ina dhiaidh sin, tá an teachtaireacht chéanna ar fáil. Agus é ag caint mar gheall ar lucht na critice sa Ghaeilge léirigh sé gur dhírigh siad ar chúrsaí teanga agus dea-Ghaeilge “seachas aon anailís ar aidhm, brí, nó modh inseachta saothair” (Denvir: 1996, 199). San alt céanna déanann sé athrá ar an ngnáthargóint sin a bhíodh á plé go rialta ag Ó Rinn maidir le ganntanas léirmheastóireachta:

.... tá bearnaí fós ann. Tá na céadta leabhair agus tráchtais gan scríobh fós. Tuilleann an scoláire, an gnáthléitheoir, an páiste scoile, tuilleann pobal na Gaeilge fré chéile an deis eolais agus aithne a chur ar an domhan mór sin ina dtimpeall trí fhuinneog a dteanga féin ... Bí i do chritic agus beidh leabhair theoriciúla agat faoina leabhair theoriciúla... (ibid., 217)

Is léir mar sin, gur cheannródaí é Ó Rinn lena linn féin maidir lena smaointe i leith na léirmheastóireachta agus, níos tábhachtaí fós, maidir lena smaointe i leith *chur chuige* na léirmheastóireachta. An t-ábhar an príomhrud, dar leis, ach ag an am céanna an rud is tábhachtaí ná “an múnlú dhéanfair ar an abhar” (PP, 203). Dá bhrí sin níor theastaigh uaidh an saothar a mheas de réir chúrsaí teanga amháin: “Mar nach é gnó an léirmheastóra a leithéid a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn na lochtaí chó mór is chó líonmhar san go loiteann siad an leabhar” (*An Glór*, 10 Aibreán 1943).

Ach, tá rianta eile na tuairimíochta nua-aimseartha le blaiseadh ar theoiricí critice Uí Rinn. Ceist mhór na critice ar a bhfuil plé cuimsitheach déanta le blianta anuas is ea an riachtanas atá ann téarmaíocht oiriúnach a shaothrú sa Ghaeilge chun plé leis an léirmheastóireacht: “Ba dheacair saothar critice ar bith a chur i gcrích sa Ghaeilge gan téarmaí na critice féin a bheith ar fáil i bhfoinse údarásach” (Nic Eoin: 2005, 9). I dtaobh na téarmaíochta, bhí an ráiteas seo á fhógairt ag Ó Rinn in alt a scríobh sé sa bhliain 1929:

Tá aon bhrairse amháin den litríocht nách féidir d’aon choiste suidhe síos i seomra agus téarmaí fóna do cheapa dhi. Brairse na léirmheas an bhrairse sin ... Cloisim go bhfuil saothar fóna déanta sa tslí seo ag fear óg léighanta Gaelach a bhí ag tabhairt léigheacht is léirmheas uaidh i gColáiste Laighean ar nua litríocht na Gaedhilge. Nára fada go mbeidh tora an tsaothair sin againn uaidh i bhfuirm leabhair.

(*The Star*, 31 Lúnasa 1929)

Bhí a chuid féin le rá ag Frank O’Brien ar an ábhar seo chomh maith:

I gcuid mhaith cásanna, is i ngeall ar fhadhbanna seachliteartha, fadhbanna a bhí de dhlúth is d’inneach in athbheochan na teanga, nach bhfuil mórán den léirmheastóireacht sofaisticiúil á dhéanamh. Ní raibh aon teanga ann a bhí i riocht plé le tuairimíocht faoin litríocht. (O’Brien: 1968, 2)

Aris, feicimid aigne dhúshlánach Uí Rinn nuair a chuir sé in iúl go raibh faillí ann i dtaobh fhorbairt na litríochta Gaeilge agus i dtaobh chaighdeán na léirmheastóireachta de bharr easpa inniúlachta agus tusiceana na n-eagarthóirí ar léann na léirmheastóireachta: “Ach níl puinn eagarthóirí ann go bhfuil an Ghaedhilg cuibhsach maith féin acu. Má cuirtear aiste Gaedhilge i gcló is ró-mhinic nach teist é ar chumas liteardha an scríbhneora” (PP, 39). Ghoill sé air nach raibh aird á tabhairt ag na foilsitheoirí, ach an oiread, ar an ngné thábhachtach seo de shaothrú na litríochta. Díospóireacht mhór na linne seo fós í an cheist mar gheall ar inniúlacht na léirmheastóirí i dtaobh na litríochta Gaeilge agus ní feidir a shéanadh go bhfuil tuiscintí Uí Rinn maidir le ceist na critice fós á léiriú:



Tá sé ráite le fada nach bhfuil sa chritic liteartha ach litríocht den dara grád, scríbhneoireacht i dtaobh na scríbhneoireachta, ach ní hionann sin is a rá nach dtig léi an duine a bhogadh agus a shuaitheadh má tá an teaspach ceart laistiar di. (Ó Doibhlin: 1997, 68)

Is iomaí ceist, chomh maith, a ardaítear faoi láthair maidir leis an teoiric liteartha i gcomhthéacs na Gaeilge agus tionchar an Bhéarla ar an saothar critice. “Níl sé cóir ná cothrom go dtiocfadh mic léinn na Gaeilge chuig an ábhar seo trí mheán lámhleabhair an Bhéarla” (Ní Annracháin agus Nic Dhiarmada: 1998, 1). Níl aon amhras ná gur tuairim í seo a réiteodh go hiomlán le tuiscint Uí Rinn ar an ábhar agus bheadh sé buíoch de na húdair siúd as ucht an lámhleabhar seo a chur ar fáil don mhac léinn. D’fhéadfaí a rá gur forbairt tuisceana é an leabhar seo ar bhuntuairimíocht Uí Rinn féin maidir le saothrú na litríochta agus na léirmheastóireachta:

Tugtar adhmholadh don dream Eireannach atá ag cumadh litríochta Béarla, rud a bhíonn tuillte go maith aca, ach ce acu is mó ba cheart a mholadh, an ceárdaí dheineann obair fhóna agus na habhair is na huirlisí is fearr ar domhan aige agus clú mór aige agus saibhreas aige le fáil dá chionn no an ceárdaí dheineann dea-shaothar agus é de riachtanas air sean-uirlisí do leaghadh, agus bheith ag iarraidh uirlisí nua do dhéanamh.

(*United Irishman*, 4 Márta 1933)

Bhí dianmhachnamh déanta ag Ó Rinn ar cheisteanna agus ar dheacrachtaí móra tábhachtacha na critice agus bhí sé sásta i gcónaí iarracht éigin a dhéanamh chun dul i ngleic le gach aon fhadhb a bhuaile leis ag an am. Mar chomhairle don léirmheastóir tugann Ó Rinn cuntas in alt sa nuachtán *The Star* ar conas léirmheas a dhéanamh. Leagann sé amach clár oibre leanúnach dó agus is éard atá ann ná iarracht éigin chun cabhrú leis an léirmheastóir bheith muiníneach as an obair a bhíonn idir lámha aige/aici:

... léigh an leabhar go haireach agus san am gcéanna cuir síos ar pháipéir na pointí gur mhaith leat trácht ortha agus do thuairimí fein ortha-san i nGaedhilg ní nach iongna; tar éis an leabhar do léigheamh tabhair

cúpla lá nó trí dhuit féin chun bheith ag machtnamh ar a bhfuil sa leabhar; ansan suidh síos agus scríobh do léirmheas chó hiomlán agus is féidir é; léigh é ansan agus scrúdaigh go maith é féachaint cad is féidir agus is fearr a leigint ar lar agus giorruigh gach abairt go dtí go mbeidh sí chó gonta gearrid agus is feidir í dhéanamh gan a soiléire do lot, agus nuair a bheidh an leirmheas chó gearrid agus chó so-léighte suimiúil taithneamhach agus is féidir é, cuir chun an eagarthóra é. (*The Star*, 31 Lúnasa 1929)

Mar fhocal scoir don léirmheastóir is éard a chomhairligh sé ná:

... ach, féach chuige thar gach ní gur ar bhóthar na Gaedhilge (agus nach ar bhóthar an Bhéarla) a bheidh gluaisteán do mhachtnaimh ag rith i gcomhnaí faid a bheir ag déanamh na hoibre sin. (ibid.)

Is léir go raibh tuiscint bhreá ag Ó Rinn ar theicníocht na léirmheastóireachta agus go bhfuil cuid de na fadhbanna a léirigh seisean agus é i mbun saothair fós á bplé ag intleachtóirí an lae inniu. Is léir chomh maith go raibh tuiscint bhreá aige ar chuspóir na léirmheastóireachta nuair a smaoinítear gur thuig sé na deacrachtaí a bhí ann do scríbhneoirí óga ach ag an am céanna go raibh moltaí á dtabhairt aige chun cabhrú leo dul i ngleic leis an scríbhneoireacht. Molann sé don scríbhneoir sa leabhar *Peann agus Pár* aithris agus clichés a sheachaint (41); sean-nithe a aithris as an nua (48); staidéar a dhéanamh air féin agus ar an timpeallacht (61); a shúile a choimeád ar oscailt (lch.64); ár litríocht is litríochtaí eile a léamh (77); aird a thabhairt ar an bhfilíocht mar “is a bhfilíocht atá an Ghaeilge is fearr agus is áille” (80); pearsantacht inmheánach a léiriú (100); an tsimplíocht a chur san áireamh tríd an tsoiléire agus loighciúlacht mhachtnaimh (105); aird a thabhairt ar ealaín an phéintéara: “Seachain an ní ná fuil brí leis, an ní ná fuil baint cheart aige let’ scéal. Ní thugann an pinteoir áird ach ar fhuirmeacha chabhruíonn le n-a phictiúir” (187). Ach thar aon rud eile ghríosaigh sé an scríbhneoir óg chun cumadóireachta. Mar a dúirt sé: “Is mó Milton ina thost de bharr é á dhísbheagadh féin” (44).

Déanann Ó Rinn féin trácht ar na moltaí seo go léir agus leanann sé a chomhairle féin agus é i mbun léirmheastóireachta. Fear ab ea é chomh maith a bhí ina iriseoir, ina aistritheoir, ina ealaíontóir agus ina scríbhneoir cruthaitheach, réimsí a shuibhrigh a

shaothar mar léirmheastóir go mór. Ach chun scrúdú ceart a dhéanamh ar Ó Rinn mar léirmheastóir is gá ábhar a léirmheasanna féin a aimsiú, tuairisc a thabhairt ar a bhfuil scríofa aige agus a léirmheasanna a mheas ó thaobh stíle, ábhair is comhthéacs de.

### **Ábhair Chritice**

Ó thaobh na léirmheastóireachta de, caithfear a admháil go ndearna Ó Rinn a dhícheall a chuid féin a dhéanamh chun an bhearna seo i litríocht na Gaeilge a líonadh. Maidir lena shaothar léirmheastóireachta fein, bhí Ó Rinn i mbun critice idir na blianta 1914 agus 1942 ar a laghad agus féith na dúthrachta le haithint ar an obair seo le linn na tréimhse sin ar fad. Tá léirmheasanna aige i nuachtáin éagsúla an ama (*Fáinne An Lae, Young Ireland, United Irishman, United Ireland, Freeman's Journal, An Branar, The Star, An Claidheamh Soluis, The Leader, The Irish Independent*) agus gan aon phátrún ó thaobh téama nó réimse le feiceáil ó nuachtán go nuachtán. Is iomaí cuntas a thug sé ar na leabhair éagsúla a foilsíodh i rith an ama sin agus d'fhéadfaí a rá go bhfuil cnuasach eicléictiúil de léirmheasanna ar fáil uaidh bunaithe ar na réimsí éagsúla litríochta a bhí mar ábhar scrúdaithe aige. Rinne sé léirmheasanna ar shaothair scríbhneoireachta mar: an t-úrscéal, an gearrscéal, an bheathaisnéis, an fhilíocht, an dráma, an ceoldráma, an leabhar béaloidis, an nuachtán, an leabhar téarmaíochta, an foclóir, mar aon le raidhse de leabhair éagsúla eile idir bhunleabhair agus aistriúcháin.

Maidir leis na haistriúcháin, ba léirmheasanna ar leabhair Ghaeilge an chuid is mó díobh, a d'aistrigh scríbhneoirí éagsúla go Gaeilge, ón mBéarla, ó Ghàidhlig, ón Iodáilis, ón bhFraincis agus ón nGearmáinis. Cuid bheag de na haistriúcháin, ba leabhair iad a d'aistrigh scríbhneoirí go Béarla ón bPortaingéilis agus ón Iodáilis. Maidir leis na bunleabhair a ndearna Ó Rinn léirmheasanna orthu, ba leabhair Ghaeilge, Bhéarla, agus Fhraincise iad na leabhair úd.

Ach má ghríosaiigh Ó Rinn scríbhneoirí chun dul i ngleic le gach aon ábhar agus iad ag scríobh, caithfear a aithint chomh maith, go ndearna seisean léirmheasanna ar leabhair a bhí an-éagsúil lena chéile: ó leabhair chráifeacha go leabhair aigneolaíochta; ó na clasaicí go leabhair do pháistí; ó chúrsaí staire go dtí an osnádúrthacht; ó chúrsaí an ghrá go cúrsaí aighnis; ó staidéar ar bhéir is a nósanna go creideamh is carachtar na nAisticeach; ón Solfá go staidéar eolaíochta ar charraigeacha. Níl srian leis na hábhair a bhíodh idir lámha aige agus is fiú mar sin

scrúdú a dhéanamh ar a raibh le rá aige maidir leis na scríbhneoirí agus na saothair éagsúla seo.

### **Na Léirmheasanna**

Nuair a smaoinítear ar an tréimhse sin ina raibh Ó Rinn i mbun critice, 1914-1942, ba thréimhse í a raibh gnéithe áirithe de litríocht na Gaeilge díreach ag teacht chun cinn den chéad uair. Maidir leis an úrscéal agus leis an ngearrscéal sa Ghaeilge is amhlaidh go raibh Ó Rinn agus léirmheastóirí eile a linne ag trácht ar sheánraí a bhí nua sa teanga ag an am. Tugann Alan Titley tuairisc ar na húrscéalta ba luaithe a scríobhadh sa Ghaeilge:

Má thugtar suas do *Cormac Ua Conaill* (1901) Phádraig Uí Dhuinnín gurb é an chéad úrscéal sa Ghaeilge é a foilsíodh ina iomláine bhí tosach éigin ag *Séadna* (1904) an Athar Peadar Uí Laoghaire air a tosaíodh ar a fhoilsiú de réir a chéile in *Irisleabhar na Gaedhilge* chomh fada siar le 1894. (Titley: 1991, 39)

Déanann Brian Ó Conchubhair plé ar na chéad úrscéalta a scríobhadh sa bhliain 1901 agus maidir leis an tréimhse roimhe sin is éard a bhí le rá aige ná: “Is ar éigean gurbh ann do litríocht chruthaitheach chlóbhuailte Ghaeilge ag an am” (Ó Conchubhair: 2009, 237). Maidir leis an ngearrscéal, is éard a deir Aisling Ní Dhonnchadha ná gurbh é *An Buaiceas* le Pádraig Ó Seaghdha (1903) “an chéad chnuasach ‘gearrscéalta’ a foilsíodh i nGaeilge” (Ní Dhonnchadha: 1981, 29). Mar sin de, is léir gur ghnéithe de litríocht na Gaeilge nach raibh taithí ag scríbhneoirí ná ag an bpobal léitheoireachta ag an tráth seo orthu a bhí sna saothair a bhí á meas ag Ó Rinn go minic. Dá bhrí sin bhí tábhacht ar leith ag baint leis na léirmheasanna a scríobhadh ar na seánraí seo litríochta chun scríbhneoirí an ama a spreagadh chun dul i mbun pinn.

### **(a) Ficsean / Úrscéalta agus Gearrscéalta Gaeilge**

Is minic a mhol Ó Rinn na leabhair Ghaeilge a scríobhadh ag an am, “mar is sa teangain a labhran an náisiún a nochtar dúinn croidhe agus anam an náisiúin” (*Young Ireland*, 8 Samhain 1919). Ach ag an am céanna, theastaigh uaidh go mbeadh blas na litríochta ar na leabhair sin, mar is léir ó na pointí a dhéanann sé i léirmheas a scríobh sé ar an leabhar *An Bhruinneal Bhán* (1934) le Diarmuid Ó Laoghaire: “Ní mholfainn

d'éinne iarracht do dhéanamh ná beadh aon deabhramh go deo go n-eireodh léi” (*United Irishman*, 15 Nollaig 1934).

Sa léirmheas céanna déanann Ó Rinn plé ar ábhar atá pléite cheana féin i gCaibidil 3 nuair a léiríonn sé drochmheas ar an saghas ábhair a bhíodh mar bhunchloch ag údair na haimsire:

Is ró-eagal liom go bhfuil sé imithe ina luighe ar a lán daoine nách féidir dóibh úrscéala a léireoidh saol na tuatha go dílis is go firinneach mara mbeidh céilídhe, cuirme cheoil, iomórtas báire, saghas éigin ráiseanna, tórramh agus sochraid acu ann. (*United Ireland*, 15 Nollaig 1934)

Mhol Ó Rinn saothair áirithe eile de bharr nach raibh an tuatachas seo le brath ar na scéalta. Rinne sé léirmheas ar chnuasach de cheithre scéal le Seán Sabháiste ina ndéanann an t-údar plé ar shaol na cathrach. Is éard a deir Ó Rinn ná: “Rud nua dhúinn údar a bheith againn go bhfuil grádh aige do shráideanna cathrach agus ná féachann ar an tuath ach mar fhéachann na cathruitheoir uirthi” (*United Ireland*, 4 Iúil 1936). Leabhar a mholtar ar an ábhar céanna is ea *Toil Dé* (1933), úrscéal le hÉamonn Mac Giolla Iasachta. Is suntasach an léirmheas é seo mar go dtugann sé léargas dúinn ar inniúlacht Uí Rinn mar léirmheastóir. Molann sé an saothar seo mar gheall ar an ilghnéitheacht atá ann, “... feirmeoireacht, polaitíocht, cogadh, grádh, saol daoine bochta (gach duine lán-bheo agus a phictiúr sa cheart), comórtas Rugbaí, vamp, an Dáil, an Seanad, etc.” (*United Ireland*, 7 Iúil 1934). Ach léiríonn sé lochtanna sa leabhar chomh maith, lochtanna a chuireann in iúl dúinn an tuiscint a bhí ag Ó Rinn ar an úrscéal liteartha oilte. Déanann sé comparáid idir an leabhar seo agus leabhar eile ón údar céanna dar teideal *Cúrsaí Thomáis* (1927). Maidir le *Cúrsaí Thomáis*, is éard a mholann sé ná: “... an fuinneamh, an úire, an fhriseáltacht” (ibid.) a léiríonn beocht agus nádúrthacht. Leanann sé ar aghaidh: “Déarfainn gurb amhla tháinig an scéal san tur as a chroí is a aigne, gan aon ró-iarracht ar fhuirm úrscéil do chur air” (ibid.). Maidir le *Toil Dé*, is éard a bhíonn le rá aige ná:

Thug sé aire do sna rialacha go léir (ach amháin ina dheireadh) más “rialacha” an focal ceart. Mínítear aigne is deabhramh gach duine sa scéal dúinn mar ba chóir. Tuiteann gach eachtra amach go nádúrtha. Tá rian

staidéir na teicníce le feiscint go soiléir in áiteanna áirithe (e.g. sa chuntas ar pháirt an Chárthaigh Óig sa chogadh in aghaidh na nDubhchrónach) “beireann an scéal greim ort.” (ibid.)

Tagann sé chuig croílár na critice nuair a deir sé an méid seo faoin scríbhneoir:

Nuair a bheidh lán-mháistríocht ag an údar ar an teicníc, oiread san máistríochta go gcuirfe sé i bhfeidhm í nach mór i ngan fhios do féin, déanfa sé an dá thrágh do fhreastal, sé sin, úrscéal a bheidh chó saor ó chosc is tá “Cúrsaí Thomáis” agus chó maith teicníc le “Toil Dé” do thabhairt dúinn. (ibid.)

Léirmheas tábhachtach eile a thugann léargas dúinn ar chumas Uí Rinn mar léirmheastóir is ea an tuairisc a thug sé ar an leabhar *Éan Corr* (1937) le Seán Mac Maoláin. Thug sé ardmholadh don údar seo: “Is fada mé ag feitheamh leis an scríbhneoir fhéadfadh a leithéid a thabhairt dúinn agus measaim go bhfuil sé againn fé dheireadh. Seod beag an t-úrscéal gairid seo” (*The Irish Independent*, 22 Meitheamh 1937). Sa léirmheas seo déanann sé trácht ar an atmasféar a chruthaítear, an nádúrthacht stíle, an staidéar ar an aigne, agus géarthuiscint an údair ar ábhar an scéil: “Tragaide atá ann a chorruíonn croidhe an léitheora agus grádh a mhothuimid cé ná deintear puinn tráchta air. Genre nua sa Ghaedhilg í seo” (ibid.).

Ach cé gur moladh an t-úrscéal seo le Seán Mac Maoláin, ní hamhlaidh an scéal maidir le húrscéal eile a scríobh sé dar teideal *Iolar agus Sionnach* (1938). Luaitear ceisteanna teanga agus an argóint sin maidir leis an ‘sean agus an nua’ sa léirmheas seo agus ní ró-mholtach a bhí Ó Rinn an tráth seo:

Maith liom go scríobhann sé “gach aon” in áit “achan” ach bfearr liom gan abairtí ar aon déanamh le “b’orm a bhí sé ag caint” a bheith chó minic aige – nach “is orm a bhí” adeirtear agus nach é a bhíos sa tsean-litríocht? (*The Irish Independent*, 21 Márta 1939)

Maidir leis an leabhar *Bun An Dá Abhann* (1933) le Seán Ó Ciarghusa, déanann sé trácht ar an ‘iomad mion-chainte’. Níl sé sásta leis an gcarachtracht ach an oiread, agus tá comhairle aige don údar:

Isé gnó an údair, dar liom, an brón nó an gheit sceon cuir i gcás do mhíniú i slí go mothódh an léitheoir é níos fearr ná dá mbeadh sé féin i láthair an té go mbeadh an mhotháil air. (*United Ireland*, 8 Nollaig 1934)

Scríobh sé léirmheas ar úrscéal a scríobh Pádraic Óg Ó Conaire dar teideal *Éan Cuideáin* (1936) agus léirítear arís a mhacántacht mar léirmheastóir. Maidir le saothar Uí Chonaire is éard a bhí le rá aige ná:

Ní húrscéal mór é ach dá mbeadh leathchéad dá shórt againn bheinn ag brath air nárbh fhada go mbeadh na húrscéalta móra chugainn mar tá macántacht, firinneacht, is dílseacht ann agus tá fios a cheirde ag an údar. (*The Irish Independent*, 23 Márta 1937)

Is léir, mar sin, gur iarracht ar léirmheas macánta, oilte, inniúil a thabhairt, a bhí i gceist ag Ó Rinn agus é i mbun na hoibre seo. Ní raibh sé de chuspóir aige cumas teanga na n-údar a phlé ach rinne sé iarracht díriú isteach ar ábhar an tsaothair a bhí á scrúdú aige mar aon le tuairisc a thabhairt ar ghnéithe na litríochta mar chúrsaí stíle agus seánra, chomh maith le plé a dhéanamh ar theicníocht na teanga.

In alt a scríobh sé ar leabhar faoi chúrsaí síceolaíochta dar teideal *De la Personalité*, le Ramón Fernandez, déanann sé plé arís ar ealaín an úrscéil. Agus leabhar Fernandez pléite aige, bhí an méid seo le rá ag Ó Rinn mar gheall ar an úrscéal i gcoitinne:

Thaisbeain an méid sin dom go raibh an ceart agam nuair a chuireas in úil gur gnáth pearsain shamhluithe an úrscéil do bheith níos beo, níos iomláine ionta féin, ná na fíor-pearsain ar a dtráctar san átobíograf agus sa stair agus gurb í an úrscéalaíocht an saghas litríochta (de na trí saghsanna san) is usa do dhuine a shaothrú más duine é go bhfuil aon chumas samhlaíochta aige. (*United Ireland*, 5 Bealtaine 1934)

Bhí tabhacht ar leith ag baint leis na léirmheasanna a scríobhadh ar na seánraí seo litríochta ag an am mar gurbh iad na chéad tuairiscí a scríobhadh ar litríocht nua na linne sin. Ach más suntasach iad na léirmheasanna thuasluaite, is suntasaí fós iad na léirmheasanna a rinne Ó Rinn ar mhórshaothair agus ar údair mhóra a linne a bhfuil cáil orthu fós sa lá atá inniu ann. Tóg mar shampla leabhar mar *Cith is Dealán* (1926). Scríobh Ó Rinn agus a chomhghleacaithe léirmheasanna ar leabhair mar seo ag an tréimhse inar céadfhoilsíodh iad. Dá bhrí sin is ábhar spéise iad na léirmheasanna tosaigh seo agus is suntasach an ní é na léirmheasanna seo a léamh agus a iniúchadh i bhfianaise na cáile a bhain na leabhair sin amach ina dhiaidh sin.

Tugann Ó Rinn ardmholadh don chnuasach gearrscéalta *Cith is Dealán* le ‘Máire’: “Seod beag litríochta iseadh gach aon eachtra dá bhfuil sa leabhar” (*United Ireland*, 30 Meitheamh 1934). Is cúis mholta dó arís sa leabhar seo léargas an údair ar mheon agus aigne an duine agus an “cion aige ar dhaoine bochta geanúla na Rosanna” (ibid.). Luann sé an tslí a dtéann na scéalta i bhfeidhm ar an léitheoir: “Tá a fhios ag an údar conus cur síos ar chúrsaí grádha i slí chorruíonn croí an léitheora” (ibid). Moltar an Ghaeilge agus úsáid na bhfocal: “Ach, tá níos mó ná dea-Ghaedhilg ag ‘Máire’ dhúinn. Tá guntacht agus cruinneas comhgaracht agus deiseacht ina chuid abairtí go léir – an focal ceart san áit cheart i gcomhnaí”. (ibid.)

Sa léirmheas seo mar sin feicimid arís tagairt don teanga, don stílíocht, don scríbhneoireacht, do na mothúcháin a mhúsclaítear sa léitheoir. Is suntasach an chritic í nuair a smaoinítear arís go mba mhinic i léirmheasanna an ama sin gur leor caint ar an dea-Ghaeilge, gan trácht ar chúrsaí stíle nó ar chúrsaí liteartha, go mór mór agus léirmheastóirí i ngleic le saothair Ghaeltachta. Mar a deir Philip O’Leary agus é ag trácht ar an gcleachtadh léirmheastóireachta seo:

An obsession with orthography, dialect issues, and a rigidly enforced if vaguely defined linguistic purity ... characterise much of what passed for literary criticism during the 1920s and 1930s (O’ Leary: 2004, 182)

Leabhar eile de chuid ‘Mháire’, a bhfuil léirmheas scríofa ag Ó Rinn air is ea *Caisleán Óir* (1924). Sa léirmheas seo déanann sé plé ar an leabhar i dteannta leis an leabhar *The Ratpit* (1915) le Patrick McGill, de bharr tuairimíochta a cuireadh chun



cinn ag an am gur aithris ar an leabhar seo ag McGill a bhí déanta ag ‘Máire’. Tugann Ó Rinn a bhreithiúnas féin mar gheall ar an líomhain seo agus é ag déanamh plé ar *Caisleáin Óir*: “Braithim gur fearr is gur fírinnghe go mór é ná “The Ratpit”. Dá mb’aithris é bheadh san soiléir mar bíonn gach aithris leamh – sugh líomóide i n-ionad fiona” (*United Ireland*, 2 Meitheamh 1934).

Is díol spéise é an t-alt ina ndéanann sé plé ar an mbeirt deartháireacha, ‘Máire’ agus Seosamh Mac Grianna. Léiríonn Ó Rinn go raibh cur chuige níos sofaisticiúla aige mar léirmheastóir ná mar ba ghnách ag an am nuair a dhéanann sé comparáid idir an bheirt acu agus nuair a dhíríonn sé ar na difríochtaí stíle idir saothair na beirte:

Tá stíl “Mháire” éadtrom, beagáinín tur. Bíonn a chuid Gaedhilge ana-chruinn ana-shoiléir. Cé gur minic beag-fhoclach gearr-chainteach é ní hannamh an chaint ag teacht uaidh ina sruth éadtrom seolta, go neartmhar agus go paisiúnta. Maidir le Seosamh bíonn a chuid Gaedhilge níos buige dar liom agus gheibhim inti níos mó ná mar a bhíonn ag “Máire” den ní do-mhínte úd ar a dtugtar “atmosféir”.

(*United Ireland*, 16 Meán Fómhair 1933)

Is léir go raibh ard-mheas ag Ó Rinn ar chumas scríbhneoireachta na ndeartháireacha ach ag an am céanna nach raibh aon leisce air lochtanna a thabhairt chun solais de réir mar ba léir dó iad, fiú maidir le saothair scríbhneoirí a raibh ard-mheas ar a gcuid oibre ag an bpobal litríochta i gcoitinne.

Léirmheas álainn, macánta a scríobh Ó Rinn, ar leabhar le duine eile de scríbhneoirí móra a linne, is ea an cuntas a thug sé ar an leabhar *Jimín* (1919) leis ‘An Seabhadh’. Léiríonn sé an tuiscint don ghreann atá aige agus tugann sé le fios gur féidir litríocht a scríobh ní hamháin ar ábhar tromchúiseach, dáiríre ach ar ábhar éadtrom greannmhar chomh maith:

Dá mhéid caint ata ar siúl le fada i dtaobh litríocht Ghaedhilge ní airghim éinní á rá i dtaobh scéil desna scéalta grinn is fearr dár scríobhadh le mórán aimsire i nGaedhilg: “Jimín Mháire Thaidhg,” a bhíon sa “Lóchrann” gachaon mhí. Tá Jimín ina shaighdiúir le hÉire agus ina fhear

faire ar spairí an mí seo, agus do bhainfadh a chuid eachtraithe gáire as an té go mbeifí taréis an ola dheunach a chur air. Tá súil agam gur fada go mbeidh deire lena chuid eachtraithe, agus, nuair a bheidh, go gcuirfear i gcló i leabhar iad. (*Young Ireland*, 26 Meitheamh 1920)

Is léir ón léirmheas seo an tuiscint ghéar a bhí ag Ó Rinn ar an saothar scríbhneoireachta a bhí idir lámha ag scríbhneoirí an ama sin, nuair gur féidir a rá go bhfuil seasamh fós ag an mbreith a thug sé ar na saothair sin.

Scríbhneoir mór eile de chuid na linne a ndearna Ó Rinn critic ar a shaothar ab ea an tAthair Peadar, fear a raibh go leor le rá ag Ó Rinn mar gheall air. Bhí idir mholadh agus cháineadh ina léirmheas ar shaothar an Athar Peadar. Ina scríbhinní luatha is mó de mholadh a thug Ó Rinn don údar. Chreid sé i gcónaí i mbuntuisicintí Uí Laoghaire mar gheall ar an nGaeilge a shaothrú ar bhealach a bheadh in oiriúint don aimsir nua. Sa bhliain 1923 is éard a scríobh Ó Rinn ná: “tuigimid go léir anois, pé cuma a bheidh ar chanúint na letríochta againn ar ball, nach foláir í do bhunú ar charraig dhaingean na Gaelge a labhartar” (*The Freeman's Journal*, 12 Meitheamh 1923). Ach leis na blianta tháinig forbairt ar thuairimí seo Uí Rinn, agus cé gur aontaigh sé le cuid d’fhealsúnacht Uí Laoghaire, ní i gcónaí a bhí sé ar aontuairim leis. Ghlac sé lena thuairimí faoi Ghaeilge na haimsire a bheith mar mheán cumadóireachta: “Mhúin an tAthair Peadar aon fhírinne mhór amháin dúinn, sé sin, gur i nGaedhilg na haimsire seo chaithfimis an nua-litríocht a scríobhadh – ní fhéadfaimís dul siar go Gaedhilg na sean-údar, Céitinn is an chuid eile acu, ach oiread is fhéadfadh lucht Béarla dul siar go Shakespeare is Chaucer” (*United Ireland*, 12 Eanáir 1935). Ach, níor aontaigh Ó Rinn go hiomlán leis an Athair Ó Laoghaire maidir le ceist na sean-údar ós rud é nach raibh an tAthair Peadar sásta iarracht ar bith a dhéanamh “ar cheangal éigin do chur idir Gaedhilg na haimsire seo agus Gaedhilg na sean-údar: Céitinn, an Dr O Gallchobhair, Aodh Mac Aingil etc.” (ibid.). Rinne Ó Rinn tagairt don tuairim a bhí ag Ó Laoghaire go dtabharfadh caint na sean-údar ‘intermittent lockjaw’ do dhuine. Níor aontaigh Ó Rinn leis an Athair Peadar a bhí ró-chlaonta i gcoinne na seanlitríochta, dar leis. Mhol seisean gan aithris ghlan a dhéanamh ar théarmaíocht nó ar chaint na sean-údar ach a bhfiúntas a aithint agus “iad d’úsáid chun Gaedhilg na haimsire do shaibhiú is do chur in oiriúint do chúrsaí nua-aimseartha” (ibid.). Mar sin de, cé gur mhol Ó Rinn an tAthair Peadar mar gur “mhairbh sé an Céiteannachas

bréige” (*United Ireland*, 26 Eanáir 1935), d’aithin Ó Rinn, murab ionann agus Ó Laoghaire, go raibh tairbhe éigin le baint as an tseanlitríocht agus mhol sé gan dearmad a dhéanamh uirthi.

Cé go raibh nualitríocht á scríobh ag Ó Laoghaire, níor bhac sé le ceisteanna casta na haimsire a phlé, dar le Ó Rinn. Bhí sé ró-chlaonta do ‘chaint na ndaoine’ a scríobh ar mhaithe leis an teanga amháin, níos mó ná mar uirlis díospóireachta ar cheisteanna móra an ama: “Nách mór an truagh nách aistí fuirmeálta thug sé dhúinn ... Dá mbeadh air machtnamh a dhéanamh gach seachtain ar chúrsa éigin phuiblí, ní mar a dhéanfadh an bheirt a chuir sé ag comhrá ach mar fhear go raibh léigheann agus tuisgint aige agus taithí ar an saol mór, agus ansan toradh a mhachtnaimh dfoillsiú in aiste Ghaedhilge chabhródh sé go mór le forbairt na teangan” (*United Ireland*, 16 Feabhra 1935). Mar a dúirt sé mar gheall ar an Athair Peadar: “Bfearr leis bheith ina mháistir is ina rí ar ríocht na Gaedhilge simplí” (*United Ireland*, 19 Eanáir 1935). Ag an am céanna bhí tuairim ag Ó Rinn go raibh tuiscint éigin ag an Athair Peadar go raibh tábhacht ag baint le caint na ndaoine “mar bhun no mar fhotha den chaint liteardha” (*ibid.*), ach go raibh leisce air géilleadh don tuairimíocht seo go poiblí ar eagla go laghdófaí ar a chuid argóintí bunúsacha. Chreid Ó Rinn go raibh Ó Laoghaire níos tuisceanaí i dtaobh na hargóna seo ná mar a bhí a lucht leanúna a chloígh ró-dhocht le ‘caint na ndaoine’.

Níor bhac a lucht leanúna leis an mbrí dob fhéidir a bhaint as a theagasc. Níor bhacadar ach lena shompla. Cheapadar “aigne Ghaelach” nárbh fhéidir éinní do chur isteach inti ach ráite go raibh seandaoine na Gaeltachta bréan díobh, aigne do stad de bheith fás i bhfad sarar cuireadh an chéad bhríste uirthi. (*ibid.*)

Cúrsaí teagaisc ba mhó a bhí i gceist ag an Athair Peadar, de réir thuairisc Uí Rinn: “Níorbh fhear litríochta an tAthair Peadar ach fear troda” (*United Ireland*, 2 Feabhra 1935). Is éard a bhí le rá aige maidir le cruinneas a chuid Gaeilge ná: “Níorbh iongnadh dá mbeadh ‘cho cruinn leis an Athair Peadar’ ina shean-fhocail ar ball againn” (*ibid.*). Ach chun suimiú a dhéanamh ar a thuairimí faoin Athair Peadar ní gá ach an abairt seo:

Thug sé congnamh dom féin chun roinnt tearmaí do cheapadh agus táim baoch de dá chionn ach ní foláir an fhírinne innsint – níor dhein sé aon iarracht mhór leanúnach dar liom ar chomhacht na Gaedhilge mar theangain, mar úirlis do lucht mhachtnaimh, do mhéadú.

(*United Ireland*, 19 Eanáir 1935)

Mar sin féin, is suntasach an léirmheas a rinne Ó Rinn ar an leabhar cáiliúil *Séadna* (1904), a scríobh an tAthair Peadar. Scríobh sé mar gheall ar an nGaeilge a bhí ann a chuir draíocht air, an charachtracht a léiríodh i bpearsa Shéadna féin, na comhráite neamh-urchóideacha a tharla idir na leanaí, an tsamhlaíocht a músclaíodh ann. Ach ó thaobh na litríochta de b'éigean do Ó Rinn a admháil nárbh ardlitríocht a bhí ann. Phléigh sé ceisteanna seánra agus an leabhar á mheas aige agus is léir ón gcuntas a thug sé go raibh tuiscint ghéar aige ar chúrsaí seánra na linne. D'aithin sé gur saothar ar leith a bhí i gceist anseo agus nárbh úrscéal ná seanscéal é:

Ní húrscéal é ná ní seana-scéal tuatha é ach rud éigin eatorra.

(*United Ireland*, 9 Feabhra 1934)

Leanann sé ar aghaidh sa léirmheas seo agus plé á dhéanamh aige ar cheisteanna foirme agus seánra:

An amhla atáimid agus a leithéid sin de thaithí againn ar úrscéalta nách féidir dúinn aon mhaith fheiscint in eachtra ar bith ach amháin nuair a bhíonn sé i bhfuirm, agus do réir chonvensiúin, an úrscéil nua-aimseartha? Cad chuige gur maith linn uaireanta na pantomín no pictiuir cainte atá chó háiféiseach le pantomím ar bith? (ibid.)

Críochnaíonn sé an léirmheas seo le hardmholadh:

Molaim é go mór mar gheall ar an méid sin ach ní bhfuighinn am' chroí é cháineadh i dtaobh é do theip air ní do dhéanamh, nár chuir sé roimhe a dhéanamh sé sin, úrscéal nua-aimseartha do cheapadh. (ibid.)

An staidéar ar aigne; na mothúcháin a mhúscailt sa léitheoir; an t-atmascéar a chruthú; an dílseacht don teanga; an ilghnéitheacht ábhar; is iad sin cuid de na cúramaí ba mhó do Liam Ó Rinn agus léirmheas á dhéanamh aige ar an ngné seo de litríocht na Gaeilge, an t-úrscéal. Is díol suime é go raibh an mana céanna á mholadh ag Diarmuid Ó Súilleabháin tríocha bliain ina dhiaidh sin:

Déarfainn ó chroí le húrscéalaithe na Gaeilge: Bígí domhanda; bígí dúchasach, bígí dána; bígí cuthalach. Bí tú féin a úrscéalaí agus san am gcéanna bí i do fhear eile ag faire saoil is á rianadh led scéal ... Nílirse, a úrscéalaí na Gaeilge , ar thórramh, ná ar shochraid, ná nílir i láthair bhaistidh ach an oiread. Bíodh a fhios seo agat – taoi le cleamhnas, le pósadh dá ndéarfainn é agus cé déarfaidh lem bhéalsa é nach n-iompófar an fíoruisce ina scoth-fhíon againn lá éigin amach anseo? (*Comhar*, Iúil 1965, 22)

#### **(b) An Bheathaisnéis / Dírbheathaisnéis Ghaeilge**

Seánra eile a phléigh Ó Rinn ina chuid léirmheasanna ná an seánra sin ar a dtugtar ‘an dírbheathaisnéis’. Leabhar Gaeilge amháin a bhfuil ard-mholadh tugtha dó ag Ó Rinn is ea *Fiche Blian ag Fás* (1933) le Muiris Ó Súilleabháin. Mar a deir sé: “Isé an leabhar is úire agus is friseálta dar leigheas riamh” (*United Irishman*, 6 Bealtaine 1933). Moltar an scéal, an stíl, an teanga, mar aon leis an eagarthóireacht agus an chlódóireacht sa leabhar seo agus ní fhágann Ó Rinn aon rud ar lár agus an tuairisc seo á scríobh aige, ina luann sé na tréithe is mó a ghabhann le litríocht mhaith, dar leis féin. Molann sé an cur síos a dhéanann an t-údar ar na carachtair agus go mór mór “ar nós is ar mheon na seana-bhan” (ibid.). Moltar an t-údar “mar tá súil ghéar aige a thugann fé ndeara go cruinn gach a mbíonn ar siúl ina thimpeall” (ibid.). Is cúis mholta eile dó nach raibh aon chuntas leadránach ná aon ‘rámhailleacht’ sa scéal: “... agus innseann duinn i gcúpla dosaen focal gach a bhfeiceann” (ibid.). Déanann Ó Rinn trácht ar an atmascéar a chruthaítear sa scéal: “Tá mistéir na h-oíche is na n-oileán uaigneach ann agus saoghal mar a bheadh ag Robinson Crúsó” (ibid.) Gan amhras luann sé an Ghaeilge agus is cúis áthais dó nach Gaeilge na seandaoine atá ann ach Gaeilge nádúrtha an duine óig agus is éard a deir sé mar gheall ar na focail ná: “rithid agus léimid go hanamúil éadtrom” (ibid.). Is breá leis beocht agus simplíocht an leabhair: “Ba dhóich leat agus tú á léigheamh go rabhais féin i láthair.

Cuireann sé i gcuimhne dhom pictiúirí áirithe dhein Jack Yeates in iarthar na hEireann” (ibid.)

Leabhar dírbheathaisnéiseach eile le duine de scríbhneoirí móra a linne is ea *Mo Thuras go hAmeirice* (1937) leis an gCraoibhín Aoibhinn. Leabhar taistil atá ann a chuireann síos ar an tréimhse a chaith an Craoibhín i Meiriceá sa bhliain 1905 agus é ag bailiú airgid do Chonradh na Gaeilge. Tugann Ó Rinn cuntas macánta ar an leabhar agus léiríonn sé idir mholtaí agus lochtaí an tsaothair:

B’fhearr le n-a lán againn go ndéanfadh an Craoibhín na h-eachtraihte dob inspéise dar bhain dó ar an turas do thogha amach agus na fíoraisí beaga tura dfágaint ar lár. I dtosach an leabhair go mór mór luadhann sé mórán daoine gan puinn seachas a n-ainmneacha thabhairt dúinn, rud fhágann ná fuil sna daoine sin dúinn ach ainmneacha, dá aoirde réim ina dtír féin ... Ó leath. 40 amach, áfach, taisbeánann sé cad is féidir leis a dhéanamh, mar tugann sé cuntaisí beaga pearsanta ar dhaoine, ar áiteanna is ar eachtraihte dúinn. (*The Irish Independent*, 19 Aibreán 1938)

Fir is mó a bhí ag scríobh leabhair Ghaeilge le linn na tréimhse a raibh Ó Rinn i mbun pinn, ach, taobh leis na leabhair seo go léir tá leabhair na mbanúdar, cé go raibh siad gann ag an am. Leabhar amháin a scríobhadh le linn an ama sin is ea an leabhar cáiliúil *Peig* (1936) a chuir Máire Ní Chinnéide in eagar agus ar scríobh Ó Rinn léirmheas air. Thaitin an leabhar go mór leis agus, cé go raibh locht nó dhó le léiriú aige, is mó de mholtaí a chuir sé os comhair an phobail maidir le *Peig*. Molann sé arís an cur síos ar na carachtair, an blas pearsanta agus an tuiscint a léiríodh ar mhuintir na Gaeltachta sa leabhar. Cáineann sé go bhfuil “an iomad fearúlachta sa Ghaedhilg clóbhuailte” (*United Ireland*, 18 Iúil 1936), agus molann sé meon na mná:

Is fearr le mná, do ghnáth, bheith ag caint ar dhaoine ná ar rudaí agus ní heisceacht *Peig Sayers*. Déarfainn go bhfuil an ceart acu. Is inspéise go mór an t-ainmhí bocht ar a nglaoitar an duine ná a bhfuil sa chruinne le chéile lasmuigh de. (ibid.)

Sa léirmheas seo léiríonn sé a chuid tuairimíochta maidir le stíl agus le modh inste an leabhair agus léiríonn sé go raibh tuiscint ar leith aige ar sheánraí éagsúla liteartha. Cuireann sé a mhéar ar dheacracht lárnach a bhíonn ag léitheoirí leis an leabhar – an teannas idir an scéal beatha agus na samplaí den scéalaíocht thraidisiúnta ata fite tríd an insint:

Is maith le Peig bheith ag innsint scéalta agus cé gur taithneamhach iad mar scéalta ní fheadar ná gurbh fhearrde an leabhar cuid acu bheith ar lár toisc gan ró-bhaint a bheith acu leis an mbeatha-scéal féin. (ibid.)

Ach mar fhocal scoir, fáiltíonn sé go speisialta roimh an leabhar mar gur scéal mná é agus cuireann sé a ghliondar croí in iúl:

“Agus is dócha gurb é sin cúis go dtaitheann “Peig” chó mór sin liom. Isé an chéad leabhar toirtiúil é a fuaramair ó mhnáibh na Gaeltachta. Nárbh é an ceann deiridh é!” (ibid.)

Léirmheas é seo a léiríonn an-tuiscint ar an litríocht agus ar an dea-shaothar ag an am sin nuair a bhí tionscnamh critice ar litríocht na Gaeilge díreach ina thús.

Níl aon amhras ná go raibh an cuntas pearsanta agus an léargas ionraic ar an duine féin thar a bheith tábhachtach do Liam Ó Rinn sa saothar dírbheathaisnéise. Leag sé béim ar an dílseacht, an tsimplíocht agus an géarscrúdú ar phearsantacht agus ar aigne an duine. Bliain sula bhfuair sé bás bhí ceist na beathaisnéise fós mar chúram aige:

I have remarked elsewhere on the seeming determination of Irish writers never to be intimate, never to give themselves away, always to appear before the world as eminently respectable and hard-headed, dressed in their best clothes, so to speak. We seldom get an opinion worth a damn in Irish. Why? Because we are afraid to stray away from the beaten track.  
(*The Leader*, 22 Lúnasa 1942)

Níos faide ar aghaidh san alt céanna léirigh sé an ghéarhuiscint a bhí aige ar an seánra seo:

We are still waiting for a really good autobiography in Irish, the kind that will make us shout for joy and weep, by turns. I know it is a difficult feat for I have tried it. I don't know if it can be achieved by taking thought. In the case of a really good one, I fancy the author just happens on the right mood at the right moment, then takes up his pen and writes, leaving considerations of style, etc. till he finishes. Let's hope that one of us will forget his own grandeur some day and tell us all about himself. I hope *Leader* readers are reading Mac Liammoir's autobiography in *Comhar*. (ibid.)

### (c) Úrscéalta Béarla

Cé gur leabhair Ghaeilge ba mhó a bhíodh á bplé ag Ó Rinn mar léirmheastóir bhí leabhair Bhéarla ann nárbh fhéidir leis neamhshuim a dhéanamh díobh. Is mó de leabhair Ghaeilge ná de leabhair Bhéarla a bhíodh á léamh aige agus ní minic a scríobhadh sé léirmheasanna ar na saothair Bhéarla ach is suntasach iad na cinn a thóg sé mar chúram air féin.

Scríobh sé léirmheas ar an leabhar *Remembering Sion* (1934), le Deasmumhan Ó Riain. Moltar an cuntas a thug an t-údar seo ar na carachtair sa scéal: “Is iad na cuntaisí seo ar dhaoine na nithe is inspéise sa leabhar. Tugann sé iarracht ar bhreithiúnas ceart do thabhairt ortha” (*United Ireland*, 14 Iúil 1934). Déanann Ó Rinn cur síos anseo chomh maith ar an tslí a ndeachaigh an scéal i bhfeidhm air féin: “Chuir an tuairisc ar an eirighe-amach an croí ag preabadh arís ionam, mar d’fhéadfainn féin scéalta innsint ina thaobh.” (ibid.)

Má chuirtear an léirmheas seo i gcomparáid leis an léirmheas a rinne Ó Rinn ar leabhar Béarla a bhfuil ard-mheas air mar litríocht .i. *Ulysses* (1922) leis an Seoigheach, feicfead go soiléir na tréithe litríochta ba thábhachtaí dó. Is éard atá le rá aige maidir leis an leabhar toirtiúil seo ná gur “leabhar duairc é seo fhágann drochbhlas ad bhéal” (*United Irishman*, 17 Nollaig 1932). Admhaíonn sé go gcuirtear an leabhar seo ar aon dul le saothar Cervantes agus Rabelais. Ach tá sé de chrógacht ag Ó Rinn a mhothúcháin féin a thabhairt beag beann ar aon tuairimí eile agus níl aon leisce air cur i gcoinne smaointe daoine eile. Mar gheall ar Cervantes is éard a bhí le



rá aige ná: “Bhíos cortha glan d’eachtraí áiféise Don Quixote sara raibh a leath léigte agam” (ibid.). Maidir le Rabelais: “ ... níor éirigh liom riamh níos mó na trí no ceathair de chaibidealaibh d’obair Rabelais do léigheamh. Táid araon ró-áiféiseach dom” (ibid.). Is é an locht is mó atá le fáil aige ar *Ulysses*, áfach, ná nach gcuireann sé meon na cathrach in iúl i gceart. Níl ann, dar leis, ach cur síos ar lá sa chathair ag fear go raibh ‘droch-ghiúmar’ air.

Ach ní hé saoghal Bhaile Átha Cliath é mar a chionn furmhór na ndaoine é ar feadh furmhór na haimsire. Ba bhreá an rud é leabhar ó dhuine den fhurmhór san do bheith againn ar an saoghal san. Bheadh croidhe agus daonnacht ann, saibhreas agus daibhreas, grádh mór agus fuath nimhneach...(ibid.)

Dá bharr sin b’fhearr go mór leis an cuntas ar Bhaile Átha Cliath a thug Deasmumhan Ó Riain ná an cuntas a thug An Seoigheach:

Tá teas-ghrádh agus dúthracht ann agus ní blas searbh a bhíonn ad bhéal ina dhiaidh ach blas milis, milseacht aisteach an bhróin agus milseacht ghrádha agus chomrádaíochta. Is léir ar gach leathanach an grádh mór atá aige do phríomh-chathair na hÉireann. (*United Ireland*, 14 Iúil 1934)

Ach b’fhéidir go raibh a fhios ag Ó Rinn nach raibh sé ar a chumas a leithéid de leabhar agus *Ulysses* a mheas. Scríobh sé cuntas suntasach a chuaigh i ngleic leis an gceist seo sa bhliain 1923:

Bíodh is go ndubharthas liom gur genius Milton ní bhfuaras aon bhlas ar “Paradise Lost” agus cheapas ar feadh na mblianta ná raibh puinn maitheasa in aon epic – go dtí gur míníodh dom conus iad do léigheamh. Is mar sin atá an scéal agam fé láthair i dtaobh “Don Quixote” agus oibreacha Rabelais agus James Joyce. Níl sé fachta amach agam fós conas a oibhneas a bhaint asta. (*United Irishman*, 27 Lúnasa 1923)

Pé scéal é, caithfidh gur méadaíodh ar a mheas ar *Paradise Lost* ar deireadh thiar, óir rinne sé aistriúchán ar chuid de sa bhliain 1934, rud a léiríonn an cíocras a bhí ann i gcónaí dul sa tóir ar an eolas agus oideachas a chur air féin.

Seánra nua litríochta ar fad a bhí á scríobh ag an Seoigheach agus, cé gur thug Ó Rinn tacaíocht do scríbhneoirí nua-aoiseacha agus gur scríobh sé léirmheasanna ar na seánraí nua a bhí ag teacht ar an bhfód le linn a thréimhse, admhaíonn sé nár thuig sé ar chor ar bith céard a bhí ar siúl ag an Seoigheach. Ní raibh an t-oideachas clasaiceach faighte aige le tuiscint a fháil ar chur chuige an tSeoighigh.

Tá triail nua i gcúrsaí litríochta á déanamh ag James Joyce le déanaí. B'fhéidir gur stíl nua ba cheart dom a rá ach is deacair ainm do chur air pé rud é. Is mó míniú a tugtar ar an rud nua so ach mara mínighidh an t-údar féin é ní fios a dtuigimid choíche é. (*The Star*, 19 Eanáir 1928)

Mórshaothar Béarla eile a linne ba chóir a lua is ea *Skerrit* (1932) le Liam Ó Flaithearta. Is suntasach an méid a bhí le rá aige maidir leis an leabhar seo. Admhaíonn sé go raibh daoine ann nár thaitin an leabhar seo leo de bharr 'rudaí uafásacha' sa scéal. Ach ní raibh Ó Rinn ar aon tuairim leis na daoine seo maidir leis an leabhar. Moltar go hard stíl an údair: "Ní chuireann an t-údar aon aimsir amú ag fídeail le nithe ná fuil dlúth-bhaint acu le n-a sceal" (*United Ireland*, 24 Aibreán 1935). Moltar na carachtair agus an staidéar atá déanta ag Ó Flaithearta orthu sa scéal. Moltar an scéal féin: "Ar shlí eile chuirfeadh an scéal pictiúirí Yeats i gcuimhne dhuit, na cinn a dhein sé fadó de mhuintir an iarthair, línte soiléire daingean is dathanna láidre" (ibid.). Ar deireadh an moladh is suntasaí ná: "Tá beodhacht bhorb i ngach líne aige. Ba mhaith ab fhiú do scríbhneoirí Gaedhilge staidéar do dhéanamh ar obair 'uafásach' an duine 'uafásaigh' seo" (ibid.). Ardmholadh gan dabht, é seo, mar is minic a bhíodh a mhalairt de chomhairle ag Ó Rinn do scríbhneoirí Gaeilge agus é mar mholadh aige drochthionchar an Bhéarla a sheachaint.

#### **(d) An Fhilíocht**

Níl mórán scríofa ag Ó Rinn i bhfoirm léirmheastóireachta ar chúrsaí filíochta, agus, ar an iomlán, níl in aon chur síos atá déanta aige ar an bhfilíocht ach cuntas ar ábhar an dáin féin, seachas saibhreas nó tréithe an dáin a mheas. Ach an méid sin ráite, is fiú

trácht ar roinnt bheag léirmheasanna a scríobh sé ar an bhfilíocht. Tá cuntas aige ar dhán amháin dar teideal *Inghean Mhanannain*, (1922) le Liam P. Ó Riain, i léirmheas a rinne sé sa bhliain 1918 agus i léirmheas eile a foilsíodh sa bhliain 1923. Sa chéad léirmheas (in *Fáinne an Lae*, 6 Aibreán 1918) is éard atá ann ná cur síos ginearálta ar ábhar an dáin agus tráchtann sé ar an meadaracht fhíor-Ghaelach atá ann. Ach, sa dara cuntas tá níos mó de léirmheas le fáil ann. Tugann sé tuairisc ar an gcoimhlint a chuirtear in iúl sa dán idir anam an duine agus a chorp. Ach, maidir leis an meadaracht, tá níos mó le rá aige. Deir sé nach bhfuil lánmháistreacht ag Ó Riain ar rialacha na meadarachta, ach moltar an dán de bharr nach bhfuil aithris á dhéanamh ag an bhfile ar fhilíocht an ochtú haois déag:

Mara bhfuil sa dán so an ard-fhilíocht agus an cruinneas ba mhaith linn, áfach, gheoimid ann rud luachvar ele i tora machtnaimh an údair ar nihe árda ná cuirean éne suim ionta sa tsaol chollaí seo ach filí agus naoimh agus daoine bochta “craiceálta” gur mó acu saol na haigne agus an saol sprideálta ná postana maihe agus dinneuracha deigh-bhlasta.

(*Fáinne An Lae*, 2 Meitheamh 1923)

Cáineadh atá anseo ar ‘fhoillsithóirí na sainnte’, mar a ghlaonn Ó Rinn ar an dream sin – eagarthóirí agus foilsitheoirí. Ach is rud suntasach é go bhfuil níos mó de bhlás na léirmheastóireachta ar an saothar seo ná ar an saothar níos luaithe. Feictear tuairimíocht Uí Rinn anseo mar gheall ar an tábhacht a leagann sé ar ‘phearsantacht’ agus ar ‘aigne’ an duine a bheith á nochtadh sa litríocht agus tuigtear dúinn go bhfuil níos mó ná cúram na teanga agus saothrú na teanga i gceist sa chuntas seo.

Díolaim a bhí molta aige ab ea duanaire liricí don aos foghlama dar teideal *Óir-Chiste* (1922) le Séamus Ó hAodha. Luaigh sé dán áirithe amháin agus nocht sé tuairim an-suibiachtiúil mar léiriú ar conas a d’imigh an dán i bhfeidhm air féin:

... ag leumh “Slán le Pádraig Sáirséal” dom (trí huair) i lár na hoíche do chuir a phaisiún ar crih me o bhahas mo chinn go talamh. Bhíos as mo mheabhair glan aige ar feadh leahuair a chloig.

(*The Freeman’s Journal*, 21 Aibreán 1923)

Scríobh Ó Rinn léirmheas ar an leabhar *Cuaichín Draoidheachta* (1928) leis an mBráthair Tomás Ó Rathaille agus sa léirmheas seo tugtar léargas dúinn ar luach na léirmheastóireachta mar uirlis spreagúil don scríbhneoir. Moltar an Br. Ó Rathaille de bharr fheabhas a chuid oibre. Léiríonn Ó Rinn chomh maith an tuiscint atá ag an bhfile ar chúrsaí meadarachta agus tugann sé moladh dó “go gcuirfe doimhneas ina shaothar chomh maith le binneas agus sástacht aigne” (*The Freeman*, 30 Meitheamh 1928). Bhí focal molta amháin eile ag Ó Rinn sa léirmheas seo: “Isé mo thuairim láidir, áfach, gur cheart don Bhráthair Tomás claoi leis an gcéird seo na filíochta” (ibid.).

Ba chúis áiféala dó nach raibh níos mó filíochta á cumadh ag scríbhneoirí a linne agus thuig sé an tábhacht a bhain leis an bhfilíocht mar uirlis litríochta. Rinne sé léirmheas ar chnuasach filíochta dar teideal *Dánta an Lae Indiu* (1936) le Liam Gógan inar léirigh sé cuid mhaith dá smaointe ar an ábhar seo:

Annamh, ró-annamh ar fad, a cloistear guth an fhile le déanaí. Cá bhfuil siad go léir? Ba leor chun crot nua chur ar an saol Gaelach dosaen leabhar filíochta chó maith leis an gceann so ó Liam Gógan do bheith againn in aghaidh na bliana. (*The Irish Independent*, 16 Samhain 1937)

Ó thaobh ábhair de mhol Ó Rinn iarracht an Ghógánaigh mar “Tuigeann Liam go bhfuil ré na seana-théamaí caite agus is ar chúrsaí ina bhfuil suim ag muintir na h-aimsire seo thráchtann sé” (ibid.). Ó thaobh stíle de rinne Ó Rinn trácht ar chúrsaí meadarachta:

... bhraitheas uaireanta mar bheadh lán-mháistríocht ar an meadaracht aige agus é inniúil ar labhairt go breá nádúrtha agus le fórsa Uaireanta eile, ámh, cheapas go raibh laincisí na meadarachta beagáinín ró-láidir dó. (ibid.)

Teist ar chumas léirmheastóireachta Uí Rinn ar an bhfilíocht seo is ea an cuntas atá tugtha ag Louis de Paor ar an gcnuasach céanna seo, *Dánta an lae indiu*, ina réamhrá

ar an leabhar *Míorúilt an chleite chaoin*, rogha de dhánta an Ghógánaigh a chuir sé in eagar agus a foilsíodh sa bhliain 2012:

Tríd is tríd, sa tríú cnuasach aige, ní thagann an friotal fairsing léannta idir an léitheoir agus ciall na ndánta ach braítear ó am go chéile mar a bheadh léargas an fhile á thachtadh ag an gcomhréir shínte, atá níos giorra do chur chuige na mbard ná d’fhillíocht an ochtú céad déag fiú in áiteanna.

(de Paor: 2012, 30)

Rinne Ó Rinn léirmheas ar leabhar filíochta eile dar teideal *An Chaise Riabhach* (1937), le Peadar Ó hAnnracháin, ina léiríonn sé arís a smaointe mar gheall ar théamaí nár thaitin leis mar ábhar filíochta:

Ní fiú puinn, dar liom, furmhór Chuid I de leabhar Pheadair Uí Annracháin. Ní maith liom tírghrádh nuair a tugtar dom ar spúnóg é no “broadside on” mar adéarfainn i mBéarla. An iomad den “Ghaedheal” is den “Ghall” ann is d’uirlisí eile an fhile thírghrádaigh.

(*The Irish Independent*, 19 Aibreán 1938)

Blas pearsanta a thugtar sa léirmheas seo ar an bhfilíocht agus is fíor-shuntasach an tagairt Bhéarla mar mhíniú ar a raibh le rá aige mar is annamh a leithéid de nós ag Ó Rinn chun tuairim a chur i bhfeidhm.

### **(e) An Drámaíocht**

Ceann de na léirmheasanna is túisce a rinne Liam Ó Rinn ab ea tuairisc ar dhráma a scríobh Seán Ó Muirthile dar teideal *Pósadh an Iascaire*. Sa tuairisc seo déanann Ó Rinn trácht ar an easpa brí sa scéal, ar an gcaint, ar an stáitse, ar na haisteoirí agus ar na fuaimeanna sa Ghaeilge. Ní róshásta a bhí sé leis an saothar seo agus ina léargas ar an dráma tugann sé eolas dúinn mar gheall ar chuspóir na léirmheastóireachta, dar leis féin:

Ní bhfuighinn locht ar bith orra muna mbeadh gur mithid dúinn, taréis na haimsire go léir atá caithte againn ag saothrughadh na Gaedhilge, breitheamhntas do thabhairt sa cheart ar gach aon ní agus gan sár-mholadh

do thabhairt do gach aoinne, mar do dheinimis go dtí so, pé olc maith an iarracht do dheunfadh sé. (*An Claidheamh Soluis*, 8 Lúnasa 1914)

Is léir ón léirmheas tosaigh seo ó pheann Uí Rinn nach raibh sé sásta leas a bhaint as an léirmheas mar ábhar misnigh amháin, ach mar ábhar breithiúnais chun cabhrú leis an scríbhneoir forbairt a dhéanamh ar ealaín na dea-scríbhneoireachta.

Ach is suntasach an ní é go ndearna sé léirmheasanna ar an drámaíocht ar chor ar bith óir go dtugann sé le fios dúinn sa chéad chaibidil den leabhar *Peann agus Pár* nach raibh mórán eolais aige riamh ar an drámaíocht:

Dheineas trácht beag éigin ar gach príomh-bhrainse litríochta ach amháin an drámaíocht agus isé fáth ná dubhairt éinní fúithi sin nár dheineas aon staidéar uirthi gur fiú teacht thairis, ní áirmhim iarracht ar shaothrú inti.  
(PP, 15)

Pé scéal é tá léirmheasanna eile seachas an cuntas ar *Pósadh an Iascaire* déanta aige ar dhrámaí agus ar cheoldrámaí a tháinig os a chomhair agus é ag scríobh do na nuachtáin. Sa *Freeman's Journal*, tá cuntas déanta aige ar chúpla dráma a chonaic sé sa Gaiety le linn Oireachtas na Gaeilge 1923, *Cluiche Cártaí* (1920) le Piaras Béaslaí agus *Caimbéal na Coille Móire*, dráma Albanach a d'aistrigh 'Fiachra Éilgeach' go Gaeilge. Sa dá léirmheas sin déanann sé cur síos ar na haisteoirí agus ar a gcumas aisteoireachta. Déanann sé trácht ar an ngreann sa chéad dráma agus luann sé an Ghaeilge sa dráma eile: "Má bhí Gaelig ana-mhaith ann bhí Gaelgeoiri ann a bhí ábalta ar í thúirt amach sa cheart." (*Freeman's Journal*, 1 Lúnasa 1923)

Taobh amuigh de na ráitis sin ní raibh aon chritic déanta aige ar na drámaí seo. Ach thug sé cuntas níos cuimsithí ina dhiaidh sin ar dhrámaí inspéise eile a chonaic sé sna blianta 1923 agus 1924 agus a chuaigh i bhfeidhm air ar chúiseanna éagsúla. Ar dtús, tá an dráma Béarla, *The Round Table* (1924), le Lennox Robinson nach raibh sé tógtha leis de bharr an ábhair .i. bean óg a fheiceann a hanam agus a bhraitheann go bhfuil sí deighilte amach ón saol agus í ag féachaint anuas ar a corp beo sa saol. Cuireann Ó Rinn ina luí orainn anseo an tábhacht a shamhlaigh sé leis an 'ábhar' in aon phíosa scríbhneoireachta agus léiríonn sé nach raibh sé sásta le blas an

‘sprideachais’ ba léir dó sa dráma seo: “Ba leor gan leah-spríd do tharrac isteach sa scéal agus bfearrde an dráma gan a sheasamh a veh ar oileán sicrédeach na haigne” (*The Freeman’s Journal*, 20 Samhain 1923).

Rinne sé léirmheas ar dhráma eile, *Blúire Páipéir* (1937) le Piaras Béaslaí, inar thug sé léargas dúinn ar an saghas saothair a thaitin leis mar ábhar drámaíochta:

Neart grinn ann agus neart scóipe d’aisteoirí maithe. Ach mar sin féin bfearr liom dráma ‘au grand sérieux’ i dtaobh daoine, bocht nó saibhir atá ag stracadh leis an saol no le fadhbanna móra – in ionad daoine óga go bhfuil a ndóthain le nithe acu is gan de chúram ortha ach cúrsaí suirghe. (*The Irish Independent*, 1 Feabhra 1938)

Dráma a thaitin go mór leis ab ea *An Failbhe Mór* (1919) a cheap Domhnall Ó Corcora i mBéarla agus a d’aistrigh Seán Tóibín go Gaeilge. Cuireann Ó Rinn in iúl dúinn gur scéal staire é atá bunaithe ar “an ré chaite i ngleic leis an ré nua: Seán Ó Failbhe an seandúine a chlaíon leis an rann filíochta” (*The Freeman’s Journal*, 11 Feabhra 1924). ‘Bróndráma fíor-Ghaelach’ a thugann sé ar an dráma, cé gur i mBéarla a scríobhadh é agus “Sompla maith an dráma den tora a bhíon ar bheirt a veh ag obair as lámhaiv a chéile” (ibid.). Tugtar ardmholadh do Dhomhnall Ó Corcora, “... níorbh iongna é veh in’ árd-scríbhneoir Gaelge againn ar ball mar is mó go mór de dhúchas an Ghaeil atá ann ná de dhúchas an Ghail” (ibid.). Is léir go raibh tuiscint ag Ó Rinn ar scríbhneoireacht Uí Chorcóra nuair a thugtar faoi deara an méid a bhí le rá ag Ó Corcora féin mar gheall ar an litríocht:

Cheap sé go mba chóir litríocht na hÉireann a bheith chomh hÉireannach agus a bhí litríocht Shasana Sasanach ionas go mbeadh scríbhneoirí na hÉireann in ann saol na hÉireann a chruthú díreach mar a chruthaigh Dickens, mar shampla Sasana. (*Scríobh 4*: 1979, 144)

Ba chúis mholta do Liam Ó Rinn é go raibh aigne an Ghaeil á léiriú sa dráma seo agus leanann Ó Rinn ar aghaidh leis an moladh don Chorcórach agus tuairisc á tabhairt aige ar ghnéithe eile den saothar seo a d’imigh i bhfeidhm air: “D’iniúch sé an sadhas meoin is croí a bhíodh aiges na seanchaithe agus na filí leunta san aimsir thiubaistig sin” (ibid.). Sa léirmheas ar an dráma seo léirítear dúinn go gcloíonn an dráma leis na

bunphrionsabail a leag Ó Rinn síos mar chomharthaí de dhealtríocht na Gaeilge: an sean agus an nua ag obair le chéile; an duine agus a aigne á léiriú; an Ghaeilge thar barr ann; an machnamh ag rith ‘ar bhóthar na Gaedhilge’ (*The Star*, 31 Lúnasa 1931). Prionsabail iad seo a chloígh le tuairimíocht Uí Chorcóra féin i leith na litríochta: “Mar mhúinteoir litríochta ba é an bua is mó a bhí ag Dónall Ó Corcóra ná duine a spreagadh chun na ceisteanna cearta a chur air féin” (Ó Tuama: *Scríobh 4*, 94/95). Arís san alt céanna cuirtear tuiscintí in iúl a réitíonn go dlúth le tuiscintí Uí Rinn:

Ba é ba chúram do Dhónall Ó Corcóra go mblaisfeadh daoine den fhilíocht féin, agus den tslí ar cruthaíodh í. Bhí a fhios aige – mar atá á fhios ag na leirmheastóirí agus na filí is fearr – nach scáthán cruinn réadach an litríocht ar an saol mar atá; gur fairsingiú breise ar an saol sin a bhíonn ann, gin nua a chaithfear a mheas mar ní ann féin. (ibid.)

Drámadóir eile ar bhronn Ó Rinn ardmholadh air ab ea Micheál Mac Liammóir. Ina léirmheas ar dhráma dá chuid, *Diarmuid agus Gráinne* (1935), mhol sé ‘cumas íomháighneachta’ Mhic Liammóir (*United Ireland*, 28 Márta 1936). Arís san alt céanna deir sé:

Mór an truagh ná scríobhann Mícheál Mac Liammóir níos minicí. Is dóich liom go bhfuil níos mó den tsamhlaíocht aoibhinn áluinn fhileata ann ná i scríbhneoir ar bith eile. (ibid.)

Déanann sé cur síos ar chumas ealaíne Mhichíl mar ‘phínteoir’ agus aithníonn sé go bhfuil idir fhilíocht agus ealaín ag comhoibriú sa saothar seo:

Tá sé chó Gaelach, chó dúthchasach ar gach slí leis an seana-scéal agus ina theannta san de bharr na dtréithe sin Mhichíl atá luaite agam, níos dathshaibhre agus níos fileata ná é agus, toisc gur dráma é níos comhachtaighe. (ibid.)

Gan amhras rinne Mac Liammóir maisiú mar ealaíontóir é féin ar *Scéalaíocht na Ríthe* (1956), scéalta a chnuasaigh Tomás Ó Floinn agus Prionsias Mac Cana. Mar sin de, chuir sé a chumas ealaíne ag obair ní hamháin ina shaothar mar amharc-ealaíontóir



ach ina chuid scríbhneoireachta chomh maith leis sin. Arís, is léir go gcomhlíonann Mac Liammóir na riachtanaisí a bhíonn á n-éileamh ag Liam Ó Rinn ó ábhar litríochta: an tsamhlaíocht, an friotal fileata, an Ghaeilge, an nasc idir an nua agus an sean. Ar deireadh tugann Ó Rinn idir chomhairle is rabhadh don scríbhneoir Gaeilge san alt seo:

Mara mbeidh litríocht againn chó maith is tá le fáil i dteangain ar bith ná bíodh a mhilleán againn ar an nGaedhilg mar is sinn féin is ár gceal samhlaíochta is ár n-annleisce bheidh ciontach. Cruthaíonn Mícheál go bhfuil an Ghaedhilg chó maith leis an teangain is fearr acu chó fada 's théigheann caoin-litríocht do chruthnú. (ibid.)

Cé go ndeir Ó Rinn nach raibh fios a cheirde aige maidir le cúrsaí drámaíochta ní mór a admháil go raibh fios a dhóthain aige chun léirmheasanna fóna a dhéanamh ar an mbrainse seo den litríocht, agus chun tréithe lárnacha a aithint:

Bíonn a bhrí is a neart cruinnithe le chéile i mbeagán focal agus pe'ca léigheann tú é (ach é léigheamh sa cheart) no chionn tú a léiriú is treise agus is tapúla oibríonn sé ort ná an t-úrsceál.

(*United Ireland*, 28 Márta 1936)

#### **(f) Ceoldrámaí agus Leabhair Cheoil**

Maidir leis an réimse seo léirmheastóireachta is éard atá déanta ag Ó Rinn mar gheall ar na leabhair a bhfuil alt scríofa aige orthu, ná cur síos a dhéanamh ar ábhair na leabhar gan mórán léirmheastóireachta orthu. Ach bhí cúpla tuairim shuntasach le tabhairt aige ó am go chéile. Rinne sé trácht ar dhráma a chonaic sé agus ceol Schubert mar chúlra leis. Thaitin an dráma leis óir go raibh sé in ann na hamhránaithe a chloisteáil agus bhí tuairim phraiticiúil le cur in iúl aige maidir leis an gceoldráma i gcoitinne:

Is minic, i gceol-drámaí a dhinean ceol an orchestra ceol na nguh do bháh i dtreo gur dho le duine (agus an ceart aige, béidir, uaireanta) gur i gcóir na n-inneal ceoil is mó a ceapadh an ceol agus nar ceapadh ach mion-

pháirt i gcóir na nguhadóirí. Sa dráma so, ámh, níl i gceol an orchestra ach cabhair do cheol na nguh. (*The Freeman's Journal*, 20 Samhain 1923)

Feictear aigne chiallmhar agus caint dhíreach, dhílis Uí Rinn anseo agus i dtuairiscí eile a chuir sé faoi bhráid an phobail maidir le cúrsaí ceoil. Ceoldrámaí eile a chonaic sé á léiriú i nGaeilge, bhí locht le fáil aige orthu de bharr na bhfuaimneanna sa Ghaeilge a bheith neamhchruinn ag na hamhránaithe (*The Freeman's Journal*, 9 Lúnasa 1923). Cháin sé Éamonn an Chnoic á chanadh ag ceolchoirm de bharr eagrán nua-aoiseach an amhráin. Ba dhóigh leis go raibh ‘draíocht amhráin’ briste. Léirmheas suntasach eile a thug sé ab ea tuairisc ar oíche a chaith sé i bPáras ag na *Folies Bergères*. Mhol sé an cur i láthair agus ba bhreá leis a fheiscint go raibh spórt á léiriú ag lucht an stáitse. Tuairim a nocht sé, áfach, ab ea go raibh muintir na hÉireann “ró-bheannaithe dá leithéid de gheáitsíocht”. Mar a deir sé: “Ní sa nocht a bhíonn an dochar ach sa leath-nocht” (*The Freeman's Journal*, 14 Deireadh Fómhair 1924). Is léir an fhírinne, an dílseacht, an éagoitinne agus an tuairimíocht mhacánta sna léirmheasanna seo.

Dhá pháosa scríbhneoireachta a bhfuil léirmheas déanta aige orthu maidir le cúrsaí ceoil is ea *An Salfátheoir Gaedhealach*, aiste le Tomás Ó Sé, (*Young Ireland*, 2 Meán Fómhair 1922) agus *Teagasc Leabhar na Bheidhlíne* (1923) le Treasa Ní Ailpín agus Seán Ó Cuirrín (*The Freeman's Journal*, 5 Feabhra 1924). Agus é ag cur síos ar an dá leabhar seo déanann sé trácht ar chúrsaí téarmaíochta agus teicníochta. Maidir le saothar Uí Shé ní raibh sé sásta leis an *sineadh fada* ar an bhfocal ‘Salfátheoir’ agus mhol sé athrú aistrithe ar an téarma ‘de chomh fhad’. Dar leis, ba chóir, “táid cho fada lena chéile”, a scríobh. Léiríonn sé seo an dúthracht agus an tábhacht a chuir sé le cúrsaí comhréire agus le cruinneas teanga agus poncaíochta. Maidir leis an dara léirmheas, mhol sé an téarmaíocht go hard agus thug sé go leor samplaí ón leabhar. Sa léirmheas seo thug sé le fios go raibh an leabhar chomh maith leis na leabhair theagaisc i mBéarla ach locht amháin ar an leabhar ab ea an iomarca cleachtaí a bheith ann. Bhí moltaí praiticiúla aige féin arís. Chomhairligh sé foinn shimplí a chur isteach in ionad na gcleachtaí agus foinn a ghrádú de réir deacrachta. Ach tá moladh i bhfad níos suntasaí ná sin tugtha aige sa léirmheas seo a chuireann in iúl an meon agus an tuairimíocht leathanaigeanta, iltíreach, fiú, a bhíodh á leathadh aige go rialta ina shaothar:

Chuige sin do béidir roinnt mhaih den cheol iasachta thúirt isteach ach níor dhochar san ... mar thúrfadh sé caoi don bhfoghlamóir ar gach saghas ceoil do chur i gcumpráid lena chéile agus dhéanfadh sé rud beag éigin chun an tslí d'ullmhú chun an ceol Gaelach agus an ceol iasachta do phósa lena chéile, ní a caifear a dhéanamh uair éigin más mian linn ceol mór náisiúnta do shaohrú. (*The Freeman's Journal* 5 Feabhra 1924)

### **(g) Leabhair Fhraincise**

Rinne sé léirmheas suimiúil ar leabhar Fraincise dar teideal, *Le Gouvernement de soi même*, le Antonin Eymicu. Tráchtas síceolaíochta é seo agus ós rud é go raibh suim ag Ó Rinn san ábhar seo deir sé go mba chóir dúinn “fáilte do chur roim gach leabhar nua a thugan tuille soluis dúinn ar oibriú na haigne” (*The Freeman's Journal*, 31 Deireadh Fómhair 1924). Ach ní róshásta a bhí sé leis an leabhar seo mar “go dtugtar suas an iomad de do chruthú na dteoiricí” (ibid.). Ceistíonn sé tuairiscí an údair sa léirmheas agus léiríonn sé go mb’fhearr leis dá dtabharfadh an t-údar “níos mó aire don taobh praiticiúil do conus na prínsiobail do chur i bhfeidhm” (ibid.).

Leabhar Fraincise eile ar a bhfuil tuairisc scríofa ag Ó Rinn is ea *Les Désenchantées* (1908), le Pierre Loti. Leabhar é seo atá bunaithe ar stádas mhná na Tuirce. Sa chuntas seo cuireann sé in iúl go bhfuil sé idir dhá chomhairle i dtaobh cé acu úrscéal nó bolscaireacht a bhí i gceist i dtaobh mná na Tuirce sa leabhar seo.

Thaitin stíl na mban leis gan dabht mar is léir chomh maith ón leabhar Fraincise, *En Irlande* (1923), le Simone Téry, a bhfuil léirmheas scríofa ag Ó Rinn air. Moltar arís an tslí ina bhfuil tuiscint ag an údar ar an duine daonna. Deir sé go bhfuil an leabhar:

..lán de dhátain agus d’impresiúin, agus de chuntaisí ar charagdar agus ar phearsantacht daoine, i dtreo go bhfuil nádúr na staire agus nádúr na húrscéalaíochta fite ar a chéile ann ar chuma iongantach ... Tuigeann sí na daoine agus tá báidh aici leo.

(*The Freeman's Journal*, 21 Nollaig 1923)

#### (h) Saothair Theicniúla, Saothair Scoile do pháistí

Chomh maith le plé a dhéanamh ar na mór-réimsí litríochta, rinne Ó Rinn léirmheas ar raidhse de chatagóirí eile leabhar. Níl aon amhras ná gur thuig sé an tábhacht a bhain le saothrú na dtéarmaí nua agus tá a rian ar na léirmheasanna a rinne sé ar roinnt leabhar theicniúil. Arís is minic an focal comhairle uaidh:

Dá mbeadh aon chomhairle agam ar an Aire Oideachais chuirfí ina luighe air tosnú láithreach ar Ghaedhilgeoirí cliste do thabhairt le chéile mar sin chun leabhra teicniúla do dhéanamh d'aistriú gan mhoill.

(*United Ireland*, 18 Bealtaine 1935)

Leabhar a mhol sé ó thaobh na téarmaíochta de is ea leabhar matamaitice dar teideal *Algebar*, (1923) le Seoirse Mac Niocaill. Mhol sé nach raibh leisce ar an údar focail iasachta a úsáid nuair ba ghá: “Is maith liom a fheiscint nár seachnadh an iasacht nuair ba ro-dheacair focail ghlan-Ghaelge do sholáhar no do chuma” (*The Freeman’s Journal*, 21 Aibreán 1923).

Mar aon leis sin, sa léirmheas seo, bhí moladh le tabhairt ag Ó Rinn ar an leabhar mar gheall ar an easpa castachta a bhí ann ó thaobh na téarmaíochta de agus mar léiriú air sin thug sé sampla den saghas ceistanna a cuireadh sa leabhar féin, “chun a thespeáint go bhfuil an chaint go simplí, so-chasta sa leabhar” (ibid.). Bhí sé de thuairim aige go raibh gá le téarmaí a choimeád dílis don teanga agus gan dlúth-aistriú a dhéanamh orthu ón mBéarla agus anuas air sin go raibh gá leis an teanga a choimeád chomh simplí agus ab fhéidir ós rud é go raibh an téarmaíocht deacair go leor ann féin.

Moltar, chomh maith, an leabhar *Carraigeacha* le Séamus Mistéal dá bharr sin:

... lasmuigh de na téarmaí, do bheadh i leabhar teicniúil do bheith chó simplí so-thuigte is do bhéidir toisc gur leor don mhac léighinn is don ghnáth-léitheoir deacracht na dtéarmaí gan aon deacracht eile do chur léi. Siné díreach an ní do dhein an Mistealach.

(*United Ireland*, 18 Bealtaine 1935)

Tá blas an chomhairleora le brath ar léirmheas a rinne sé ar an leabhar *Cruinne Eolais* (1922) a scríobh Eibhlín de Buitléir. Liosta de théarmaí ‘Geograife’ atá sa leabhar seo agus cé go moltar an leabhar admhaíonn Ó Rinn nach bhfuil sé saor ó locht:

...ar ndó ní fhéadfadh a leheid a veh gan locht agus sinn mar atáimid fòs i bhfíorthosach na hoibre seo. Molaim an t-údar go mór i dtaov gan tora a saohar do chimeád sa doircheacht mar a dhineann cách.

(*The Freeman's Journal*, 28 Aibreán 1923)

Sa léirmheas seo, chomh maith, tugann Ó Rinn samplaí de na téarmaí nár thaitin leis agus tugann sé a chomhairle féin mar gheall orthu, mar shampla: “Bfearr ‘gaileach’ ar ‘vaporous’ ná ar ‘gaseous’ ” (ibid.). Is léir gur scrúdaigh sé gach saothar go mion, nár fhág sé aon chomhairle ar lár agus nach raibh sé sásta léirmheas a thabhairt gan é a bheith os cionn a bhuille maidir leis an ábhar. Dá bhrí sin tuigtear céard a bhí i gceist aige agus tuairisc á thabhairt aige ar leabhar ‘teicniúil’ a scríobh Risteárd Ó Foghludha dar teideal *Log-Ainmneacha* (1935):

Ní duine mise atá eolach ar log-ainmneacha ná ar aon tsaghas eile ainmneacha. Fágann san nach féidir liom breith cheart do thabhairt ar an leabhar so. An té fhéadfadh san do dhéanamh níorbh fholáir dó eolas do bheith aige. (*United Ireland*, 10 Lúnasa 1935)

Ábhar leabhar Gaeilge a scríobhadh go flúirseach nuair a bhí Ó Rinn i mbun saothair ab ea an leabhar scoile agus dá bhrí sin b’éigean dó tuairisc a thabhairt ar na leabhair seo ó am go ham. Tuairisc ar an teanga ba mhó a bhíodh i gceist leis na léirmheasanna seo. Leabhar amháin a raibh meas ag Ó Rinn air ab ea *Blátha na Gaedhilge* (1924), le Pádraig Ó Dálaigh agus Seumas Ó Súilidhubháin. Is éard a bhí ann ná ceachtanna ar théamaí éagsúla mar Bheannachtaí agus An Aimsir agus, ós rud é go raibh sé oiriúnach do gach canúint, mhol Ó Rinn an saothar seo: “Tá píosaí taitneamhacha sa leabhar as saothar na scríobhnóirí is fearr dá bhfuil againn indiu i ngach canamhain na Gaedhilge: próis, litreacha, aistí, scéalta, sean-fhocail” (*The Freeman's Journal*, 29 Deireadh Fómhair 1924).

Is éard atá sa tsraith de léirmheasanna seo ná léiriú éigin ar na hargóintí agus ar na moltaí ba rialta a rinne Ó Rinn agus é ag scríobh mar chriticeoir. An tsimplíocht, an ghontacht, an reitric bheo anamúil, an cur síos beomhar ar mheon an duine, an saol réalaióch, na tréithe a bhí ag teastáil ó Liam Ó Rinn agus leabhar á léamh aige. Theastaigh uaidh go mbeadh tuiscint ag an údar ar an saol agus ar aigne agus croí na gcarachtar a chruthaigh sé. Ba mhian leis go músclófaí mothúcháin an léitheora agus an saothar á léamh aige. Ó thaobh na teanga de, ní féidir tuiscint níos fearr a fháil ar smaointe Uí Rinn ná an cur síos a thug sé féin ar an gcumas teanga a bhí léirithe ag Seosamh Mac Grianna ina chuid scríbhneoireachta:

Is mór an ní údar a bheith againn go mbíonn abairtí nua go fliúrseach aige – a fhios a bheith againn nach ón seandúine sa chlúid a fuair sé iad ach amach as a cheann féin agus iad chó breágh nádúrtha Gaedhealach is bhí riamh ag aon tseandúine. (*United Ireland*, 16 Meán Fómhair 1933)

### **Stíl Uí Rinn – An Léirmheastóir**

Ós rud é go bhfuil ábhar agus substaint a léirmheasanna pléite, is mithid anois struchtúr na n-alt léirmheastóireachta agus stíl an léirmheastóra féin a mheas. Ó thaobh struchtúir de is féidir léirmheasanna Uí Rinn a chur i gcomparáid le béile bialainne a bhfuil réamhchúrsa, príomhchúrsa agus milseog ann. Is annamh a scríobh Ó Rinn léirmheas ar shaothar gan réamhrá a thabhairt ar dtús, le caint ar ábhar éigin nó gné éigin a raibh baint ag an leabhar leis. Ina dhiaidh sin bhíodh léirmheas aige ar an leabhar agus ar deireadh is minic a bhíodh comhairle éigin le tabhairt aige don scríbhneoir chun cabhrú leis forbairt agus feabhas a chur ar a c(h)uid oibre.

Tóg mar shampla cuntas a scríobh sé inar thosaigh sé ag scríobh faoina thuairimí féin mar gheall ar staid an domhain ó thaobh na polaitíochta agus na tráchtála de. Labhair sé faoin tsaint a bhain le lucht an airgid agus léirigh sé a thuairimí mar gheall ar an scrios a bhí le teacht agus an pionós ba chóir a chur ar ‘na profitéirí’ is ‘na bligeárdaithe’ (*United Ireland*, 10 Samhain 1934). I ndiaidh na cainte sin mhínigh sé gur spreag an leabhar *Democracy and a Changing Civilisation* (1934) le J.A. Hobson é chun na smaointe sin a nochtadh. Bhí an sprioc aige ansin léirmheas a thabhairt ar an leabhar ó thaobh ábhair agus stíle de. Ar deireadh, mar ‘mhilseog’ leis an gcuntas seo, mhínigh sé an ceacht a bhí le foghlaim ón leabhar seo: an tábhacht a bhain le

cead vótála agus le cead a thabhairt don duine comónta tuairimí a nochtadh i scríbhinn agus i gcaint. Is iomaí léirmheas a scríobh Ó Rinn agus an cur chuige seo i gceist aige: (a) a thuairimí a thabhairt ar ábhar éigin; (b) léirmheas a dhéanamh ar leabhar a raibh an téama céanna mar ábhar lárnach ann; agus (c) moltaí a chur os comhair an léitheora.

Maidir leis an tslat tomhais a bhí aige ar mhaithe le leabhar a mheas mar ábhar fiúntach, theastaigh ó Liam Ó Rinn go mbeadh leabhar éigin téarmaíochta ann mar chabhair aige féin agus ag an léirmheastóir i gcoitinne chun dul i ngleic lena gcúraimí critice. Ach ós rud é nach raibh a leithéid de leabhar ann b'éigean dó brath air féin agus ar a acmhainní inmheánacha féin chun an obair seo a chur i gcrích:

Tá caighdeán agam féin agus ní fheadar an bhfuil aon mhaithe ann. Nuair a léighim dán fiche uair agus mo thaitheam do ag dul i méid i gcomhnaí in ionad bheith ag dul i laighead bíonn a fhios agam gur dán cuibheasach maith é. Nuair a léighim dráma le Shakespeare agus a bhraithim mar a bheinn ag siubhal ar an aer ina dhiaidh deirim liom féin ná fuil deireadh le n-a réim sin fós. Nuair a léighim na traigidí iongantacha atá le fáil in úirscéalta Dostoevsky mothuighim agus admhuighim comhacht agus uaisleacht an údair a chuireann fhiachaint orm truagh bheith agam do chuirphigh do lucht murdail agus do bhligeardaithe. An leabhar mór gach leabhar a chorrúigheann an léightheoir agus a chuireann ina luighe air gur fear mór chomhachtach an t-údar ar chuma éigin? Cá bhfios dom?

*(United Irishman 17 Nollaig 1932)*

Tá blas fealsúnachta Uí Rinn le brath ar smaointe Alan Titley ar an ábhar nuair a labhrann Titley mar gheall ar a 'mhodh beag pearsanta féin' (Titley: 1991, 28/29). Ach fós ba léir do Liam Ó Rinn go raibh gá le téarmaíocht a chur ar fáil don chriticeoir chun dul i ngleic leis an saothar litríochta seo.

Bhí a stíl aonair scríbhneoireachta féin ag Ó Rinn agus an obair seo ar siúl aige. Mar shampla, nuair a rinne sé moladh nó nuair a fuair sé locht ar leabhar éigin, bhíodh sé de nós aige giota a scríobh díreach amach as an leabhar mar léiriú ar na smaointe a bhí aige. Mar aon leis sin, is minic a nocht sé an tsuim a bhí aige i gcúrsaí ealaíne

agus tuairim áirithe á cur in iúl aige maidir le píosa scríbhneoireachta. Mar shampla, luaigh sé Yeats agus na léirmheasanna á scríobh aige ar *Fiche Blian Ag Fás* (1933) le Muiris Ó Súilleabháin agus ar *Skerrit* (1932) le Liam Ó Flaithearta.

Fite fuaite tríd na léirmheasanna, chomh maith, bhíodh blúirí pearsanta eolais á nochtadh aige agus bhí sé toilteanach i gcónaí tarraingt as a thaithí féin chun léiriú a thabhairt ar aon cheist a bhí mar ábhar plé aige. Ba léir go raibh réimse fairsing eolais aige ar an litríocht i gcoitinne, eolas a chabhraigh leis tuairimí oilte a thabhairt ar aon phíosa scríbhneoireachta a tháinig os a chomhair. Bhí sé in ann tagairt do Rabelais, Cervantes, Dostoievski, Milton, Shakespeare, Joyce agus go leor scríbhneoirí móra eile, i gcomhthéacs na litríochta. Léirigh sé an mhuinín a bhí aige as a thuairimí féin agus é ag scríobh mar gheall ar na scríbhneoirí cáiliúla seo agus é de chrógacht aige gnéithe dá saothar a lochtú ó am go chéile.

Is minic chomh maith a chum sé meafair dá chuid féin chun tuairim éigin a chur ina luí ar an léitheoir mar gheall ar leabhar a léigh sé mar a rinne sé le seanargóint dá chuid féin agus stíl Uí Chadhain á cáineadh aige. Ba ghráin leis na ‘clichés’ a bhíodh á scríobh ag Ó Cadhain agus léirigh Ó Rinn a mhíshástacht agus é ag tagairt don leabhar *Saile Ní Chaomhánaigh* (1932), aistriúchán le Ó Cadhain ar úrscéal Charles J. Kickham *Sally Kavanagh*: “Ní bláthanna chur i ngairdín na litríochta is mó is gá a dhéanamh fé láthair ach fiaghaile do stathadh is gan leigint di fás arís” (*United Ireland*, 23 Márta 1935). Aistriúchán é seo atá pléite go mion ag Gearóidín Uí Laighléis in alt ina bpléann sí an teannas idir Ó Cadhain agus an Gúm (Uí Laighléis: 2003).

Anois is arís tugann sé léargas dúinn ar a thréithe pearsantachta féin agus léirmheas á scríobh aige. Tá sé soiléir ón ngiota a scríobh sé ar an dráma *Brighidín* (1940) le Peadar Ó Dubhda nach raibh sé claonta i dtreo an fhoréigin ná tógtha leis an gcaint gharbh:

Ní féidir go bhfuil sé dáiríribh nuair a bheir sé le tuigsin dúinn go mbuailfeadh flaith Eireannach a inghean fein le fuip no, go leigfeadh sé do fhlaith óg í fhuipeáil chun a chur dfiachaibh uirthi é a phósadh (agus gan í ach 15 bliana) rud ná déanfadh an tincéir is gairbhe ar domhan.



Dhearmhaid an t-údar gurbh fhéidir labhairt go géar is go fíor-chruadhálach gan oiread is focal garbh amháin do rá – le caint mhín a mbeadh deilgín nimhe i bhfolach inti.

(*The Irish Independent*, 16 Meán Fómhair 1941)

## Conclúid

Is léir óna shaothair chritice go raibh fíis fhadradharcach ag Ó Rinn i dtaobh na Gaeilge agus nár leor, dar leis, an teanga a athbheochan chun í a choimeád ina beatha. D’aithin sé go raibh céim smaointeoireachta níos leithne riachtanach agus go gcaithfí an teanga a scaoileadh saor ó laincisí na fulangachta chun í a chothú mar ghné bheo den mheon nua-aimseartha. Ní haon ionadh mar sin nach raibh sé ró-chlaonta don scéal béaloidis: “An drabhuíol nua-scéil is measa dá bhfuil le fáil i dteangain ar bith is mó an pléisiúr is féidir dom a bhaint as ná as an seana-scéal béal-oidis is fearr dar léigheas riamh” (*United Ireland*, 3 Samhain 1934). Bhí an méid seo le rá aige mar réamhrá ar léirmheas a rinne sé ar leabhar le Seán Mac Giollarnáth ar chnuasach é de dhréachta a bhailigh sé focal ar fhocal ó Pheadar Mac Thuathaláin i nGaillimh sa bhliain 1930. *Peadar Chois Farraige* an teideal a bhí ar an leabhar agus is éard a bhí le rá aige maidir leis an leabhar féin ná: “Ní beal-oideas amuich is amach atá ann baochas le Dia ... Níl puinn den ‘fear a bhí ann fadó agus triúr mac aige’ ag baint leis an leabhar so agus is fearrde san é” (ibid.).

Mar sin de, chreid sé go raibh sé d’iallach ar scríbhneoirí forbairt a dhéanamh ar a gcumas scríbhneoireachta chun plé le cúrsaí nua-aimseartha ina gcuid oibre agus mar thoradh air sin go raibh gá le léirmheas oilte, cuimsitheach ar an obair chéanna. Bhí sé de mhisneach aige a chomhairle féin i dtaobh na critice a leanúint agus an léirmheastóireacht a shaothrú é féin. Ina plé ar an gcritic iarchoilíneach agus nualitríocht na Gaeilge, deir Máirín Nic Eoin mar gheall ar na díospóireachtaí critice ar theanga na litríochta gur dhíospóireachtaí iad “inar thábhachtaí mar cheist go minic cineál na Gaeilge a bhí á saothrú sa litríocht ná cineál na litríochta a bhí ar chumas scríbhneoirí na teanga a chruthú” (Nic Eoin: 2005, 49). Má smaoinítear ar Ó Rinn mar chriticeoir ní foláir a rá gur chriticeoir éifeachtach a linne a bhí ann. Léirmheastóir bisiúil ionraic a bhí ann, a raibh cur chuige eicléictiúil mar straitéis aige agus é i mbun critice, bunaithe ar an taithí a bhí aige ar an saol. Duine de léirmheastóirí móra a linne

a bhí ann nach raibh saíte i litríocht theoranta na tuaithe ach a raibh sofaisticiúlacht le haithint ina léirmheasanna. Mar a deir Máirín Nic Eoin arís mar gheall ar an gcritic:

Má tá ní ar bith le foghlaim ag critic na Gaeilge ón tionscnamh critice iarchoilíní tá iolracht agus oscailteacht na critice sin maidir le hiarmhairtí an chumaisc agus an chros-síolraithe ag leibhéal na teanga féin.

(Nic Eoin: 2005, 48)

Ina shlí neamhchomhfhiosach féin is féidir a rá go raibh tuiscint éigin ag Ó Rinn ar theoiricíocht seo na critice agus gur dhuine de cheannródaithe na critice iarchoilíní a bhí ann, a réitigh an bealach do theoiricí nua-aimseartha an lae inniu. Mar chriticeoir rinne sé tréaniarracht teanga an mhionlaigh a fhorbairt mar uirlis díospóireachta a d'fhéadfadh plé le cúrsaí sóisialachais, síceolaíochta, agus cúrsaí aeistéitice i gcoitinne. Réimsí iad seo go léir a bhaineann le léann na critice mar is eol dúinn é sa lá atá inniu ann. Bhí suim aige ní hamháin i gcultúr na hÉireann ach i gcultúr na coigríche chomh maith. Ní raibh leisce air dul i ngleic le réimse fairsing ábhar, léigh sé raon leathan leabhar agus ina dhiaidh sin, nocht sé torthaí a chuid saothair leis an bpobal léitheoireachta. Bhí an saothar seo tairbheach, ní hamháin don léitheoir ach do Ó Rinn féin mar gur chabhraigh an léitheoireacht leis faoiseamh intinne a fháil dó féin, tuiscintí nua a aimsiú go rialta agus blaiseadh de réimsí den saol nach raibh taithí phearsanta aige féin orthu:

Ní fhéadfainn-se maireachtaint mara mbeadh rud éigin nua, rud éigin iongantach le fáil agam gach re lá agus ó tharla ná tugann an saol dom é – béidir gurbh fhearra dhom ná tabharfadh – ba mhaith liom é fháil am' chuid léitheoireachta. (*United Ireland*, 13 Aibreán 1935)

Fear a bhí ann a léigh go cíocrach, a bhain taitneamh as cúrsaí léitheoireachta, a raibh tuiscint aige ar mhodhanna meastóireachta leabhar agus a raibh go leor le rá aige maidir leis na saothair a bhí léite aige. Ní haon ionadh mar sin de go raibh tuiscint aige ar na seánraí nua litríochta a bhí á saothrú ag an am agus go raibh sé ar a chumas léirmheasanna cuimsitheacha fiúntacha a thabhairt ar na saothair uile a bhí idir chamáin aige. Is é an rud is suntasaí maidir le Liam Ó Rinn mar léirmheastóir ná go raibh sé ar a chumas plé le reimsí nua seo na litríochta agus nach raibh aon leisce air a

aighe anailíseach, theagascach a dhíriú ar an saothar dúshlánach seo. Ba mhacasamhail dá fhealsúnacht ghinearálta i dtaobh saothrú na teanga í an léirmheastóireacht toisc gurb iad na tréithe is mó a léirigh Ó Rinn ina léirmheasanna ná an t-ionracas, an fhírinne agus an grá daingean a bhí aige don Ghaeilge, don léitheoireacht, agus don litríocht. Dar liom fein, bhí se ag iarraidh a chur in iúl don phobal tríd an saothar léirmheastóireachta go raibh ré an choilíneachais thart ach thuig sé gur próiseas casta, dúshlánach a bhí i gceist le próisis na hathghabhála agus an díchoilínithe. Mar a deir an criticeoir Ania Loomba: "... identity is a matter of 'becoming' as well as of 'being'. Thus, colonised peoples cannot simply turn back to the idea of a collective pre-colonial culture, and a past 'which is waiting to be found ...'" (Loomba: 1998, 181). Bhí blas pearsanta, nuálach, forásach ar léirmheasanna Uí Rinn agus a thuairimí agus a chlaonta féin mar gheall ar ábhair éagsúla ag teacht chun cinn. Ach ag an am céanna, bhí blas oilte an eolais orthu chomh maith. Tharraing sé as tobar domhain a chuid eolais chun dul i ngleic leis an ngné seo dá chuid oibre. Ar an ábhar sin is suntasach a raibh le rá ag Máirtín Ó Cadhain faoi ealaín na léirmheastóireachta thart ar an am seo ina raibh Ó Rinn ag obair mar chriticeoir:

Is dóigh gur deacra léirmheasdóir maith a fháil ná file agus ná úrscéalaí maith. Caithfidh sé tuiscint phaiteanta a bheith aige ar a lán rudaí: ar stair, ar fhealsúnacht, ar fhorbairt na n-ealaíon eile chomh maith le litríocht. Agus ansin ní mór dó a bheith ina scríbhneoir i gceann an iomláin. Ar aon chor níor tháinig léirmheastóireacht mar sin sa nGaeilge go fóill.

(*Feasta*, Samhain 1949, 11)

Caithfidh nár léigh Ó Cadhain aon chuid de shaothar critice Uí Rinn mar má bhí aon bhuíon scríbhneoirí ann a chomhlíon riachtanais Uí Chadhain ó thaobh na léirmheastóireachta de, bhí Ó Rinn ina measc go deimhin. Léiríonn alt seo Uí Chadhain gur thearc iad na léirmheastóirí a bhí ag scríobh le linn an ama sin agus mar sin gur dhuine eisceachtúil é Ó Rinn. Ní foláir nó go raibh fios a cheirde ag Ó Rinn agus go raibh tuiscint aige ar ealaín na scríbhneoireachta agus é i mbun critice. Thug sé moladh, cáineadh, comhairle agus misneach do scríbhneoirí na linne sin agus léirmheastóireacht chuimsitheach á déanamh aige ar na gnéithe uile de nualitríocht na Gaeilge. Cé nár aithin Ó Cadhain a iarrachtaí, is léir gur bailiúchán oibre ríluachmhar, spreagúil é an corpas léirmheasanna atá fágtha ag Ó Rinn ina dhiaidh. Má bhí 'tuiscint

phaiteanta' aige ar a lán rudaí agus é ina scríbhneoir, ba aistritheoir cumasach é chomh maith agus, is ar an ngné seo dá shaothar scríbhneoireachta a dhíreofar ár n-aire sa chéad chaibidil eile.

## Caibidil 6

### An tAistritheoir agus Cúrsaí Aistriúcháin

*“Gach duine go bhfuil staidéar agus machtnamh déanta aige ar an scéal admhóidh sé go fonnmhar go bhfuil gádh, agus gádh mór, le haistriúchán is le téarmaíocht ...”*

*(United Ireland, 24 Feabhra 1934)*

Gné thábhachtach de shaol agus de shaothar Uí Rinn ab ea gnó an aistritheora mar chaith sé tréimhse fhada dá shaol ag plé, go gairmiúil, le cúrsaí aistriúcháin, agus é ag obair le Rannóg an Aistriúcháin ón mbliain 1923 go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1943. Is díol spéise mar sin an méid a bhí lé rá aige maidir leis an aistriúchán féin, maraon leis an méid is féidir linn a iniúchadh ina thaobh ón oidhreacht liteartha atá fágtha ag Liam Ó Rinn ina dhiaidh. Is gá ar dtús a thuiscintí ar an ábhar a scrúdú, roimh aon phlé a dhéanamh ar na haistriúcháin a rinne sé féin, nó ar na léirmheasanna a scríobh sé ar aistriúcháin a bhíodh idir lámha ag scríbhneoirí eile a ré.

#### An tAistriúchán

Bhí tuiscint ar leith ag Ó Rinn ar cheird an aistriúcháin agus ar thábhacht an aistriúcháin mar chuid de litríocht na teanga: “Ní theastaíonn in aon aistriú ach athinnsint ar an scéal féin i nGaedhilg bhlasta” (*The Star*, 8 Márta 1930). Chreid Ó Rinn gurbh í ‘an bhuntuiscint’ ba thábhachtaí in aon aistriúchán agus go raibh sé riachtanach don aistritheoir brí tuisceana an bhunúdair a chur in iúl ar an gcéad dul síos: “Ní leor don aistritheoir eolas maith a bheith aige ar dhá theangain gan a mheon féin do lúbadh no go mbeidh sé ar aon dul le meon an bhun-údair” (*United Irishman*, 29 Aibreán, 1933). Dá bharr sin léiríonn sé gur ‘dlúth-phlagiarization’ a bhíonn i gceist maidir le píosa aistrithe, in ionad ‘dlúth-aistriú’:

Is é an rud is fearr a dhéanamh le leabhair ná an rud ar a dtugaim dlúth-phlagiarization, chun é sin do thuisgint, tóg leabhar ar bith, léigh tuairim is fiche líne dhe, iompuigh anuas ar an mbord é, agus tabhair iarracht ar an

méid is cuimhin leat den fhiche líne sin do scríobh amach sa Ghaedhilg is fearr atá agat. (ibid.)

Déanann sé forbairt ar an tuiscint sin sa bhliain 1936 agus é ag caint mar gheall ar obair an aistritheora:

Is iongantach an phraiseach is féidir le Gaedhilgeoir maith a dhéanamh nuair a hiarrtar air litir shimplí Bhéarla do chur i nGaedhilg. In ionad brí na litreach do thógaint isteach ina cheann is a fhiafraí dhe féin “conus a chuirfinn san in úil go deas dá mba ná beadh agam ach Gaedhilge?” tugann sé iarracht ar gach “I beg to state” no “I am desired” no “your communication of even date” no “see our way to” d’aistriú go litreálta amhail is gur sheod litríochta é agus ní thuigeann fiú sa Bhéarla agus ná fuil de bhrí leis an litir ar fad, béidir, ach, mar is minic adubhairt máistir lena chléireach “tell the damned fool we can’t do what he wants”. Ní dheineann an cléireach ach an méid sin do rá go múinte.

*(United Ireland, 25 Iúil 1936)*

Is léir go raibh tuairimí láidre aige maidir leis an obair seo agus nach i gcónaí a bhí sé sásta le caighdeán na hoibre a bhí idir lámha ag aistritheoirí a linne. Chreid sé go raibh an t-aistriúchán tábhachtach agus gur ealaín a bhí ann ach is minic a bhíodh locht le fáil aige ar chumas aistritheoirí. Scríobh sé mar gheall ar chaighdeán míshásúil na scríbhneoireachta a bhí á léiriú ag aistritheoirí a bhí ag plé le haistriúcháin ón nGaeilge go Béarla. Ní raibh aon leisce air an milleán a chur ar an gcóras oideachais mar gheall ar an bhfadhb seo, óir chreid sé go raibh tairbhe le baint as ‘modh an aistriúcháin’ chun ealaín an aistriúcháin a chur chun cinn, ach nach raibh an modh seo á chur i bhfeidhm sna scoileanna:

Lasmuigh den dream aistríonn leabhair don Roinn Oideachais measaim gur beag duine atá inniúil ar aon tsórt aistriú dhéanamh ó Ghaedhilg go Béarla. Isé cúis is mó atá leis sin, dar liom, an Ghaedhilg do bheith á múineadh le fada gan aon chongnamh ón aistriúchán ... Tá an “modh díreach” chó fada san ina dhia bheag againn, áfach, nár mhór iarracht láidir chun aistriúcháin do chur á dhéanamh sna scoileanna is atá

riachtanach chun modh réasúnta ciallmhar do dhéanamh den mhodh dhíreach chéanna. (ibid.)

Is minic a scríobh sé mar gheall ar ról an Bhéarla i bhforbairt scileanna aistriúcháin agus litríochta na Gaeilge. Ní róchlaonta a bhí sé don Bhéarla mar ábhar saothair don aistritheoir Gaeilge agus sa bhliain 1933 mhínigh sé céard a bhí i gceist aige agus an cúlú seo ó thionchar an Bhéarla á chraobhscaoileadh aige:

Ach má chlaoidhmíd go ró-dhlúth le haistriú ó aon teangain amháin luigheann sé le réasún ní hamháin go mbeidh comhacht ró-mhór aici ar fhocail, ar nósá cainte is ar phrós-fhuirm na Gaedhilge ach fós go mbeimid b'fhéidir ró-ghéilliúil do nósá machtnaimh aon náisiúin amháin agus go mbeidh na nithe sin mar chaighdeán againn an fhaid ná beidh aon neart dúthchasach againn chun maolú do dhéanamh ar an smacht aigne iasachta.  
(*United Irishman*, 22 Iúil 1933)

Ceist eile a bhíodh ag dó na geirbe dó ab ea go raibh an iomarca de litríocht na Gaeilge aistrithe go Béarla seachas go Gaeilge na haimsire, chun blas na bhfocal féin a chaomhnú. Ghoill sé air nach raibh saibhreas ár litríochta féin mar chúram aistrithe againn agus bhí inní air go gcaillfi ár seoda litríochta féin dá bharr:

Más mian linn aoibhneas do bhaint as ár litríocht féin díreach mar atá sí is beag an mhaith dúinn aistriú Béarla uirthi do léigheamh; caithfidimid í féin mar atá sí do léigheamh, nó, i gcás na coda seanda di aistriú maith i nGaedhilg na h-aimsire seo, aistriú ar a bhfuighmid an bun-bhlas seanda.  
(*The Irish Independent*, 4 Nollaig 1936)

Blianta fada ina dhiaidh sin bhí an cheist seo fós á plé ag lucht léinn na Gaeilge. Sa bhliain 1982 rinne Tomás Ó Floinn plé ar thionchar an Bhéarla ar an scríbhneoir Gaeilge agus é ar aon tuairim le Liam Ó Rinn maidir leis an gceist:

Ach creidim má tá fonn ar dhuine máistreacht a bhaint amach i scríobh na Gaeilge go gcaithfidh sé cloí go hiomlán léi. Tá dhá theanga againn sa tír seo. Caithfidh duine rogha a dhéanamh eatarthu agus más í an Ghaeilge an

rogha bíodh sé ina rogha saoil. An té a mheasann go dtig leis dhá mháistreás a fhreastal is mar choillteán a chríochnóidh sé.

(Ó Floinn, 1997, 394)

Theastaigh ó Liam Ó Rinn go ndéanfaí seoda litríochta na hEorpa a aistriú go Gaeilge ionas go rachadh an pobal i dtaithí orthu trí mheán na Gaeilge in ionad na haistriúcháin Bhéarla a léamh:

Déanfa sé maitheas dúinn féin agus don Ghaedhilg aithne is eolas do chur ar mhuintir na hEorpa, ar a nós, ar a meon, ar a gcroí is a n-anam tríd an aistriúchán. Tá a lán litríochta ar fuaid na hEorpa nár haistríodh go Béarla riamh agus an méid di atá le fáil sa teangain sin b'fhearr é theacht trí n-ár dteangain féin agus ár ndath dúthchais féin air.

(*United Irishman*, 22 Iúil 1933)

Ní raibh sé ina chadhadh aonair maidir leis an tuairimíocht áirithe seo. Fear eile a réitigh le tuairimíocht Uí Rinn ar an ábhar ab ea an tAthair Pádraig de Brún, a rinne plé ar an tuiscint seo sa tréimhseachán *Humanitas* (Márta 1930), agus a d'aistrigh leabhair go Gaeilge mar *Choiméide Dhiaga Dante*, *An Odaisé* le Homer, *Oidiopús Rex* le Sophocles, saothair le Euripides, Plutarch, Racine chomh maith le raidhse de shaothair dhiaga ón Laidin agus ón nGréigis. Thuig de Brún an tábhacht a bhain le saothair mar seo a chur ar fáil sa Ghaeilge chomh maith leis an tionchar a bhí ag litríochtaí éagsúla ar a chéile. Tugann Philip O'Leary cuntas ar thuairimíocht an Athar Pádraig de Brún mar gheall ar na buntáistí a bhain leis an ngaol idir cultúr na hÉireann agus cultúr na hÍoslainne agus tugann sé le fios gur aistrigh de Brún "*Cúpla Laoi as Edda* (Two lays from the Edda), ... two prosimetric tales from Old Norse" (O'Leary: 2010, 390). Maidir le saothar an Athar de Brún, tá sé ráite go raibh sé 'far ahead of his time' (*The Irish Rosary*, Lúnasa 1929), ráiteas is féidir a chur i leith Uí Rinn chomh maith.

Chreid Ó Rinn, mar sin de, gur féidir anam náisiúin a nochadh tríd an litríocht agus, dá bhrí sin, ba leas leis cloí leis an litríocht Bhéarla amháin mar ábhar aistriúcháin ach an tsamhlaíocht agus an intinn a mhúscailt trí mheán litríochtaí éagsúla eile na linne:



Níor mhiste dár scríbhneoirí Gaedhilge mar sin luighe isteach ar theangthacha eachtrannacha dfoghluim agus gan claoi leis na teangthacha Laidneacha is Gearmaineacha amháin, ach túirt fé theangthacha a bhaineán le gach grúpa: Sclábhach, Seimíteach, Mongólach, etc., i dtreo go bhfeudfid fiór-uisce gach litríochta de tharang glan amach as a tobar féin in ionad é tharang as sruthán an Bheurla.

*(The Irish Independent, 10 Márta 1922)*

Nuair a smaoinítear go raibh intleachtóirí na mílaoise fós i mbun argóna ar an ábhar céanna is léir go raibh Ó Rinn ina cheannródaí maidir le tábhacht an ilteangachais agus maidir le tábhacht ealaín an aistriúcháin. Tabhair faoi deara a raibh le rá ag an gcriticeoir Michael Cronin agus é ag scríobh ar bhunghnó an aistritheora agus cúrsaí ‘dílseachta’:

By moving across boundaries of language and culture the translator is ‘unfaithful’ to his/her language and culture, but this is in order to revitalise the original culture and language, open up texts and history to the new and unknown. The primary infidelity is the sine qua non of a fidelity to the creative energies of the host language. Hence, the figure of betrayal that colours conventional presentation of translation is not as disparaging as it originally appears. (Cronin: 2000,101)

Gné shuntasach den tuairimíocht sin is ea gur ghríosaigh Ó Rinn aistritheoirí chun foghlama. Argóint na haimsire maidir le cúrsaí aistriúcháin ab ea inniúlacht an fhoghlaimora Gaeilge i leith na hoibre seo i gcomparáid leis an gcainteoir dúchais. Bhí scríbhneoirí mar ‘Mháire’ ann a chreid nach raibh an foghlaimoir oiriúnach d’obair an aistriúcháin ar leibhéal ar bith. Ach ar an taobh eile den scéal, bhí a leithéid de dhuine agus Ó Rinn ann a cheap, ní hamháin go raibh sé de chumas ag an bhfoghlaimoir aistriúcháin den scoth a chur i gcrích ach go raibh sé fiú, b’fhéidir, níos cumasaí chun na hoibre ná an Gaeilgeoir dúchais. Mar a deir sé féin: “Nílím anois ná ní rabhas riamh ar aon intinn leis an muintir adeir ná ch féidir do dhuine scríobh go maith ach sa teangain lenar tógadh é” (*The Freeman’s Journal, 5 Lúnasa*

1924). Tugann sé eolas pearsanta dúinn san alt céanna agus é ag tabhairt míniú ar a thuiscintí ar an ábhar seo:

Maidir liom féin, bíodh gur le Béarla a tógadh me, labhram an Ghaelig níos fearr ná mar a labhram an teanga Ghallda – níos cruinne agus níos cirte do réir gramadaí – agus bíon saghas eagla orm i gcomhnaí nuair a thugaim fé aiste a scríobh i mBéarla, agus is anamh san. (ibid.)

Bhí an t-ábhar seo fós á phlé aige sa bhliain 1941 agus forbairt tuisceana á léiriú aige:

Owing to the fact that a learner has been translating from English from the beginning and, in order to do so, must dig underneath the surface to get at the fundamental meaning, he sometimes has an advantage over the native speaker. The latter, I expect is often expert in translating from Irish. (*The Leader*, 10 Bealtaine 1941)

Mar sin féin, cé is moite den tábhacht a bhain le cúrsaí aistriúcháin, is féidir a rá gur chreid Ó Rinn go raibh an bhuncheapadóireacht níos tábhachtaí arís: “Dá olcas an leabhar Gaedhilge a scríobhfadh duine as a cheann féin is mó an meas a bheadh air ná ar aon leabhar dá fheabhas dá ndeunfadh sé aistriughadh i ndeagh Gaedhilg” (*The Hibernian*, 16 Deireadh Fómhair 1915). Is amhlaidh go raibh sé de chuspóir ag an aistriúchán, de réir Uí Rinn, cabhrú leis an scríbhneoir stíl na ceapadóireachta a fhoghlaim agus uirlisí na scríbhneoireachta a chur ar fáil dó féin:

Do mholfainnse do gach aistritheoir chó luath is a bheadh leabhar aistrithe aige tosnú ar leabhar, scéal no aistí do scríobhadh as a cheann féin. Dá ndeineadh sé amhlaidh bheadh obair an aistriúcháin agus obair na bunscríobhneoireachta ag cabhrú le n-a chéile aige agus an chéad obair ghá mhúineadh dho conas fuirm cheart agus crot agus slacht do chur ar an dara hobair ghá mhúineadh dho conus rithim cheart agus ceol nádúrtha na Gaedhilge do chur sa chéad obair.

(*United Irishman*, 22 Deireadh Fómhair 1932)

In alt a scríobh Ó Rinn sa bhliain 1933 phléigh sé tairbhe an aistriúcháin agus mhínigh sé arís an diantuarimíocht a bhí aige maidir le tábhacht na healaíne seo, ní mar shaothar litríochta ann féin, ach mar threoir chun litríocht na Gaeilge a shaothrú:

Dá mhéid Gaedhilg a léighim iseadh is mó théigheann sé ina luighe ar m'aighe gur tríd an síor-aistriúchán a saothrófar stíl, nó stíleanna, liteardha, agus a líonfar an bhearna mhór leathan atá idir próis maordha tur an Chéitinnigh agus an Ghaedhilg a labhartar cois teallaigh sa Ghaedhaltacht, óir na teangthacha nách foláir dúinn a seoda litríochta d'aistriú tá saothrú thar barr déanta ortha agus tá gach comhgar cainte dá fheabhas ionta chun na smaointe is casta agus is suibtile do nochtadh, i dtreo, an té chuireann roimhe iad do chur i nGaedhilg go cruinn beacht, go mbíonn se do shíor fé dhian-smacht a bhíonn tairbheach dó féin agus don Ghaedhilg. (*United Irishman*, 25 Márta 1933)

Ós rud é go raibh an urraim seo ag Ó Rinn d'ealaín an aistriúcháin mar thacaíocht don scríbhneoir, is iomaí treoir a thug sé don aistritheoir, mar chúnamh, chun an obair seo a dhéanamh. Mhol sé tabhairt faoin obair go díograiseach, cloí le bunsmaoineamh an tsaothair agus ag an am chéanna 'blas' na Gaeilge a choinneáil ar an mblúire scríbhneoireachta a bhí á aistriú:

Níl sé chó saoraídeach san ar fad do dhuine focail is abairtí nua d'aonchorparú ina chuid Gaedhilge. Bíom féin ad iarraidh é dhéanamh. Ní mór iad do shleamhnú isteach i slí ná féachaid go ró-ait.

(*United Ireland*, 12 Eanáir 1935)

Tugann sé léargas dúinn ar na fadhbanna a bhíonn ag an aistritheoir agus ar na botúin is cóir a sheachaint chun go ndéanfaí an blas nádúrtha a chaomhnú. In alt amháin dá chuid, rinne sé trácht ar "na cleití iasachta san ata chó feiceálach san, ceann nó dhó ar gach leathanach ... Agus ní cleití iasachta amháin a chítear ionta ach cleití scolmháistreachais agus bréig-léighinn leanbaí go mbíonn lucht a ndéanta pas beag mórálach asta" (*United Ireland*, 4 Aibreán, 1936). In alt eile léiríonn sé na deacrachtaí foclóra a nochtáitear ó am go chéile agus an scríbhneoir i mbun oibre. Is suntasach an cuntas a thugann sé mar gheall ar an bhfocal 'bonn' sa Ghaeilge:

Cuir Gaedhilg ar: (“Have you a silver medal? No but I have a silver flan, a sole and a tyre.”) Agus ní hé sin an focal is measa sa tslí sin. Gan aon dabht caitear cur suas le na leithéid i dteangthacha eile ach dar liom is measa an Ghaedhilg ná aon teanga toisc gan taitní bheith againn ar í úsáid i ngnóithí in ar gá mór-chruinneas. (*United Ireland*, 16 Márta 1935)

Bhí Ó Rinn i gcónaí ar thóir an fhocail chuí agus ní raibh sé sásta go dtí go raibh taighde is tochailt déanta ar aon fhocal casta a bhí á aistriú aige. Tugann sé sampla den dúthracht seo a bhí mar bhunús aige agus é i mbun aistrithe in alt a scríobh sé mar gheall ar an deacracht a bhí aige maidir leis an bhfocal ‘suggest’ a aistriú: “Is mó brí atá leis ... Is deacair aon fhocal amháin Gaelge dfáil a dhéanfadh an gnó. ‘Meabhraím do’, ‘comhairlím, measaim gur cheart, déarfínn nár mhiste’ ...” (*The Freeman’s Journal*, 5 Aibreán 1923). Arís, sa bhliain 1933, labhair sé faoin dua ba ghá le roghnú na bhfocal agus saothar ar bith á aistriú, nuair a scríobh sé:

Is annamh a dheineann sé an gnó abairt d’aistriú focal ar fhocal. Na habairtí is simplí ar domhan is minic gur gádh iad do chasadh is do lúbadh i dtreo go mbeidh deallramh nádúrtha chó maith le deallramh liteardha nea-learnh ortha agus i dtreo go mbeid in oiriúint do na habairtí rompa gus ina ndiaidh. (*United Irishman*, 29 Aibreán 1933)

Ba ghráin leis an leisciúlacht maidir leis na cúrsaí seo agus thug le fios go raibh gá leis an bhfoighne chun dul i ngleic leis an saothar aistriúcháin.

Táimid ró-thugtha do bheith sásta le focail a dhéanfadh cúis sa ghnó áirithe bheadh idir lámhaibh againn. Glacaimid go ró-bhog le haistriú ar fhocal agus gan é ach nách mór ceart no le tiomchaint san áit in ar chóir dúinn aon fhocal amháin a bheith againn. (*United Ireland*, 16 Márta 1935)

Ní haon ionadh mar sin de go raibh an méid seo le rá aige maidir le téarma amháin ar glacadh leis agus é ag plé le cúrsaí aistriúcháin é féin: “Bhí áthas orm nuair a glacadh le ‘Ard-Scrúdóir’ ar ‘Comptroller and Auditor General’. Is maith liom an Ghaedhilg a bheith níos giorra ná an Béarla nuair is féidir é” (*The Leader*, 27 Eanáir 1940).

Is léir na tuiscintí a bhí ag Ó Rinn ar ábhar seo an aistriúcháin agus léirigh sé idir na buntáistí agus na lochtanna a bhain leis ó thaobh saothrú na teanga de. Cé nach raibh sé i gcónaí sásta le caighdeán an aistriúcháin a bhí á shaothrú lena linn, is éard a bhíodh le rá aige ná: “Níl aon dabht ná go dtagann fás fé theangain de bharr aistriúcháin is téarmaíochta” (*United Ireland*, 3 Márta 1934). Ach san alt céanna déanann sé trácht ar an bhfás ‘dúthchais’ agus nach aon mhaitheas é an t-aistriúchán sa chás áirithe seo. Creideann sé nach dtiocfaidh feabhas ar an ‘bhfás dúthchais’ gan ealaín na ceapadóireachta a chleachtadh:

An aiste an uirlis is fearr chuige ... Isé an aiste is oiriúnaighe chuige ná é siúd ina dtráchtar ar nithe nách féidir a mhíniú i n-aon fhocal amháin, ar na smaointe sin is deacair a chur i bhfuirm focal, pé cinnteacht nó éigcinnteacht a bhaineann leo, smaointe ar obair ealadhan i gcoitinne agus go mórmhór ar litríocht. Léirmheas an ainm a tugtar ar an sórt san aiste. (ibid.)

Is fiú mar sin de scrúdú a dhéanamh ar an ngné sin de scríbhneoireacht Uí Rinn a nascann an t-aistriú agus an léirmheas – léirmheasanna ar shaothair aistrithe atá i gceist agus is iomaí aiste léirmheasa atá scríofa ag Ó Rinn ar shaothair a aistríodh ó theangacha éagsúla.

### **Léirmheasanna ar Aistriúcháin**

Scríobh Ó Rinn alt sa bhliain 1933 inar thug sé moladh do Choiste na Leabhar, a bhí ag obair don Ghúm, mar gheall ar an obair a bhí idir lámha acu chun leabhair nua Ghaeilge a fhoilsiú. Ba chúis ghearáin do dhaoine éagsúla mar Sheosamh Mac Grianna, ‘Máire’, Peadar Ó Dubhda agus Máirtín Ó Cadhain obair seo an Ghúim agus drochmheas á léiriú acu ar líon na n-aistriúchán a bhí á fhoilsiú acu i gcomparáid le líon na mbunsaothar. Ach thuig Ó Rinn an tábhacht a bhí ag baint leis an obair seo a bhí ar bun ag an gCoiste. Mar aon leis sin bhí sé den tuairim go raibh gá le léirmheasanna a dhéanamh ar an obair.

Obair aistriúcháin is mó atá ar siúl acu ... Tá beartaithe agam léirmheas do dhéanamh ar chuid den obair sin gach seachtain annso feasta chó maith is

bheidh am' chumas agus tá súil agam go n-éireoidh liom cabhair bheag éigin do thabhairt don ghluaiseacht sa tslí sin agus deigh-thréithe ár nua-litríochta do chur in úil do dhaoine ná fuil puinn suime acu inti fós.  
(*United Irishman*, 4 Márta 1933)

Bhí sé de chuspóir ag Ó Rinn, mar sin, léirmheasanna a dhéanamh ar aistriúcháin, ní hamháin mar ábhar comhairle do scríbhneoirí, ach mar chuid den chritic ar an nualitríocht chomh maith. Maidir leis na léirmheasanna úd a rinne sé ar shaothair aistrithe, ní hionann iad go hiomlán agus na cinn a rinne sé ar na bunsaothair a ndearnadh plé orthu i gCaibidil a Ceathair. Gan amhras, tá an caighdeán ard céanna á éileamh aige ón aistriúchán mar shaothar litríochta is a bhí uaidh agus é i mbun critice ar na bunsaothair. Ach caithfear a rá gur chaith sé cuid mhór den léirmheas ar na saothair seo ag plé le cúrsaí teanga agus le teicníocht an aistriúcháin.

Tagann go leor dá chuid tuairimíochta ar an aistriúchán féin chun cinn agus na léirmheasanna seo á scríobh aige. Scríobh sé léirmheas ar an aistriú a rinne Pádraig Ó Cadhla ar an leabhar a scríobh Lewis Carroll, *Eachtra Eibhlís i dTír na nIníonantas* (1922) mar shampla, ina moltar an leabhar toisc gur ath-insint atá ann in ionad dlúth-aithris, téama a bhí coitianta ag Ó Rinn ina léirmheasanna (*Young Ireland*, 2 Nollaig 1922). Scéal nach raibh sé sásta leis, de bharr é a bheith 'ró-dhlúth den Bhéarla' ab ea *Na Sealgairí Óga* (1934), aistriú a rinne Tomás Page ar *The Boy Hunters of the Mississippi*, (1853) le Captain Mayne Reid.

Téama coitianta eile a bhí mar chúram ag Ó Rinn sna léirmheasanna seo ab ea meon an bhunúdair a chaomhnú san aistriúchán – tuairim a bhí aige i dtaobh na litríochta i gcoitinne. Míníonn sé céard a bhí i gceist aige leis seo sa tuairisc a scríobh sé ar an leabhar *Rí na gCnoc* (1931), aistriú a rinne Cormac Ó Cadhlaigh ar *Le Roi des Montagnes*, (1858?) le Edmont About:

..nuair nách féidir don aistritheoir gan géilleadh do mheon an údair eirigheann leis atmaisféir an bhunleabhair do thabhairt leis, rud is mó tábhacht ná brí na bhfocal. (*United Irishman*, 25 Márta 1933)

Bhí ardmheas ag Ó Rinn ar chuid de na haistriúcháin stairiúla (saothar mhuintir Lobháin sa seachtú haois déag, mar shampla). Bhí gá, dar leis, saothar uile Lobháin a fhoilsiú nó a athfhoilsiú agus ina léirmheas ar *Desiderius* (1941), a d'aistrigh Flaithrí Ó Maolchonaire agus a chuir Tomás Ó Raithile in eagar, cuireann sé tábhacht na leabhar úd in iúl maidir le forbairt na teanga liteartha:

The lesson taught by it and now driven home by Prof. Tomás Ó Raithile's edition of "Desiderius", is, to my mind, that there is yet hope for the unity of the dialects in literature and the gradual (modern) development of a purely literary medium, second to none in Europe.

(*The Leader*, 9 Bealtaine 1942)

Bhí tuiscint ag Ó Rinn go raibh tábhacht ag baint, go stairiúil, leis an aistriúchán go Gaeilge. D'aithin sé saibhreas na teanga a cothaíodh ag na scoláirí mar Ó Maolchonaire, Aodh Mac Aingil, Giollabhrighde Ó hEodhusa agus scoláirí eile Lobháin. Déanann sé trácht ar cheann de na leabhair sin ón Lobháin dar teideal *An Bheatha Chrábhaidh*: "... and let us hope that it has done something towards awakening Irish Irelanders to the beauty and richness which the language possessed when it was still understood in the plentitude of its united syntax and written regardless of dialectical barriers" (ibid.). Bhí dóchas aige i gcónaí go bhféadfaí teanga liteartha Ghaeilge a shaothrú arís ach an tsimbeois idir an sean agus an nua a mhúnlú agus a chothú. Is léir go raibh tuiscint ghéar agus eolas cuimsitheach ag Ó Rinn ar fhoinsí tábhachtacha na seanlitríochta agus go bhfuil macalla dá mholtaí fós le cloisteáil blianta fada ina dhiaidh nuair a smaoinítear go raibh scríbhneoirí mar Phádraig Breatnach fós ag moladh na scríbhneoirí céanna, Flaithrí Ó Maolchonaire, Giolla Brighde Ó hEódhusa agus Aodh Mac Aingil ag deireadh an fichiú haois de bharr thábhacht agus shaibhreas a gcuid saothar mar eiseamláirí do scríbhneoirí na nua-litríochta (Breatnach: 1997). Tá tábhacht theanga na saothar sin fós á plé ag scoláirí na Gaeilge faoi láthair.

Tá léirmheas suntasach eile déanta ag Ó Rinn ar *Sgéalta a Filí na Rómha* (1924), athinsint ag Domhnall Ó Mathghamhna ar an leabhar *Stories from the Latin Poets* (1903), (*The Freeman's Journal*, 5 Lúnasa 1924). Moltar na scéalta mar go líonann siad, "bearna a bhí i letríocht Ghaeilge na haimsire seo" (ibid.). Moltar an stíl: "Tá idir

stíl is Gaelig chó nádurtha, líofa, snasta san aige gur dhó le duine nach ath-innsint atá déanta aige ach bun-innsint” (ibid.). Is cúis ghearáin dó, áfach, nár fhág an scríbhneoir na scéalta sa chló rómhánach (cnámh spairme de chuid na haimsire á léiriú aige).

Seanargóint na hathbheochana a thagann chun cinn ina chuid léirmheastóireachta ar na haistriúcháin ag Ó Rinn is ea an díospóireacht mar gheall ar ‘chaint na ndaoine’: “Tá Gaedhilg liteardha dhá dhéanamh den ghnáth-chaint leamh nea-liteardha” (*United Irishman*, 11 Márta 1933). Mhol Ó Rinn an Seabhac mar gheall ar leagan Gaeilge a rinne sé de scríbhinní Wolfe Tone (1933) de bharr go raibh an teanga á saothrú go cumasach aige ann. Ach moltar an leabhar seo mar gheall ar an ilghnéitheacht ábhair chomh maith: “Ró-fhada atá scríbhneoirí ag claidhe leis an simplidheacht – prátaí agus móin, mná sidhe agus scéalta grinn – in ionad aghaidh a thabhairt go dána ar na cúrsaí bhíonn dá bpléidhe ag an saoghal mór ... Gheobhfar sa leabhar seo nách mór gach éinní ina mbíonn suim ag daoine tógadh le leigheann is litridheacht” (ibid.). Luann sé an pholaitíocht, gnó agus tráchtáil, cúrsaí tionscail agus airgid srl. Téama coitianta sna léirmheasanna seo ag Ó Rinn is ea an ‘ilghnéitheacht’. Léirmheas suntasach amháin eile de chuid Uí Rinn gur fiú a lua anseo is ea an cuntas a scríobh sé ar *Teacht Fríd An tSeagal* (1932), aistriú a rinne Seosamh Mac Grianna ar *Comin’ thro’ the Rye* le Helen Mathers. Molann sé na scríbhneoirí mná sa léirmheas seo:

Tugaim fé ndeara i scríbhinní na mbanúdar cáilíocht ná feicim aon rian di ina scríobhann na fir – meascán áluinn de spioradáltacht íogair agus d’fhíneáltacht nó leochailleacht éigin a bhaineann le meon is croidhe na mban. (*United Ireland*, 7 Deireadh Fómhair 1933)

Maidir le hábhar an scéil is éard atá le rá aige ná: “Tagaimid cortha de bhéir is de dhaoine ag troid lena chéile nó le fórsaí na nádúire agus am’ thaobh féin de, táim dóthanach de shaoghal tuatha na hÉireann i ndrámáí, in aistí agus i scéalta” (ibid.).

Ábhar díospóireachta eile de chuid na haimsire ba chóir a lua is ea an gearán a bhíodh ag léirmheastóirí mar Liam Ó Rinn mar gheall ar na leabhair a bhíodh molta ag an nGúm mar ábhar aistriúcháin. Cáintear *Saile Ní Chaomhánaigh* (1934), aistriú a rinne Máirtín Ó Cadhain ar an leabhar *Sally Kavanagh* (1869) le Charles Kickham, ar an ábhar seo: “Is díomhaoin ár ngnó dar liom bheith ag aistriú leabhra atá suarach go leor



ina gcáil, no ina ‘genre’ féin” (*United Ireland*, 23 Márta 1935). Chomh maith leis sin tá comhairle ag Ó Rinn do Mháirtín Ó Cadhain sa tuairisc seo: “Má tá Máirtín Ó Cadhain ag cuimhneamh ar leanúint den scríbhneoireacht tá súil agam go bhféachfa sé chuige gur fearr go mór an mianach a bheidh sna leabhair a gheobhfa sé le haistriú – má thugann sé seans dó féin agus ní bheidh baol ar bith air” (ibid.).

Tá leabhair Bhéarla cháiliúla eile ann a ndearnadh aistriú orthu ach nach raibh Ó Rinn sásta leo. Leabhar díobh seo is ea *Árda Wuthering* (1933), a d’aistrigh Seán Ó Cíosáin ón mbunleabhar a scríobh Emily Brontë. Is suntasach an léirmheas é seo mar go ndéanann sé plé ar an mbunleabhar maraon le léirmheas a dhéanamh ar an aistriúchán. Maidir leis an mbunsaothar, deir sé go bhfuil an scéal róleadránach, agus go bhfuil na hainmneacha sa leabhar róchosúil lena chéile. Maidir leis an aistriúchán cáineann sé an Ghaeilge sa mhéid “nár éirigh le haon scríbhneoir Ghaedhilge fós stíl an-árd, anamhín, an fhíneálta do fuair sé i leabhar Béarla do chur ina có-mhaith de stíl Ghaedhilge” (*United Ireland*, 11 Bealtaine 1935). Leabhar eile a bhfuil dímhneas aige air is ea *Cú na mBaskerville* (1934), aistriúchán le Nioclás Tóibín ar leabhar le Arthur Conan Doyle. Leabhar leadránach ann féin arís an bunsaothar seo, dar leis, ach is measa an tuairisc a thugann sé ar Ghaeilge an leabhair seo. Tugann sé samplaí de Ghaeilge leanbaí an leabhair sa léirmheas (“ag an bhfuinneog a *bhí* oscailte”) agus tugann sé ceacht gramadaí fiú (*United Ireland*, 8 Meitheamh 1935). Maidir leis na húdair mhóra Bhéarla is éard a bhí le rá ag Ó Rinn ná:

Tá a lán daoine ná taithean na húdair mhóra leo ach ní hadmhóidís é ar eagla go gceapfí gur “Filistínig” iad.

(*The Freeman’s Journal*, 5 Lúnasa 1924)

Ní féidir a rá go raibh an galar céanna ag Ó Rinn. Cé gur léirmheasanna ar aistriúcháin a bhí idir lámha aige, ní raibh aon leisce air tuairimí a thabhairt ar na bunleabhair cháiliúla agus fiú amháin locht a fháil orthu.

Maidir leis an aistriú a rinne Seán Ó Cuirrín ar *Dracula* (1933), is é an locht is mó atá le fáil ag Ó Rinn ar an saothar seo ná easpa ilghnéitheachta na teanga “... tosuíonn tú ar abairtí nó focail áirithe do chonnacaís fé dhó nó fé thrí cheana do thabhairt fé ndeara arís agus bíonn tú cortha glan díobh ar shroisint deireadh an leabhair duit”

(*United Ireland*, 20 Deireadh Fómhair 1934). Ceann de na lochtanna teanga ba mhó a ghoill ar Ó Rinn agus é i mbun léirmheastóireachta ar na haistriúcháin ab ea an ‘abairt bhacach’ mar a thug sé ar abairtí a bhí claonta le ‘bhí-bhí-bhí’. Chomh maith leis sin ba ghráin leis na ‘clichés’, agus mhol sé don Ghúm liosta díobh a chur ar fáil a mbeadh cosc orthu in aon scríbhinn. Ba chúis áthais dó focail nua neamhchoitianta a fheiceáil i scríbhinn in ionad an t-aon fhocal amháin a bheith athscríofa tríd síos. Mar aon leis an bhfoclóir maith, ba bhreá leis an ghramadach chruinn a fheiscint agus bhíodh díomá air earráidí cló a thabhairt faoi deara. Is minic chomh maith gur luaigh sé uimhir na leathanach sna leabhair a léigh sé agus nach raibh sé ró-chlaonta le leabhair mhóra fhadálacha. Maidir leis an leabhar *An Finn-Dia* (1935), aistriú a rinne Mícheál Ó Gríobhtha ar an leabhar *The Fair God* le Lew Wallace agus a raibh 700 leathanach ann, is éard a deir sé ná: “An té ná fuil ina Dhostoievski níl aon cheart aige scéal chó fada san a scríobhadh” (*United Ireland*, 25 Aibreán 1936).

Moladh áirithe a bhí ag Ó Rinn don aistritheoir ab ea réamhrá a chur le gach aon saothar a bhí idir lámha aige ar mhaithe leis an léitheoir agus le tuiscint an léitheora ar an mbunábhar: “Do scríobhas cheana ar an ngá atá le roimhna do chur i dtosach gach leabhair aistrithe thagann chughainn ach níor tugadh aon aird orm go nuige seo” (*United Ireland*, 17 Lúnasa 1935). Saothar suntasach a léiríonn moladh seo Uí Rinn is ea an t-aistriú ar *Tristan agus Iseut* (1935) a rinne Donn Piatt ar dhráma a scríobh Joseph Bédier agus Louis Artus (1910):

Truagh liom nár thug Donn cuntas air i dtosach an leabhair – é ath-innsint dúinn i nGaedhilg na haimsire seo, ní ná fuil déanta fós dar liom, cé gur dócha go bhfuil sé le fáil i mBéarla is i dteangthacha iasachta eile. Níorbh oircheas dó, leis, gan a innsint dúinn cadé an tír úd as a dtáinig Tristan go hÉirinn chun an dragan do mharbhadh is bean chéile do sholáthar dá rí, Marc. (ibid.)

Is suntasaí fós an léirmheas seo a scríobh Ó Rinn óir go léirítear ann a chuid tuairimíochta ar chanúnachas san aistriúchán. Tugtar ardmholadh don leabhar seo ó thaobh na Gaeilge de: “Gaedhilg ana-shimplí, fhileata, cheolmhar, agus rithim inti atá oiriúnach don ábhar” (ibid.). Níl ach locht amháin le fáil ag Ó Rinn ar an saothar seo ó thaobh na teanga de – Gaeilge Uladh atá i gceist agus rian de ‘chaint na ndaoine’

ann. Mhol Ó Rinn cloí le teanga liteartha agus rian an chanúnachais a sheachaint. “Dhéanfadh iarracht ana-bheag ar fad den tsean-nós liteardha feabhas mór a chur ar an leabhar” (ibid.).

Is fiú trácht a dhéanamh ar léirmheas eile de chuid Uí Rinn ar an drámaíocht – aistriú ar an dráma *La Merveilleuse Histoire du Jeune Bernard de Menthon* le Henri Ghéon (1927) a d’aistrigh Liam Ó Briain sa bhliain 1935. Dráma é seo a bhí bunaithe ar sheandráma de chuid an 15ú haois agus molann Ó Rinn an dráma toisc gur “... sean-dráma ‘mistéire’ é agus é curtha in oiriúint don aimsir seo” (*United Ireland*, 21 Márta 1936). Tugann Ó Rinn comhairle mar chuid den léirmheas seo:

Rud nua friseálta é lúthgháirfidh léitheoirí atá cortha d’úrscéalta na haimsire seo, agus an Ghaeilge go breá simplí so-léite. I bprós atá a fhurmhór ach tá cuid mhaith de i bhfuirm filíochta, agus ní filíocht í den tsaghas chasta thachtann a cuid smaointe le hiomad rialacha ... Bfiú dár bhfilí nua staidéar do dhéanamh uirthi. (ibid.)

Ba bhreá le Ó Rinn na haistriúcháin iasachta seo agus scríobh sé léirmheas suimiúil ar aistriú dar teideal *Eachtra Pinocchio* (1933), a rinne Pádraig Ó Buachalla ar *Le Avventure di Pinocchio* le Carlo Lorenzini. Aistriú ón Iodáilis a bhí i gceist agus molann sé an saothar go hard:

Mara mbeadh na hainmneacha Iodáileacha ní aithneodh an léitheoir ná gur i nGaedhilg a scríobhadh “Eachtra Pinocchio” an chéad uair. Gaedhilg cheolmhar thalmhaí iseadh í den tsaghas atá i “Séadna” agus í go cruinn agus go gonta – an focal ceart san áit cheart i gcomhnaí.  
(*United Ireland*, 15 Meán Fómhair 1934)

Is léiriú é an t-aistriú seo ar sheanargóint Uí Rinn: “Níor mhór aistriú den tsaghas san a bheith againn anois is arís chun a chur i gcuimhne dúinn nach gá dhúinn teanga Shasana do ghlacadh mar chaighdeán agus ár dteanga féin do mhúnlú dá réir” (ibid.). Bhí an leabhar seo á mholadh aige chomh maith mar gheall ar na pictiúirí a bhí ag gabháil leis. Rinne sé tagairt dá pháistí féin agus na pictiúirí faoi chaibidil aige: “Fiú na leanbháí ná fuil léigheamh fós acu cuirfe siad suim sna pictiúirí a dhein Carlo

Chios tri don leabhar agus beid ag cur ceisteann ina dtaobh – is mar sin a thárla am thigh féin ach go háirithe” (ibid.). Maidir leis an stór focal deir sé: “Ní aithneodh an léitheoir ná gur i nGaedhilg a scríobhadh” (*United Ireland*, 15 Meán Fómhair 1934).

Sna léirmheasanna seo, mar sin de, léiríonn Ó Rinn na tuiscintí ba mhó a bhí aige ar ealaín an aistriúcháin mar ábhar léitheoireachta agus mar ábhar scríbhneoireachta do lucht na Gaeilge a raibh suim acu i gcaomhnú agus i bhforbairt na teanga. Ach ní raibh Ó Rinn sásta le tuairimíocht nó léirmheastóireacht amháin a thabhairt ar an ngné seo de litríocht na Gaeilge, áfach. Theastaigh uaidh ról lárnach a imirt chomh maith, trí chúram an aistritheora a ghlacadh air féin.

### **Ó Rinn, an tAistritheoir**

Idir na blianta 1912 agus 1943, nuair a fuair sé bás, i dteannta leis an obair a bhí ar siúl ag Ó Rinn mar scríbhneoir, mar léirmheastóir agus mar iriseoir bhí sé chomh maith céanna ag obair mar aistritheoir é féin. D’aistrigh sé saothair a raibh spéis aige féin iontu; rinne sé aistriúcháin mar chuid den scéim a cuireadh ar bun ag an nGúm chun leabhair Ghaeilge a chur ar fáil don phobal; agus bhí sé ag aistriú go hoifigiúil mar aistritheoir stáit. Is iad na príomhaistriúcháin a chuir sé de ná:

*Saothar Fear nDomhain* (1912-1917): Aistriú ón mBéarla ar an leabhar *Fields, Factories and Workshops* le Kropotkin, mar shraith d’ailt sna nuachtáin *Irish Freedom* agus *An Claidheamh Soluis*.

*Slí Na Saoirse* (1917): Aistriú ón mBéarla ar Leabhar Drille d’Óglaigh na hÉireann (1917).

*Leabhar na Polainne* (1920): Aistriú ón bhFraincis ar leabhar le Adam Mickiewicz (1832).

*Cosaint na Sláinte* (1921): Aistriú ón mBéarla ar cháipéis de chuid an Rialtais (1921).

*Fórsáil Bharraí* (1921): Aistriú ón mBéarla ar cháipéis de chuid an Rialtais (1921).

*Sceul Ár dTíre* g.d. (1922?): Aistriú ón mBéarla ar leabhar a scríobh A.B. Ochiltree Ferguson (1920).

*An Chúis Dlí* (1927): Aistriú ón nGearmáinis ar an dráma, *Der Prozess* le Roderich Benedix (1897).

*Dánta Próis* (1933): Aistriú ón Rúisis ar an leabhar *Stikhotvoréniia v Proz* le Ivan Turgenev (1882).

*Tús Agus Fás Óglách na hÉireann 1913-1917* (1936): Aistriú ón mBéarla ar leabhar a scríobh An Coronal Muiris Ó Mórdha.

*Réim na Réalt* (1948): Aistriú ón mBéarla ar *The Stars in their Courses* le Sir James Jeans (1931).

Maidir le corpas aistriúcháin go léir Uí Rinn, d'fhéadfaí é a rangú ina chodanna:

(a) aistriúcháin ar chúrsaí riaracháin; (b) aistriúcháin ar chúrsaí staire / polaitíochta; (c) aistriúcháin ar chúrsaí liteartha; (d) aistriúcháin ar chúrsaí eolaíochta.

### **(a) Cúrsaí Riaracháin**

Bhí Ó Rinn ag obair go hoifigiúil i Rannóg an Aistriúcháin ó 1923 go dtí 1943, áit a raibh sé ina phríomhaistritheoir ag an stát nuair a fuair sé bás agus Rannóg an Aistriúcháin iomlán faoina chúram. Leag sé féin agus a chomhghleacaithe síos an bhunchloch agus fós tá Rannóg an Aistriúcháin i mbun oibre oifigiúla ag aistriú ar son Rialtas na hÉireann. Ina thuairisc ar Rannóg an Aistriúcháin thug Séamus Daltún le fios gur cuireadh tús le seirbhís aistriúcháin an Oireachtais nuair a ceapadh Mícheál Ó Loingsigh mar aistritheoir ar fhoireann rúnaíochta na chéad Dála i mí an Mheithimh 1919. “Trí bliana ina dhiaidh sin, nuair a bunaíodh an saorstát, cuireadh seirbhís oifigiúil an Oireachtais ar fáil ... i Meán Fómhair, 1922” (Daltún: 1983). Fostaíodh Liam Ó Rinn go sealadach mar aistritheoir i Rannóg an Aistriúcháin i mí Eanáir 1923 agus ina dhiaidh sin go buan i mí Iúil na bliana céanna. Mar sin de, ba dhuine de na haistritheoirí ba thúisce a fostaíodh sa Rannóg é Ó Rinn. Ar dtús chaith sé a chuid ama ag obair ar litriú agus ar struchtúir na teanga chun iad a chur in oiriúint don saol nua. Chomh maith leis sin bhí sé ina bhall den choiste a rinne obair ar an leagan oifigiúil Gaeilge den Bhunreacht. Seachtar a bhí ar an gcoiste seo (Eoin Mac Néill, Pádraig Ó Máille, Piaras Béaslaí, An tOllamh Ó hAimhirgin, An tOllamh T. Ó Raithille, Liam Ó Rinn agus Colm Ó Murchadha) agus glacadh leis an leagan a d’ullmhaigh siad sa bhliain 1922. Maidir leis an mBunreacht a scríobhadh sa bhliain 1937, níor dréachtadh i Rannóg an Aistriúcháin é, ach bhí meas chomh mór sin ag na húdaráis ar Ó Rinn gur tugadh isteach é fein agus Tomás Page chun an saothar a iniúchadh, “sular scaoileadh amach chun a chlóite” é (ibid.).

I mblianta tosaigh a chuid fostaíochta bhí saothar aistriúcháin an Rialtais mar chúis imní ag Ó Rinn. Ar dtús bhí buairt air mar gheall ar chaighdeán na Gaeilge a bhí ar fáil agus an saothar seo á chur i gcrích: “gan acu chuige ach droch-úirlis, se sin, an

Ghaelig fhéasógach nea-chruinn, nea-bhearrha nea-scagaihe atá ag daoine comóna na Gaeltachta ...” (*Young Ireland*, 4 Samhain 1922). Thuig sé, mar sin de, an méid oibre a bhí le déanamh chun coinníollacha an Bhunreachta a chomhlíonadh:

Do réir an Bhunreachta caifear gach dlí nua dá ndéanfidh an tOireachtas dfoillsiu sa dá theangain. Ní cnáivseáil a theastóidh ón Rialtas feasta ach mórán cabhra. Dá bhrí sin do mholfinn do gach éinne an mheirg do bhaint dá mheabhair is dá intleacht agus luí isteach láihreach ar an eolas atá acu ar an nGaelig do chur i méid is i gcruinneas i dtreo go mbeidir ar a gcumas obair fhóna dhéanamh má iarrtar cabhair orra. (ibid.)

Ghlac Ó Rinn lena chomhairle féin agus rinne sé an ‘obair fhóna’ seo ar son na teanga le téarmaíocht agus frásaíocht a sholáthar fad is a bhí sé ag obair le Rannóg an Aistriúcháin. I dteannta leis sin bhí Ó Rinn lárnach in athrú mór an ama maidir le cúrsaí litrithe:

Bhí sé de chuspóir ag lucht stiúrtha na Rannóige triail a bhaint as córas litrithe a bheadh níos simplí ná litriú an Duinnínigh, agus oiriúnach don chló Rómhánach ... Chaith Liam Ó Rinn agus oifigigh eile a ndúthracht ag plé leis an gcóras litrithe sin. (Liam Prút, 1997, 246)

Níl aon bhuncháipéis dá chuid saothar ar fáil ó Rannóg an Aistriúcháin de bharr tubaiste a tharla blianta ó shin in oifigí an stáit ach tá dhá fhoilseachán ar leith fágtha againn mar chuid bheag den saothar riaracháin a d’aistrigh Ó Rinn sular ceapadh ina aistritheoir gairmiúil ag an stát é. Tar éis bhunú an stáit cuireadh Cumann Léigheacht an Phobail ar bun ag Dáil Éireann agus is éard a bhí mar chuspóir ag an gcumann seo ná “go ndéanfaidh a leabhráin bun-phrinsiopail chearta d’fhoillsiú agus go dtabharfaid isteach i ngach tigh in Eirinn eolas cruinn i dtaobh cúrsaí an lae iniú” (*Cosaint na Sláinte*, 1921). Is éard atá sna leabhráin *Cosaint na Sláinte* agus *Fórsaíl Bharraí* ná na haistriúcháin a rinne Ó Rinn ar dhá léacht de shraith de léachtaí a chuir Cumann Léigheacht an Phobail ar fáil: léacht a thug an Dr. Risteárd Ó Haodha mar gheall ar chúrsaí sláinte agus léacht a thug H. de Courcy ar chúrsaí talmhaíochta mar chuid d’fhorbairt tionsclaíochta na tíre.

**(b) Cúrsaí Staire/ Polaitíochta**

**(i) *Fields, Factories and Workshops***

Ó thaobh na staire agus na polaitíochta de, rinne Ó Rinn cúpla aistriúchán atá suntasach mar shaothair. Is é an chéad saothar den réimse oibre seo a thug sé faoi a dhéanamh ná *Saothar Fear nDomhain*, aistriúchán a rinne sé ar chuid de leabhar Béarla a scríobh an prionsa Kropotkin dar teideal *Fields, Factories and Workshops* (1912). Cé nár foilsíodh an saothar seo ina leabhar riamh (mar go raibh fadhb leis an gcóipcheart agus go raibh leisce air é a fhoilsiú) is fiú trácht air anseo mar sin féin. Rinne Ó Rinn dhá iarracht ar aistriúchán a dhéanamh ar an leabhar seo: an chéad iarracht idir Nollaig 1912 agus Samhain 1914, agus an dara haistriú idir Márta agus Meitheamh 1917. Leabhar é seo a dhéanann plé ar chúrsaí eacnamaíochta an domhain. Mar shampla, sa chéad chaibidil pléitear cúrsaí gnó sa Ghearmáin, sa Rúis agus san Fhrainc. Sa dara caibidil déantar trácht ar an Iodáil, an Spáinn, na hIndiacha, an tSeapáin agus a gcuid earraí. Sa tríú caibidil déantar plé ar chúrsaí feirmeoireachta sa Bhreatain, sa Fhrainc, sa Bheilg, sa Danmhairg agus i Meiriceá.

Deir Piaras Béaslaí ina réamhrá ar an leabhar *So Súd* gur Stiofán Mac Enna a mhol do Ó Rinn an leabhar seo agus leabhar eile dar teideal *Apologia Socrates* a aistriú. Admhaíonn Ó Rinn gur mhór an tairbhe dó, ó thaobh na litríochta agus na smaointe de, an leabhar le Kropotkin a aistriú. Déanann sé tagairt don saothar seo in alt a scríobh sé sa nuachtán *The Leader*, mar fhreagra ar alt a scríobh Aodh de Blacam sa nuachtán céanna, alt a chuir ag machnamh é. Is éard a bhí le rá ag de Blacam ná: “If we do not go back and recover the complete cycle of Gaelic life we might as well drop the Irish revival” (*The Leader*, 10 Eanáir 1942). Is suntasach an tuairimíocht a chuireann Ó Rinn in iúl mar fhreagra ar de Blacam mar go léiríonn sé an dearcadh forásach a bhí aige i leith na teanga agus na sibhialtachta: “In growing, a civilization gradually drops worn out things and develops new things from the old or adopts them through contact with foreign civilizations” (ibid.). Mar fhorbairt ar an tuiscint seo déanann Ó Rinn tagairt do Kropotkin:

In reading Kropotkin’s “Fields, Factories and Workshops” I was struck by the author’s remark as to how the Italians gave a national artistic touch to the design of their machinery. Living as we do in a modern world which

up to recently has been growing, and will very likely in the future continue to grow, more and more like one vast State, we must accept many foreign things ... These things can all be Irishized to some extent. (ibid.)

Admhaíonn Ó Rinn gur chuir smaointe Kropotkin ag machnamh é agus gur mhór an chabhair an leabhar seo dó agus é ag plé le cúrsaí teanga chomh maith:

What gave me a fair command of the language was my two translations of Kropotkin's "Fields, factories and workshops," The first of these I did in what some called the Henebryesque style ... A few chapters were published in *Irish Freedom*. I started to translate them back into English for an Irish class ... This I found so difficult that I immediately set about making a simpler Irish translation, part of which was published in the Gaelic League organ ... I know of no better way of obtaining a real insight into the essence of two languages than that of translating from one to the other for a number of years. This work forced me to dig into the dictionaries of several languages, to pester my mother for farming information and for the simple Anglo-Gaelic ways of expressing ideas given in high-falutin English, and to waylay every Irish speaker and scholar I thought might be able to help me.

(*The Leader*, 24 Bealtaine 1941)

Rinne sé plé eile ar na haistriúcháin a rinne sé ar an leabhar seo i litir a scríobh sé chuig Piaras Béaslaí, ina léiríonn sé arís na deacrachtaí a bhain le cúrsaí stíle agus é i mbun oibre:

Níorbh fholáir dom é athdhéanamh mar ní hamháin go bhfuil i bhfad níos mó téarmaí againn ach dá éamais nílim sásta leis na haistrithe do dheineas – ceann acu ró-Mhuimhneach ró-Athair-Pedarúil, ró-éadtrom is ró-neamhaordha agus an ceann eile ró-throm, ro-Chéitinniúil, ro-chasta stíl. Bfearr liom stíl éigin do bheadh idir an dá fhoircheann san – blas agus sprid Chéitinn gan a throime ná a chruas ná a chastacht. Leabhar mór-thráchta é seo mar is cuntas é ar staid eonomíochta an domhain roimh an gcogadh mór.



Léargas maith é seo ar thuiscint Uí Rinn maidir le tábhacht, tairbhe agus cur i láthair an aistriúcháin. Tugann sé léargas ar an leas is féidir a bhaint as aistriúchán mar uirlis foghlama agus teanga nua á foghlaim. Cloíonn sé lena fhealsúnacht féin maidir le tábhacht tuairimíochta ón iasacht agus an leas is féidir a bhaint as litríocht ón taobh amuigh ar mhaithe leis an litríocht dúchais. Tugann sé cuntas ar an dua agus an dúthracht a chaitheadh sé le haistriú a dhéanamh. Léiríonn sé an diombháilteacht a bhí ann maidir le haistriú a thabhairt chun críche chomh cruinn agus ab fhéidir. Sampla é seo arís den chaighdeán ard oibre a d'iarr sé air féin agus é i mbun saothair. Mar sin féin, mar atá luaite cheana féin, níor foilsíodh an saothar seo mar leabhar riamh. Téann an gradam sin dá shaothar *Slí na Saoirse* (1917).

**(ii) *Slí na Saoirse***

Maidir leis an aistriú seo is fiú a thabhairt faoi deara gur scríobh sé an leabhar seo faoi ainm cleite. Aon leabhar eile a d'aistrigh sé tugadh aitheantas do Liam Ó Rinn mar aistritheoir. Ach 'Aodh Rua' a d'aistrigh an leabhar seo – comhartha den saol polaitíochta agus de shochaí an ama. D'fhéadfaí a thuiscint go mb'fhéidir gur theastaigh uaidh a ainm a choinneáil faoi rún ós rud é gur leabhar é seo a bhain go díreach le hÓglaigh na hÉireann agus go raibh Ó Rinn tar éis tréimhse a chaitheamh i ngéibheann de bharr a rannpháirtíochta in Éirí Amach na Cásca.

Rinneadh an t-aistriúchán seo mar chuid de shraith de phaimfléidí a d'fhoilsigh Óglaigh na hÉireann idir 1914 agus 1918. Clóbhuaileadh an leabhar seo le húdaráis Chomhairle na nÓglach – an chéad chló, Márta 1918 agus an dara cló, Meitheamh 1918. Tá an obair aistriúcháin seo luaite in *An Béaslaíoch* (Ó Siadhail: 2007, 415), áit a léirítear go raibh tuiscint ag Béaslaí agus Ó Rinn faoin ngá a bhí ann lena leithéid de shaothar a aistriú (ibid., 283/284). Ina réamhrá ar an leabhar déanann Ó Rinn trácht ar chúrsaí canúna, téarmaíochta agus teanga. Míníonn sé gur shíolraigh formhór na dtéarmaí as dúthracht ghrúpa a chruinnigh le chéile chun an obair seo a dhéanamh. Maidir leis na téarmaí, is éard a deir Ó Rinn ná: “Sé mo thuairim gur fearr na teurmaí sin ná na teurmaí atá ag lucht an Bheurla” (*Slí na Saoirse*, 5). Tugann Ó Rinn léargas dúinn ar a smaointe maidir le ceist na canúna chomh maith. Deir sé gur scríobh sé na horduithe i gcanúint na Mumhan ach gur féidir iad a athrú go pé canúint is oiriúnaí do

shaighdiúirí. Ní raibh sé sásta aon chanúint ar leith a bhrú ar éinne. I dteannta leis sin tugann Ó Rinn le fios gurbh é príomhaidhm an leabhair seo ná leabhar áisiúil a chur ar fáil d’Óglaigh na hÉireann agus faoi mar a mholann sé i gcónaí agus cúrsaí aistriúcháin faoi chaibidil aige “... go gcuire sé an Ghaedhilg ar aghaidh” (*Slí na Saoirse*, 6).

### **(iii) Leabhar na Polainne**

Foilsíodh an chéad aistriúchán eile a rinne Ó Rinn sa bhliain 1920 ar leabhar Polainnise a d’aistrigh M. Armand Lévy go Fraincis sa bhliain 1854. *Leabhar na Polainne* an teideal a chuir Ó Rinn ar an leabhar seo a d’aistrigh sé ón leabhar *Le Livre de la Nation Polonaise et des Pélerins Polonais*. Adam Mickeivicz a scríobh an bunleabhar *Ksiegi Narodu Polskiego i Pielgrzymstwa Polskiego* (1832) agus ag an am sin bhí sé ar deoraíocht i bPáras na Fraince. Mar a deir an scoláire Mark Ó Fionnáin:

Is é téama don leabhar ná Mickiewicz ag rianú stair na Polainne ó thús ama anuas go dtí Muirthéacht na Samhna 1830, inar theip ar na Polannaigh a raibh cónaí orthu in Impireacht na Rúise san Éirí Amach a rinne siad i gcoinne na Rúise. Shamhlaigh sé ‘bás’ seo na Polainne le bás Críost is go bhfuair an Pholainn bás agus gur shlog na mórthíortha máguaird í de bharr í a bheith ina tír Chríostúil i measc tíortha págánta, agus go n-aiséireodh an Pholainn am éigin amhail Críost féin. Is ansin agus ansin amháin a thioctadh an tsíocháin agus an tsaoirse i réim arís. Dhírigh sé an téacs seo ar na Polannaigh a bhí ar a dteitheadh agus ar a gcoimeád sa Fhrainc, ag impí orthu gan lagmhisneach a theacht orthu mar go nglacfadh an Pholainn a hionad ceart i gcroílár na hEorpa am éigin. (Mark Ó Fionnáin: 2007, 53)

Tá ardmholadh faighte ag Ó Rinn mar gheall ar an aistriú a rinne sé ar an saothar seo. Mar chuid de réamhrá an aistriúcháin míníonn sé gur Aodh de Blacam a ghríosaigh é chun dul i mbun na hoibre seo ar dtús: “Ba mhaith liom mo bhaochas do ghabháil le hAodh de Blacam ar dtús mar gheall ar an suim a chuir sé am shaothar agus mar gheall ar gurb iad na giotáí d’aistrigh sé ón bhFraincis, agus a chuir sé i gcló i mBéarla i *Saoirse na hEireann*, a chéad-chuir ag cuimhneamh ar an obair do dheunamh in aon chor me” (*Leabhar na Polainne*, ix). Aodh de Blacam, mar sin, a

chuir an leabhar seo in aithne do phobal léitheoireachta na Gaeilge ar dtús: “Ní foláir nó chonaic de Blácam Éire sa téacs sin .i. tír eile a bhí Críostúil agus a d’fhulaing go mór dá bharr, í féin agus a cultúr agus a teanga dhúchais faoi bhrú ag allúraigh agus eachtrannaigh a fhorghabh í agus a chuir faoi ansmacht í, ach anois a bhí ar tí neamhspleáchas de chineál éigin a bhaint amach faoi Rialtas Dúchais” (Mark Ó Fionnáin: 2007, 53).

Mhol de Blácam an leabhar a aistriú go Gaeilge agus is é Liam Ó Rinn a thug faoin saothar sin a chur i gcrích. Tugann Ó Rinn le fios gur thosaigh sagart darbh ainm an tAthair Clement ó Bhaile Locha Riabhach ar an leabhar seo a aistriú go Gaeilge sa bhliain 1915 ach nuair a chuala sé, ina dhiaidh sin, go raibh an saothar seo ar siúl ag Ó Rinn gur roinn sé leis aon obair a bhí déanta aige ar an ábhar. Is mar thoradh ar an gcomhshaothar sin a cuireadh tús le haistriú Uí Rinn:

Ó tharla gan puinn Fraincise do bheith agamsa agus gan an Ghadehilg do bheith chomh maith ag an Athair Clement agus tá sé agamsa (cé go bhfuil sé go h-ana mhaith aige) do mheasas gurb é rud do b’fhearr dhom a dheunamh ná aistriughadh nua do dheunamh agus obair an Athair Clement do bheith mar bhun leis an aistriughadh agam  
(*Nationality*, 19 Feabhra 1916)

Foilsíodh sraith d’aistriúcháin ón leabhar go rialta sa nuachtán, *Nationality*, idir Feabhra agus Aibreán 1916 nuair ab éigean an obair a chur i leataobh de bharr an Éirí Amach. Tosnaíodh ar an obair arís i mí Feabhra 1917 agus scríobhadh ailt go rialta arís go dtí Samhain 1917. Tugadh aitheantas don Athair Clement maraon le Liam Ó Rinn as gach alt a scríobhadh chomh fada le Feabhra 1917 nuair a fágadh ainm an Athar Clement ar lár. Cuireadh an t-aistriúchán i gcló i bhfoirm leabhair sa bhliain 1920: “Agus is é Ó Rinn a rinne an obair ar fad an uair seo” (Mark Ó Fionnáin: 2007, 58). Dá bharr sin tugann Ó Fionnáin le fios go gcaithfidh gur fhoghlaim Ó Rinn an Fhraincis am éigin idir 1917 agus 1920 ós rud é go raibh sé ar a chumas an t-aistriú a dhéanamh ón bhFraincis an uair seo gan comhairle nó cabhair ó aon duine eile. Ina réamhrá ar an nua-eagrán ghabh Liam Ó Rinn buíochas leis an Athair Clement as ucht a raibh déanta aige chun cabhrú leis an saothar a chur i gcrích.

Scríobh Aodh de Blacam réamhrá dá chuid fein don leabhar seo ina ndéanann sé plé ar an mbunleabhar agus ina moltar Ó Rinn mar gheall ar an aistriú a rinne sé:

D'aistrigh mé cúpla giota agus chuireas i gcló i *Saoirse na hEireann* iad i mbliain a 1913; agus i mbliain a 1915 scríobhas aisde in *Nationality* ar bheatha agus teagasc Mhickiewicz. Fuaireas dorn maith litreacha gan mhoill ag fiafruighe dhíom cá bhfaghfaí Leabhar na bPolannach agus ag ofráil Gaeilge do chur air. Tá sin déanta ag Liam Ó Rinn, agus creidim nach dtiocfadh le duine ar bith é dhéanamh níos fearr. Leanann sé go dlúth don teistimhin Fhraincise ach níl cuma aistriúcháin ar bith ar an Ghaeilge, acht í slachtmhar, aclaíde, saor, nádúrtha, agus aithris bhreá bhlasta aige ar stíl Bhíoblach an údair. (*Leabhar na Polainne*, xii)

Ó thaobh chúrsaí aistriúcháin de is suntasach an ní é nach raibh aon aistriú Béarla déanta ar *Leabhar na Polainne*. Ba rud neamhghnách é ag an am seo leabhar tábhachtach mar seo a bheith ann, a raibh aistriú Gaeilge déanta air, gan an leabhar céanna a bheith aistrithe go Béarla roimh ré. Mar sin b'éacht ar leith é an t-aistriú seo go Gaeilge a rinne Ó Rinn. Ní foláir a lua chomh maith, mar atá áitithe ag Ó Fionnáin, go raibh ceachtanna le foghlaim ón leabhar i gcomhthéacs pholaitíocht an ama.

Scríobh 'Ciarraidheach' léirmheas ar an leabhar agus cumas Uí Rinn mar aistritheoir molta aige: "Is dóigh liom nár dhein Liam aon aistriú riamh dob fhearr ná an t-aistriú so. Tá an próis go cruinn simplí éifeachtamhail aige. Is iongantach a chlisteacht éirigh leis gach constaic agus ceap tuisle do chur thairis agus leabhar so-thuigthe, so-léigte a dheunamh de" (*Misneach*, 16 Deireadh Fómhair 1920). Scríobhadh léirmheas eile ar an leabhar seo ag 'Lugh Mac Céin' agus cumas Uí Rinn mar aistritheoir luaithe ann: "... Agus is maith an rud gurbh é Liam Ó Rinn a dhein an innsint Gaedhilge mar b'fhuiris an obair do lot mura mbeadh scríbhneoir cúramach oilte dá shaghas rud a dheunamh" (*Misneach*, 18 Meán Fómhair 1920).

Mhol Cormac Ó Cadhlaigh don Aire Oideachais an leabhar a chur in athchló, mar go raibh tairbhe ar leith le baint as an leabhar ag an aos óg, dar leis féin:

Ní heol dom aon leabhar ba mhó do thuillfadh é chur i gcló agus d'fhoillsiú arís. Is beag scríobhnóir Gaedhilge is mó atá i dteideal a chuimhne do choimeád beo ná Liam Ó Rinn agus níl aon ní d'ár scríobh sé is mo is aineol d'aos óg an lae indiu ná is mó is fiú a thabhairt dóibh le léigheadh, ná an leabhar so adeirim. (An Chartlann Náisiúnta, Bosca 216, Comhad 1092, 12 Deireadh Fómhair 1943.)

Sa leabhar seo *Leabhar na Polainne* léirigh Ó Rinn arís gur chloígh sé lena bhun-phrionsabail féin maidir leis an aistriúchán. Aistriú go Gaeilge ar litríocht na coigríche, gan tionchar an Bhéarla atá anseo, ceann de na cuspóirí ba mhó a chuir Ó Rinn roimhe agus ealaín an aistriúcháin á cothú aige. Gaeilge nádúrtha, sho-thuigthe atá ann, gan cuma an aistriúcháin air, ach bunsmaoineamh agus bunmheon na litríochta air.

Caithfear a thabhairt san áireamh maidir leis an aistriúchán seo go raibh an saothar seo idir lámha aige díreach ag an am céanna agus a bhí *Fields, Factories and Workshops* agus *Apologia Socrates* á n-aistriú aige. B'iad seo na saothair is túisce a d'aistrigh sé agus is suntasach an ní é gur leabhair iad seo a bhí oiriúnach do mheon na tíre ag an am sin. D'aithin muintir na hÉireann iad féin, a gcruachás agus a meon i *Leabhar na Polainne*. Bhí ceachtanna le foghlaim acu ó thaobh na tionsclaíochta de sa leabhar *Fields, Factories and Workshops*. Tharla an chéad stailc in Éirinn sa bhliain 1913 thart ar an am a bhí an saothar seo á aistriú ag Ó Rinn agus bhí lucht oibre na tíre díreach ag seasamh dá gcearta. Bhí an stát faoi chois ag Sasana fós nuair a thosaigh Ó Rinn ag obair ar na leabhair seo agus faoin am a cuireadh an obair i gcrích bhí Éirí Amach na Cásca thart agus bhí saoirse á lorg ag muintir na tíre. Agus, cé go raibh ábhair na leabhar seo oiriúnach do stádas na tíre agus do mheon na ndaoine ag an am, bhí tionchar tábhachtach eile ag na leabhair seo ar Ó Rinn. Saothair mhóra iad seo a chuir ar bhóthar an aistriúcháin é agus a chabhraigh go mór leis agus é i mbun fhoghlaim na dteangacha.

#### (iv) *Sceul Ár dTíre*

Is é an chéad saothar staire eile a bhí idir lámha ag Ó Rinn ná an t-aistriú a rinne sé ar an leabhar dar teideal *Sceul Ár dTíre* g.d. (1922?). Stair na hÉireann atá i gceist anseo, a scríobh A.B. Ochiltree Ferguson i mBéarla, *Our Country's Story* (1920) agus a

d'aistrigh Ó Rinn go Gaeilge. Leabhar a thugann an léitheoir ar thuras stairiúil is ea *Sceul Ár dTíre*. Tosaíonn an scéal le 'Ceud-Áitreoirí na hÉireann' i gcaibidil a dó agus críochnaíonn an scéal le caibidil daichead is a naoi agus 'An Cogadh Mór agus An Cogadh Beag'. Idir eatarthu tá caibidilí bunaithe ar gach tréimhse mhór stairiúil sa tír mar, Na Lochlannaigh, Na Gearaltaigh, Aodh Ó Néill, Teitheadh na nIarlaí, Cath na Bóinne, Na Finíní, Obair Pharnell agus go leor eile. Sa chéad chaibidil tugtar léargas dúinn ar chuspóir an leabhair:

Ba chóir dúinn go léir suim do bheith againn i seanchas ár dtíre mar, chomh fada 'sis féidir é dheunamh amach, 'sé sceul ár ndaoine féin é ón am is sia siar in Éirinn dóibh go dtí an aimsir seo ... gach gníomh is smaoineamh a dheunfimidne fágfid a rian go soiléir ar na daoine thioctaidh 'nár ndiaidh. Dá bhrígh sin, más mian linn eolas a bheith againn ar na cúiseana atá lena lán dá bhfeicimid 'nár dtimpall ní mór dúinn iad a lorg i sceul na muintire do chuaidh romhainn. (*Sceul Ár dTíre*, 1)

Is suntasach an léirmheas a rinne Aodh de Blacam ar an aistriúchán a rinne Liam Ó Rinn ar an leabhar seo sa bhliain 1922:

A book one cannot praise too highly is *Sceul ar dTíre* ... This writer of Irish has never yet received the credit he deserves. I regard his Gaelic journalism a couple of years back in the "Independent newspapers" as historical in the modernising of the language. He observes Gaelic idiom, but like the native speaker is not afraid of a foreign word for a foreign thing; but he is a student, too. I have reason to know how thoroughly he has gleaned the classics (Keating etc.) for words belonging to the rich period of the language suitable for revival ... The book, then, is quite a model as to language, and it is a well-ordered, comprehensive little history. (*The Irish Independent*, 10 Nollaig 1922)

Léiríonn Ó Rinn gnéithe dá smaointe ar ealaín an aistriúcháin sa leabhar seo. Is minic a mhol sé 'an tsimbeois idir an sean agus an nua' a chothú agus litríocht Chéitinn a scrúdú mar fhoinsé foclóra. Léiríonn de Blacam ina léirmheas ar an leabhar *Sceul Ár*

*dTíre* go raibh samplaí d'fhoclóir an Chéitinnigh fite fuaithe tríd an insint sa saothar agus tugann sé samplaí de stíl chlasaiceach a shaothraigh Ó Rinn sa leabhar seo.

**(v) *Tús agus Fás Óglách na hÉireann***

Is é an t-aistriú deireanach den chatagóir seo saothair a rinne Ó Rinn ná an saothar *Tús agus Fás Óglách na hÉireann*, aistriúchán ar an saothar Béarla *The Rise and Fall of the Irish Volunteers* leis an gCoronal Muiris Ó Mórdha a bhí ina sheanadóir agus a raibh baint aige le Óglaigh na hÉireann a chur ar bun. Leabhar é seo a raibh an-phlé déanta air, sular aistríodh é, de bharr an ábhair. Míníonn an Coronal Ó Mórdha go raibh fadhbanna ag baint le foilsíú an bhunleabhair:

Is ó am go ham i rith na mbliain 1917 agus 1918 do scríobhadh an leabhar so, ach bhí coda áirithe dhe agus, le linn an scanraidh, dob eagal le foillsitheoirí in Éirinn agus níor mhian le foillsitheoirí i Sasana iad do chur i gcló. Idir an dá linn is cinnte do scriosfaí an lámhscríbhinn, mar a scriosadh a lán eile lámhscríbhinní nea-dhíobhálacha, le linn ruathar-chuairdeanna na bpóilíní is lucht an airm Ghallda ar mo thigh, mara mbeadh í bheith i bhfolach i dtigh dhuine mhuinteartha dhom. Ar feadh tamaill bhí sí in san Iolscoil Náisiúnta i gcarn de pháipéirí scrúduithe do bhí chó hiomadamaíl agus chó tur tirim sin go dtáinig na póilíní cortha den chuardach. Bhí sí sa Leabharlann Náisiúnta, leis, gur fógradh an sos cogaidh agus gur sionnigheadh a conradh.

*(Tús agus Fás Óglách na hÉireann, Brollach vii)*

Maidir leis an mbunleabhar, is éard a bhí le rá ag An Seabhadh faoi ná:

Ní maith liom an leabhar so – gabháil leithscéil atá ann ar son na dtuairimí bhí sé féin d'iarraidh a chur 'na luighe orainn ó 1915 go '18. Is cuimhin liom é féin agus taoiseach airm i n-arm Shasana a theacht go Cilláirne chughainn agus a thabhairt óraide os ar gcómhair ag moladh dhúinn dul san arm gallda agus dul go dtí an cogadh mór. Bhí fearg ar cách leis.

*(An Chartlann Náisiúnta, Bosca 117, Comhad AO281)*

Is léir ó cháipéisí an Ghúim go raibh deacrachtaí ag baint le foilsiú an aistriúcháin chomh maith ó thaobh chúrsaí dlí de agus go raibh muintir an Ghúim an-aireach ó thaobh rogha an aistritheora de. I litir a scríobh P.P.Ó D chuig Rúnaí an Oireachtais (19 Meán Fómhair 1932), is éard a bhí le rá aige ná:

The book will appear as an original work in Irish, the Department being the responsible publishers ... I think it would be a very desirable and elementary precaution for the Department to take, to ensure that the book does not contain anything which would land us in the Courts as defendants in a libel action. The fact that no publisher has been willing to publish the book in English – even at present? – may have some significance. (ibid.)

Is suntasach an léargas é seo ar pholasaí an Ghúim maidir le foilsiú na leabhar mar go raibh siad sásta saothar a fhoilsiú i nGaeilge a raibh deacrachtaí ábhair ag baint leis an mbunsaothar Béarla ó thaobh chúrsaí dlí de. Dá bharr sin bhí sé an-tábhachtach aistritheoir oiriúnach a roghnú ar son oibre den tsórt seo. Idir Meán Fómhair 1932 agus Feabhra 1933 is iomaí comhfhreagras a scríobhadh laistigh den Ghúm mar gheall ar an leabhar seo agus na deacrachtaí a bhí ag baint leis ó thaobh chúrsaí aistriúcháin agus an dlí de. Ar deireadh socraíodh ar Liam Ó Rinn mar aistritheoir agus thug sé faoin obair le teann díograise mar is léir ó na cáipéisí atá ar fáil maidir le haistriú an leabhair. Bhí sé dúthrachtach maidir le cruinneas téarmaíochta mar is léir ó chomhrá a bhí aige le hoifigeach an Ghúim: “Dubhairt Liam Ó Rinn liom ar an nguthán gur mian leis go gcuirfí an focal ‘aonad’ isteach i na ls. i n-ionad an fhocail ‘aontán’ ins gach áit a bhfuil sé” (ibid.). Chomh maith leis sin bhí Ó Rinn dúthrachtach maidir le hábhar an leabhair agus le cruinneas na fianaise sa leabhar sular thug sé faoi aon aistriú a dhéanamh. Is iomaí litir a scríobh sé chuig an gCoronal Ó Mórdha á cheistiú maidir le hainm, eachtra nó comhréir éigin a raibh amhras air ina dtaobh. Maidir le Caibidil XIII sa leabhar scríobhann Ó Rinn chuig an gCoronal:

In Epilogue you refer to Bob Brennan as “Minister for Foreign Affairs.” I have corrected this as in his letter to you he calls himself “Under-Secretary for Foreign Affairs.”

(An Chartlann Náisiúnta, Bosca 117, Comhad AO281)



Is minic comhfhreagras mar seo ar siúl idir Ó Rinn agus Ó Mórdha agus an t-aistriú idir lámha ag an mbeirt – léiriú ar an dúthracht a chaith Ó Rinn le haon saothar a bhí mar chúram aige. Mar sin de, san aistriú seo arís léirítear tréithe Uí Rinn mar aistriitheoir. Is léir gur theastaigh uaidh buntuisicint agus meon an údair a chaomhnú – mana coitianta aige – chomh maith le cruinneas téarmaíochta a chinntiú.

### **(c) Cúrsaí Liteartha**

#### **(i) *An tAmhrán Náisiúnta***

Ceist chonspóideach í ó am go chéile nach bhfuil aon leagan oifigiúil den amhrán náisiúnta ar fáil sa Ghaeilge. Níl aon amhras, áfach, ach gurb é an t-aistriú a rinne Liam Ó Rinn ar an leagan Béarla a scríobh Peadar Kearney an leagan is mó a úsáidtear. In alt a scríobh Deaglán de Bréadún san *Irish Times* sa bhliain 1991 déanann sé plé ar an gceist seo agus is éard a bhí le rá aige ná:

Ba é an t-aistriúchán a rinne Liam Ó Rinn, a thosnaíonn leis na focail “Sinne Fianna Fáil”, ba mhó a raibh aithne ag an bpobal air toisc gur foilsíodh i gclár an Chumainn Lúthchleas Gael é ag craobhacha ceannais na hÉireann ó na tríochadaí ar aghaidh.

*(The Irish Times, 27 Feabhra 1991)*

Foilsíodh leagan den amhrán sa nuachtán *An tÓglach* (3 Samhain, 1923) ach deir de Bréadún gur foilsíodh an bunaistriúchán sa bhliain 1917.

#### **(ii) *An Chúis Dlí***

Is í an chéad iarracht eile a rinne Ó Rinn ar shaothar litríochta a aistriú ná saothar drámaíochta. Cé go ndúirt Ó Rinn nach raibh mórán eolais aige ar an drámaíocht, rinne sé aistriú go Gaeilge ón nGearmáinis ar dhráma dar teideal *An Chúis Dlí* (1927) (*Der Prozess* le Roderich Benedix: 1897). Amhail na haistriúcháin eile de chuid Uí Rinn a bhfuil plé déanta orthu, ní bheadh a fhios ag an léitheoir ar an gcéad amharc gur aistriú atá i gceist sa saothar seo. Tá an dráma suite i gcathair Chorcaí aige agus an fhoireann go léir chomh Gaelach agus ab fhéidir ó thaobh na n-ainmneacha de: Donncha Ó Cróinín, Liam Ó hIarlaithe srl. Tá gach aon chuma ar an dráma gur ‘dlúth-phlagiarization’ atá i gceist anseo in ionad ‘dlúth-aithris’ mar a mhol Ó Rinn agus é ag caint mar gheall ar ealaín an aistriúcháin

### (iii) *Dánta Próis*

Aistriú eile a rinne Ó Rinn ar an litríocht is ea an leabhar *Dánta Próis* (1933) agus rud suntasach maidir leis an aistriú seo is ea gur sheol Ó Rinn an saothar áirithe seo chuig coiste foilsitheoireachta an Ghúim gan aon achainí uathu. Ba ghnách ag an am go ndéantaí aistriúcháin ar mholadh ón gCoiste agus ní ar mholadh ón aistritheoir. Mar sin de, b'annamh a leithéid de ráiteas agus an ceann seo a léamh: “Liam Ó Rinn has submitted (without prior commission) a translation from the Russian of Turgenev’s *Prose Poems*” (An Chartlann Náisiúnta, Bosca 274, A0180). De réir dealraimh ní raibh Ó Rinn srianta ag coinníollacha, rialacha ná moltaí an Ghúim, agus thug sé faoi shaothair aistriúcháin áirithe as a stuaim féin gan bheith ag feitheamh le cuireadh, comhartha nó moltaí ón gcoiste.

Bhí meas ag léirmheastóirí Choiste an Ghúim ar an leabhar seo *Dánta Próis* agus tugadh cead do Liam Ó Rinn an leabhar a fhoilsiú:

The translation would make a very small book, however – about 60 pages. I have considerable doubt as to whether it is worthwhile publishing such a short prose translation, especially when it can hardly, as in this case have any special attraction for the general reader; but perhaps, on the grounds that it would be the first translation from the Russian under our Scheme and that we are not likely to get translations from the Russian except very occasionally, it may be accepted.

(An Chartlann Náisiúnta, Bosca 274, Comhad A0180)

Sa réamhrá ar an leabhar seo, *Dánta Próis*, tugann Ó Rinn cur síos dúinn ar litríocht na Rúise ó thús an ochtú haois déag agus is léir ón tuairisc a scríobh sé go raibh eolas aige ar stair litríochta na Rúise agus go raibh tuiscint aige ar bhundéantús na teanga. Maidir leis na dánta sa leabhar seo is éard a deir Ó Rinn ná: “Seoda beaga iad so agus is deacair iad d’aistriú gan an fhilíocht atá iontu do lot. Chímíd meon agus feallsúnacht an údair féin iontu” (DP, 24). Mar sin féin, i léirmheas a scríobhadh ar an aistriú a rinne sé ar na dánta, tugtar cuntas a léiríonn gur éirigh le Ó Rinn an saothar a chur i gcrích beag beann ar na deacrachtaí stíle a bhí le sárú aige: “Cnósacht de ghiotaí beaga gleoite agus bíodh gur deacair an ghleoiteacht go léir do thabhairt

isteach sa Ghaedhilg agus an dul céadna do bheith air, is iongantach mar éirigh leis an aistrightheoir é dhéanamh. Tuilleann sé an moladh mór dá bharr.” (*The Cork Examiner*, 29 Mí na Samhna 1933)

Thuig Ó Rinn an tábhacht a bhain le saothar mar sin a aistriú agus bhí ardmheas aige ar Thurgénev mar scríbhneoir: “Maidir le stíl Thurgénev, deirtear go mbíonn a chuid próis cho haoibhinn sin uaireanta go gcuireann sé saghas meisce ar an léitheoir. Prós ana-shaothraithe iseadh é d’ainneoin gan ach gnáth-chaint nádúrtha nea-líteartha bheith ann dar leis an ngnáth-léitheoir” (DP, 25). Taobh leis an tábhacht a bhain le Turgénev mar scríbhneoir, léirigh Ó Rinn chomh maith an tionchar a bhain le haistriú a dhéanamh ar shaothar mar seo mar inspioráid/eiseamláir do scríbhneoirí agus d’aistritheoirí litríochta éagsúla eile an domhain:

An mhuintir go bhfuil eagla orthu go ndéanfaidh mórán aistriúcháin díobháil do thréithe dúthchasacha litríocht na Gaedhilge cuimhnídís dá mhéid leabhar do haistriú go Rúisis nár bhain sé píos ó dhúthchasaíocht litríocht na teangan san: bíodh a fhianaise sin ar litríocht Rúisise na naoú aoise déag – atá chó bunúsach agus chó dúthchasach ar a laighead le haon litríocht dar cumadh in Iarthar na hEorpa san aois chéanna. Brisfidh an dúthchas trí shúilibh an chait Ghaelaigh, leis, ach foidhne bheith againn. (DP, 16)

Léirigh Ó Rinn anseo gur lean sé a phrionsabail féin agus gur ghlac sé lena chomhairle féin maidir lena thuiscint ar ealaín an aistriúcháin agus an t-aistriú seo ar bun aige. Thug sé aird ar mheon agus ar fhealsúnacht an údair agus é ag aistriú; mhol sé an leabhar seo mar inspioráid do scríbhneoirí agus d’aistritheoirí; d’aithin sé an tábhacht a bhain leis an aistriú go Gaeilge ar sheoda litríochta Eorpacha ó theangacha eile seachas an Béarla; agus mhol sé stíl nádúrtha Turgenev. Saothar é seo a leanann go dlúth tuiscint Uí Rinn ar ealaín an aistriúcháin.

#### **(iv) Filíocht, Amhráin, Scéilíní**

Níl teora leis an méid a d’aistrigh Ó Rinn i rith na mblianta ar chúrsaí litríochta. Mar aon leis na saothair atá pléite anseo, foilsíodh sna nuachtáin éagsúla raidhse de shaothair éicléicteacha eile. Rinne sé aistriú ar chuid den dán cailiúil *Paradise Lost* le

Milton faoin teideal *'Mar A Cailleadh Parrthas'*. Foilsíodh an saothar seo ina shraith sa nuachtán *United Ireland* sa bhliain 1934 faoin ainm cleite 'J.D.R.'. Rinne sé aistriú ar chuid de scéalta Chekov; rinne sé aistriú ar amhráin Bhéarla; rinne sé obair ar amhráin Ghearmáinise (ina measc "Stille Nacht"). Deirtear go raibh sé ag obair ar shaothar Gilbert and Sullivan sula bhfuair sé bás chomh maith le bheith ag aistriú ó lá go lá go gairmiúil agus é ina aistritheoir oifigiúil ag an Oireachtas. Tá go leor den saothar seo foilsithe sa chnuasach *So Súd* (1953) a d'fhoilsigh Pádhraic Óg Ó Conaire in ómós dó. Sa chuid den leabhar sin a bhaineann le haistriúcháin Uí Rinn, tá sraith de scéalta a d'aistrigh sé ar shaothair éagsúla a scríobhadh i dteangacha éagsúla eile. Tá scéalta Araibise, Spáinnise, Rúisise, Turcaise, Portaingéilise agus Gearmáinise ann. Scéalta iad seo go léir a foilsíodh sna nuachtáin éagsúla, agus Ó Rinn ag scríobh mar iriseoir i rith a shaoil.

Sna scéalta seo léirítear ilghnéitheacht ábhar agus cuma an fhabhalscéil ar go leor díobh. Sna scéalta 'Alimec' agus 'An Ortha' pléitear an tsaint. Sna scéalta eile pléitear ábhair mar an t-éadóchas a bhaineann leis an mbochtanas ('An 14ú Lá d'Iúl'); an grá, an fuath, an díoltas ('An Feallaire Mná'); an dílseacht chontráilte ('An Bhean Chíoch'); míchothromaíocht an tsaol ('Tír an Bhrothail' agus 'Chíonn Dia An Fhírinne Ach Feitheann'); flaitiúlacht agus gliceas ('An Dealbhas'); míréasúntacht an duine ('Dithneas'); an greann ('An Cainteoir'). Is scéalta iad seo a thagann ó shaibhreas litríochtaí éagsúla agus blas éagsúil na hiasachta orthu. Cé gur téamaí uilíocha iad seo, tugtar léargas ar ábhair choitianta le teann na húire. Dhá scéal ar leith eile a fhaightear sa leabhar seo agus a dhéanann plé ar théama fíor-choitianta uilíoch (téama an ghrá) is ea 'Romeo agus Giulietta' agus 'Tar Chugainn San Earrach'. Is suntasach na scéalta iad seo mar go gcuireann Ó Rinn dhá scéal os comhair an phobail a bhaineann le cúrsaí grá – ceann amháin acu ó pheann cáiliúil Shakespeare agus an ceann eile ag plé leis an ngrá a d'fhéadfadh a bhláthú idir scoláire agus a hoide agus na deacrachtaí a bhainfeadh leis an ngaol áirithe sin. Léiríonn Ó Rinn anseo an claonadh a bhí ann plé le cultúir litríochta éagsúla agus an cultúr sin a dháileadh ar an ngnáthdhuine tríd na scéalta a scríobh i nuachtáin an lae. Léiríonn sé chomh maith an cumas a bhí ann scéalta a aithint a bheadh suimiúil don ghnáthdhuine mar go ndearna siad plé ar ghnáth-théamaí an tsaol. D'fhéadfaí aigne an duine a scrúdú trí na carachtair éagsúla a chur in aithne don léitheoir. Mar sin thug Ó Rinn deis don léitheoir smaoinemh éigin a dhéanamh ar aigne an duine agus thug sé cead isteach

don léitheoir chomh maith (trí mheán na Gaeilge) ar dhomhan leathan na síceolaíochta, ábhar eile a raibh suim ag Ó Rinn féin ann. Chomh maith leis na scéalta sin a roghnaigh Ó Conaire don leabhar *So Súd* tá blúirí filíochta chomh maith a chuireann in iúl réimse leathan de ghnéithe na litríochta a raibh suim ag Ó Rinn iontu. Is éard atá anseo ná filíocht a d'aistrigh sé ón nGearmáinis, ón bhFraincis, ón mBéarla. Tá réimse éagsúil stíle agus suime á léiriú anseo aige chomh maith. Tá paidreacha, dánta polaitiúla, amhráin, fabhalscéalta, iomainn agus fiú an tAmhrán Náisiúnta ann. Agus iad i dteagmháil lena chéile, is minic a d'fhaigheadh sé comhairle óna chara, Stiofán Mac Enna, saothair éagsúla a aistriú. Ina measc, bhí a leithéid de shaothar agus *Apologia Socrates* a d'fhoilsigh Ó Rinn go luath ina shaol (sna blianta 1913 agus 1914) sa nuachtán *Irish Freedom* faoin teideal *Socrátés Ghá Chosaint Féin*.

#### **(d) Cúrsaí Eolaíochta**

Bhí spéis mhór ag Ó Rinn i gcúrsaí eolaíochta agus sa bhliain 1934 d'fhoilsigh sé athleaganacha Nua-Ghaeilge den ábhar eolaíochta a foilsíodh sna leabhair, *Rosa-Anglica* (1929) agus *Silva Gadelica* (1914), sa nuachtán *United Ireland*, faoin teideal 'Dhá Sheana-Leabhair'. Mhínigh sé a chur chuige sa réamhrá:

Le cead an eagarthóra agus chó fada lem' chumas tá beartaithe agam an tráchtas ar réalt-eolas do chuir Máire Paor, M.A., in eagar do Chumann na Scribheann Gaedhilge agus tráchtas ar leigheas ("Rosa Anglica") do cuireadh in eagar ag Úna de Bhulbh, M.A., don Chumann céanna d'fhoillsiú ó sheachtain go seachtain anso i litriú nua-aimseartha agus maille le haon athruithe eile chífear dom a bheith oiriúnach chun iad do chur i mbuige do dhaoine gur ró-dheacair dóibh iad do thuisgint gan san do dhéanamh leo. (*United Ireland*, 12 Bealtaine 1934)

Saothair iad seo a d'fhoilsigh sé san am céanna agus a d'aistrigh sé *Paradise Lost* agus tá sé suntasach go mbíodh an dá aistriúchán foilsithe aige san eagrán céanna den nuachtán ó am go ham, ach amháin go raibh '*Dhá Sheana-Leabhair*' aistrithe faoin ainm cleite 'Fear Faire' agus *Paradise Lost* faoin ainm 'J.D.R.' Maidir le saothair seo Uí Rinn chomh maith is léir an réimse spéise a bhí ann maidir le hábhair a aistriú agus is díol spéise é go raibh ábhair acadúla mar seo mar fhoinse saothair aige nuair a

smaoinítear gur dhuine é Ó Rinn, de chúlra an lucht oibre, a d'fhág an córas scolaíochta go luath ina shaol ach fós a shantaigh an léann agus an léitheoireacht.

Saothar an-tábhachtach an t-aistriú a rinne sé ar *Réim na Réalt* (1948) toisc gurbh é seo an saothar ba dheireanaí a raibh baint ag Liam Ó Rinn leis sula bhfuair sé bás. Bliain sula bhfuair sé bás scríobh sé litir chuig an nGúm mar gheall ar fhoilsiú an leabhair a bhí aistrithe aige deich mbliana roimhe sin, a bhí ina seilbh acu ó shin, agus fós nach raibh foilsithe acu. Theastaigh uaidh an leabhar a fheiceáil arís: “Sara gcuirfí i gcló é ba mhaith liom é a scrúdú arís agus é a atharú, béidir, anso is ansúd mar ní mar a chéile an tuairim a bhí agam fadó i dtaobh na Gaedhilge agus an tuairim atá anois agam ina thaobh” (An Chartlann Náisiúnta, Bosca 277, 12 Deireadh Fómhair 1942). Is léir go bhfuair sé an leabhar ar ais agus nach raibh sé sásta leis na ceartúcháin a rinneadh ar an saothar ag eagarthóirí an Ghúim mar scríobh sé litir chucu ag iarraidh orthu “‘Leabhar na Réalt’ do thógáil as lámha an té dar tugadh é agus é chur i lámha Thomáis Uí Eighneacháin, fear a bhfuil muinín agam as” (ibid., 23 Lúnasa 1943). Díreach tar éis a bháis sheol Bean Uí Rinn lámhscríbhinn an leabhair ar ais chuig Tomás Ó hEidhneacháin agus achainí a fir chéile á chur in iúl aici. Scríobh Ó hEidhneacháin chuig an nGúm mar gheall ar an gcás: “A few days before his death Liam had been revising the edited version but energy failed him and before lapsing into final unconsciousness he wrote the note which I attach hereto” (ibid., 11 Deireadh Fómhair 1943). Is éard a bhí scríofa ag Liam ná: “As this is my last book I request that the corrections be corrected back to the original unless they be obviously wrong” (ibid.). Is iad na ceartúcháin a bhí i gceist ag Liam ná litriú focal, mar is léir ón litir a scríobh Tomás Ó hEidhneacháin:

M. Ó Gríobhtha imposed Dineen’s standard on the whole MS....As I understand the Depts’ policy as regards spelling in non-text books system of spelling which is reasonable and consistent may be accepted ... As regards the reasonableness of Liam’s system the very same system has been accepted in two books of his published by us. Furthermore, the same system “corrected” by the editor has actually been adopted in two of the Dept’s eight books of Irish Terms! ... It would be nothing short of a posthumous libel on Liam Ó Rinn not to “correct back the corrections.” (ibid.)

Léirítear anseo na deacrachtaí a bhíodh ag aistritheoirí agus leabhair á bhfoilsíú acu ag an nGúm. Bhí an leabhar seo aistrithe ag Ó Rinn naoi mbliana sular tugadh aird air mar ábhar le foilsíú agus fiú ansin bhí air an leabhar a chur i gcuimhne do na húdaráis; bhí gach dealramh ar an scéal nach raibh comhionannas ann ó eagarthóir go heagarthóir i dtaobh cúrsaí mar an litriú agus ba rí-léir nach raibh muinín ag Ó Rinn, mar aistritheoir, as an té a bhí i mbun eagarthóireachta ar a shaothar siúd. Is léir chomh maith, an dua a chaith Liam Ó Rinn le gach aon saothar a bhí idir lámha aige, fiú agus é ar leaba a bháis. Tá rian a chuid oibre fós le brath ar an teanga agus saibhreas a chuid foclóra mar oidhreacht againn i gcónaí. Mar a dúirt Piaras Béaslaí:

Aon téarma do cheap Liam, is de bharr stuidéir agus dianmhachtnaimh fhada do cheap sé é, agus bhí cúis mhaith aige leis. Dá chomhartha son féin, tá a lán díobh i n-úsáid anois ag daoine nach fios dóibh gurbh é Liam do cheap iad. (in Ó Rinn: 1953, xi)

## **Conclúid**

Tá cáil ar leith bainte amach ag Liam Ó Rinn mar aistritheoir. Bhí tuairimí láidre aige mar gheall ar ealaín an aistrúcháin, mar gheall ar thairbhe an aistriúcháin, agus mar gheall ar mhodhanna scríbhneoireachta an aistriúcháin. Bhí feidhmeanna ilghnéitheacha ag baint le ceird an aistriúcháin i bhforbairt na teanga, dar le Ó Rinn, agus chaith sé cuid mhaith dá shaol litríochta ag plé leis an aistriúchán ó thaobh saothrú na teanga de. “Duine é a ghníodh beart do réir a theagaisc agus a bhriathair i gcónaí”, a dúirt Éamon de Valéra mar gheall air (in Ó Rinn, 1953 lch. v), agus ó thaobh a chuid aistriúchán féin de ní féidir tuairim níos cruinne a nochtadh. Bhí sé de thuiscint aige gur uirlis foghlama a bhí ann chun máistreacht a fháil ar theanga – cleas a chuir sé féin i ngníomh agus *Leabhar na Polainne* á scríobh aige.

Is léir óna chuid tuairiscí féin an cur chuige a bhí mar bhunchloch aige agus é i mbun na hoibre seo. Léiríonn sé ina chuid aistriúchán an spéis a chuir sé i dteangacha agus i litríocht ón iasacht agus an dearcadh leathanaigeanta, oscailte a bhí aige i dtaobh na Gaeilge agus saothrú na Gaeilge. Shamhlaigh sé an Ghaeilge mar theanga bheo a d’fhéadfadh feidhmiú ar chomhchéim le teangacha móra eile na hEorpa ach amháin fuinneamh, díograis, toil agus misneach a lucht cosanta a spreagadh. Mhol sé don

aistritheoir gan a bheith ina ‘sclábhaí’ ag an mBéarla agus léirigh sé an tairbhe a bhain le haistriú a dhéanamh ar litríochtaí éagsúla an domhain chun an intinn agus an aigne a mhúscailt agus chun an teanga Ghaeilge a chasadh agus a lúbadh as an nua. Ba léir dó go raibh sé de chumas ag an aistritheoir maith, ábhar ar bith a chur os comhair an phobail agus go bhféadfaí an saothar a chur in oiriúint don teanga aistrithe gan saibhreas na teanga sin a loit nó a scriosadh.

Ó thaobh a chuid aistriúcháin féin de is suntasach na hábhair a bhíodh idir lámha aige: saothair acadúla mar thráchtas, saothair litríochta mar dhánta Turgenev, saothair eolaíochta mar *Réim na Réalt*, saothar polaitíochta mar *Leabhar na Polainne*, saothar eacnamaíochta mar leabhar Kropotkin. Cead isteach iad na haistriúcháin seo ar intinn Uí Rinn agus ar na réimsí ábhar a raibh suim aige fein iontu. Bhíodh sé i gcónaí sa tóir ar ábhair fhiúntacha le haistriú agus é de shíor fadradharcach agus géarchúiseach ó thaobh ábhair de. Chomh maith leis na saothair seo, bhain Ó Rinn cuspóir praiticiúil amach ó thaobh an aistriúcháin de ina shaol gairmiúil mar aistritheoir stáit agus ard-mheas ag a chomhghleacaithe air mar aistritheoir.

Bhí tuiscint as cuimse aige ar a cheird agus cé go raibh tuiscint aige ar fhiúntas an aistriúcháin ó thaobh saothrú na Gaeilge de, d’aithin sé chomh maith an ról lárnach a bhí ag an saothar cruthaitheach i ngluaiseacht na hathbheochana agus go raibh sé riachtanach plé le gach réimse litríochta:

Má leanaimid orainn ag obair go dian ní fada go mbeidh tosnú, lag no láidir déanta againn agus somplaí de gach brainse litríochta againn sa Ghaedhilg. Dánaíocht agus tuilleadh dánaíochta, siné chuirfidh an Ghaedhilg agus litríocht na Gaedhilge chun cinn.

(*United Ireland*, 15 Meán Fómhair 1934)

Ceist í seo a phléifear sa chéad chaibidil eile, áit a dtabharfar aghaidh ar a bhunsaothar cruthaitheach féin agus ar an tslí inar mhúnlaigh sé an teanga mar chuid lárnach de mheon na cathrach.



## Caibidil 7

### An Scríbhneoir agus Scríbhneoireacht na Cathrach

*“Scríbhneoirí Gaeilge nár chainteoirí dúchais a bhformhór, scríbhneoirí a shaothraigh téamaí nár bhain a bheag nó a mhór leis an gcineál a shaothraigh scríbhneoirí Gaeltachta na bhfichidí agus na dtríochadaí.”*

(Ní Dhonnchadha: 1986)

#### Fear Cathrach

Sin mar a chuir Aisling Ní Dhonnchadha síos ar ‘Scríbhneoirí Cathrach’ na Gaeilge, grúpa gur féidir Liam Ó Rinn a aithint mar bhall díobh. Rugadh agus tógadh i mBaile Átha Cliath é; ní raibh sé ina chainteoir dúchais; agus scríobh sé raidhse d’ailt agus de scéalta ar théamaí nár bhain a bheag nó a mhór le saol na Gaeltachta. Bhí sé sáite i saol na cathrach, bhí sé ‘i ngrá’ leis an gcathair agus chreid sé go neamhbhalbh i gcumhacht, i dtionchar agus i dtábhacht mheon na cathrach. Léirigh sé an grá sin a bhí aige don chathair in alt a scríobh sé i dtreo dheireadh a shaoil sa nuachtán *An Glór*. Ar dtús, rinne sé tagairt d’áilleacht fhisiciúil na cathrach:

Fadó riamh is mé im gharsún bhíos im sheasamh ar dhroichead Chnoc Chríonáin ag féachaint síos ar chanail mar a théigheann sí, siar ar a thuras fada trasna na h-Éireann. Thugas fá ndeara an t-uisce ar lasadh ag solus na gréine lastall den droichead atá in aice Pháirc An Chrócaigh. B’ é an chéad uair riamh é ba léir dom áilleacht na nádúire. Chuir an radharc san ríméad mór orm agus is iomdha radharc eile do chonnac im chathair dhúchais ó shoin, agus níl aon tráth dá bhfeicinn a leithéid ná corruítí an croidhe ionam i riocht go dtagadh deor áthais chun mo shúile.

(*An Glór*, 14 Feabhra 1942)

Dhírigh sé aird san alt céanna ar leanaí na cathrach:

Dubhairt cigire scoile as Corcaigh liom gurbh fhearr leis leanbhaí na cathrach so, ná aon leanbhaí dar casadh riamh air. Labhrann siad go h-

oscailte macánta, adubhairt sé agus dá dhéire bheadh a mhúinteoir féin ortha bíonn siad i gcómhnaí ullamh ar é chosaint ar éinne ná bheadh ró cháirdiuil leis. (ibid.)

Cé go raibh dlúthghaol ag Ó Rinn lena chathair dhúchais, bhí tuiscint aige ar an meon cathrach i gcoitinne. Is éard a bhí le rá ag Gearóid Denvir mar gheall air ná: “Fear cathrach amach is amach ab ea Ó Rinn, suim aige i gcultúr na coigríche – bhí Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Rúisis agus Breatnais aige” (Denvir: 1996, 193).

Ach más rud é gur fheil an teideal ‘fear cathrach’ do Liam Ó Rinn, ciallaítear go raibh a leithéid de choincheap is ‘fear tuaithe’ ann chomh maith agus tharla plé ar cheist mhór eile na hAthbheochana – an bhféadfaí litríocht Ghaeilge a bhunú ar shaol na Galltacha? Má fhéachtar ar dhréacht a scríobh fear Gaeltachta darbh ainm Seán Óg Caomhánach mar gheall ar a thimpeallacht nua sa chathair, feicfear an meon a bhí coitianta go leor i measc scríbhneoirí na Gaeltachta:

In ionad an fhriotail chaoin, chneasta bheadh gargracht agus go minic tarcaisne, smailc in ionad an ghealgháire. I leaba an chiúnais bheadh glór diabhair agus fothram dofhulangtha. Ar ghabháil amach ní bheadh sléibhte, goirt, farraige, ná oileáin, ná “Dia dhuit”, ach sráideanna coimhthíocha, lomthithe, sluaite nárbh eol dóibh mé. Nár ghráiniúil a machnamh? (Ní Dhonnchadha, Nic Eoin: 2008, 366)

Bhí deighilt mhór idir an Ghaeltacht agus an Ghalltacht i gcónaí agus ó thaobh na teanga de is iomaí argóint a bhí ann i rith na hAthbheochana maidir leis an dá shochaí. Ach ó thaobh na Gaeilge de, is éard a bhí le rá ag Ó Rinn ná: “... cuimhnítear gur ar an nGaeltacht atáimid ag brath chun an teanga do shábháil agus gur ar an nGalldacht atá an Ghaeltacht ag brath” (*The Star*, Samhain 1931).

### **Smaointeoir Cathrach**

Thuig Ó Rinn tábhacht na Gaeltachta ó thaobh na hAthbheochana de ach, ag an am céanna, chreid sé go raibh meon seo na cathrach lárnach d’fhorbairt aon teanga agus go raibh sé sin riachtanach don Ghaeilge dá mbeadh aon ‘dul chun cinn’ i ndán di. Bhí tuairim dhocht dhaingean aige gurbh í an chathair croílár gach tíre agus

fealsúnacht aige maidir le cáilíochtaí cathracha uile an domhain: “go bhfuil muintir thuatha na hÉireann díreach ar nós muintir thuatha gach tíre san Eoraip – mór-mheas acu ar gach ní bhaineann leis an gcathair agus iad ad’ iarraidh aithris a dhéanamh ar an muintir a chomhnuíonn uirthi” (*United Ireland*, 12 Samhain 1935). Chomh fada siar le 1924 fiú, bhí an tuairim seo á léiriú aige: “Buadhan an chahair ar an tuah i gcomhnaí. Sughan sí chuici an fhuil is fearr sa tuah” (*The Freeman’s Journal*, 18 Eanáir 1924). Sa bhliain 1934, maidir leis an gcathair agus an Ghaeilge, léirigh Ó Rinn a chuid tuairimí go macánta agus go hoscailte gan aon seans go bhfágfaí mí-thuisint in aigne aon duine i dtaobh a raibh le rá aige ar an ábhar:

Ní mhairfidh an teanga sa Ghaeltacht mara mbeidh sí beo, lán-bheo, i gcroí na hÉireann, sa chathair óna dtéigheann gach smaoinemh aithbheothach amach ar fuaid na tíre, an chathair go mbíonn súil mhuintir na hÉireann uirthi i gcomhnaí féachaint cad a dhéanfa sí. Níl an Ghaedhilg ach leath-bheo inti agus dá bhrí sin níl sí ach leath-bheo in aon áit eile. Ach ón uair is go bhfeicfear an chathair a bheith ullamh ar ghníomh le héifeacht a dhéanamh leanfaidh an tír an dea-shampla.

(*United Ireland*, 12 Bealtaine 1934)

Ní raibh Ó Rinn ina chadhain aonair ó thaobh na tuairimíochta sin de. Bhí smaointeoirí forásacha eile mar Phiaras Béaslaí agus ‘Barra Ó Caochlaigh’ ag saothrú laistigh den raon céanna tuisceana. Mar a léiríonn Philip O’Leary: “The Liverpool-born Dubliner Piaras Béaslaí ... provided a blunt and selfless summary of the central issue: ‘The writer of Irish literature should be able to draw on the life around him for his material’” (O’Leary: 1994, 418). Scríobh Béaslaí féin scéalta agus fiú úrscéal ag tarraingt ar shaol na cathrach: ‘Tram an Taidhrimh’ (1925) agus *Astronár* (1928), faoi seach. Ar an gcaoi chéanna déanann Alan Titley plé ar an saothar *Lucht Ceoil*: “Nuair a foilsíodh *Lucht Ceoil* le Barra Ó Caochlaigh (ar ainm cleite Airt Uí Riain é) sa bhliain 1932 fáiltíodh go speisialta roimhe mar gurbh shampla é de Ghaeilge nádúrtha na cathrach, Gaeilge a bheadh ag teastáil go géar dá mbeadh rath le bheith ar an teanga lasmuigh den Ghaeltacht” (Titley: 1991, 159).

Dá mba rud é gur chreid Ó Rinn chomh mór sin i dtionchar na cathrach mar sin, bhí sé de dhualgas ar lucht na cathrach, dar leis, rud éigin dearfach a dhéanamh i leith na

Gaeilge chun í a fhorbairt agus a dhaingniú ann. Bhí cúpla moladh le tabhairt aige faoi conas plé le cúrsaí na Gaeilge mar chuid lárnach de shaol Bhaile Átha Cliath agus ag an am céanna tionchar an Bhéarla a laghdú:

Is mithid don phríomh-chathair an comhartha thabhairt uaithi nách teanga uile-chomhachtach an Béarla, go gcaithfear é throid agus é chur faoi chois dáiríribh fíre sa deireadh thiar. Ní foláir réabadh agus réabhlóid agus éachta móra do dhéanamh chuige béidir ach ní gá oiread is aon bhraon amháin fola do dhortadh. (*United Ireland*, 12 Bealtaine 1934)

Bhí an-mhuinín i gcónaí ag Ó Rinn as an gcóras oideachais, idir mhúinteoirí agus dhaltaí, chun cúrsaí teanga a chur ar aghaidh sa chathair agus mhol sé na múinteoirí a oiliúint agus iad a chur i mbun oibre sa chathair chomh luath agus ab fhéidir: “Bailímis ár neart go léir le chéile ansan, tugaimís ann na hoidí is na hollaimh is fearr sa tír chun gach scol is coláiste ann do Ghaelú amuich is amach ar luas” (*United Ireland*, 12 Deireadh Fómhair 1935). Thuig sé go raibh an Ghaeltacht agus an chathair spleách ar a chéile agus nach raibh siad in ann feidhmiú beag beann ar a chéile. Mhol sé múinteoirí le Gaeilge a thabhairt chun na cathrach ón nGaeltacht agus múinteoirí Bhaile Átha Cliath a chur chuig an nGaeltacht. I lámha na n-óg a bhí cinniúint na Gaeilge, dar leis, agus an dóchas ann go n-éireodh leo ach an treoir chuí a thabhairt dóibh: “Ceapann mo chara, agus is dóich liom go bhfuil an ceart aige, gurb iad leanbhaí Bhaile Átha Cliath a chuirfidh an Ghaedhilg fé réim arís” (*United Ireland*, 12 Bealtaine 1934).

Thuig Ó Rinn mar sin féin nach ‘seoladh díreach’ a bheadh i gceist agus an iarracht seo idir lámha ag lucht na hathbheochana agus lucht na cathrach araon. Bheadh athrú do-sheachanta agus ba léir dó nach mbeadh aigne chomh hoscailte lena cheann féin ag gach duine a bheadh ag plé le ceist na teanga ag an am sin. Bheadh teanga nua á labhairt de bharr na hiarrachta seo agus daoine ann nach n-oirfeadh sin dóibh. Is éard a bheadh mar thoradh ar an scéal, dar leis, ná gur “mar a labharfadh muintir Bhaile Átha Cliath a labharfadh an méid de mhuintir na Galldachta is de mhuintir na Gaeltachta thiocfadh i ngiorracht éisteachta dhóibh – ní dá dtiocfadh nárbh fhada go mbeadh ceist na gcanúintí marbh is adhlachta” (*United Ireland*, 12 Deireadh Fómhair

1935). Ní den chéad uair a tharlódh athrú ar chúrsaí na Gaeilge, mar is iomaí athrú a tháinig ar an teanga thar na cianta, rud a mhínigh Ó Rinn ina chuid scríbhneoireachta: “An t-athrú dhéanfadh muintir na cathrach ar an teangain ní dócha go mbeidh sé leath cho mór leis an aharú san a deineadh uirthi fadó ag ár sinsear – na Fir Bolg is na ciníocha eile bhí anso roimh theacht na nGael” (ibid.).

B’eagal le Liam Ó Rinn agus lena leithéid nach raibh i ndán don teanga ach díothú, gan glacadh le hathruithe mar seo:

Ca miste san, adeirim má dheinid teanga lán-bheo chomhachtach cheannasach fhíor-náisiúnta den teangain leath-bheo leath-mharbh ag daoine bochta deireoile ná féadfadh anois ná choíche éinni dhéanamh di ná léi mara dtógaidh muintir na cathrach í agus í chur i lár lán-tsruith leathan láidir an tsaoil nua-aimseartha? Teastuionn teanga náisiúnta uainn agus beidh sí againn pe’ca mín garbh an láimhseáil a dhéanfaimid uirthi le linn í thógaint chughainn. (ibid.)

Léirigh sé go minic an creideamh seo a bhí ann maidir leis an ngá a bhí le ‘forbairt’ agus ‘athrú’ ar mhaithe le dul chun cinn: “A civilization is never static until it becomes old and set like that of China, or of Rome in its decadence. It is continually growing and, therefore, changing” (*The Leader*, 10 Eanáir 1942). San alt céanna déanann sé trácht ar shean-nósanna, ar na hathruithe a thagann orthu ó aois go haois, agus ar an síorathnuachan a bhíonn ar siúl sna cathracha: “Another old custom dead but with a modern substitute in cities” (ibid.). Ina phlé ar an úrscéalaí nua-aimseartha, Alan Titley, déanann Philip O’Leary tagairt d’fhorbairt agus d’athrú na Gaeilge mar theanga litriochta. Léiríonn sé mianach na teanga mar mheán litriochta agus cumas scríbhneora mar Alan Titley teorainneacha na teanga a shíneadh lena “zestful willingness to mould the language in any way he feels necessary to do so...” (O’Leary: 2008, 92/93). Mar sin de, is léir go raibh léargas grinn, tuisceanach ag Ó Rinn ar chúrsaí teanga agus ar chúrsaí na Gaeilge, go háirithe nuair a smaoinítear gur chomhlíon scríbhneoirí Gaeilge ar nós Diarmuid Ó Súilleabháin agus Eoghan Ó Tuairisc sna seascaidí agus Alan Titley sna hochtóidí, fáistine agus fealsúnacht Uí Rinn i dtaobh sheasamh agus fhorbairt na Gaeilge mar mheán litriochta. Chreid Ó Rinn de shíor go mbeadh seasamh ag an nGaeilge mar theanga litriochta ach ligint di

fás agus forbairt a dhéanamh. Thuig sé ag tús an fichiú haois go dtiocfadh scríbhneoirí chun cinn a d'fhéadfadh saibhreas agus fiúntas na teanga a chaomhnú agus a fhorbairt mar theanga bheo liteartha ach í a mhúnlú de réir a gcumais teanga féin. Ach b'iad Ó Rinn agus a chomhghleacaithe mar Ó Conaire agus Béaslaí a réitigh an bealach do ghlúin na scríbhneoirí sin.

### **Ó Rinn – Scríbhneoir Cathrach**

Ba é tuairim Uí Rinn go raibh réimse úr, leathan, éagsúil d'ábhair le plé ag scríbhneoirí na cathrach, téamaí nach raibh mórán plé déanta orthu ag tús an chéid:

Déarfainn gur i gcathair mhóir is mó bheadh caoi ag scríbhneoir Gaeilge ar pháirc nua scéalaíochta d'aimsiú dhó féin. Is ar éigin atá éinní againn fós i nGaedhilg i dtaobh saol na gcathracha mara n-áirimís scéalta aistriithe. (*United Ireland*, 2 Bealtaine 1934)

Nocht sé an tuairim go bhféadfaí téamaí comhaimseartha agus nua-aimseartha a phlé trí mheán na Gaeilge agus mar thoradh air sin go bhféadfaí an teanga a chur ar aghaidh agus a shamhlú mar theanga bheo i saol an duine. Rinne sé féin a dhícheall an tuairim seo a léiriú ina chuid scríbhinní. Dúirt Liam Mac Mathúna, agus tagairt á déanamh aige d'iarrachtaí Uí Rinn i dtaobh na Gaeilge, gur chuir Ó Rinn le hacmhainn na teanga, “ar an leibhéal cruthaitheach agus ar an leibhéal feidhmeach araon” (Mac Mathúna: 1991, 76). Ar ndóigh, ba é Pádraic Ó Conaire an ceannródaí lena scéalta cathrach mar *Deoraíocht* (1910) agus *Seacht mBuaidh an Eirghe Amach* (1918) a bhfuil na scéalta iontu lonnaithe i Londain.

Bhí daoine ann, áfach, nach raibh ar aon tuairim le smaointeoireacht Uí Rinn: “An scríbhneoir ba bhisiúla sna fichidí, sna tríochaidí agus na daidheadaí, .i. Máire, níl de thuairisc ar Bhaile Átha Cliath aige ach a dhímheas ar na Gaeilgeoirí a bhí ag iarraidh an Ghaeilge ‘a thabhairt suas chun dáta’” (Eoghan Ó hAnluain: 1979, 36). Bhí Liam Ó Rinn, Pádraic Ó Conaire, Pádraig Mac Piarais ar na Gaeilgeoirí siúd a bhí ag iarraidh an Ghaeilge ‘a thabhairt suas chun dáta’ agus a chaith go leor ama ag scríobh ar ábhair a thabharfadh an teanga isteach san fhichiú haois. Rinne sé iarracht a chur ina luí ar dhaoine go bhféadfaí gach aon ábhar a phlé trí mheán na Gaeilge, in ionad an teanga a dhísbeagadh lena leithéid de smaointe agus a cuireadh in iúl ag daoine

áirithe a cheap nárbh fhéidir aon leabhar Gaeilge a scríobh muna leabhar scoile é nó leabhar a bheadh ag plé le saol na tuaithe nó na Gaeltachta. Bhí sé mar chuspóir ag Ó Rinn a mhalairt de thuairimíocht a chothú, agus a chur in iúl go bhféadfaí píosa scríbhneoireachta a léamh sa Ghaeilge ar son an ábhair nó ar son an aoibhnis, agus ní ar son foghlaim na teanga amháin. Foilsíodh dhá leabhar aige féin a rinne plé ar théamaí uilíocha, nua-aimseartha agus nach raibh srianta ag saol cúng na Gaeltachta in Éirinn – *Cad Ba Dhóibair Dó agus Sgeulta Eile* (1920) agus *So Súd* (1953).

Maidir le *Cad Ba Dhóibair Dó agus Sgeulta Eile*, is éard atá ann ná cnuasach de ghearrscéalta a scríobh Ó Rinn agus a foilsíodh sa bhliain 1920 do Lucht na Ridireachta Liteardha. Scríobhadh an nóta seo a leanas mar réamhrá ar an leabhar:

Sidé an leabhar is fearr a cuireadh isteach chugainn mar fhreagra ar an achuinge a chuireamair amach tamall maith ó shin. Bheadh sé i gcló fadó mara mbeadh a lán nithe do theacht nár gcoinnibh. Táimid ana-bhaoch desna daoine a dhíol as cóipeana den leabhar roim ré i dtaobh iad a bheith chó foidhneach linn. (in Ó Rinn: 1920)

Sé scéal atá anseo, iad go léir bunaithe ar shaol na cathrach agus éacht ann féin ab ea an cnuasach seo ag an am ar go leor cúiseanna má smaoinítear ar na díospóireachtaí a bhí ar siúl maidir le saothrú na Gaeilge: saothrú na cainte seachas saothrú na litríochta; ceist na canúna; an plé maidir leis an ‘sean’ agus an ‘nua’; ceist an litrithe; ceist an aistriúcháin; agus ceisteanna eile atá pléite sa tráchtas seo. Ach ceist mhór amháin eile de chuid na tréimhse ab ea stádas scríbhneoirí na Gaeltachta i gcomparáid le scríbhneoirí dara teanga nó scríbhneoirí cathrach. D’fhreagair Ó Rinn an cheist mhór sin sa cnuasach seo agus léirigh sé go héifeachtach, go raibh sé ar chumas an scríbhneora cathrach saothar cruthaitheach a chumadh sa Ghaeilge. Ní haon ionadh mar sin go raibh an méid seo le rá ag Aisling Ní Dhonnchadha maidir leis an gcnuasach gearrscéalta:

Bhí an ceart ag Béaslaí nuair a dúirt sé gur rud nua ar fad a bhí in *Cad Ba Dhóibair Dó agus Sgeulta Eile*. Bhí an fód tosaigh bainte ag Liam Ó Rinn nuair a bhí cnuasach gearrscéalta a raibh suíomh na cathrach mar

chúlhrat ag gach scéal ann curtha i gcrích aige. Ba ghairid go raibh gearrscéalaithe eile ag cur spéise sa réimse nua seo.

(Ní Dhonnchadha: 1981, 252)

Maidir leis an leabhar *So Súd* (1953), is éard atá ann ná bailiúchán de shaothar ilchineálach Uí Rinn. Cnuasach de dhréachta éagsúla atá ann (idir scéalta agus rannta) a scríobh, a chum agus a d'aistrigh Ó Rinn agus a foilsíodh sna nuachtáin, *The Leader*, *Young Ireland*, *United Irishman*, *An Branar*, *Humanitas*, *The Star*, *The Freeman's Journal*, sa tréimhse 1922-1940. Cnuasach é seo a bhailigh Pádraic Óg Ó Conaire in ómós do Liam mar a léirigh sé i litir a scríobh sé chuig Piaras Béaslaí tar éis bhás Uí Rinn:

D'fhágas abhar leabhair sa nGúm seachtain ó shoin. Séard atá ann scéalta bunaidh, scéalta ón iasacht, filíocht bunaidh agus aistriúcháin a bhailigheas, measc páipéar, etc., Liam Uí Rinn. Má glactar leis an méid a chuireas isteach beidh tuairim is 300 leathanach cló sa leabhar. Tá chuile seans ann, ar ndóigh, go nglacfar. "So Súd" is teideal dó agus tá iarrta agam ar an Taoiseach brolach a scríobhadh. Tharla togha haithne a bheith agat ar Liam agus gur shean-chara leat é bheadh muintir Uí Rinn is mé fein an-bhuidheach dá scríobhtá réamhrá le cur leis.

(*Páipéir Bhéaslaí*, Ms. 33933 (16), An Leabharlann Náisiúnta)

Is léir gur aithin Ó Conaire, Béaslaí agus go leor eile, fiúntas na scéalta agus na hoibre seo agus ghlac Piaras Beaslaí mar chúram air féin an réamhrá a chumadh. Mar a scríobh sé: "Gheobhfar annso sgéalta Araibeacha, Seiceacha, Spáinnise, Rúisise, Turcaise, Portuingéalaise, agus ní fheadar cad eile! Ach níl annsan ach léiriú ar cheann dá thréithe – a thóir ar eolas agus a spéis i gcultúir iasachta chó maith le cultúr a thíre féin" (in Ó Rinn: 1953, xii).

Níl aon fhianaise ann go raibh córas nó cuspóir ar leith mar bhunús ag Ó Conaire chun na scéalta áirithe seo a roghnú don leabhar, taobh amuigh den eolas a thug sé sa cháipéis a fuarthas i measc páipéirí Bhéaslaí thuasluaite. Ach nuair a scrúdaítear na scéalta feictear go dtrasnaíonn siad raon fairsing de bhlianta foilsitheoireachta Uí Rinn chomh maith le raon fairsing de thréithe Uí Rinn mar scríbhneoir. Bhí nach mór



gach dréacht sa leabhar seo foilsithe den chéad uair i nuachtán éigin agus is féidir an leabhar a roinnt ina chodanna: (a) scéalta a chum sé féin/dréachtaí dírbheathaisnéise; (b) scéalta taistil a chum sé bunaithe ar thréimhse a chaith sé sa Ghearmáin; (c) aistriúcháin a scríobh sé ar scéalta ón iasacht agus réimse fairsing de theangacha idir lámha aige mar a luaigh Béaslaí sa réamhrá; (d) agus aistriúcháin a scríobh sé ar bhlúirí filíochta éagsúla. Tagraíodh cheana féin do na téamaí a bhí mar bhonn aige: saothair dhiaga, saothair pholaitíochta, fabhalscéalta, iomann, amhráin agus an tAmhrán Náisiúnta. Mar sin nuair a bhailigh Pádhraic Óg Ó Conaire an t-ábhar seo don leabhar *So Súd* is léir go raibh blaiseadh á thabhairt aige ar shaothar ilchineálach Uí Rinn. Tugadh samplaí dá bhunsaothair, tugadh samplaí dá chuid aistriúchán, tugadh cead isteach ar chuid de na hábhair a raibh suim ag Ó Rinn iontu agus cuireadh i bhfeidhm ar an léitheoir cé chomh leathanaigeanta is a bhí sé ó thaobh na tuairimíochta agus na litríochta de.

Leabhar eile é seo, mar sin, is féidir a shamhlú mar scáthán ar chuspóirí scríbhneoireachta Uí Rinn: leathnú amach ar théamaí an scríbhneora Gaeilge; léargas ar ábhair scríbhneoireachta ón iasacht; plé ar chúrsaí taistil; aistriúcháin ar scéalta agus ar fhilíocht ón iasacht. Déanann an leabhar seo mionléiriú ar réimsí agus ar chuspóirí scríbhneoireachta Uí Rinn agus is ‘lámhleabhar’ áisiúil é don té gur mhaith leis/léi aithne a chur ar a scríbhneoireacht. Tá an leabhar seo suntasach ann féin nuair a smaoinítear ar chúrsaí foilseacháin an ama, mar foilsíodh é sa tréimhse ina raibh athruithe móra ag tarlú. Cúpla bliain sular foilsíodh *So Súd* chuaigh Sairséal agus Dill i mbun foilsitheoireachta. Is é an chéad leabhar a d’fhoilsigh siad ná an t-úrscéal *Tonn Tuile* (1947) le Séamus Ó Néill, úrscéal faoi lánúin mheánaicmeach ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. Tharraing an t-úrscéal aird ag an am de bharr gur féachadh air mar an chéad úrscéal Gaeilge a bhain le saol na cathrach in Éirinn. Bhí Sairséal agus Dill ceannródaíoch ar go leor bealaí, go háirithe de bhrí gur fhéach siad le seánraí éagsúla agus ábhar léitheoireachta a chothú (litríocht taistil, scéalta bleachttaireachta) don ghnáthphobal. D’fhéadfaí a rá gur fíoradh cuid d’aislingí Uí Rinn le teacht Sairséal agus Dill ar an saol, agus is cinnte gur chothaigh siad dearcadh agus íomhá níos uirbí agus níos idirnáisiúnta i litríocht na Gaeilge.

Má smaoinítear gur foilsíodh *Cad Ba Dhóbaire Dó Agus Sgeulta Eile* sa bhliain 1920 is rí-léir tábhacht Uí Rinn mar scríbhneoir cathrach. Tá sé suntasach, áfach, nár

chloígh Ó Rinn leis an scríbhneoireacht chruthaitheach i gcaitheamh a shaoil. Mar sin de, ba thairbheach an ní é an leabhar *So Súd* a fhoilsiú sa bhliain 1953 mar, taobh leis na haistriúcháin agus na scéalta taistil a bhí ann, tugann sé spléachadh eile ar a mhianach cruthaitheach agus ar an ngné dhírbheathaisnéiseach dá shaothar. Tá plé déanta cheana féin i gcaibidlí eile an tráchtais ar na codanna den leabhar seo *So Súd* a bhaineann le cúrsaí taistil agus le réimse an aistriúcháin, ach is díol suime é an chéad chuid den leabhar seo mar léiriú eile ar Ó Rinn mar scríbhneoir cathrach.

Dhá leabhar iad seo mar sin a thugann spléachadh dúinn ar chumas Uí Rinn mar scríbhneoir cruthaitheach ach amháin go bhfuil éagsúlacht bhunúsach eatarthu. Tá na scéalta sa leabhar *So Súd* bunaithe ar an ngnáthshaol sa chathair agus ar mhíneachtraí éagsúla a thit amach i saol Uí Rinn. Dréachtaí dírbheathaisnéiseacha nó sracfhéachaint ar bhomaití ina shaol nó ar charachtair éagsúla a raibh aithne aige orthu ina óige atá iontu. Ach cnuasach tábhachtach eile atá sa leabhar *Cad Ba Dhóibair Dó Agus Sgeulta Eile* mar cé gur plotaí simplí a bhí i gceist ar an iomlán, ba leabhar luachmhar, taitneamhach é ag an am céanna mar chruthaigh Ó Rinn carachtair nua sa phrós agus suíomh nua suimiúil mar bhonn acu sa chathair. Mhínigh Aisling Ní Dhonnchadha tábhacht na scríbhneoireachta seo i bhforbairt na litríochta ó ré na hAthbheochana amach: “ Bhí scríbhneoirí na cathrach faoi chuing ar go leor bealaí ach in ainneoin sin sholáthair siad ábhar suairc, beoga, pearsanta, spraoiúil. Faighimidne blas saonta ar an saothar úd anois, is dócha, ach mar sin féin bhí sé ag freagairt go binn don ghá le litríocht le ‘l’ beag ...” (Ní Dhonnchadha: 1986, 17). Mar sin de, cé nach sár-litríocht a bhí ar fáil i gcónaí bhí tábhacht ar leith ag baint le saothair mar *Cad Ba Dhóibair Dó Agus Sgeulta Eile* agus *So Súd* agus caithfidh go raibh an dá leabhar seo ar na saothair a bhí i gceist ag O’Leary agus ceist na Gaeilge sa chathair faoi chaibidil aige:

At various points throughout the revival, language critics have welcomed works they saw as proof of the language’s capacity to root itself in the city. (O’ Leary: 2008, 91)

## *So Súd*

### **Bunábhar na Scéalta**

Scéalta soléite, intuigthe, inchreidte atá sna scéalta agus dréachtaí dírbheathaisnéiseacha sa leabhar *So Súd*. Chomh maith leis sin, is léargas iad ar aigne an ghnáthdhuine agus ar ghnéithe de ghnáthshaol na cathrach. Sa chéad dréacht ‘Mar Chuas Le Céird’, agus sa dréacht deireanach ‘Baile Átha Cliath’ is mó a mhothaítear an guth dírbheathaisnéiseach iontu mar is éard atá sna dréachtaí seo ná cur síos ar shaol fostaíochta Uí Rinn agus ar áilleacht na cathrach inar rugadh agus tógadh é:

Is maith liom seasamh ar an droichead san agus féachaint siar nó ar dhroichead Sráid na Feise agus féachaint soir, nuair a bhíonn solus na gréine ar thithe an taoibh theas den Life agus tithe an taoibh thuaidh i ndorchadas. Radharc gleoite é sin: taobh amháin dorcha agus dathanna na dtithe ag glioscarnaigh ar an taobh eile. (SS, 47/48)

I ngach scéal eile is i bhfoirm eachtra a thugtar an cuntas agus cead isteach dúinn ar bhomaití de shaol Uí Rinn maraon le blúire eolais nó ráiteas éigin a chuireann an léitheoir ag machnamh agus teachtaireacht mhórálta, shóisialta á tabhairt aige de ghnáth.

Sa scéal, ‘An Gníomh’, déanann sé cur síos ar eachtra a thit amach i mBaile Átha Cliath nuair a dúnmharaíodh fear darbh ainm Labhrás Harding i Sráid Uí Chonaill. Tugtar an t-eolas seo trí mheán scéil a bhain leis an ngaol a bhí ann idir bheirt deartháireacha – an grá agus an tuiscint a bhí eatarthu: “ ‘Mo ghraidhn tú, a Risteáird!’ ar seisean; ‘is fearr an aithne agus an t-eolas atá agat orm ná mar atá agam féin’ ” (12). Tá an scéal ‘Neoiníní’ bunaithe ar fhear a bhí ina chomharsa ag muintir Uí Rinn agus a mbíodh na nóiníní sa gháirdín ina namhaid aige. Tá blas na hioróine ann ag deireadh an scéil nuair a thugann Ó Rinn faoi deara, agus cuairt á tabhairt aige ar an reilig, go raibh bláthanna ag fás ar uaigh an fhir seo: “... bhí námhaid aige tar éis an tsaoil, námhaid nár dhuine, námhaid a lean é ... na neoiníní a bhí ag fás ansan, sluagh mór acu, agus iad ag tabhairt a dhubhshláin” (14). Scéal eile a bhfuil blas na hioróine ann is ea ‘An Meathtachán’, scéal a bhí bunaithe ar eachtra a tharla idir bheirt bhuachaillí óga, Ó Rinn féin agus buachaill darbh ainm Seoirse Ó Conaill, nuair a thréig Ó Conaill (an meatachán) a chara in am an ghátair. Ach ag deireadh an

scéil agus fiche bliain imithe rinne ‘an meathtachán’ éacht cróga agus é ag troid ar son na saoirse. Mar a scríobh Ó Rinn: “Chuireas paidir le hanam an mheathtacháin ” (20).

Scéal suimiúil eile a foilsíodh sa chnuasach seo is ea ‘Seandúine Claoite’, ina bpléann Ó Rinn aigne fir a raibh aithne aige air ina óige. Creideann Ó Rinn go raibh deacrachtaí ag an bhfear seo lena stádas mar fhear pósta agus nach raibh sé in ann plé leis na hathruithe a tharla ina shaol tar éis pósadh dó: “Agus tá a aigne bhocht chráite á stracadh as a chéile ó shin ó bheith ad iarraidh an dá thráigh do fhreastal” (23). D’fhéadfadh aon duine in aon tír ar domhan an bhail chéanna a aithint. Sa chéad scéal eile, ‘Smaoineamh Contabhartach’, pléann Ó Rinn cás fir áirithe eile a mbíodh comhrá aige leis tráth den saol. Gach lá a bhíodh an bheirt acu i dteannta a chéile i dteach ósta áirithe sa chathair, ag am lóin. Sa scéal áirithe seo insíonn an fear seo scéal faoin ngaol a bhí aige lena uncail, a raibh cion mór aige air, ach gur loiteadh an gaol a bhí idir an bheirt acu agus bhí an-díomá air. Tagann ráiteas cumhachtach chugainn ó bhéal an fhir seo agus é ag tagairt do smaointe an duine, ráiteas is féidir a chur i leith duine nó sícé duine ar bith: “Do leagais do mhéar air, ar seisean; dá dtugadh daoine aire dá smaointe...ach ní thugaid. In ionad iad-san do bheith ina máistrí ar a smaointe is ró-mhinic a bhíonn a smaointe ina máistrí ortha-san. Ní thuigid i gceart fós an chomhacht atá ag smaointe” (25).

Is suntasach an scéal ‘Oíche Shamhraidh’ mar go dtugann sé cead isteach dúinn ar smaointe Uí Rinn féin mar gheall ar shaol na tuaithe agus an cion a bhí aige ar an nádúr agus ar áilleacht na tuaithe. Scéal é seo ina dtugann sé léargas ar an taithí a bhí aige ar an tuath agus ar a ghaolta a bhí ag cur fúthu i gContae Chill Chainnigh. Tá na piseoga mar chuid lárnach den scéal seo, rud is fiú a lua mar nach téama é a bhí mar ábhar scríbhneoireachta riamh ag Ó Rinn. Ach taispeánann Ó Rinn sa scéal seo an stíl agus an cumas álainn scríbhneoireachta a bhí aige agus é ag déanamh cur síos ar áilleacht na tíre lá a raibh sé ag rothaíocht faoin tuath. Feictear chomh maith dearcadh rómánsúil an fhir chathrach ar áilleacht na tuaithe:

Bhíos ag imeacht go mall mar ba mhian liom aoibhneas a bhaint as áilleacht na tíre agus as áilleacht na haimsire in éineacht. Ós rud é gur istigh i gCathair Bhaile Átha Cliath a chaithinn fúmhór mór na bliana, leathchéad seachtain, chuireadh gach éinní a chinn ar an tuath áthas mór

orm. B'iongnadh liom daoine bheith ag cur aimsire amú ag féachaint ar phictiúirí péinteálta agus radhairc ab áille go mór le feiscint i ngach lúb de bhóthar thuatha. Ba gheall le blúire filíochta dhom gach tor nó crann, nó geata. Chínn áilleacht sna nithe ba shuaráí, agus nuair a bhínn ag gluaiseacht ar bhóthar idir crainn árda bfearr liom é ná Tír na nÓg. Do samhluítí dhom go mbéidir go mbeadh sé d'ádh orm go nochtfadh an sluagh sidhe iad féin dom ar phlásóigín ghleoite éigin i measc na gcrann, go bhfeicfinn mná áille in éadaigh ioldaite sróill is síoda agus uaisle móra agus córú ríoga orthu, ag deanamh aoibhnis is aeríochta ina dteanta, agus clocha lómhara ag rince is ag glioscarnaigh ar an gcuideachtain go léir; nó go dtiocfadh spéirbhean amach romham ar an mbóthar, á chur de gheasa fíor-laoich orm í fhuascailt ó dhaorsmacht draoi. (31)

Sa scéal 'Le Fán An tSaoil' léirítear laoch an scéil mar fhear gur "casadh air an bhean a ghaibh greim ar a chroidhe agus ar a aigne agus a d'iompaigh an dóchas chun éadóchais ann" (36/37). Scéal é seo a bhaineann go huile is go hiomlán leis an ngrá toirmeasctha, leatromach agus conas mar a d'imigh cúrsaí i bhfeidhm ar an bhfear ciaptha: "Do mhairbh sé grá na mná le grá na dighe agus do thiomáin an dara grá san síos bóthar leathan na hainnise é" (38). Tá macalla d'fháthscéal ón mBíobla le brath ar an scéal seo. D'fhill an mac seo abhaile agus, cé go raibh fáilte mhór roimhe ar dtús, fuaradh ar an bhflaithiúlacht de bharr teannais lena dheartháir agus ag deireadh an scéil feicimid an fear ag filleadh ar an gcathair.

### **Meon / Saol na Cathrach**

Ach chomh maith le teachtaireachtaí agus tuiscintí fealsúnachta a thabhairt, tugann Ó Rinn blaiseadh ar a shaol pearsanta agus ar shaol agus meon na cathrach don léitheoir sna scéalta seo chomh maith. Sa chéad scéal déanann sé trácht ar a mháthair agus ar chomhairle a thug sí do Liam agus é ina óige: "Dúirt mo mháthair liom fadó gan "sir" do thúirt ar aon fhear ar domhan, go rabhas chó maith le héinne agus gur comhartha ísleachta agus neamh-fhearúlachta agus daoirseachta an focal beag san d'úsáid" (SS, 4). Tuiscint shuntasach an chomhionannais a léirítear anseo ag tráth den saol nuair a bhí tóir ar an neamhspleáchas sa tír idir pholaitiúil agus shóisialta.

Fite fuaite sa scéal ‘An Gníomh’ tá blúirí eolais faoin saol a bhí ag státseirbhíseach sa chathair chomh maith le heolas ar imeachtaí na nDubhchrónach ann. Scéal eile a léiríonn saol polaitiúil an ama ab ea ‘An Meatachán’, ina dtugtar cur síos ar imeachtaí Éirí Amach na Cásca. Is suntasach an cur síos a thug Ó Rinn ar na himeachtaí seo sa scéal mar is annamh a thug sé cur síos pearsanta ar an tréimhse sin dá shaol:

Táim i bhfeighil roint fear atá ag faire na bhfuinneog. Mothuím go bhfuilim ró-chompórdach, nár fhéachas ar an mbás aghaidh ar aghaidh fós, ná fuil caoi agam ar mo mhisneach do thriail i gceart laistiar de na fallaí sin atá ina sciath chosanta idir mé agus na piléir. (19)

Sna scéalta ‘Smaoineamh Contabharthach’ agus ‘Na Neoiníní’ tugann sé léargas suimiúil ar ghnéithe áirithe de mheon na cathrach agus de mheon na tuaithe. Sa chéad scéal tá sé rí-shoiléir cé chomh héasca is atá sé ainm a choinneáil ceilte sa chathair: “Tá aithne agam air le fada ach ní fheadar cad is ainm dó ná ní fheadair seisean cad is ainm domh-sa siúd is go mbíonn comhrá fada eadrainn gach lá le linn dinnéar do bheith againn ag bord áirithe i dtigh ósta áirithe sa chathair” (4). Sa scéal ‘Na Neoiníní’ léiríonn sé éagsúlacht áirithe tuisceana idir fear cathrach agus fear tuaithe:

Bhí mo cholceathrar, ó Chontae Longphuirt, ar cuaird agam. Feirmeoir a bhí ann. B’in an chéad uair aige i mBaile Átha Cliath. Do thaisbeánas dó na radhairc dob áille agus dob iongantaí sa chathair. Ach ní raibh sé sásta. Ba mhian leis dul go roilig Ghlas Naoidhean. Bíonn muintir na tuatha go léir mar sin, pé cúis atá leis. (15)

Mar sin de, i ngach scéal sa chuid seo den leabhar, rinne Ó Rinn cur síos ar ghné éigin dá shaol féin nó ar eachtra éigin a bhain lena shaol sa chathair. Thug sé léargas dúinn ar imeachtaí na cathrach, ar na nithe a thit amach ann agus é ag gabháil tríd an saol, agus léirigh sé go raibh sé ar chumas scríbhneora plé le gnáthchúrsaí an tsaoil sa teanga Ghaeilge beag beann ar an suíomh – Gaeltacht nó Galltacht; cathair nó tuath.

## *Cad Ba Dhóibair Dó Agus Scéalta Eile*

### **Bunábhar na Scéalta**

Bíodh is go raibh blas pearsanta ag baint leis na scéalta i *So Súd*, is suntasaí fós an leabhar *Cad Ba Dhóibair Dó Agus Sgeulta Eile* mar shaothar ós rud é gur iarracht a bhí ann plé a dhéanamh sa Ghaeilge ar an seánra nua litríochta ar a tugtar ‘an gearrscéal’. Níos tábhachtaí ná sin is ea go ndearna Ó Rinn forbairt ar an seánra seo agus an chathair mar chúlra ag na scéalta. Mar sin de, ba scéalta cruthaitheacha iad seo a bhí bunaithe ar charachtair agus ar shuíomhanna inaitheanta do líon mhór de dhaonra na tíre (muintir na cathrach) agus ba í an teanga Ghaeilge an gléas ar bhain sé úsáid as chun an t-ábhar a chur in iúl. Is le cúrsaí grá is mó a bhí cúram Uí Rinn agus na scéalta seo á gcumadh aige. I ngach scéal acu bhí coimhlint éigin á plé agus tuiscint á léiriú aige ar mheon agus ar aigne an duine sa léargas a chuir sé os comhair an léitheora: (a) Is scéal méaldramatúil an chéad scéal, ‘Cad Ba Dhóibair Dó’, faoi fhear óg, cathrach (Seán), a raibh scrupail choinsiasa aige de bharr feall a rinne sé ar chailín amháin trí phóg a thabhairt do chailín eile (‘an cailín rua’). Chuir an chéad chailín an ruaig air agus bhí Seán chomh trína chéile go ndearna sé machnamh ar fhéinmharú a dhéanamh. Ach, i ndeireadh na dála, níor ghéill sé don chlaonadh úd mar ag an nóiméad deireanach bhuail sé leis nach raibh cúrsaí chomh hainnis sin. Nach raibh seans aige fós leis an ‘gcailín rua’? Léiriú breá é seo ar intinn an fhir agus ar a ghuagacht; (b) Sa scéal, ‘An Bheidhleadóir’, is amhlaidh go raibh cos bhacach ag an bpríomhcharachtar, Peadar, rud a d’fheidhmigh ina choinne ó thaobh comhluadar rómánsúil na mban. Ach oíche áirithe amháin a raibh sé ag seinm ceoil cuireadh cailín darbh ainm Nuala in aithne dó. Léirigh Nuala suim ann nuair a bhuail sí leis den chéad uair (tharla nár thug sí faoi deara an bata siúil in aice leis) agus bhí gliondar croí ar Pheadar. Tamall gairid ina dhiaidh sin, ghlac Peadar páirt in Éirí Amach na Cásca agus chaith sé tréimhse i bhFrongoch. Díreach ar theacht abhaile dó, bhuail sé le Nuala ar an gcé agus é ag tuirlingt ón mbád. Bhrostaigh Nuala ina threo, ach chomh luath agus a leag sí súil ar an mbata theith sí agus fágadh Peadar ina aonar arís; (c) Sa scéal, ‘An Caillichín Gránna’, léiríonn Ó Rinn coimhlint inmheánach an phríomhcharachtair, Séamus. Siopadóir agus ceannaí cathrach a bhí ann, a raibh socrú pósta le déanamh aige maidir lena chailín, Áine. Bhí sí tar éis teacht abhaile ó Mheiriceá, ach bhí leisce ar Shéamus í a phósadh agus scar sé léi ar chúiseanna éagsúla, ina measc, go raibh sé cairdiúil le bean eile. Ach mar shocrú ar an scéal rinne sé an cinneadh Áine a phósadh agus d’aithin sé nár éag a ghrá di riamh; (d) Sa chéad

scéal eile, ‘For Me And My Girl’, ba é an bás ba chúis le fadhbanna an ghrá mar fuair an lánúin bás de bharr breoiteachta; (e) Sa chúigiú scéal, ‘An Fear A Phós Sí’, ba í an bhean, Máire, an príomhcharachtar agus cé go raibh sí i ngrá le cléireach bainc, b’éigean di fear gnó eile, Liam Ó Doláin, a phósadh de bharr cúinsí eacnamaíochta. Ach, de réir a chéile, nach mór i ngan fhios di féin, tharla gur músclaíodh grá inti dá fear céile agus bhí saol breá aici leis; (f) Sa scéal deireanach, ‘Ní Mar A Shíltear Bítear’, thit cailín míchéillí, Eilís, i ngrá le fear a thaispeáin cineáltacht di lá nuair a baineadh tuisle aisti ar an tsráid. Lig sí dá samhlaíocht an lámh in uachtar a fháil uirthi i dtaobh an fhir agus thit an lug ar an lag uirthi nuair a tháinig sé ar cuairt chuici san ospidéal agus a bhean chéile in éineacht leis.

### **Meon / Saol na Cathrach**

Sé scéal atá ann mar sin agus plota simplí mar bhonn ag gach scéal acu ach tá tábhacht áirithe ag baint leis na scéalta seo mar gheall ar na carachtair féin, an suíomh cathrach, an léargas síceolaíoch agus na mionrudaí neamhchoitianta eile a fhíonn Ó Rinn isteach sna scéalta méaldrámata seo. Murab ionann agus scéalta grá agus cleamhnais scríbhneora Gaeltachta mar ‘Mháire’, is daoine óga is mó atá ag dul i ngleic leis an ngrá i scéalta seo Uí Rinn, scéalta a léiríonn teachtaireacht shóisialta nó mhórála i suíomh cathrach. Mar aon leis na scríbhneoirí cathracha eile mar Ó Broin, Ó Faracháin, Béaslaí, Ó Conaire, bhí talamh nua á bhriseadh ag Ó Rinn mar sin de mar go nuige seo bhí litríocht na Gaeilge bunaithe ar shaol na tuaithe, ar mhuintir na tuaithe, ar mheon na tuaithe agus go háirithe ar mhuintir na Gaeltachta. Bhí cathair Bhaile Átha Cliath mar chúlbhrat ag Ó Rinn sna scéalta seo agus dá bharr sin tá blas an ‘nua-aoiseachais’ orthu. Ba thábhachtach iad na scéalta in *Cad Ba Dhóbaire Dó Agus Sgeulta Eile* mar léirigh Liam Ó Rinn gnéithe de shaol na cathrach trí mheán litríocht na Gaeilge. Chruthaigh sé go raibh an Ghaeilge gach aon phioc chomh hoiriúnach do mheon agus do shaol na cathrach agus a bhí sí do mheon agus do shaol na tuaithe agus gur chóir do scríbhneoirí Gaeilge aird a thabhairt ar an gcathair agus iad ag scríobh.

Sna scéalta seo, mar sin de, bhí an suíomh cathrach chun tosaigh, agus meon dearfach ina thaobh á léiriú ag Ó Rinn nuair a bhí an deis ann. Léirigh sé an suaimhneas a bhí le fáil ag muintir na cathrach óna dtimpeallacht: Sa scéal ‘An Caillichín Gránna’,



nuair a bhí ciapadh aigne ar Shéamus bhí an chomhbhá idir é féin agus a thimpeallacht soiléir sa dréacht seo ina raibh sé ag smaoineamh ar a chruachás:

“Míle moladh is baochas le Dia,” ar seisean, agus d’iompúigh sé agus do dhearg sé saigréid agus thug sé aghaidh ar an gcathair. “Míle moladh is baochas le Dia,” ar seisean arís agus é ag siúl go mall righin réidh. “Is beag ná go raibh an anachain déanta agam. Fé cheann coicís eile bhíos ceangailte dhi agus mo shaoghal - agus a saoghal-sa, leis – loitithe go deo. Is maith an bhail orainn araon gur scaramair lena chéile.” Bhí sé istigh i lár na cathrach tuairim a haon a chlog. Ní raibh ach foth-dhuine amuich. Do stad sé ar Dhroichead Uí Chonaill agus dféach sé mórthimpall ar na sráideana agus ar an *Life* agus chuir an radharc áthas air. Bhí na soillse go léir ar lasadh insna sráideana agus ar na loingeas, agus aon lasair mhór amháin ab ea an spéir, dar leis, agus bhí ciúnas mór ann. (CBDD, 23,24)

Arís léiríonn Ó Rinn áilleacht na cathrach sa scéal deireanach agus laoch an scéil ag siúl ar an tsráid, neamhaird tugtha aige ar a raibh ag tarlú thart timpeall air:

Bhí an bhruinneal bheag imithe treasna Butt Bridge agus síos an cé um an dtaca san agus gan an t-óigfhear ach díreach taréis teacht treasna an droichid. Do stad sé ag an gcúinne. Ba mhaith leis bheith ag féachaint ar an uisce agus ar na báid agus ar a lán eile rudaí deasa a bhíon le feiscint ansan ar maidin Dé Domhnaig sa tsamhradh agus an ghrian go hard ar an spéir. (57/58)

Mar aon le háilleacht agus suaimhneas na cathrach a thaispeáint, tugann Ó Rinn cuntas sa chnuasach seo ó am go chéile ar mhionsonraí óna thaithí féin sa chathair. Sa scéal, ‘Cad Ba Dhóbaire Dó’, luaitear na póilíní a bhíodh ina gcosantóirí sa tír roimh bhunú an Stáit:

Shíl sé go raibh sé ina aonar ach ní raibh. Bhí fear ar an dtaobh thiar de, sa chúinne, piléir mór a tháinig san áit uaigneach san chun gal tobac a bheith aige i nganfios dá mháighistreibh. (7)

Sa scéal, ‘An Bheidhleadóir’, tá cur síos tugtha aige, trí shúile Pheadair, ar Éirí Amach na Cásca 1916. Sa chuntas seo d’fhéadfaí a rá gur tuairisc bheathaisnéiseach í nuair a léiríonn Ó Rinn smaointe an veidhleadóra ar an troid agus Peadar ag smaoineamh ar a raibh ar siúl ar shráideanna Bhaile Átha Cliath:

Dféach sé dhá mhíle blian siar ina aigne féin agus ba léir dó in aon splanc amháin eachtraí laochra na hÉireann ó Chúchulainn aniar. Ar aon dul leo san a bhí eachtra an Luain sin. (14)

Chomh maith leis sin, tugann sé cuntas ar Ardoifig an Phoist agus ar a raibh ar siúl laistigh de: an t-ospidéal a bhí ann do shaighdiúirí leonta; an ‘stóbh gasa’ le haghaidh cócaireachta; an seomra thuas staighre. Ina dhiaidh sin déanann sé cur síos ar an bpríosún i bhFrongoch: na botháin adhmaid, na málaí tuí. Trí mheán na hinste sin tugtar cead isteach don léitheoir ar an tréimhse achrannach sin de shaol na tíre agus d’imeachtaí stairiúla na cathrach.

Gné eile de shaol Bhaile Átha Cliath idir 1918 agus 1920 ab ea an fliú a rug greim ar an gcathair ag an am: “It was evident from the figures that the 1918-1919 pandemic was by far the most virulent epidemic in Ireland since 1864.” (Thompson: 1920, 176/177). Cuid lárnach den scéal, ‘For Me And My Girl’, ab ea an galar uafásach ba chúis le bás na lánúine sa scéal sin. Tharla gur bhuail an tinneas Máirín ar dtús: “Níor éirig léi an slaghán beag úd do chur di” (CBDD, 40). Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí Risteárd breoite agus b’éigean dá mhuintir glaoch ar an dochtúir: “Tháinig an dochtúir ar a ceathair a chlog. Ní raibh ar a chumas teacht ní ba thúisce bhí oiread san glaoití aige le freagairt” (42). Faoi dheireadh, fuair an lánúin bás. Is cosúil gur stair shóisialta an ama a bhí á léiriú sa scéal seo mar d’fhéadfaí gur tagairt don fhliú a tháinig ar Bhaile Átha Cliath ag an am atá i gceist sa scéal seo.

Rud suntasach eile sa scéal seo is ea an t-amhrán, ‘The Bells Are Ringing For Me And My Girl’ mar thaitin an t-amhrán go mór le Risteárd agus Máirín:

Dé Domhnaig a bhí chugainn bhí dhá shochraid mhóra fhada ag gluaiseacht amach a’ Sráid Dhoiminic. Timpall an chúinne do cloiseadh an port binn meidhreach feadúola ag garsún beag giobalach. Do stad sé

den fheaduíol nuair a chonaic sé na sochraidí. “Siné an port a bhíodh ar siúl aige ó mhaidin go hoíche le déanaí,” arsa máthair Risteáird. “Tá na cluig ag baint ach ní hi gcoir pósadh mo mhaicín é” ... I gcionn cúpla nómat do thóg sí a ceann agus do thriomuigh sí a súile. “Toil Dé go ndéantar,” ar sise, “marar mhaith Leis seomra bheith acu ar an dtalamh so thug sé seomra níos fearr agus níos breátha go mór dóibh ina thig féin.” (44)

Tá an t-amhrán sin lárnach sa scéal seo agus is píosa ceoil comhaimseartha é a bhí i mbéal an phobail ag an am agus nach raibh aon bhaint aige le ceol traidisiúnta na hÉireann. Chum an ceoltóir Meiriceánach George W. Meyer é sa bhliain 1917 agus bhain an t-amhrán cáil amach dó ina dhiaidh sin. Mar sin de, léiríonn Ó Rinn sa scéal seo arís an claonadh a bhí aige chun gnéithe de chultúr coiteann an ama a léiriú trí mheán na Gaeilge beag beann ar na nósanna traidisiúnta.

Luann Ó Rinn gnáthchúrsaí an lae i saol na cathrach go rialta sna scéalta seo. Déanann sé tagairt do chóras iompair na cathrach sa chéad scéal nuair a dhéanann sé cur síos ar oíche a chaith Seán sa teach tábhairne ag ól fíona agus seaimpéin: “...tháinig sé amach agus shiúil sé go mí-stuama anonn godí an tram a bhí taréis stad in aice leis an dtigh tábhairne. Thug an tram isteach i lár na cathrach é. Chuaidh sé abhaile as san ar charra” (4). Gné eile de shaol na cathrach a luann sé is ea an phictiúrlann: “Agus chuardar godí Tigh na bPeictiúirí i Sráid na Driseoige” (39). Tráchtann sé ar an ‘Tivoli’ agus ar an ‘Gaiety’ chomh maith (27). Déanann sé trácht i scéal eile ar nuachtáin agus irisí a bhí i measc an phobail: “Nuair a bhí deire leis an aifrionn – agus d’fhan sí go raibh na húrnamh deireanacha ráithe ag an sagart – siúd tharnais godí Sráid Ghairdinéir arís í. Tháinig sí suas le fear óg dea-ghléasta agus an *Sunday Independent* aige dhá léamh” (57). Luaitear iris dar teideal *Girls’ Friend* chomh maith: “ ‘Gan amhrus, iarrfa sé orm é phósadh,’ ar sise léi féin agus í ag cuimhneamh ar úrscéal éigin do léigh sí sa *Girls’ Friend* a fuair sí ar iasacht ó Mhalai cúpla seachtain roime sin’ ” (58).

Fadhb chathrach an ama a luaigh Ó Rinn ab ea fadhb na tithíochta agus déanann Ó Rinn tagairt don phlé seo sa scéal ‘For Me And My Girl’:

Fear óg ab ea Risteárd Ó Broin. Ní raibh sé ach dhá bhliain ar fhichid. Bhí a athair san uaig le fada agus bhí sé féin agus a mháthair agus a thriúr dritháireacha ina gcomhnuí i dhá seomra mhóra i dtigh mhór i Sráid Dhoiminic. I gcionn seachtaine bheadh sé féin agus Máire ní Bhriain pósta. I seomra mór i dtig eile i Sráid Dhoiminic a chuirfidís fútha. Bhí sé deimhnitheach de sin. Bhí gachaon rud socair acu; an troscán ceannuithe agus curtha isteach sa tseomra acu. (38)

Ba thábhachtach an ní é don lánúin nuaphósta bheith neamhspleách ar a muintir ó thaobh lóistín de agus má scrúdaítear an plé atá déanta ag Ruth McManus ar cheist na tógála i mBaile Átha Cliath sna fichidí agus sna tríochaidí agus ar na hargóintí a bhí faoi chaibidil ag an am, feictear an tuiscint a bhí ag Ó Rinn ar shaol sóisialta an ama. Mar shampla luann Mc Manus: “The dual ideology of the single-family house (thought to promote stable family life) and home-ownership (believed to create responsible citizens and a stable society)” (McManus: 2005, 92).

Maidir le suíomh na scéalta, tarlaíonn cuid de na heachtraí i siopaí éagsúla sa chathair agus luaitear sráideanna éagsúla mar Shráid Chéipil (CBDD, 25), Sráid Ghairdinéir (57). Tagraítear don Life ó am go ham agus déantar trácht ar dhamhsa i dTigh an Mhéara: “I Seomra an tSuipéir i dTeach an Ardmhéara oíche sheaca gheimhridh i ndeire na bliana 1915 a bhí an rinnce ar siúl. Bhí Peadar ansúd in aice an phianó – Peadar Ó Conchubhair – agus é ag seinm an bheidhlín ... ” (9).

Is suntasach iad na scéalta seo in *Cad Ba Dhóibair Dó Agus Sgeulta Eile* ó thaobh na síceolaíochta de chomh maith mar tugann Ó Rinn léargas don léitheoir ar mheon agus ar intinn an duine agus é/í i ngleic leis an saol. Ardaíonn sé ceist na diagachta ina phlé ar chúrsaí féinmharaithe sa chéad scéal nuair a bhuail taom coinsiasa Seán agus é ag socrú léim isteach sa Life. Smaoinigh sé ar Ifreann:

Teinte ar lic na bpian! Deamhain mhóra agus pící géara aca le sáth ann!  
Lua beirthe agus piastana urghránna agus bolaithe bréan! – Seafóid!  
Ráiméis a cheap na sagairt chun daoine bochta a choimeád umhal dosna  
daoine móra! (6)

Sa chéad scéal eile, ‘An Bheidhealadóir’, tugann Ó Rinn le fios go raibh tuiscint aige ar mhothúcháin an veidhleadóra agus ar iliomad a smaointe agus an veidhleadóir ag plé lena mháchail coise. Léiríonn sé bród agus, ag an am céanna, uaigneas Pheadair:

... bhí cion ag gach éinne air agus trua aca dó agus ní leigidís éinní orra. Bfearr le Peadar, ámh, lúth na coise agus a bhfuath aige, bíodh is gur thuig sé a ndea-chroidhe agus go raibh sé baoch díobh mar gheall air. (10)

Is léargas cruinn ar chruachás an duine le máchail é focal scoir Pheadair sa scéal seo: “Ní mhairean aon ghrádh i láthir na coise seo ...” (21).

Tá tuiscintí suntasacha le brath sa ghearrscéal ‘An Caillichín Gránna’ chomh maith. Mearbhall an fhir a léirítear ó thús deiridh. Ba í Áine a chéad ghrá agus i ndeireadh na dála tar éis mórchuid crá agus briseadh croí, is le hÁine a bheartaigh sé a shaol a chaitheamh. Ach nuair a d’fhill Áine ar dtús ó Mheiriceá thug Séamus athruithe faoi deara. An blas Poncánach is mó a ghoill air, dar leis: “Bhí deabhramh ana-shean, ana-chaitte uirri agus an blas Poncánach san a mhairbh é ar fad. Bhí áthas an domhain uirri-se eisean fheiscint arís” (31). Scaoll a bhí air agus scéal neamhghnách á ríomh faoi bhean a d’imigh agus an fear ina stad sa bhaile; é gan athrú mór tagtha ar a shaol fad is atá sise tar éis cultúr nua a bhlaiseadh; éiginnteacht ann faoinar tharla ach na hathruithe soiléir dó agus é neamhábalta déileáil leo. Tá léargas tuisceanach ar scéal neamhghnách lánúineachais anseo agus é scríofa go nádúrtha so-thuigthe ag Ó Rinn.

Níorbh iad na fir amháin a bhí mar ábhar plé aige sa chnuasach gearrscéalta seo, mar faightear léargas ar na mná chomh maith. In ‘An Fear A Phós Sí’, déanann Ó Rinn cur síos maith ar chruachás na mná agus í ag iarraidh a fiormhothúcháin a choinneáil faoi cheilt óna fear céile toisc í a bheith ceanúil ar fhear eile:

Dá bhféachadh sé isteach ina súilibh go géar – ach bhíodar dúnta aici, le haoibhneas an grádhá mar dh’ea. Faid a bhí seisean dhá fáisceadh is ar an gcléireach a bhí sí ag cuimhneamh agus ar an gcrith aoibhnis a ghluaiseadh fan a balla beatha go léir nuair a bhaineadh fiú barra a láimhe léi. Bhí cumha, agus fearg chun na Cinniúna, agus cancar, agus milseacht an seana-ghrádhá, ad iarraidh brúth amach óna croidhe, ach do bhrúig sí

fúithi – níorbh foláir di é dhéanamh, níorbh fholáir di gach ní do choimeád istig. (49)

Ní go rómhaisiúil a chuirtear na mná in iúl sa scéal deireanach ‘Ní Mar A Síltear Bítear’, ach oiread. Léirítear an cailín sa scéal seo mar dhuine míchéillí gan mórán sa chloigeann aici ach a smaointe faoi bhuachaillí: “Chuaidh sí isteach sa tséipeul beag atá i Sráid Chill Áirne agus dubhairt sí an choróinn Mhuire chó dúthrachtach san nár dhó le héinne uirre gur chuimhnigh sí ar bhuachaill riamh” (56). Sa scéal seo tá rian an ghrinn le blaiseadh ach ag an am céanna léirítear dóchas amaideach an chailín agus, in ionad an ghrinn, músclaítear trua sa léitheoir don chailín óg. Ní raibh aon dochar inti ach mhair sí ina saol samhlaíochta féin a bhí i bhfad níos fearr ná an saol réalaióch, dar léi.

Sna scéalta seo go léir tugann Ó Rinn léargas dúinn ar ghnéithe éagsúla den ghrá agus de mheon an duine i leith an ghrá. Tá cúpla rud suntasach le tabhairt faoi deara. Ar an gcéad dul síos is é taithí saoil an fhir is mó a bhíonn chun tosaigh i scéalta Uí Rinn. Is fear atá mar phríomhcharachtar sa chuid is mó de na scéalta agus is fear a bhí ag fulaingt go hiondúil. Léirigh Ó Rinn an grá toirmeasctha, an grá aislingeach, uaigneas an ghrá, éadóchas an ghrá, suáilcí an ghrá. Bhí an chathair mar chúlbhrat ag gach scéal agus chuir sé in iúl go bhféadfaí scéalta a chumadh sa teanga ar théamaí uilíocha éagsúla, i suíomhanna ‘neamhthraidisiúnta’, gan an teanga a loit nó a chur as a riocht. Chruthaigh sé go bhféadfaí scéalta taitneamhacha comhaimseartha a chumadh sa teanga, scéalta éadroma a d’fhéadfaí a léamh mar chaitheamh aimsire fiú munar shroich siad caighdeán na hardlitríochta i gcónaí. Mar a léirigh Aisling Ní Dhonnchadha agus scríbhneoirí na cathrach faoi chaibidil aici:

Fad is a bhí na scríbhneoirí Gaeltachta ag soláthar go dícheallach gan stad gan staonadh, bhí cosán nua ar fad á thabhairt ag na scríbhneoirí eile orthu féin. D’fhéachadar le hábhar suimiúil léitheoireachta a chur ar fáil agus ní le cantalóirí teanga, le caomhnóirí an traidisiúin ná le meon an fhíor-Ghaeil a shásamh. Murar dalladh an léitheoir le buanfhis na fiorealaine (agus níor deineadh) bhí léitheoireacht thaitneamhach le fáil aige sna cnuasaigh scéalta. Bheadh tóir ag an ngnáthléitheoir ar an eachtra, ar an mbleachtaireacht etc. (Ní Dhonnchadha: 1981, 288)

D'éirigh go breá le Liam Ó Rinn 'ábhar suimiúil léitheoireachta a chur ar fáil' sa chnuasach seo *Cad Ba Dhóibair Dó agus Sgeulta Eile*. Léirigh sé nach raibh sé gafa ag 'meon traidisiúnta' na scríbhneoireachta ach go raibh sé in ann an teanga a mhúnlú as an nua agus forbairt smaointeoireachta a léiriú trí mheán na Gaeilge. Ina phlé ar chúrsaí náisiúnachais agus litríochta déanann Declan Kiberd trácht ar na fadhbanna a bhíodh ag scríbhneoirí :

Even well-meaning nationalist artists can find themselves drawn into endless, demeaning demonstrations of the fact that there *is* a native culture – an activity that is little better than taxonomy. In the midst of this distraction, artists often turn in good faith away from contemporary struggle and toward the cast-offs of tradition. However ... a national culture cannot be reduced to a folklore. (Kiberd: 2005, 156)

Ní raibh Ó Rinn gafa ag 'the cast-offs of tradition'. Bhí sé in ann scéalta a chumadh as an nua, trí charachtair intuigthe, le fadhbanna comhaimseartha, i suíomh nádúrtha, agus an chumarsáid go léir curtha in iúl go simplí, liteartha, ealaíonta, tríd an meán cumarsáide is ársa ar domhan – trí mheán teanga, teanga a bhí ar a thoil aige agus a bhí gar dá chroí, an teanga Ghaeilge. D'fhéadfaí a rá gur mó den 'liberationist' ná den 'revivalist' a bhí in Ó Rinn, mar a léiríodh iad ag an síciatraí Frantz Fanon: "For the revivalist, culture is invariably something that was; for the liberationist, it is something that yet may be" (ibid.).

### **An tIriseoir Cathrach**

Cé gur léir ó na scéalta agus gearrscéalta a scríobh Ó Rinn gur féidir an teideal 'scríbhneoir cathrach' a bhronnadh air, ní gá ach féachaint ar chuid de na hailt a scríobh sé mar iriseoir chun an teideal sin a dheimhniú. Níor chloígh sé le hábhar litríochta, léirmheastóireachta, polaitíochta ná le cúrsaí aistriúcháin ina scríbhinní nuachtáin ach bhí sé ar a chumas réimse leathan d'ábhair a phlé go cuimsitheach sa Ghaeilge.

Má dhéantar iniúchadh ar na hábhair a bhíodh á bplé aige feicfeadh sé chomh leathan is a bhí tobar a chuid eolais. Scríobh sé mar gheall ar na healaíona mar an cineama, an

ealaín, an ceol; mar gheall ar chúrsaí sláinte agus aigheolaíochta; scríobh sé ailt mar gheall ar an aimsir agus an réalt-eolas; mar gheall ar an bhfealsúnacht agus an diagacht; mar gheall ar chúrsaí spóirt agus go leor ábhar eile. Is fiú sracfhéachaint a thabhairt ar a raibh le rá aige faoi chuid de na hábhair seo chun tuiscint a fháil ar an meon aigne a bhí aige agus chun léiriú a fháil ar an bhfeidhm a bhain sé as an teanga mar mhodh cumarsáide.

Scríobhadh sé ó am go ham ar chúrsaí ‘cineama’, mar a thug sé air. Molann sé an cineama mar go bhfuil “obair mhaith ag an gcineama dá dhéanamh, ámh, sa mhéid go mbaineann sé an dala púicín dár súilibh agus go múineann sé dhúinn cadé an brí atá le nithibh coigríce a chuireann míghreann orainn. Tespeánann sé na nithe sin dúinn i dtreo go bhfeicimid iad, mar a déarfadh duine, le súilibh na ndaoine a chleachta iad” (*Young Ireland*, 25 Deireadh Fómhair 1919). Tuigtear dó gur féidir aithne a chur ar chultúir éagsúla agus ar nósanna ón iasacht tríd an bpictiúrlann. Ach ar an dtaobh eile den scéal, is minic a bhíodh cáineadh á dhéanamh aige agus é ag caint mar gheall ar an drochthionchar a bhí ag ‘an cineama’ ar an duine agus ar mhoráltacht an duine. Tá sé suntasach go ndearna sé critic ar na meáin nua chomh fada siar le 1919. Labhair sé mar gheall ar an díomhaointeas aigne a chothaítear sa duine a bhíonn ag an bpictiúrlann go rialta:

Beidh aige an sórt aigne a bhíonn ag “meadhonaibh” (mediums), sé sin, aigne fhuilingeach, ghlacathach, a leigean do neithe teacht isteach inti, agus a bheith ag imirt uirri in ionad na haigne sláintiúla a dheineann gníomhartha, a chuireann i gcoinibh nithe ná teastuighean uaithe, a chuireann a toil féin i bhfeidhm ar nithe lasmuich di féin, a oibrigheann í féin, agus ná fuilingeoidh smacht aigne eile. (*Young Ireland* 1 Samhain 1919)

Buairt a ghoill air de bharr na bpictiúirí mar sin de, ab ea an tairbhe ab fhéidir le lucht na himpiriúlachta a bhaint astu: “Tá an díobháil á dhéanamh ar na mílte daoine. Cad a thioctfidh as? Cad eile a thioctfidh as ach greim na dtíoránach ar mhuintir gach tíre do dhéanamh níos daingine ná riamh” (ibid.). Rinne sé cáineadh arís sa bhliain 1929 sa nuachtán *The Star*: “Cad tá sna pictiúirí seo ach gléas éifeachtach chun aigne na cine daonna do mhúnlú! San aon mhúnla amháin!” (*The Star* 19 Deireadh Fómhair 1929). Mar sin de, cé gur dhuine a bhí ann a d’fháiltigh go forleathan roimh choincheapanna



nua-aimseartha agus cé gur léir gur aithin sé na buntáistí le healaín na scannán, d'aithin sé na mí-bhuntaistí chomh maith céanna agus ní raibh aon leisce air an dá thaobh a nochtadh ina scríbhinní.

Taobh amuigh de thionchar na pictiúrlainne ar aigne an duine is iomaí ábhar eile a bhí idir lámha ag Ó Rinn agus é i mbun iriseoireachta. Bhí go leor alt aige ar chúrsaí sláinte. In alt amháin agus é ag caint faoi chuairt a thug sé ar an bhfiaclóir, bhí moladh aige don rialtas:

Ba chóir don Rialtas a chur fé ndear dochtúirí agus fiaclóirí agus opticeoirí do chur godí gach scoil sa tSaorstát chun na leanbhaí do scrúdú, fé dhó sa bhliain no pé méid uair is gá é, agus fós chun leictiúirí do thúirt dóivsean agus dá muintir. Ba chostasúil an obair é ach féach an luíodú a dhéanfadh sé ar an gcostas uafásach go léir a bhaineann le hospidéal, geatlanna agus prísúin do choinneáil suas! (*The Freeman's Journal* 29 Nollaig 1923).

In alt eile a scríobh sé dar teideal 'Malnutrition', rinne sé caint ar an mbia folláin agus bhí go leor moltaí aige maidir leis an mbia is fearr agus is measa le n-ithe. Is iontach an t-eolas a bhí aige ar an ábhar agus is suimiúil an spéis a bhí aige i gcúrsaí cothaithe:

There are five articles of so-called food which are more dangerous to the life of the nation than *poitín* ... The first of these articles is white flour. I understand that chemicals are used to bleach it sufficiently to satisfy the esthetic taste of those who eat it. White sugar, chemically refined salt, white rice and stewed tea are the other four. (*The Leader* 22 Feabhra 1941)

Scríobh sé alt eile ag plé leis an ómapataíocht agus tuairisc á tabhairt aige ar na hargóintí i gcoinne agus i bhfabhar an chóir leighis seo. Rinne sé trácht ar bhuntuisicintí na hómopataíochta agus ar mhodh oibre an hómopataí. Mar fhocal scoir is éard a deir sé ná:

Fágaim fén léitheoir anois an scéal do scrúdú dhó féin. Níor mhiste dhó triail a bhaint as ceann éigin de sna leigheasanna nua, go mór mór má tá na

seana-dhochtúirí tar éis a rá leis bheith ag cuimhneamh ar an uaigh is ar a chuid úrnaithe feasta. (*United Ireland* 4 Bealtaine 1935)

Cúrsaí taistil an chéad ábhar eile is fiú a lua. Scríobh sé alt mar gheall ar chúrsaí tráchtta i mBaile Átha Cliath agus an teideal atá air ná: ‘Dá mBeadh Caoilte Mac Rónáin Beo Indiu: An mBeadh Se In Ann Éaló Ó Lucht Na nGluaisteán?’ San alt seo bhí cáineadh a dhéanamh aige mar gheall ar chúrsaí tráchtta sa chathair agus moltaí á thabhairt aige bunaithe ar a raibh feicthe aige agus é thar lear: “I gcuid de sna háiteanna ba cheart halla mór leathan fairsing do chur fé thalamh mar atá déanta ag Piccadilly Circus i Londain...” (*The Star* 31 Bealtaine 1930). Mhol sé tramanna a dhibirt agus scéal na mbusanna a thuairisciú. Mar a dúirt sé ag tús an ailt:

Fiche bliain o shin dféadfadh duine, gan baol a bhasctha, bóthar ar bith i mBaile Átha Cliath do shiúl i lár an lae ghléigil agus leabhar filíochta aige á léigheamh. Ba ghealt críochnuithe a té do dhéanfadh a leithéid anois. (ibid.)

Níor scríobh sé mórán ar chúrsaí spóirt ach in alt amháin a scríobh sé mar gheall ar chomórtas dornálaíochta a tharla i mBaile Átha Cliath rinne sé trácht ar chúrsaí spóirt sa chathair agus conas mar a d’imir muintir Bhaile Átha Cliath níos mó de shacar ná den pheil ann (*The Freeman’s Journal* 20 Márta 1923).

Alt suntasach a scríobh sé is ea ceann ina ndearna sé plé ar thithe nua a tógadh sa chathair i Marino agus san alt sin labhair sé faoi na buanna agus lochtanna a bhain le seomraí móra nó beaga. Tá blas na síceolaíochta ar an alt seo: “Dar liom, is fearr go mór do gach teaghlach fé leith tig fé leith do bheith acu, dá luíod agus dá shuaráí é. Measaim go neartaíon san tréith an nea-spleáchais sa duine agus go lagaíon a mhalairt an tréith sin” (*The Freeman’s Journal* 10 Meitheamh 1924). Ábhar é seo a bhíodh ar bheola lucht na cathrach go minic nuair a bunaíodh an stát agus múnlaí éagsúla tógála á bhforbairt chun freastal ar dhaonra na príomhchathrach. Is léir ón tuairisc seo ag Ruth Mc Manus ar an ábhar go raibh géarthuiscint ag Ó Rinn ar mhórchéisteanna sóisialta an ama agus go raibh tuairimíocht seo Uí Rinn ar an ábhar de réir idé-eolaíocht an ama. Tráchtann sí ar an scéim tógála i Marino sna fichidí: “Incidentally, the scheme of sale at Marino caused difficulties because the original

leases had been drawn up so that the houses should be let and not purchased. The question had caused a great deal of anxiety and ill-feeling among the occupiers of the houses ...” (Mc Manus: 2002, 192).

Anois is arís, mar sin de, rinne sé trácht ar nósanna sóisialta nó thug sé blúirí eolais a léirigh an gnáthshaol agus gnáth-imeachtaí an phobail. Is greannmhar an tuairisc a thug sé in alt amháin mar gheall ar an nós ‘Éireannach’ a bhain le cúrsaí alcóil agus le sealbhú ‘an phoitín’. Scríobh sé an t-alt mar léiriú ar chuardach a tharla i lár na hoíche i dteach an scríbhneora Gaeilge ‘Cú Uladh’. Sa léiriú seo feictear an duine daonna ina ghnáth-thimpeallacht ag baint taitnimh as sóláistí an tsaoil seachas an duine intleachtúil a raibh ceisteanna acadúla mar chúram aige i gcónaí. Is éard a dúirt sé faoin teach an oíche áirithe sin ná go raibh “gachaon chóir riamh is ga chun braon maíh láidir a dhéanamh! nach é an feall ná raibh fhios againn go raibh se ann agus a dheacracht atá se stuif maíh dfáil ar airgead réasúnta!” Mar fhocal scoir is éard a bhí le rá aige ná: “Trua linn na rabhamar ar ‘Thórramh an bhairille dhiúga’ ” (*Young Ireland*, 25 Samhain 1922). Tuairisc é sin a ligeann dúinn ‘féachaint isteach’ ar mhíneachtra i saol sóisialta na cathrach ag an am.

Bhíodh a thuairimí féin aige i gcónaí ar ábhair a bhíodh gar dá chroí agus ní raibh aon leisce air riamh na tuairimí seo a chraobhscaoileadh go forleathan. Maidir le healaíontóirí na cathrach bhí comhairle ar leith aige dóibh siúd mar a tuairiscíodh in alt a scríobhadh mar gheall air ag taispeántas ealaíne dá chuid sa bhliain 1939:

He thought that Dublin artists should take their courage in their hands and go out in the streets in search of subjects. There was as much beauty in the tall, red houses of Dublin streets, with their ever changing scenes, as was to be found in more orthodox surroundings. People would soon get used to the Irish artist painting in the street, he said, and notice him as little as the people of Paris, where an artist was to be found at work on every street corner. (*The Evening Mail*, 2 Lúnasa 1939)

Péintéir cathrach a bhí ann féin a chuir a ghrá in iúl trí mheán na healaíne sin agus spéis aige san ailtireacht sráide i bpleanáil chathrach:

Tar éis an chogaidh, measaim gur cheart don Bhardas coiste pinteoirí a bhunughadh d'fhonn plean do cheapadh chun soillse néon do riaradh sa tslí is fearr chun áilleacht na cathrach do mhéadú.

(*An Glór*, 14 Feabhra 1942)

Léirigh sé tréithe an teagascóra ina chuid alt ar chúrsaí ealaíne chomh maith. Maidir leis na hait siúd, is suntasach an chomhairle a thug sé mar go raibh an tuairimíocht chéanna le fáil i gcuid den saothar seo agus a bhí in ailt a scríobh sé mar gheall ar chúrsaí scríbhneoireachta. Chomhairligh sé don ealaíontóir óg (a) misneach a bheith aige: “Díbir an t-imeagla go brách” (*The Irish Independent*, 5 Eanáir 1940); (b) dúthracht a chaitheamh leis an obair: “Ná scar choíche led’ leabhar nótaí” (*The Irish Independent*, 26 Feabhra 1940). Ach, thar aon rud eile, mhol sé don cheardaí óg a chroí agus a anam a thabhairt d’aon saothar a bheadh idir lámha aige: “... tar éis roinnt mhaith chleachtaithe raghaidh an mothú ót’ chroidhe is ót aigne isteach ad’ láimh agus ód’ láimh go dtí an páipéar” (*The Irish Independent*, 30 Nollaig 1939). Thuig sé an tábhacht a bhain leis an ‘teicníocht’ agus ealaíontóir i mbun oibre ach bhí rabhadh le tabhairt aige chomh maith: “Ná leigean do lámh chliste an cheardaí aisling áluinn an fhile do dhíbirt” (*The Irish Independent*, 14 Márta 1940). Bhí ‘an duine féin’ i gcónaí lárnach in aon tráchtairacht ag Ó Rinn ar chúrsaí cruthaitheachta.

Níl anseo ach blaiseadh de na hábhair éagsúla a bhíodh mar ábhar cainte ag Ó Rinn agus é i mbun iriseoireachta. Is leor iad chun a chur in iúl gur chreid sé gur féidir gnáth-ábhair an lae a phlé sna nuachtáin, gurbh é an t-ábhar ba thábhachtaí agus gurbh í an teanga an gléas lenar cuireadh an t-ábhar os comhair an phobail. Déanann Piaras Béaslaí cur síos den scoth ar an ngné seo d’fhealsúnacht Uí Rinn sa chuntas beathaisnéiseach a scríobh sé ar Ó Rinn ina shaothar *Memories of Men of Note*:

When I first attended mtgs of CG or Gaelic League I noticed at table a young clerk who kept a record of proceedings for Genl. Sec., with aid of shorthand notes. This was LÓR. But it was a long time before I became intimate with him. The first thing that struck me about him was fine grip he had acquired on lang after a few yrs study. For a native of Dublin, who had never, as far as I know, spent any time worth mentioning in the Gaeltacht, his mastery of language was really remarkable. The odd thing

was that while he absorbed the language of the Gaeltacht and made his own of it, he never absorbed the atmosphere or outlook of the Gaeltacht. Perhaps it was on that a/c that he was so progressive. He represented a process through which we all must go if Irish is to become a living lang. If Irish is to prevail we must make it the lang of the Galldacht and particularly of Dublin – which means that we must adjust an instrument which was formed in and is expressive of one kind of life sway of thinking to express and do all the purposes of another way of life and another totally distinct way of thinking. In this necessary work LOR was a pioneer, daring, revolutionary ...

*(Páipéir Bhéaslai, Ms. 33944 (3), An Leabharlann Náisiúnta)*

### **Conclúid**

Scribhneoir, iriseoir, áitritheoir agus gan amhras, ealaíontóir Baile Átha Cliathach a bhí ann. Chreid sé go raibh croí gach tíre ag bualadh go láidir sa chathair agus gurbh ann a shíolraigh na tuairimí nua agus na nósanna nua-aimseartha. Bhí gach rud ina bheatha sa chathair agus is ann a bhuaíl daoine le chéile agus a rinne siad plé ar mhórcheisteanna an lae. Mar sin de, luigh sé le réasún go raibh sé de dhualgas ar mhuintir na cathrach an Ghaeilge a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath chun go mbeadh an teanga in ann feidhmiú mar theanga chumarsáide bheo. Léigh, labhair agus scríobh Ó Rinn go cíocrach i rith a shaoil. Ba mhacashamhail den ‘Village Schoolmaster’ cáiliúil a bhí ina ábhar litríochta ag Goldsmith é de bharr an eolais fhairsing a bhí ina chloigeann aige. Ach roinn sé an t-eolas agus an taithí a bhí aige ar an saol go fial flaithiúil lena lucht léitheoireachta trí mheán na Gaeilge. Chuir sé ina luí ar an léitheoir go bhféadfaí gach aon ábhar ar domhan a phlé trí mheán na Gaeilge agus nach raibh an teanga le caomhnú mar uirlis ársaíochta le coinneáil i ngéibheann ag lucht léinn na litríochta nó na Gaeltachta – ba ghá ligint don teanga bláthú go nádúrtha, forásach, de réir a chéile. Rinne Ó Rinn a dhícheall na cuspóirí sin a chur i gcóir ina shaothair scríbhneoireachta agus meon na cathrach i gcónaí chun tosaigh ina chuid iarrachtaí.

Teanga bheo a bhí i nGaeilge na cathrach, de réir Uí Rinn, agus bhí sé i gcónaí dóchasach ina leith. Bhí dlúthchreideamh aige go bhféadfadh an teanga feidhmiú mar ghléas cumarsáide ann agus níor ghéill sé riamh don tuairim go raibh bás i ndán di.

Mar sin de, d'fhéadfaí a rá gur dhuine d'idé-eolaithe na teanga a bhí ann a chreid go raibh cinniúint teanga ina seilbh ag lucht na cathrach. Ina plé ar an gcainteoir dúchais agus an scríbhneoir arb í an Ghaeilge an dara teanga aige/aici, déanann Máirín Nic Eoin cur síos ar an bhfoghlaim – cur síos is féidir a chur i leith Uí Rinn:

Is mó an gníomh creidimh a éilítear ar an scríbhneoir nach cainteoir dúchais Gaeilge é/í, go háirithe más ag maireachtáil i dtimpeallacht an Bhéarla atá sé/sí. Is é is dóchúla ná gur daingne greim idé-eolaíoch ná greim mothála na teanga air/uirthi, cé gur féidir leis an dá rud titim isteach ina chéile i ndíograis pholaitíocht na teanga. (Nic Eoin: 2005, 111)

Thuig Ó Rinn go gcaithfí athruithe a chur i bhfeidhm chun an teanga Ghaeilge a choimeád beo. Rinne Ó Rinn agus scríbhneoirí eile mar Ó Néill, Béaslaí, Ó Conaire, agus Ó Riain a ndícheall a léiriú go gcaithfeadh an t-athrú sin teacht ó na cathracha agus mar thoradh air sin go mbeadh réiteach nádúrtha ar cheisteanna teanga agus canúnachais mar go bhfásfadh tréithe teanga as an nua sa chathair. Duine forásach nó duine de na 'progressives' i dtaobh na teanga (mar a thug Philip O'Leary orthu) a bhí i Liam Ó Rinn, a bhain tairbhe as a 'oidhreacht cathrach' chun saibhreas na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt: "Mar ní do réir mar is maith linne a fhásan teanga ach do réir mar is maith léi féin agus san dar n-aindeoin pé aca piúraistí sinn nó a malairt" (*Young Ireland*, 11 Meán Fómhair 1920).

## Oidhreacht Uí Rinn

Fear é Liam Ó Rinn, ar chóir aitheantas níos mó a bheith faighte aige mar dhuine d'athbheochanóirí móra na Gaeilge, ní hamháin de bharr an méid oibre a rinne sé ar son na teanga ach de bharr an modh oibre a d'úsáid sé agus an meon aigne a léirigh sé agus é i mbun saothair. Ba dhuine é a bhí sáite i ngach gné den teanga agus ní raibh aon ghné d'obair na teanga nach raibh tuairimí dochta daingne aige uirthi. Ó thaobh na scríbhneoireachta agus na léitheoireachta de, scríobh sé mar gheall ar ealaín na scríbhneoireachta féin, ar an aistriúchán, ar chúrsaí critice, ar chúrsaí teicniúla mar an cló agus an litriú, ar na hábhair léitheoireachta a bhí ar fáil, ar chúrsaí na litríochta. Ó thaobh na cainte agus na Gaeilge labhartha de, scríobh sé mar gheall ar fhorbairt na líofachta agus mar gheall ar cheist na canúna; scríobh sé mar gheall ar thábhacht na teanga ó thaobh an chultúir de agus ó thaobh an náisiúnachais de; scríobh sé faoin nGaeilge i gcomhthéacs teangacha iasachta. Ach bhí aon chuspóir amháin i gcónaí aige agus é i mbun oibre agus ba é sin, an Ghaeilge a athfhréamhadh i saol na tíre agus í a aithint mar bhunteanga ag muintir na hÉireann.

Cé gur dhuine é nár bhain cáil amach dó féin go poiblí ar nós athbheochanóirí móra eile an ama, is léir nár sheachain sé an t-ardán poiblí ach oiread chun a argóintí a chur os comhair an phobail ós rud é gur scríobh sé go forleathan i nuachtáin éagsúla an ama. Ó thaobh ábhair de, is suimiúil an leas a bhain sé as na nuachtáin mar scríobh sé ar ábhair éicléictreacha ó sheachtain go seachtain sna nuachtáin agus ní raibh aon leisce air riamh a thuairimí a chur faoi bhráid an phobail. Bhí ailt pholaitiúla, dréachtaí aistriúcháin, tuairiscí léirmheastóireachta, comhairle maidir le saothrú na Gaeilge agus go leor eile le fáil thar na blianta i ngach aon fhoilseachán a raibh baint aige leis. Chomh maith le tuairimíocht a chur os comhair an phobail i dtaobh na teanga, ba scríbhneoir cruthaitheach é a léirigh go raibh sé in ann feidhmiú ní hamháin mar intleachtach ach mar 'intleachtach orgánach'. Ba bhisiúil an scríbhneoir é mar sin agus is luachmhar an carn mór saothair atá fágtha ina dhiaidh aige mar ábhar machnaimh fiú sa lá atá inniu ann.

Ceanródaí a bhí ann agus pé gné den teanga a bhí faoi chaibidil aige bhí smaointe forásacha aige ina taobh. Chreid sé nach raibh i ndán don Ghaeilge ach an bás mura

n-úsáidfí i ngnáthchúrsaí an lae í. Theastaigh uaidh go mbeadh an Ghaeilge in ann plé le gach aon ábhar ar domhan díreach cosúil le gach teanga bheo eile. Ach ós rud é go raibh an lámh in uachtar faighte ag an mBéarla mar theanga phoiblí, d'aithin Ó Rinn go raibh éacht mór le déanamh agus go raibh athruithe móra i ndán don teanga sula bhféadfaí an cuspóir sin a chur i gcrích. Ní raibh sa tír ach líon beag de chainteoirí dúchais agus dá bharr sin thuig sé go raibh sé riachtanach d'fhoghlaimoirí tabhairt faoin obair.

Smaoineamh a chuir sé sa bhealach ar an bhfoghlaimoir mar chrann taca ab ea an dearcadh dóchasach agus an tuiscint ghéar a chothú i gcónaí agus é i mbun oibre. Foghlaimoir a bhí ann féin agus mar sin is ó pheirspictíocht an fhoghlaimora a tháinig léargas Uí Rinn maidir le cúrsaí teanga. Thuig sé gach aon deacracht a bhí ag an bhfoghlaimoir mar sin agus cé gur intleachtach a bhí ann, is féidir a rá go raibh sé ina fhear praiticiúil freisin ó thaobh chúrsaí na hathbheochana de. Bhí sé in ann an dá thrá a fhreastal agus feidhmiú go praiticiúil agus go hacadúil i dtaobh na teanga. Scríobh sé go teoriciúil ach ag an am céanna lean sé a chuid teagaisc féin agus rinne sé cleachtadh ar a chuid moltaí féin agus is as sin a eascraíonn a thábhacht mar scríbhneoir agus mar chriticeoir. Thug sé le fios, agus níos tábhachtaí ná sin, chruthaigh sé go héifeachtúil gur féidir le foghlaimoir tuiscint ghéar a fháil ar theanga agus í a ghlacadh mar ghnáth-theanga an lae. Chomh maith leis sin léirigh sé gur féidir le foghlaimoir tobar luachmhar litríochta a shaothrú sa dara teanga. Mar sin, is éard a chuir sé in iúl ná go raibh sé indéanta ag teanga aiséirí mar 'an féinics ón luaithreach' agus feidhmiú go héifeachtúil as an nua le beocht agus le saibhreas.

Ní raibh aon fhaitíos ar Ó Rinn roimh 'athrú'. Smaointeoir forásach a bhí ann, a bhí réidh i gcónaí plé leis an smaoineamh úrnua ar mhaithe le dul chun cinn na teanga. Bhí aigne oscailte aige agus chreid sé in ilghnéitheacht na teanga sa tslí gur cheap sé go raibh an teanga ann ar son gach aon duine agus nach raibh aon 'aicmeachas' ag baint leis:

There are people in Ireland, some of them Irish speakers, who are grown to the full height, complexity, and subtlety of Europe's highest intellectualism (I use the word in the best sense) and are, perhaps, going even further in that direction. Others have gone in the opposite direction,



that of Hollywood idiocy and Yankee spasmodics (called music). An Irish writer cannot be forced, by propaganda or anything else, into producing this or that kind of writing. He can only write what it is in him to write. If he is incurably Hollywood he will write Hollywood – a very good thing, considering how strong the Hollywood mentality is in this country. All classes in this thoroughly modern nation must be catered for, and the natural solution of the problem is for each writer to do the only thing he can do – write according to his own mentality, whether it be silly or sublime, or one of a thousand varieties between these two extremes. If he does so, he is bound to find readers who will appreciate him.

*(The Leader, 6 Eanáir 1941)*

Ó thaobh ábhair de bhí spéis aige in iliomad réimsí. Ní raibh sé sásta go mbeadh cainteoirí nó scríbhneoirí na Gaeilge srianta ó thaobh ábhair de mar gheall ar stór focal. Chreid sé go doimhin daingean go raibh gá le misneach. Dar leis, b'éigean do chainteoirí agus do scríbhneoirí araon plé le réimse fairsing d'ábhair agus b'éigean dóibh cúlú chomh maith ón gcreideamh go raibh sé dodhéanta ag an nGaeilge plé le hábhair a thrasnaigh thar theorainn na Gaeltachta. Mar sin, d'fheidhmigh Ó Rinn mar scríbhneoir cathrach a phléigh réimse fairsing d'ábhair ina chuid scríbhneoireachta – hómatapaíocht, fealsúnacht, na réalta, cúrsaí leighis agus go leor eile. Dá mba rud é go raibh sé mar chuspóir aige an Ghaeilge a chur i réim arís sa tír mar theanga bheo, thaispeáin sé go raibh gá le tacaíocht ón gcathair maraon le plé le hiliomad ábhar comhaimseartha chun é sin a chur i gcrích.

Mar sin de, d'fhág Ó Rinn mar oidhreacht aige an dóchas go raibh todhchaí i ndán don Ghaeilge ach amháin a bheith misniúil agus glacadh leis an rud nua, an aigne a bheith oscailte, agus gan géilleadh don éadóchas. Ní raibh sé riamh den tuairim go raibh aon rud do-dhéanta ó thaobh fhorbairt na teanga de. Chreid sé i gcónaí go raibh stádas ag an teanga sa tír agus go raibh sé indéanta í a chothú agus a mhúnú beag beann ar aon chastacht, éileamh nó dúshlán a chasfadh uirthi. Ní haon ionadh mar sin gur bhain sé triail as córas luathscríbhneoireachta a chumadh a bheadh in oiriúint don Ghaeilge, nó gur thug sé mar chúram air féin léirmheastóireacht a dhéanamh ar litríocht an ama, nó aistriúcháin a dhéanamh ar raidhse d'ábhair éicléicteacha. Ní haon ionadh ach oiread gur scríobh sé leabhar taistil, nó gur chum sé cnuasach

gearrscéalta (seánra nua scríbhneoireachta an ama) nó gur scríobh sé an leabhar cumasach sin *Mo Chara Stiofán* a rinne plé ar an ngaol a bhí idir é féin agus Stiofán Mac Enna, chomh maith lena dtuiscintí ar mhórchesteanna an ama. Nuálaí a bhí ann a raibh sé de mhisneach aige tabhairt faoi na seánraí nua litríochta a fhorbairt sa Ghaeilge. Níor chlaon sé leis an tuairim gur cheart brath ar an tseanlitríocht amháin mar bhunús athbheochana ach fear gníomhach a bhí ann a léirigh inniúlacht na teanga mar theanga bheo nua-aimseartha. Ní dúirt Ó Rinn go mbeadh an t-aistear seo ar bhóthar na hathbheochana gan a dheacrachtaí ná gan a chonstaicí agus chuir sé a thuiscintí os comhair an phobail go soiléir. Thuig sé go raibh teanga shaibhir ann cheana féin le hathbheochan ach ag an am céanna go raibh sé soineanta a chreidiúint gur féidir brath go hiomlán ar an tobar litríochta nó cainte a bhí fágtha againn ó ré órga na Gaeilge chun an teanga a chur ag feidhmiú go nádúrtha sa toadhcháí.

Fear leathanaigeanta a bhí ann i dtaobh na teanga a chreid nár leor bheith ag plé le téamaí traidisiúnta nó leis an tseanlitríocht, nár leor athrá a dhéanamh ar stíl, teicníocht nó ábhair na scéalta sin. Teanga bheo fheidhmiúil a bhí mar chuspóir aige agus leag sé amach a riachtanaisí chun an sprioc seo a bhaint amach. Ar an dtaobh teicniúil den scríbhneoireacht theastaigh uaidh an córas litrithe a athrú agus a shimpliú chun an gnáthdhuine a mhealladh chun foghlama agus chun cúrsaí teicniúla a shimpliú dóibh agus iad i mbun foghlama. Bhí an tuiscint aige chomh maith go raibh téarmaíocht agus stór focal nua riachtanach chun plé leis na forbairtí éagsúla a bhí ag tarlú i gcónaí sa tsochaí. Mar is gnách i ngnáthchúrsaí an tsaoil, tarlaíonn athruithe éagsúla ó ghlúin go glúin agus ní haon eisceachtaí iad teangacha. Bíonn éileamh ar fhoclóir breise, ar théarmaíocht nua agus go leor eile agus bhí an tuiscint ghéar sin ag Ó Rinn. Mar sin de d'fháiltigh sé roimh an gCoiste Téarmaíochta agus chaith sé cuid mhaith dá shaol gairmiúil ag obair i Rannóg an Aistriúcháin. Tá sé suntasach gur threisigh sé lena thuairimíocht ar ábhair mar seo le fianaise ó theangacha eile, mar a léirigh sé agus an Aifriceánais á plé aige.

Mar fhear comhairle agus teagaisc b'iontach an léargas a bhí ag Ó Rinn toisc nárbh aon fhanaiceach é. Rinne sé iarracht gach aon argóint a mheas go hoibiachtíúil; bhí sé ag feidhmiú mar idirghabhálaí. Níor réitigh sé leis an tuiscint go raibh gach rud 'dubh nó bán', 'ceart nó mícheart'. A mhalairt de thuiscint a bhí ag Ó Rinn. Chloígh sé leis an tuiscint chuimsitheach: ceart agus mícheart; dubh agus bán. Bhí sé ina náisiúnaí

ach bhí sé ina Eorpach ag an am céanna. Bhí sé den tuairim nach aon mhaitheas dúinn bheith srianta ag an bparóisteachas nó ag an ‘Éireannachas’. Ní raibh sé sásta féachaint ar an teanga mar ghléas náisiúnta nó mar idéal polaitíochta ach mar acmhainn cumarsáide. Cé gur náisiúnaí a bhí ann, thuig sé an tábhacht a bhí ag baint le teagmháil le tíortha eile na hEorpa. Chreid sé go raibh ceachtanna le foghlaim ag daoine óna chéile agus go raibh gá plé le tuiscintí iasachta. Chothaigh sé an intinn ‘oscailte’ i gcónaí agus d’éirigh leis a thuiscintí a chur in iúl. Mar scríbhneoir agus mar intleachtóir iarchoilíneach mar sin chuir sé i gcoinne tuairimíocht na bolscaireachta mar ‘raison d’être’ na Gaeilge.

Chreid Ó Rinn go bhféadfaí gach aon chuspóir a bhaint amach ach amháin mian an chroí a bheith ann. Léirigh sé céard a bhí i gceist aige faoi seo nuair a bhí Éirí Amach na Cásca faoi chaibidil aige:

In 1916 and the movement following it we have a fine example of what a small body of men and women with these qualities can accomplish. A common-sense idea can always overcome the force of inertia of the majority of people provided always that the idea is one which appeals to fundamental feelings of the people. An idea which appeals solely to their intellect will never move them into action.

(*The Leader*, 28 Meitheamh 1941)

In alt eile dá chuid léirigh sé an bhunfhealsúnacht seo arís mar chomhfhreagras ar alt a scríobhadh sa nuachtán *The Leader*, ag fear darbh ainm Mr. Toomey:

His statement that “it was intellectuals who made our revolution” should be qualified. I should say they were “sentimentalists” in the good sense of the word, before they were intellectuals. One loves one’s country first, and only afterwards tries to justify that love intellectually, an excellent mental exercise. I wonder if any psychologist has yet examined the question of how far mankind is ruled by emotion and how far by logic. I fancy logic gets only a very secondary place. (*The Leader*, 6 Nollaig 1941)

Ní raibh aon chastacht ag baint le fealsúnacht Uí Rinn mar sin de agus chreid sé go docht daingean i mothúchán an duine féin. Chreid sé go raibh tábhacht ag baint leis an gcóras oideachais agus le cumainn éagsúla na hathbheochana maidir le saothrú na Gaeilge ceart go leor ach ba é toil an duine féin, a d(h)úthracht, a d(h)íograis agus a m(h)othúcháin ba thábhachtaí. Tháinig gach smaoinemh agus gníomhaíocht as an mbunsmaoineamh sin. Mar shampla, ó thaobh chúrsaí aistriúcháin de, ba é an rud ba thábhachtaí dar leis ná an bunsmaoineamh a léiriú. Leag sé béim ar bhrí an tsaothair a chur i láthair ar dtús in ionad bheith ag cloí le dlúthaistriú an phíosá. Maidir leis an saothar cruthaitheach agus an léirmheas theastaigh uaidh go mbeadh ionracas iontu – eolas údarásach agus ag an am céanna dílseacht do cháilíochtaí na Gaeilge. Bhí na cáilíochtaí seo á léiriú go daingean aige ina mhórshaothair *Mo Chara Stiofán* agus *Turas go Páras*. Ina chnuasach gearrscéalta *Cad Ba Dhóbaire Dó Agus Scéalta Eile* ba é an duine féin agus go háirithe an duine cathrach a bhí lárnach sna scéalta úd agus mothúcháin agus tuiscintí lucht na cathrach á léiriú aige.

Smaointe iad seo a bhí mar bhunchloch ag Pádraic Ó Conaire chomh maith agus nuair a smaoinítear ar an mbeirt scríbhneoirí seo tá na cosúlachtaí tuairimíochta eatarthu an-soiléir, mar a léiríodh ó am go chéile sa tráchtas. Caithfear a admháil go bhfuil ionad dlite ag Ó Rinn taobh le mórscribhneoirí mar Ó Conaire agus Béaslaí mar dhuine d'intleachtaigh fhorásacha, nua-aoiseacha na Gaeilge. Is fíor nach bhfuair Ó Rinn an t-aitheantas céanna is a fuair cuid dá chomhaimsearthaigh, agus is deacair a rá go cinnte cén fáth. Is é mo thuairim, áfach, go raibh cúinsí éagsúla leis an easpa aitheantais. Ar an gcéad dul síos feictear dom go raibh Ó Rinn i gcónaí sásta fanacht sa chúlra agus an saol poiblí a sheachaint. Cúram gnáth-óglaigh seachas cúram ceannaireachta a bhí air le linn Éirí Amach na Cásca. Dá bhrí sin, ní hiontas nach raibh a ainm i mbéal an phobail maidir lena ról sa réabhlóid náisiúnta. Ó thaobh saothrú na litríochta de, cé gur scríobh sé leabhair thábhachtacha a bhris talamh nua – *Mo Chara Stiofán* agus *Turas go Páras* go háirithe – níor leabhair iad a bhain le haon cheann de na seánraí a bhí á gcothú sa Ghaeilge ag an am, an t-úrscéal agus an dráma, mar shampla. Cé gur saothair cheannródaíochta ina gcáilíocht féin iad ar aithníodh a luach níos déanaí, b'fhéidir gur dheacair iad a chatagóiriú agus a dtábhacht a thuiscint ag am a bhfoilsithe. Níor scríobh Ó Rinn aon úrscéal mór mar a rinne Pádraic Ó Conaire agus, cé gur foilsíodh cuid dá ghearrscéalta sa leabhar *Cad Ba Dhóbaire Dó Agus Sgeulta Eile* (1920), níor ghearrscéalta sárealaíonta iad ar nós

shaothar Uí Chonaire ná ní raibh an tathag is an tíriúlacht iontu a bhain le saothar gearrscéalaíochta ‘Máire’. Mar thráchtair ar Éirinn a linne, is fiú a chur san áireamh gur ina státseirbhíseach a bhí sé ar feadh cuid mhaith dá shaol, rud a chuirfeadh laincisí áirithe ar iarrachtaí féinphoiblíochta. Is minic a bhain sé leas as ainmneacha cleite éagsúla, mar shampla. Ní dheachaigh sé sa tóir ar aon stádas tábhachtach poiblí agus, de réir thuairiscí a mhuintire agus a chairde, bhí sé breá sásta feidhmiú leis ina shlí chiúin féin. De bhrí go raibh sé fostaithe go lánaimseartha, is ag saothrú leis go páirtaimseartha a bhí sé ar feadh na mblianta.

Bhain Ó Rinn leas as fóram na hiriseoireachta den chuid is mó chun a chuid tuairimíochta a chur os comhair an phobail. Mar a pléadh i gCaibidil 5, tá aird á tarraingt anois ar an iriseoireacht ag scoláirí Gaeilge atá ag plé le tréimhse na hAthbheochana (Uí Chollatáin: 2008 agus Nic Pháidín: 1998) agus aitheantas á thabhairt do thábhacht na colúnaíochta mar réimse scríbhneoireachta ann féin (Uí Chollatáin: 2004). Cé go raibh tuairimí fiúntacha nuálacha á gcur in iúl ag Liam Ó Rinn ina chuid colún, agus cé go n-aithnítear tábhacht a scríbhinní iriseoireachta anois, níor cnuasaíodh a shaothar iriseoireachta lena linn féin agus dá bhrí sin níor tugadh aghaidh chriticiúil air go dtí le fíordhéanaí.

Iarracht ab ea an tráchtas seo saol, scéal agus soiscéal Uí Rinn a thabhairt chun solais mar d’fhág sé corpas oibre agus ábhar machnaimh mar oidhareacht aige ag lucht cosanta na Gaeilge. Fear na gcodarsnachtaí a bhí ann: smaointeoir agus scríbhneoir; fear teoiriciúil agus praiticiúil; saoránach agus príosúnach; oifigeach stáit agus ceannairceach. Ach, tá cuid dá shaol nach bhfuil éiginnteacht ar bith ag baint leis – a chuid iarrachtaí ar son na teanga Gaeilge agus an dóchas, an dílseacht, an grá agus an muinín a bhí aige as ré órga na Gaeilge a chreid Liam Ó Rinn a bhí le teacht.

## Liosta Saothar a Ceadaíodh

### (a) Saothair Fhoilsithe

Akenson, Donald Harman, 1975. *A Mirror To Kathleen's Face*, Montreal and London: McGill-Queen's University Press.

Ashcroft, Bill, 2002. *The Empire Writes Back: Theory and practice in postcolonial literatures*, London: Routledge.

Béaslaí, Piaras, 1920. *Bealtaine 1916 agus Dánta Eile*, Baile Átha Cliath: Cló na Saoirse.

Béaslaí, Piaras, 1953. 'Réamhrá' in Ó Rinn, Liam, 1953. *So Súd*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Breathnach, Mícheál, 1926. *Seilg i measc na nAlp*, Baile Átha Cliath: Cumann Oideachas na hÉireann.

Breatnach, Pádraig, 1997. *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge*, Maigh Nuad: An Sagart.

Cole, G.D.H. 1930. *Life of Robert Owen*, London: Macmillan.

Cronin, Michael 2000. *Across the Lines, Travel, Language, Translation*, Corcaigh: Cork University Press.

Daltún, Séamas, 1983. 'Scéal Rannóg an Aistriúcháin', *Teangeolas*, (Uimhir 17, Geimhreadh), 12-33.

De Brún, Fionntán, 2002. *Seosamh Mac Grianna, An Mhéin Rúin*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.

De Paor, Louis, 2012. 'Réamhrá' in Gógan, Liam S., *Miorúilt an chleite chaoin, rogha dánta*, eag. Louis de Paor, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Denvir, Gearóid (eag.), 1978. *Aistí Phádraic Uí Chonaire*, Indreabhán: Cló Chois Fharraige.

Denvir, Gearóid, 1996. 'Ó Shiolteagasc go Critic: Litríocht Dhioscúrsúil na Gaeilge san Aois Seo', *Léachtaí Cholm Cille XXVI*, 178-218.

Dodds, E.R. 1936. *Journal and Letters of Stephen MacKenna*, London: Constable.

Ferriter, Diarmaid, 2004. *The Transformation of Ireland 1900-2000*, London: Profile Books Ltd.

Garvan, Tom, 2005. *Nationalist Revolutionaries in Ireland 1858-1928*, Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan.

Gógan, Liam 1946. *Dánta Eile 1939-1941*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Gramsci, Antonio, 1971. *Selections from the Prison Notebooks of Antonio Gramsci*. Edited and translated by Quintin Hoare and Geoffrey Smith, London: Lawrence and Wishart.

Hopkinson, Michael (eag.), 1998. *Frank Henderson's Easter Rising, Recollections of a Dublin Volunteer*, Corcaigh: Cork University Press.

Innes, Catherine Lynette, 2007. *The Cambridge Introduction to Postcolonial Literatures in English*, Cambridge: Cambridge University Press.

Johnson, Nuala C., 1992. 'Nation-building, language and education / The geography of teacher recruitment in Ireland, 1925-1955', *Political Geography*, (Vol.11, No.2), 170-189.

Kiberd, Declan, 1993. *Idir Dhá Chultúr*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Kiberd, Declan, 1995. *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation*, London: Jonathan Cape.

Kiberd, Declan, 2005. *The Irish Writer and the World*, Cambridge: Cambridge University Press.

Lee, J.J., 1989. *Ireland 1912-1985 Politics and Society*, Cambridge: Cambridge University Press.

Loomba, Ania, 1998. *Colonialism/Postcolonialism*, London/New York: Routledge.

Mac Aonghusa, Prionsias, 1993. *Ar Son na Gaeilge Conradh na Gaeilge 1893-1993: stair sheanchais*, Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Mac Congáil, Nollaig (eag.), 1977. *Ailt, Saothar Sheosaimh Mhic Grianna*: Coiste Foilsitheoireachta Chomhaltas Uladh.

Mac Mathúna, Liam, 1991. *Dúchas agus Dóchas, Scéal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath*, Baile Átha Cliath: Glór na nGael.

McManus, Ruth, 2002. *Dublin 1910-1940: Shaping the City and Suburbs*, Dublin: Four Courts Press.

McManus, Ruth, 2005. *'Such happy harmony': Early: twentieth century co-operation to solve Dublin's housing problems*, Baile Átha Cliath: Dublin City Public Libraries.

Ní Annracháin, Máire, agus Nic Dhiarmada, Bríona (eag.), 1998. *Téacs agus Comhthéacs, Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí.

Ní Chionnaith, An tSr. Eibhlín (eag.), 1989. *Iriseoireacht Uí Chonaire, Indreabhán*: Cló Iar-Chonnachta.



Ní Dhonnchadha, Aisling, 1981. *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta.

Ní Dhonnchadha, Aisling, 1986. 'Tamall i measc Scríbhneoirí na Cathrach', *Comhar*, (Lúnasa), 13-17.

Ní Dhonnchadha, Aisling, agus Nic Eoin, Máirín (eag.), 2008. *Ar an gCoigríoch, Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Ní Uigín, Dorothy, 1998. 'An Iríseoireacht Ghaeilge i Meiriceá agus in Éirinn ag Tús na hAthbheochana: An Cúlra Meiriceánach', *Léachtaí Cholm Cille LCCXXVIII*, 25-47.

Nic Eoin, Máirín, 2005. *Trén bhFearann Breac, An Diláithriú Cultúir agus Nualitricht na Gaeilge*, Baile Átha Cliath: Cois Life.

Nic Eoin, Máirín. 2007. 'Twentieth-Century Gaelic Autobiography: From lieux de mémoire to Narratives of Self-Invention' in Liam Harte (ed.) *Modern Irish Autobiography: Self, Nation and Society*, London: Palgrave Macmillan, 132-55.

Nic Eoin, Máirín. 2012. 'Múinteoirí, timirí agus saighdiúirí na hathbheochana: An dírbheathaisnéis gluaiseachta' in Eoin Mac Cárthaigh agus Jürgen Uhlich (eag.), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*, Indreabhán: An Clóchomhar / Cló Iar-Chonnacht, 523-54.

Ní Mhuiríosa, Máirín, 1981. 'Cumann na Scríbhneoirí – Memoir', *Scríobh 5*, 168-181.

Nic Pháidín, Caoilfhionn, 1998. *Fáinne an Lae agus an Athbheochan (1898-1900)*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Ó hAnluain, Eoghan, 1979. 'Baile Átha Cliath i Nua-Litricht na Gaeilge', *Scríobh 4*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Teoranta, 25-46.

Ó hAnluain, Eoghan, 1980. *An Duine is Dual, Aistí ar Sheán Ó Riordáin*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

O'Brien, Frank, 1968. *Filíocht Ghaeilge na Linne Seo*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Cadhain, Máirtín, 1949. 'Tuige nach bhfuil Litríocht na Gaeilge ag Fás?', *Feasta*, (Samhain), 9-12/20-22.

Ó Cathasaigh, Aindrias, 2005. *Scríob Nua, An Branar, 1919-1925*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Ceallaigh, Seán, 1931. *Taistealuidheacht nó cúrsa na cruinne*, Baile Átha Cliath: M.H. Macanghoill is a Mhac, Teórantá.

Ó Ciosáin, Éamon, 1993. *An t-Éireannach 1934-1937, Páipéar Sóisialach Gaeltachta*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Conaire, Breandán. 'An Dírbheathaisnéis: Genre, Coincheap nó Cíor Thuathail? Smaointe ar Nádúr na Tuairisce Beatha', i *Léann Iml. 1* (2007), 1-35.

Ó Conchubhair, Brian, 2009. *Fin de Siècle na Gaeilge*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Ó Doibhlin, Breandán, 1997. *Aistí Critice agus Cultúir II*, Béal Feirste: Lagan Press.

Ó Domhnaill, Niall, 1951. *Forbairt na Gaeilge*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill.

Ó Faracháin, Roibeárd, 1940. 'Teastaíonn Léirmheastóireacht Uainn', *Éire*, 70-73.

Ó Fionnáin, Mark, 2007. 'Adam Mickiewicz agus a thiontú go Gaeilge', *Translation Ireland 17:2, Translation and Irish in the Twenty-First Century*. Editors: Iarla Mac Aodha Bhuí & John Kearns. Dublin: ITIA. 2007, 51-62.

Ó Fionnáin, Mark, 2007. *Translating in Times of Political Turmoil: Liam Ó Rinn's Irish Translations of Adam Mickiewicz's Ksiegi Narodu Polskiego i Pielgrzymstwa Polskiego*. Tráchtas neamhfhoilsithe PhD.

Ó Floinn, Tomás 1955. *Athbheo*, Baile Átha Cliath: Cló Morainn.

Ó Floinn, Tomás, 1997. *Cion Fir*, Baile Átha Cliath: Comhar, 74-80.

Ó Háinle, Cathal 1994. 'Ó Chaint na nDaoine go dtí an Caighdeán Oifigiúil' in Kim McCone, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams, Liam Breatnach (eag.), *Stair na Gaeilge in omós do Pádraig Ó Fiannachta*, Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, 745-793.

O'Leary, Philip, 1994. *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881-1921, Ideology and Innovation*, Pennsylvania USA: Pennsylvania State University Press.

O'Leary, Philip, 2004. *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-1939*, Baile Átha Cliath: UCD Press.

O'Leary, Philip, 2008. 'Teanga gan Teorainn: The Novels of Alan Titley', in Brian Ó Conchubhair (eag.), *Why Irish? Irish Language and Literature in Academia*, Gaillimh: Arlen House, 91-130.

O'Leary, Philip, 2010. *Irish Interior: Keeping Faith with the Past in Gaelic Prose 1940-1951*, Baile Átha Cliath: University College Dublin Press.

Ó Lochlainn, Gearóid, 1966. *Ealaín na hAmharclainne*, Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta.

Ó Rinn, Liam, 1917. *Slí na Saoirse*, Baile Átha Cliath: Comhairle na nÓglach.

Ó Rinn, Liam, 1920. *Cad Ba Dhóibair Dó Agus Sgeulta Eile*, Baile Átha Cliath: Lucht na Ridireachta Liteardha.

Ó Rinn, Liam, 1920. *Leabhar na Polainne*, Baile Átha Cliath: An Comhlucht Éireannach Um Thráchtáil Eadarnáisiúnta.

Ó Rinn, 1921. *Autograph album of Terence Farrell, 155 Hut 27 "B" Company, West Block Comp. Ballykinlar Co. Down*, An Leabharlann Náisiúnta.

Ó Rinn, Liam, 1921. 'Cosaint na Sláinte', *Cumann Léigheacht an Phobail*, Baile Átha Cliath.

Ó Rinn, Liam, g.d.1922(?), . *Sceul Ár dTíre*, Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann, Teoranta.

Ó Rinn, Liam. 1931. *Turus go Páras*, Baile Átha Cliath: Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.

Ó Rinn, Liam, 1933. *Dánta Próis*, Baile Átha Cliath: Muintir Chathail.

Ó Rinn, Liam, 1936. *Tús agus Fás Óglach na hÉireann, 1913-1917*, Baile Átha Cliath: Foillseacháin an Rialtais.

Ó Rinn, Liam, 1939. *Mo Chara Stiofán*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Rinn, Liam, 1940. *Peann agus Pár*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Rinn, Liam. 1948. *Réim na Réalt*, Baile Átha Cliath: Oifig An tSoláthair.

Ó Rinn, Liam, 1953. *So Súd*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Ríordáin, Seán, 1979. 'Teangacha Príobháideacha', *Scríobh 4*, 13-22.

Ó Siadhail, Pádraig, 1993. *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge (1900-1970)*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Ó Siadhail, Pádraig, 2007. *An Béaslaíoch, Beatha agus Saothair Phiarais Béaslaí (1991-1965)*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Súilleabháin, Diarmuid, 1965. 'Bí Tú Féin, A Úrscéalai', *Comhar*, (Iúil), 19-22.

Ó Súilleabháin, Donnchadh, 1981. *An Piarsach agus Conradh na Gaeilge*, Baile Átha Cliath agus Corcaigh: Clódhanna Teoranta.

Ó Tuama, Seán, 1979. 'Dónall Ó Corcora', *Scríobh* 4, 94-108.

Ó Tuathaigh, Gearóid, 2008. 'The State and the Irish Language: an Historical Perspective', *A New View of the Irish Language*, Baile Átha Cliath. Cois Life, 26-42.

Prút, Liam, 1997. 'Cúrsaí Aistriúcháin an Stáit', *Irisleabhar Mhá Nuad 1996-1997*, 226-259.

Quigley, Mark, 2013. *Empire's Wake: Postcolonial Irish Writing and the Politics of Modern Literary Form*, New York: Fordham University Press.

Thompson, William J., 1920. 'Mortality from Influenza in Ireland', *Dublin Journal of Medical Sciences*, Baile Átha Cliath, 174-186.

Titley, Alan, 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Uí Chollatáin, Regina, 2004. *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932*, Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Uí Chollatáin, Regina, 2008. *Iriseoirí Pinn na Gaeilge, An cholúnacht liteartha: critic iriseoireachta*, Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Uí Laighléis, Gearóidín, 2003. 'Máirtín Ó Cadhain agus Sally Kavanagh', *Blianiris* 2003, 75-94.

Williams, J.E. Caerwyn, agus Ní Mhuiríosa, Máirín, 1979. *Traidisiún Liteartha na nGael*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

**(b) Saothair Neamhfhoilsithe**

**(i) Lámhscríbhinní sa Leabharlann Náisiúnta:**

Ms. 33918 (16): Dybosky R, 1923. Litir chuig Piaras Béaslaí mar gheall ar *Leabhar na Polainne: Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

Ms. 33933 (4): Ó Rinn, Liam, 1922. Litir phearsanta chuig Piaras Béaslaí: *Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

Ms. 33933 (16): Ó Conaire, Pádraic Óg 1944. Litir chuig Piaras Béaslaí mar gheall ar *So Súd: Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

Ms. 33944 (3): Béaslaí, Piaras. ‘Memories of Men of Note’: *Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

Ms. 33944 (16): Béaslaí, Piaras. Cuntas ar Liam Ó Rinn: *Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

Ms. 33951 (4): Ó Rinn, Liam, 1919. Litir chuig Piaras Béaslaí inar phléigh sé cúrsaí foghlama agus scoile: *Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

Ms. 33953 (15): Ó Rinn, Liam. Litir (gan dáta) chuig Piaras Béaslaí mar gheall ar *Fields, Factories and Workshops: Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

Ms. 33954 (13): Ó Rinn, Liam, 1936. Litir phearsanta chuig Piaras Béaslaí: *Páipéir Bhéaslaí*, Lámhscríbhinní na Leabharlainne Náisiúnta.

**(ii) Lámhscríbhinní an Ghúim, An Chartlann Náisiúnta:**

*An Gúm*, Bosca 38, Comhad A0180, An Chartlann Náisiúnta: Litir (1931) ó leas-rúnaí an Roinn Oideachais chuig cléireach na Dála mar gheall ar an leabhar *Dánta Próis*.

*An Gúm*, Bosca 74, Comhad 627, An Chartlann Náisiúnta: Tuairisc ó G. Mac M. (1956) ar *Mo Chara Stiofán*.

*An Gúm*, Bosca 74, Comhad 627, An Chartlann Náisiúnta: Tuairisc ó Seán Ó Maoláin (1956) ar *Peann agus Pár*.

*An Gúm*, Bosca 117, Comhad A0281, An Chartlann Náisiúnta: Litir ó Liam Ó Rinn chuig an gCoronal Muiris Ó Mórdha mar gheall ar chúrsaí cló ar an aistriú a bhí idir lámha aige ar *Tús agus Fás Óglách Éireann*:

*An Gúm*, Bosca 117, Comhad A0281, An Chartlann Náisiúnta: Litir ó Liam Ó Rinn chuig an gCoronal Muiris Ó Mórdha mar gheall ar ainm a chinntiú ar an aistriú a bhí idir lámha aige ar *Tús agus Fás Óglách Éireann*:

*An Gúm*, Bosca 117, Comhad A0281, An Chartlann Náisiúnta: Cuntas a scríobh Ó D. P.P. (1932) chuig Rúnaí an Oireachtais mar gheall ar *Tús agus Fás Óglách Éireann*.

*An Gúm*, Bosca 117, Comhad A0281, An Chartlann Náisiúnta: Cuntas a scríobh An Seabhac, mar gheall ar *Tús agus Fás Óglách Éireann*:

*An Gúm*, Bosca 216, Comhad 1092, An Chartlann Náisiúnta: Litir a scríobh Cormac Ó Cadhlaigh (1943) chuig an Aire Oideachais mar gheall ar *Leabhar na Polainne*:

*An Gúm*, Bosca 277, Comhad A0229, An Chartlann Náisiúnta: Litir a scríobh Liam Ó Rinn (1934) chuig An Gúm mar gheall ar *Réim na Réalt*.

*An Gúm*, Bosca 277, Comhad A0229, An Chartlann Náisiúnta: Litir a scríobh Liam Ó Rinn (1942) chuig Seán Mac Lellan mar gheall ar *Réim na Réalt*.

*An Gúm*, Bosca 277, Comhad A0229, An Chartlann Náisiúnta: Litir a scríobh Liam Ó Rinn (1943) chuig An Gúm mar gheall ar *Réim na Réalt*:

*An Gúm*, Bosca 277, Comhad A0229, An Chartlann Náisiúnta: Litir a scríobh Tomás Ó hEidhneacháin (1943) chuig An Gúm mar gheall ar *Réim na Réalt*.



*An Gúm*, Bosca 274, Comhad A0180, An Chartlann Náisiúnta: Cuntas a scríobh Seán Ó Maoláin (1931) don Ghúm maidir le *Dánta Próis* a fhoilsiú.

## Na Nuachtáin agus na hIrisí a Ceadaíodh

*An Claidheamh Soluis*

*An Branar*

*An Glór*

*An tÓglach*

*Comhar*

*Fáinne an Lae*

*Fianna*

*Humanitas*

*Iris an Fháinne*

*Irish Freedom*

*Misneach*

*Nationality*

*Sinn Féin*

*The Dublin Magazine*

*The Cork Examiner*

*The Evening Mail*

*The Freeman*

*The Freeman's Journal*

*The Hibernian*

*The Irish Independent*

*The Irish Monthly*

*The Irish Rosary*

*The Irish Statesman*

*The Irish Times*

*The Leader*

*The Standard*

*The Star*

*United Ireland*

*United Irishman*

*Young Ireland*